

**‘San abhainn do léim bardán’:
An Bheatha, an Bás agus an Teanga i bhFilíocht Choilm Bhreathnaigh**

Tráchtas Ph.D.

Eimear Nic Conmhaic (Eimear Connick)

Roinn na Gaeilge

Coláiste na Tríonóide

Lúnasa 2020

Dearbhú

Dearbhaím leis seo nár cuireadh an tráchtas seo faoi bhráid aon ollscoil eile, gurb é mo shaothar féin amháin é, agus go bhfuilim sásta cead a thabhairt do Leabharlann Choláiste na Tríonóide an tráchtas a thabhairt ar iasacht nó a chóipeáil má iarrtar sin uirthi, faoi réir na gcoinníollacha a leagann an Leabharlann féin síos.

Eimear Nic Conmhaic (Eimear Connick)

Meán Fómhair 2019

Nóta Buíochais

Cuid lárnach den saol seo againne ná na caidrimh a bhíonn againn le daoine eile. Ba mhaith liom míle buíochas a ghabháil, mar sin, leis na daoine ar fad a thug comhairle agus tacaíocht dom agus mé ag tabhairt faoin tráchtas seo. Bheadh sé nach mór dodhéanta taighde mar seo a chur i gcrích gan iad.

I dtosach, ní mór dom buíochas ó chroí a ghabháil le Pádraig de Paor, stiúrthóir an taighde seo, a raibh foighne as cuimse aige liom ón dtús. Míle buíochas as an treoir agus an chomhairle ar fad a thug tú dom le trí bliana mar is minic a chuir tú ar bhóthar mo leasa mé.

Don Roinn féin. Bheadh sé deacair Roinn a aimsiú atá níos cuidiúla ná Roinn na Gaeilge anseo i gColáiste na Tríonóide. Thug sibh cúnamh agus tacaíocht dom ó thosaigh mé mo bhunchéim anseo seacht mbliana ó shin agus táim fíor-bhuíoch as sin.

Do Cholm, ar a bhfuil an tráchtas seo bunaithe. Go raibh céad míle maith agat as a bheith chomh fial flaithiúil le do chuid ama. Tá súil agam go dtaitneoidh an tráchtas seo leat agus go dtugann sé ómós ceart do do shaothar.

Do Phaddy, mo sheanathair, a spreag suim ionam sa litríocht agus mé i mo pháiste óg, a d'inis scéalta agus rannta dom, a léigh leabhair liom ar thaobh na cathaoireach uilleann agus a thug mo chéad chnuasach filíochta dom. Ní bheinn ag scríobh an tráchtais seo gan é.

Is mór an chabhair é a bheith in ann do smaointe a phlé le cairde agus comhghleacaithe, go háirithe agus saothar mór mar seo á chur i gcrích agat. Do Jennifer, Deirdre, Peter, Philip, Ariana agus Christina – tá an t-ádh dearg orm go bhfuil cairde mar sibh agam a bhíonn i gcónaí ar fáil i gcomhair caife agus comhrá.

Agus do Mhícheál Ó Caoimh atá mar oide agus mar chara liom le fada an lá. Ba tusa an chéad duine a chothaigh muinín ionam as mo chumas sa Ghaeilge.

In ainneoin gach a ndéanaim agus in ainneoin gach constaic sa bhóthar, bíonn mo mhuintir féin i gcónaí ann mar bhuncloch agam. Do mo thuismitheoirí Julie agus John, mo dheartháir John, agus do Charlie. Do mo sheantuismitheoirí: Nora, a cailleadh an mhí seo trí bliana ó shin, Peggy agus Paddy. Agus don teaghlach ar fad i gCill Chainnigh. Go raibh maith agaibh as éisteacht liom nuair a bhí sé de dhíth agus as tacaíocht iomlán a thabhairt dom agus mé i mbun an taighde seo.

Ar deireadh, gabhaim buíochas ó chroí le hIán, mo chara buan agus an crann taca agam ag an mbaile. Bhí sé míle uair níos taitneamhaí tabhairt faoi obair mar seo agus tusa le mo thaobh.

Eimear Nic Conmhaic

27 Meán Fómhair 2019

Clár

‘San abhainn do léim bardán’: An Bheatha, An Bás agus an Teanga i bhFilíocht Choilm Bhreathnaigh.....	i
Dearbhú.....	ii
Nóta Buíochais.....	iii
Clár.....	v
Clár na bhFigiúirí.....	vii
Réamhrá an Tráchtais	1
Roinn 1: ‘An chéad lá úd’: ‘An Roth’ agus fréamhacha an fhile	15
Réamhrá	15
Caibidil 1	25
Caibidil 2.....	37
Caibidil 3.....	77
Caibidil 4.....	92
Caibidil 5.....	114
Roinn 1: Conclúid	147
Roinn 2: ‘Níl san iomlán ach íomhá’: An file sa saothar ealaíne	149
Réamhrá	149
Caibidil 1	160
Caibidil 2.....	179
Caibidil 3.....	222
Roinn 2: Conclúid	249
Roinn 3: ‘Cé léi go dtiteann an file i ngrá?’: Ceist na teanga i bhfilíocht Choilm Bhreathnaigh	252
Réamhrá	252
Caibidil 1.....	255
Caibidil 2.....	290

Caibidil 3	319
Roinn 3: Conclúid	348
‘Titeann na peitil silíní...’: Conclúid an tráchtais	350
Aguisín 1: Saothair Choilm Bhreathnaigh	355
Aguisín 2: Dánta le Colm Breathnach a foilsíodh in <i>Innti</i>	357
Aguisín 3: Dánta, gearrscéalta agus aistriúcháin le Colm Breathnach a foilsíodh in irisleabhair agus cnuasaigh eile	360
Aguisín 4: Dánta le Colm Breathnach atá ar fáil ar líne	367
Leabharliosta	370

Clár na bhFigiúirí

Figiúr 1: “The Decapitation of Saint John the Baptist, 1607 by Caravaggio,”

Caravaggio.org 229

Figiúr 2: “The Taking of Christ’ by Michelangelo Merisi da Caravaggio,” *National*

Gallery of Ireland 238

Réamhrá

*'Freagraíonn tú don saol tríd an teanga ... má tá tú ag gabháil don teanga tá tú ag gabháil don fhilíocht.'*¹

- Colm Breathnach

File agus úrscéaláí Gaeilge is ea Colm Breathnach a rugadh i gCarraig Ruacháin, Co. Chorcaí i 1961. Foilsíodh an chéad chnuasach filíochta aige, *Cantaic an Bhalbháin* i 1991 agus tá seacht gcinn eile curtha amach aige ó shin: *An Fearann Breac* (1992), *Scáthach* (1994), *Croí agus Carraig* (1995), *An Fear Marbh* (1998), *Chiaroscuro* (2006), *'Dánta'* *Agus Dánta Eile* (2012), agus *Tírdhreacha* (2015). D'fhoilsigh *Coiscéim* rogha dánta dá chuid in 2008 faoin teideal *Rogha Dánta 1991-2006*.² Déanann a úrscéal meitificseanúil *Con Trick "An Bhalla Bháin"* (2009) plé 'ar an gcaidreamh idir an scríbhneoir agus an léitheoir' agus é ag tarraingt ar thuairimí Barthes faoi bhás an údair.³ Sa bhliain 2000, rinne sé aistriúchán ar *Katz und Maus* le Günter Grass i gcomhar le hAndrea Nic Thaidhg⁴ agus d'fhoilsigh Cumann Aistritheoirí agus Ateangairí na hÉireann 'Leanfar de', aistriúchán a rinne sé ar Léacht Nobel Günter Grass, dhá bhliain ina dhiaidh sin.⁵ Tá aistriúcháin ar dhánta an Bhreathnaigh ar fáil sa Bhéarla, i nGaeilge na hAlban, sa Ghearmáinis, san Iodáilis, sa Fhraincis, sa tSínis, sa tSlóivéinis, sa Rómáinis agus sa Fhraincis faoi láthair. Is léir, mar sin, go dtéann a chuid briathra i gcion ar léitheoirí, ní hamháin in Éirinn, ach thar sáile freisin.

¹ Colm Breathnach (faoi agallamh ag Eimear Nic Conmhaic), 21 Deireadh Fómhair, 2016.

² Colm Breathnach, *Rogha Dánta: 1991-2006* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2008).

³ Colm Breathnach, *Con Trick "An Bhalla Bháin"* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 2009).

⁴ Colm Breathnach agus Andrea Nic Thaidhg, *Cat agus Luch* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2000).

⁵ Colm Breathnach. "Leanfar De," in *Günter Grass: "Fortsetzung folgt" "To be continued" "Leanfar de". The Nobel Lecture. Trilingual Edition*, eag. Hans-Christian Oeser agus Marco Sonzogni (Baile Átha Cliath: Cumann Aistritheoirí agus Ateangairí na hÉireann, 2002).

Foinsí

Is beag foinse critice atá scríofa faoin mBreathnach go dtí seo in ainneoin na tóra idirnáisiúnta sin. Díríonn Máirín Nic Eoin ar phríomhthéamaí a chuid filíochta ina haiste ‘Colm Breathnach’ in *Filíocht Chomhaimseartha na Gaeilge* (2010).⁶ Tá cur síos ar chnuasaigh dhifriúla de chuid an fhile in ‘Colm Breathnach: Aimhirgín ar a Athbhreith’, caibidil in *Anois Tacht an Eala* (2011) le Tadhg Ó Dúshláine.⁷ Féachann Caitlín Nic Íomhair ar théama an ghrá i bhfilíocht Choilm Bhreathnaigh mar chuid dá miontráchtas bunchéime⁸ agus pléann Máirín Ní Dhubhthaigh a stíl scríbhneoireachta in ‘Comhrá Scáile’, alt a d’fhoilsigh *Comhar* i 1998.⁹ Tá an-chuid léirmheasanna gearra ar a shaothar le fáil i bhfoinsí éagsúla chomh maith. Cuireann Nic Pháidín agus Ó Cearnaigh síos air mar fhile macánta agus stuama in *A New View of the Irish Language*, mar shampla,¹⁰ agus tarraingíonn Louis de Paor aird ar na héachtaí suntasacha atá bainte amach aige san fhilíocht i gcomparáid lena chomhfhilí in *The Cambridge History of Irish Literature*.¹¹ Anois, naoi mbliana is fiche i ndiaidh fhoilsiú *Cantaic an Bhalbháin* (1991), tá géarghá le mórstaidéar criticiúil ar a shaothar. Monagraf tráthúil, mar sin, is ea an tráchtas seo a leanas.

⁶ Máirín Nic Eoin, “Colm Breathnach,” in *Filíocht Chomhaimseartha na Gaeilge*, eag. Ríona Ní Fhrighil (Baile Átha Cliath: Cois Life, 2010), 232-253.

⁷ Tadhg Ó Dúshláine, “Colm Breathnach: Aimhirgín ar a Athbhreith,” in *Anois Tacht an Eala: Filí Chorcaí Innti agus an Réabhlóid Chultúrtha*, eag. Tadhg Ó Dúshláine (An Daingean: An Sagart, 2011), 344-394.

⁸ Caitlín Nic Íomhair, “‘Líonadh agus lag trá’: Chiaroscuro an Ghrá i Luathshaothar Choilm Bhreathnaigh” (tráchtas bunchéime, Coláiste na Tríonóide, 2013). D’fhoilsigh Nic Íomhair alt in *Comhar* bunaithe ar an miontráchtas sin chomh maith: “An Dubh á chur ina Ghrá Geal,” *Comhar* 73, uimh. 5 (Bealtaine 2013): 18-20.

⁹ Máirín Ní Dhubhthaigh, “Comhrá Scáile,” *Comhar* 57, uimh. 12 (Nollaig 1998): 8-10.

¹⁰ Caoilfhionn Nic Pháidín agus Seán Ó Cearnaigh (eag.), *A New View of the Irish Language* (Baile Átha Cliath: Cois Life, 2008), 149.

¹¹ Margaret Kelleher agus Philip O’ Leary, *The Cambridge History of Irish Literature: Volume II: 1890-2000* (Nua Eabhrac: Cambridge University Press, 2006), 349-350.

Modheolaíocht

Is tráchtas é seo ar shaothar filíochta Choilm Bhreathnaigh. Déantar mionléamh ar dhánta an Bhreathnaigh agus ar na cnuasaigh filíochta leis. Chomh maith leis sin, déantar trácht nuair is cuí ar dhánta nó ar aistriúcháin leis an mBreathnach nach bhfuil sna cnuasaigh sin. Shocraigh mé gan anailís a dhéanamh ar shaothar próis an Bhreathnaigh sa taighde seo, áfach. Tá mianach níos mó ina shaothar filíochta, dar liom, agus tá i bhfad níos mó filíochta ná próis foilsithe aige thar na blianta. Anuas air sin, oireann sé do na ceisteanna taighde díriú ar an bhfilíocht amháin. Pléitear na ceisteanna taighde faoin bhfotheideal ‘Leagan Amach an Tráchtais’.

Chuir mé agallamh ar an bhfile i Mí Dheireadh Fómhair 2016 agus 2017 araon. Chuir mé an dá agallamh sin ar taifead agus rinne me tras-scríbhinn orthu. Bhí sé mar aidhm agam leis na hagallaimh sin aithne a chur ar an mBreathnach féin agus tuiscint éigin a fháil ar a thuairimí i leith na scríbhneoireachta agus na teanga. Níl agallamh le Colm Breathnach foilsithe go fóill. Is mór is fiú, mar sin, a leithéid a chur ar fáil. Mar sin féin, shocraigh mé gan na hagallaimh sin a chur mar aguisín sa tráchtas seo de bharr fhad na n-agallamh féin. Ina ionad sin, tá cinneadh déanta agam tagairtí cuimsitheacha a dhéanamh do na hagallaimh go minic i dtéacs an tráchtais féin. Tá súil agam iad a fhoilsiú i bhfoirm eile sa todhchaí.

Mar chriticeoir, creidim go bhfuil fiúntas ina bhfuil le rá ag file faoina s(h)aothar féin. Go deimhin, cuireann sé leis an saothar go minic agus ardaíonn sé ceisteanna nua. Tá sleachta sna hagallaimh thuasluaite, roinnt acu a luafaidh mé sa tráchtas seo, a thagann salach ar na dánta féin. Léiríonn na difríochtaí seo teannas idir an file agus a shaothar in amanna. Is cuid thábhachtach den anailís é na coimhlintí sin a cheistiú agus na hábhair sin a threabhadh mar chuid de dhioscúrsa ar shaothar filíochta an Bhreathnaigh.

Beathaisnéis Ghearr gus Príomhthéamaí na nDánta

Bhain an Breathnach céim agus MA amach i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh sna hochtóidí, áit ar bhuail sé le Seán Ó Tuama, Michael Davitt agus fathaigh eile i saol na Gaeilge trí chéile. Ba é Michael Davitt a chuir tús leis an iris *Innti* sa choláiste i 1970. Foilsíodh trí eagrán de *Innti* idir 1970 agus 1973 agus í ag tabhairt ardáin agus phobal léitheoireachta d'fhilí óga Gaeilge den chéad uair. I measc na bhfilí sin bhí Nuala Ní Dhomhnaill, Liam Ó Muirthile, Gabriel Rosenstock agus Davitt féin. D'athbhunaigh Davitt an iris sa bhliain 1980 nuair a tháinig *Innti 4* amach agus dream nua filí ag freastal ar an ollscoil. Is iad Louis de Paor agus Colm Breathnach féin na filí is mó cáil as an athghlúin sin.

Ba léir an tsuim a bhí ag an mBreathnach san fhealsúnacht ón am a chaith se in UCC. Thosaigh sé amach ag déanamh céime sa Ghaeilge agus sa Ghearmáinis ach níorbh fhada gur fhág sé an Ghearmáinis ar leataobh:

Bhí mé fein ag gabháil don Ghearmáinis sa chéad bhliain agus, dar le lucht na Gearmáinise, má bhí tú chun leanúint ar aghaidh leis an nGearmáinis sa tarna bliain, b'fhearr duit dul go dtí an Ghearmáin ... [bhí] an ceart ar fad acu ach tá an argóint chéanna ann maidir leis an nGaelainn ... Is é an smaoineamh a bhí agam ná gur cheart duit an samhradh a thabhairt sa Ghaeltacht má bhíos chun leanúint ar aghaidh leis an nGaelainn ... D'éiríos as an nGearmáinis ... [agus] dheineas an Ghaelainn agus an Fhealsúnacht.¹²

Bíonn rian na fealsúnachta le sonrú ar fhilíocht agus prós Choilm Bhreathnaigh uaireanta, dar liom féin. Déantar plé sa tráchtas ar smaointe de chuid fealsúna áirithe, nuair a

¹² Colm Breathnach (faoi agallamh ag Eimear Nic Conmhaic), 21 Deireadh Fómhair, 2016.

thagann siad chun tosaigh sna dánta féin nó má chaitheann siad solas ar leith ar fhilíocht an Bhreathnaigh.

Ní mór féachaint ar chúlra beathaisnéiseach an fhile chomh maith. Fásann tuairimí an Bhreathnaigh as a fhréamhacha i gCorcaigh agus i gCorca Dhuibhne araon agus bíonn lorg an teaghlaigh ar fud na ndánta. Is é bás a athar, Seán Breathnach, i 1979 an rian is mó dóibh siúd; go deimhin, thiomnaigh sé *An Fear Marbh* dó:

I gcás *An Fear Marbh*, bhí dánta áirithe scríofa agam do m’athair. Thosaigh dánta eile ag teacht chugam agus thuigeas nuair a bhí mé thart ar tríocha ceathair ... [gur] go gairid anois go mbeidh mé ar an saol níos faide gan m’athair ná mar a bhíos le m’athair. Bhíos ag rá, cad a chiallaíonn sin domsa? Agus, mar sin, thosnaíos ag scríobh dánta agus tháinig na dánta. Theastaigh uaim dánta a scríobh mar gheall ar m’athair, dánta laistigh den chomhthéacs sin.¹³

Déanann an Breathnach iarracht breith ar chúrsaí teaghlaigh, agus ar an gcailliúint laistigh den teaghlach sin, trí mheán na teanga. Tá an iarracht sin soiléir trína chnuasaigh ar fad, agus go háirithe sa luathshaothar aige.

Is ar ról na teanga agus an fhile sa saothar ealaíne a dhíríonn an taighde seo, mar thoradh:

All creative writing starts with language, not with ideas, plot outlines, rhythms or literary theories but simply with language itself, with words and the desire to use words in a particular way.¹⁴

Is téama mór í ceist na teanga i bhfilíocht agus i saol Choilm Bhreathnaigh. Ní hamháin go ndearna sé staidéar ar an nGaeilge sa choláiste ach chaith sé seal ag obair mar

¹³ Ibid.

¹⁴ Colm Breathnach, “Language itself,” in *Creative Writing: Writers on Writing*, ead. Amal Chatterjee (Suffolk, Sasana: Creative Writing Studies, 2014), 123.

théarmeolaí leis an gCoiste Téarmaíochta sa Roinn Oideachais, mar Rúnaí ar an gCoiste Téarmaíochta agus ansin mar aistritheoir i Rannóg an Aistriúcháin. Ach ba iad an teaghlach agus an áit dhúchais a mhúscaíl an tsuim atá aige sa teanga, is cosúil:

Thuigeas go bhféadfainn scríobh as Gaelainn ... Bhí an dá theanga ag an mbaile againn agus Béarla don chuid is mó ach, nuair a thosnaíos ar an nGearmáinis ar an meánscoil, scríos dánta as Gearmáinis chomh maith ... má tá tú ag gabháil don teanga tá tú ag gabháil don fhilíocht ar shlí éigin ... Bhí cónaí ar Sheán Ó Ríordáin siar an bóthar uainn. Bhí aithne ag mo mhuintir ar Sheán Ó Tuama agus bhí aithne agamsa ar mhac amháin leis ar a laghad. Bhí sé níos óige ná mise ach bhímis ag súgradh le chéile chomh maith. Agus ansan bhí ... Dónal Óg Ó Ceocháin ... file ab ea é agus bhíodh sé siúd ag teacht chuig an tigh chomh maith ar an Domhnach an-mhinic agus b'fhéidir go mbeadh an dán is déanaí á léamh aige do mo mháthair. Níorbh aisteach liomsa filí Gaelainne a bheith ar an saol ... bhí leabhair fhilíochta agus gach rud ag mo mhuintir ag an mbaile. Bhí leabhair sa tigh; bhí leabhair fhilíochta, bhí an chéad eagrán de *Innti*, bhíodar ann.¹⁵

Forbraíonn an Breathnach an taithí phearsanta sin ina shaothair. Pléann sé feidhm agus fiúntas na bhfocal agus déanann sé cur síos ar dhíláithriú pearsanta an duine nuair a theipeann an teanga air: ‘níl aon fhocal agam air / as na focail go léir go bpléim leo’.¹⁶

Is téama mór í ceist na teanga agus an dlíáithriú cultúir i bhfilíocht chomhaimseartha na Gaeilge chomh maith. Tá sin le sonrú i ndánta ar nós ‘Ceist na Teangan’ le Nuala Ní

¹⁵ Ibid.

¹⁶ Colm Breathnach, “An Foclóirí,” in *An Fear Marbh* (Indreabhán, Conamara: Cló Iar-Chonnachta, 1998), 19-20.

Dhomhnaill,¹⁷ ‘Fill Arís’ leis an Ríordánach,¹⁸ ‘Gaeilgeoirí’ le Louis de Paor,¹⁹ ‘An Ghaedhilg’ nó ‘An Dá Theangain’ le Liam Gógan,²⁰ agus mar sin de. Níl staidéar níos iomláine déanta ar na ceisteanna sin ná mar atá in *Trén bhFearann Breac: An Díláithriú Cultúir agus Nualitriocht na Gaeilge*, mórshaothar critice le Máirín Nic Eoin ‘a fhéachann ar an dláithriú cultúir mar chúlra, mar chomhthéacs agus mar théama lárnach de chuid na nualitriochta Gaeilge’.²¹ Is díol suntais é, mar sin, gurb é ceann de mhórdánta an Bhreathnaigh, ‘Trén bhFearann Breac’, a roghnaigh Nic Eoin mar theideal a saothair féin:

[Is] féidir breathnú ar nualitriocht na Gaeilge mar chineál ar leith litríochta iarchoilíní – litríocht pobail atá mionlaithe ina dtír féin agus a n-eascaíonn a sainléargas sóisialta óna dtaithe dhíreach ar phróisis an dláithrithe agus an imeallaithe.²²

Sa chnuasach *An Fearann Breac* (1992), braitear míshuaimhneas an Bhreathnaigh i dtaobh a ionaid chultúrtha agus theangeolaíochta. Tá an fearann teangeolaíochta ar a seasann an file ‘breac’ le contrárthacht dó.²³ Maireann sé sa spás gan ainm idir an Ghaeilge agus an Béarla, síite i lár iliomad ainmneacha agus aitheantas a thagann salach ar a chéile:

¹⁷ Nuala Ní Dhomhnaill, “Ceist na Teangan,” in *Spíonáin is Róiseanna* (Indreabhán, Conamara: Cló Iar-Chonnachta, 1993), 9.

¹⁸ Seán Ó Ríordáin, “Fill Arís,” in *Brosna* (Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1964), 41.

¹⁹ Louis de Paor, “Gaeilgeoirí,” in *Ag Greadadh Bas sa Reilig: Clapping in the Cemetery* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 2005), 20-23.

²⁰ Liam S. Gógan, “An Ghaedhilg” agus “An Dá Theangain,” *Dánta agus Duanóga* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1929), 25 agus 42.

²¹ Máirín Nic Eoin, *Trén bhFearann Breac: An Díláithriú Cultúir agus Nualitriocht na Gaeilge* (Baile Átha Cliath: Cois Life, 2005), clúdach an leabhair.

²² Nic Eoin, “Réamhrá,” in *Trén bhFearann Breac*, 14-15.

²³ Colm Breathnach, “Trén bhFearann Breac,” in *An Fearann Breac* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1992), 62-63.

Claonadh – Clane

Cill Dara – Kildare

Baile Dháith – Littleton

Cúil an tSúdaire – Portarlinton

an t-ainm dúchais

sa chló iodálach

claoninsint ar stair na háite

an t-ainm dúchais

sa chló is lú

faoninsint ag dul ó chlos...²⁴

Díol suntais an bhéim a chuirtear ar an Dinnseanchas sna rannta thuas. Deimhníonn an turas trastíre seo agus leagan amach na logainmneacha féin (an leagan Béarla agus Gaeilge le taobh a chéile), an dlúthcheangal idir an áit agus an chluas sa rann seo. Is minic a labhraíonn an Breathnach faoi fhearann teangeolaíochta an fhile in ionad aon fhearann fisiciúil ar leith: ‘*claoninsint* ar stair na háite / ... / *faoninsint* ag dul ó chlos’. Léiríonn an fleiscín thuas an tslí ina bhfuil an Breathnach ag gluaiseacht idir dhá insint staire, ‘idir dhá theanga’ is ‘idir dhá shaol’, fad is atá a ghuth féin agus guth daoine dá leithéid ‘ag dul ó chlos’ i measc na muintire. Seo an bóthar a bhfuil an Ghaeilge air i láthair na huaire,

²⁴ Ibid.

dar leis, turas ar a bhfuil teanga neamhGhaelach ag sárú a fhearainn dhúchais de réir a chéile.

Bíonn streachailt shíoraí ar siúl idir an Breathnach agus an teanga, mar sin. Más ea, is streachailt í a gcuirtear tús ceart léi in *An Fearann Breac*. Cruthaíonn meon iarchoilíneach fhilíocht na Gaeilge scoilt i lár an fhile, poll dorcha, míchompordach laistigh dá chroí – duibheagán a bheadh lárnach in dá shaothar eile aige: *Scáthach* (1994) agus *Chiaroscuro* (2006). Cé gur le dláithriú cultúir na hÉireann a thosaíonn an comhrá seo, ní mar sin a fhorbraíonn an Breathnach é ina chuid filíochta agus déantar cur síos i bhfad níos pearsanta agus níos íogaire ar staid an fhile agus staid na teanga sa dá chnuasach seo. Téann an Breathnach i bhfad níos doimhne ná an gnáth-dhéscaradh idir an Ghaeilge agus an Béarla iontu araon. Scrúdaíonn sé an gaol casta idir teanga agus duine, an chaoi go mbíonn siad ag brath ar a chéile agus an chaoi go bhfreagraíonn an teanga don saol agus don tsochaí.

Leagan Amach an Tráchtais

Tá sé mar aidhm agam sa taighde seo cur chuige an Bhreathnaigh i leith na filíochta a léiriú. Cá luíonn a fhréamhacha? Cad é a chuireann chun scríobh é mar fhile? Scrúdóidh na Ranna seo a leanas an tuiscint atá ag Colm Breathnach ar ról an fhile agus na teanga san ealaín mar gheall air sin. In *Chiaroscuro*, deir sé linn ‘ní sa Bhé a chreidim ach sa bhféith’.²⁵ Is éard atá sa Bhé ná bean dhraíochtúil a bhronnann inspioráid, nó bua, ar an bhfile. Ní thaitníonn an téarma sin ‘Bé’ leis an mBreathnach; go deimhin, déanann sé a sheacht ndícheall éagsúlacht a chruthú idir é agus traidisiún na Bé i nuafhilíocht na

²⁵ Breathnach, “Tréigthe,” in *Chiaroscuro*, 59.

Gaeilge. In ionad Bé a adhradh, mar sin, déanann an Breathnach iarracht ómós a thabhairt don oidhreacht a fhaigheann sé ó thraidisiún litríochta na nGael agus óna mhuintir féin: an fhéith. Is siombail í an fhéith don oidhreacht i saothar an Bhreathnaigh. Bíonn obair chrua ag teastáil chun teacht ar an bhféith sin. Ach an bhfuil difríocht ar deireadh idir tionscnamh an Bhreathnaigh agus traidisiún sin na Bé? Agus an féidir le Bé a bheith agat gan fhéith, nó féith gan Bhé? Déanann an tráchtas anailís ar na ceisteanna seo chomh maith.

Déantar iarracht saothar filíochta uilig Choilm Bhreathnaigh a scrúdú sa tráchtas seo, ó *Cantaic an Bhalbháin* i 1991 go *Tírdhreacha* in 2013. Clúdaíonn sé dánta aonair leis an mBreathnach chomh maith, dánta nach bhfuil mar chuid d'aon chnuasach ar leith ach a foilsíodh in irisí agus foinsí éagsúla thar na blianta. ‘Long’ agus ‘The Ship’, cuirim i gcás, dán agus aistriúchán air a d’fhoilsigh Dedalus Press sa bhliain 2013,²⁶ nó ‘Dialachtaic’ a d’fhoilsigh *Comhar* sa bhliain 2016.²⁷ Clúdaíonn sé, leis, na haistriúcháin atá déanta ag an mBreathnach ar shaothair éagsúla: na haistriúcháin Ghaeilge-Béarla a rinne sé ar dhánta Sheáin Uí Ríordáin, mar shampla, in 2014,²⁸ nó na haistriúcháin Ghàidhlig-Gaeilge a rinne sé ar fhilíocht Aonghais MhicNeacail,²⁹ Iain Mhic a’ Ghobhainn, agus Shomhairle MhicGill-Eain in *Innti* sna hochtóidí.³⁰ Ní phléitear gach dán leis an mBreathnach sa saothar taighde seo, áfach. Tá os cionn 350 dán le Colm Breathnach i gcló i láthair na huaire agus, dá bharr sin, ní bheadh go leor spáis sa tráchtas le hanailís a dhéanamh ar gach ceann díobh siúd mar is ceart.

²⁶ Colm Breathnach, “Long” agus “The Ship,” in *What We Found There: Poets Respond to the Treasures of the National Museum of Ireland – Ard-Mhúsaem na hÉireann*, ead. Theo Dorgan (Baile Átha Cliath: Dedalus Press, 2013), 34-37.

²⁷ Colm Breathnach, “Dialachtaic,” *Comhar* 76, uimh. 10 (Deireadh Fómhair 2016): 18.

²⁸ Seán Ó Ríordáin, *Selected poems: Rogha dánta*, ead. Frank Sewell (Londain agus Indreabhán: Yale University Press agus Cló Iar-Chonnacht, 2014).

²⁹ *Innti 11* (1988), ead. Michael Davitt, ead. cúnta Louis de Paor.

³⁰ *Innti 12* (1989), ead. Louis de Paor.

Tá an tráchtas seo arna roinnt ina dtrí Roinn. I dtaobh struchtúr an tráchtais, shocraigh mé gan é a leagan amach ar bhonn croineolaíoch. Níor bhraith mé go gcuirfeadh struchtúr mar sin lenár dtuiscint ar shaothar Choilm Bhreathnaigh. Os a choinne sin, is iad téamaí agus íomhánna na ndánta féin a thugann creatlach don taighde seo. Cuirtear béim ar leith ar dhá chnuasach éagsúla, áfach: *Chiaroscuro* (2006), ar a bhfuil Roinn a Dó bunaithe, agus *Scáthach* (1994), príomhábhar Roinn a Trí.

Tá cúig chaibidil i Roinn a hAon. Déantar anailís sa chéad Roinn sin ar luathshaothar an Bhreathnaigh go príomha, agus go háirithe ar ‘An Roth’, dán fada atá ar fáil sa chnuasach *Croí agus Carraig*. Tá go leor le rá ag ‘An Roth’ linn faoi fhréamhacha Choilm Bhreathnaigh. Labhraíonn sé faoina theaghlach, faoi na caidrimh is tábhachtaí ina shaol, faoin ngrá, faoin am agus faoin teanga. Is dearbhchloch oiriúnach é ‘An Roth’ agus muid ag iarraidh tuiscint a fháil ar fhilíocht an Bhreathnaigh. Tá na caibidlí i Roinn a hAon arna leagan amach de réir na seacht mórphearsa in ‘An Roth’: anailís ar chúlra, ar shuíomh agus ar struchtúr an dáin i gCaibidil a hAon, mórsheisear máithreacha is aithreacha i gCaibidil a Dó, mórsheisear maighdean is macaomh i gCaibidil a Trí, mórsheisear leannán is seanóirí i gCaibidil a Ceathair agus an mórsheisear ‘ar leithligh’ i gCaibidil a Cúig. Déantar tagairt do dhánta eile chomh maith, ar ndóigh, agus go háirithe do dhánta a foilsíodh in *Cantaic an Bhalbháin*, *An Fearann Breac*, *An Fear Marbh* agus *Croí agus Carraig*. Is áit mhaith í seo leis an tráchtas a thosú ós rud é nach bhfuil mórstaidéar critice déanta ar an mBreathnach cheana féin. Réiteoidh Roinn a hAon an bealach, mar sin, don chuid eile den tráchtas.

Tá an-chuid cosúlachtaí idir *Chiaroscuro* (2006) agus *Scáthach* (1994) in ainneoin an dá bhliain déag idir a bhfoilsíú. Pléann an dá chnuasach siúd an gaol idir file, teanga agus léitheoir agus is suimiúil anailís ghéar a dhéanamh orthu dá bharr.

Is ar *Chiaroscuro* a dhíríonn Roinn a Dó agus déantar mionanailís ar dhánta an chnuasaigh sin inti. Tá an Roinn seo arna roinnt i dtrí chaibidil éagsúla. Labhróidh Caibidil a hAon ar an bhfíon mar shiombail don ghrá, don bheatha is don chomhluadar. Cuirtear béim sa chaibidil seo ar an bhfísiúlacht i bhfilíocht an Bhreathnaigh. Déantar iniúchadh ar íomhá na súile i gCaibidil a Dó. Pléitear an solas agus an dorchadas atá lárnach, ní hamháin do radharc súl an duine, ach do struchtúr an chnuasaigh féin. Déantar plé ar aireachtáil an duine i gCaibidil a Dó chomh maith agus ar an gcaoi a dtagann athrú ar an aireachtáil sin le himeacht ama agus de bharr cúinsí éagsúla. Meastar ról an fhile, an léitheora agus na teanga sa saothar ealaíne i gCaibidil a Trí. Scrúdaítear sin le taobh mheafar an Teampaill Ghréagaigh agus le taobh na codarsnachta idir an solas is an scáth, idir foilsíú na híomhá agus folú an dáin. Déantar plé níos leithne ar na ceisteanna sin ar fad i Roinn a Dó.

Déanann Roinn a Trí iniúchadh ar an gcúlra taobh thiar de na ceisteanna agus na híomhánna a thagann chun cinn in *Chiaroscuro*. Ar an tslí sin, cuireann sí leis an anailís a rinneadh i Roinn a Dó. Is é *Scáthach*, an tríú cnuasach le Colm Breathnach, príomhábhar na Roinne seo. Pléitear an chaoi ar chuir an file agus an teanga aithne ar a chéile i dtosach báire agus an caidreamh a bhíonn eatarthu agus an file i mbun a cheirde. Tá trí chaibidil sa Roinn seo. Is pearsa mhór le rá sa mhiotaseolaíocht í *Scáthach*, dar ndóigh, agus déantar anailís ar an mbunús miotaseolaíochta sin sa chéad chaibidil anseo. Cuirtear béim ar leith ar thionchar na mban sa phlé sin. Tá cúig shraith dánta san iomlán in *Scáthach* agus is ar an dá shraith dheireanacha díobh siúd a dhírítear i gCaibidilí a Dó agus a Trí: ‘...go n-imíonn i léig...’ agus ‘...an leoithne sa luachair...’. Déantar iniúchadh ar théama an bháis agus na cailliúna i gCaibidil a Dó, ag tarraingt ar bhás athar, nó ar bhás laistigh de theaghlach, agus ar an gcailliúint i gcoitinne. Déantar iniúchadh ar mheafar an ghrianghraif chomh maith mar léiriú ar an gcaoineadh sa chaibidil seo. I gCaibidil a Trí,

déantar anailís ar an bhfile agus an léitheoir in athuair. Scrúdaítear ról na filíochta i measc an lucht léitheoireachta agus sa phobal agus cuirtear ceist thábhachtach chun tosaigh: ar chóir an fhilíocht a úsáid i gcomhair na tráchttaireachta sóisialta, nó ar chóir di freastal ar mhianach pearsanta an fhile?

Baintear úsáid as saothair de chuid fealsúna éagsúla síos tríd an taighde seo nuair a thugann siad léargas sa bhreis ar na dánta féin. Rinne Colm Breathnach staidéar ar an bhfealsúnacht agus é ina mhac léinn i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh. Is é mo thuairimse go mbíonn tionchar ag an bhfealsúnacht ar shaothar filíochta an Bhreathnaigh ó am go chéile. Cuireann an tuiscint a bhí ag Martin Heidegger ar an gcoill agus ar an Teampall Gréagach leis an anailís a dhéantar ar na dánta in *Chiaroscuro*. Chomh maith leis sin, cuireann an plé a rinne Jung ar an scáth agus ar an neamh-chomhfhiús leis an léamh a dhéantar ar an mórmháthair sa taighde seo, cuirim i gcás. Ní tráchtas ar an bhfealsúnacht é seo, áfach, agus is ar an bhfilíocht féin a bheidh an bhéim. Eascróidh an anailís ar fad as na dánta i dtosach báire.

Tá súil agam go mbeidh an taighde seo fiúntach do lucht léitheoireachta na filíochta i gcoitinne, idir mhic léinn, lucht acadúil agus ghnáthléitheoirí na Gaeilge. Bhí sé de phribhléid agamsa éisteacht le ceol saineúil an Bhreathnaigh le roinnt blianta agus mo léamh féin a dhéanamh air. Toradh an phróisis sin is ea an tráchtas seo a leanas. Is dánta iad seo a fhreagraíonn do théamaí uilíocha an tsaoil, bláthanna a bheadh in oiriúint do chúlghairdín an ghnáthléitheora. Sa tráchtas seo, mar sin, déanaim iarracht solas éigin a chaitheamh orthu trí ‘sceach’ na bhfocal:

Sceach is ea gach dán

ina bhfuil éan amháin

faoi cheilt

ag canataireacht.

Ar maidin

chífir mo dhán

ina sheasamh id' ghairdín cúil

idir an dá chrann úll.

Mise faoi cheilt ina lár

ag canataireacht chomh maith le héan

ag móradh éirí gréine.³¹

³¹ Colm Breathnach, “Ar chúl do thí,” in *Cantaic an Bhalbháin* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1991), 10.

Roinn 1: ‘An chéad lá úd’:³² ‘An Roth’ agus Fréamhacha an Fhile

Réamhrá

Leagan Amach na Roinne

Sa chéad Roinn seo, déantar anailís ar phríomhchuspóirí agus príomhthéamaí a luann Colm Breathnach lena chuid filíochta féin. Chuige sin, tá an Roinn seo arna roinnt ina cúig chaibidil, le réamhrá agus conclúid mar fhráma timpeall uirthi.

Sa Réamhrá, scrúdaítear na cosúlachtaí agus na contrárthachtaí idir an Breathnach agus Seán Ó Ríordáin, réamhtheachtaí tábhachtach dá chuid dar liomsa. Is riachtanach an chéim í seo, i mo thuairimse; is é sin leis an file a lonnú agus a thuiscint laistigh de thraidisiún litríochta ar leith. Chomh maith leis sin, tugann an Réamhrá deis domsa plé a thosú ar an gcaidreamh idir an Breathnach agus an teanga, caidreamh a thagann chun tosaigh arís agus arís eile sa tráchtas seo.

Pléitear fréamhacha an fhile i gCaibidil a hAon. Nuair a labhraím faoi fhréamhacha an fhile sa tráchtas seo, is é a bhíonn i gceist agam ná an cúlra, pearsanta agus poiblí, as a dtagann inspioráid shainiúil an fhile. Na cúiseanna a gcuireann sé peann le pár. Clúdaíonn sin na híomhánna agus na pearsana coitianta as a mbaineann sé úsáid ina shaothar trí chéile.

Úsáidtear ‘An Roth’, dán fada a d’fhoilsigh an Breathnach in *Croí agus Carraig* sa bhliain 1995, le struchtúr nó creatlach a thabhairt do chaibidlí uilig na Roinne seo. Is cabhair nach beag é an dán seo, dar liom féin, agus muid ag iarraidh anailís a dhéanamh ar fhréamhacha an Bhreathnaigh. Ní hamháin go mbeidh ‘An Roth’ á mheas agam anseo,

³² Colm Breathnach, “An Roth,” in *Croí agus Carraig* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1995), 62.

áfach, ach déanaim iarracht macalla a bhaint as saothar eile leis an bhfile síos tríd. Taibhsítear domsa gurb iad tionchar an teaghlaigh, an dúchais agus na teanga na trí fhréamh is láidre atá le sonrú in ‘An Roth’ agus cuirtear béim ar na fréamhacha sin sa chéad Roinn seo dá bharr.

I gCaibidil a hAon, mar sin, cuirtear ‘An Roth’ agus na príomhphearsana ann i láthair den chéad uair agus déantar plé ar an ngrianghraf grámhar a chuireann an file chun tosaigh ag tús an dáin chéanna.

Roinntear an chuid eile den Roinn seo de réir na seacht mórsheisear a thagann chun solais in ‘An Roth’. Is iad sin mórsheisear na n-aithreacha, mórsheisear na máithreacha, mórsheisear na maighdean, mórsheisear na macaomh, mórsheisear na leannán, mórsheisear na seanóirí agus an mórsheisear ar leithligh.³³ Is ar lárnacht an teaghlaigh i bhfilíocht Choilm Bhreathnaigh a dhírítear i gCaibidil a Dó. Déantar anailís ar thuismitheoirí an fhile, Seán agus Eithne Breathnach, mar a léirítear iad in ‘An Roth’ agus i ndánta eile laistigh de na cnuasaigh ar fad. Scrúdaítear próiseas an chaointe, mar aon leis an teannas idir an chuimhne agus an dearmad. Déantar anailís chomh maith ar na cosúlachtaí agus na contrárthachtaí a bhíonn le feiscint i bhfilíocht an Bhreathnaigh idir caoineadh na máthar agus caoineadh an athar.

Is leis an tsíce a bhaineann Caibidil a Trí. Mórsheisear na maighdean agus mórsheisear na macaomh a thugann struchtúr don chaibidil áirithe seo, caibidil ina bhfágtar teaghlach agus dúchas pearsanta an fhile ar leataobh. Castar, ina ionad sin, i dtreo na cuimhne comhchoitinne agus aircitíopa na mórmháthar. Déantar comparáid idir tuairimí éagsúla ar an mórmháthar, ag tagairt do C.G. Jung, Erich Neumann agus Pádraig Mac Fhearghusa faoi seach. Os a choinne sin, caitear solas ar an mórmháthair mar a léirítear í i saothair an

³³ Breathnach, “An Roth,” 63.

Bhreachnaigh. Cuirtear béim ar *Scáthach* len é sin a chur i gcrích. Anuas air sin, pléitear na cosúlachtaí idir Colm Breathnach agus an macaomh in ‘An Roth’ agus déantar scrúdú ar an gcaidreamh idir an macaomh sin agus an mhórmháthair.

I gCaibidil a Ceathair, déantar scrúdú ar mhórsheisear na leannán agus mórsheisear na seanóirí. Ceann de na príomhthéamaí i bhfilíocht Choilm Bhreachnaigh is ea an grá. Déantar argóint anseo gur don ghrá a sheasann mórsheisear na leannán in ‘An Roth’. Pléitear tuiscintí traidisiúnta ar an ngrá i dtosach, ag féachaint ar ‘Gráinne agus Diarmaid’ go háirithe, dán a foilsíodh in *Scáthach* sa bhliain 1994. Scrúdaítear téama an ghrá mar aistear nó mar thuras ansin, go mbíonn ar dhuine dul ar fánaíocht ann féin leis an ngrá sin a aimsiú. Is le samhail an aistir seo a chuirtear téama an ama i lár an aonaigh. Déantar scrúdú ar íomhá an rotha agus ar íomhá na habhann, abhainn na Laoi go príomha, mar shiombailí don am i saothar an fhile, go háirithe sa chnuasach *Croí agus Carraig* (1995). Cuirtear béim ar dhualgas na bhfilí mar a thuigeann an Breathnach é, féachaint siar ar an traidisiún agus ar an áit as ar tháinig siad ó dhúchas. Labhraítear ar an gcaoi sin faoi phróiseas an dearmaid agus faoi shileadh síoraí an ama.

Is leis an teanga agus teacht i láthair an fhile a bhaineann an mórsheisear deireanach ‘ar leithligh’ in ‘An Roth’. Is air sin a dhírítear sa chaibidil dheireanach anseo dá bharr. I gCaibidil a Cúig, déantar anailís ar ról an fhile sa saol comhaimseartha trí mheán an bhansagairt agus na maighdine. Pléitear an caidreamh cumhachta idir an file agus an teanga chomh maith trí anailís a dhéanamh ar an uasal agus ar an íseal. Scrúdaítear cailliúint na soineantachta agus cailliúint na hóige in ‘An Roth’ agus *Croí agus Carraig* araon agus muid ag plé íomhá an naín. Faoi dheireadh, labhraítear ar theacht i láthair an fhile, mar a thaispeánann an file é in ‘An Roth’.

Réamhrá: Traidisiún Liteartha an Fhichiú hAois: Seán Ó Ríordáin agus Colm

Breathnach

Rugadh Colm Breathnach in Ard na Laoi, Carraig Rúacháin, Contae Chorcaí sa bhliain 1961. Bhí borradh faoi nuafhilíocht na Gaeilge thart timpeall chathair Chorcaí, agus ar fud na hÉireann, nuair a bhí an Breathnach ag fás aníos. Bunaíodh an iris chluíteach *Innti* i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh i 1970 agus í mar ardán do scríbhneoirí óga na Gaeilge. I 1969, thug Máirtín Ó Cadhain an páipéar iomráiteach *‘Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca’* ag Scoil Gheimhridh Chumann Merriman in Aonach Urmhumhan. B’óráid é sin a d’fheidhmigh mar spreagadh do ghlúin óg scríbhneoirí a bhí ag teacht i réim ag an am. Agus bhí an triúr ‘Seán’ (Seán Ó Riada, Seán Ó Tuama agus Seán Ó Ríordáin) ag saothrú in UCC le taobh a chéile idir 1969 agus 1971.³⁴ Bhí aithne ag muintir Choilm Bhreathnaigh ar mhuintir Riada agus bhí an Breathnach cairdiúil le mic Sheáin Uí Riada i gCúil Aodha:

Is cuimhin liom, nuair a bhí me ag obair le muintir Riada, chuas isteach go dtí an tigh acu ar an Domhnach ... b’ é an mhaidin dár gcionn, maidin Dhomhnach tar éis mé a bheith ag ól agus bhí Eoin Ó Riada, bhí sé istigh sa tigh. Bhí sé istigh sa stiúideo nó sa seomra oibre a bhí ag Seán Ó Riada. Agus istigh sa seomra sin bhí bord, bhí sé beagnach chomh mór leis seo, is bord billéardaí a bhí ann. Agus bhí clúdach air, ach bhí sé sin sínte amach ar an mbord agus bhí ceithre spéicéirí, bhíodar tar éis iad a chur isteach sa chúinne. So bhí, ní steiréó, ach saghas *quattro*

³⁴ Mhúin Seán Ó Riada sa choláiste ó 1963 go 1971, an bhliain ar cailleadh é (Féach “Seán Ó Riada (1931 - 1971),” The Contemporary Music Centre Ireland, fuarthas 2 Márta, 2020, <https://www.cmc.ie/composers/sean-o-riada>). Rinneadh comhollamh de Sheán Ó Tuama in UCC sa bhliain 1968 agus bhí sé ina Ollamh le Litríocht na Gaeilge ó 1982 go 1990. Fostaíodh Seán Ó Ríordáin in UCC i mí Eanáir 1969 agus bhí air sé léacht a thabhairt do scoláirí ann gach bliain (Féach *Ainm.ie*, s.v. “Ó TUAMA, Seán (1926–2006)” agus “Ó RÍORDÁIN, Seán (1916–1977)”, fuarthas 2 Márta, 2020).

agus bhí ‘Blood on the Tracks’ le Bob Dylan ar an gcéirnín agus bhí sé siúd sínte amach agus bhí sé á sheinm. Agus chuas isteach, bhí sé ar fheabhas ar fad. Seo seomra Shéain Uí Riada agus Bob Dylan ag teacht amach as na spéicéirí.³⁵

Mar aon leis an gcairdeas sin, bhí cónaí ar Sheán Ó Ríordáin ‘siar an bóthar’ ó theach na mBreathnach agus ba é Seán Ó Tuama a stiúir tráchtas M.A. Choilm Bhreathnaigh in UCC.³⁶

Sin an cineál tírdhreacha nó cúlra litríochta as ar fáisceadh Colm Breathnach, an file. Is oidhre é Colm Breathnach ar an traidisiún liteartha a tháinig roimhe, is cuma cé chomh láidir is a thagann sé chun solais ina chuid filíochta. Tá sé ríthábhachtach, mar sin, an gaol idir an Breathnach agus an traidisiún sin a fhiosrú. Dá bharr sin, déanfaidh mé comparáid anseo idir an Breathnach agus duine de mhórfhilí Gaeilge an fhichiú haois: Seán Ó Ríordáin.

Is í mo thuairim gur féidir cosúlachtaí soiléire a thabhairt faoi deara idir Colm Breathnach agus Seán Ó Ríordáin, go háirithe i dtaobh théama na teanga. Is minic a léiríonn filí na Gaeilge tuairim láidir i leith na Gaeilge féin. Ach is leis an Ríordánach na dánta is cáiliúla dóibh siúd, dar liom:

Cé cheangail ceangal eadrainn

A theanga seo leath-liom?

Muran lán-liom tú cén tairbhe

Bheith easnamhach id bhun?³⁷

³⁵ Colm Breathnach (faoi agallamh ag Eimear Nic Conmhaic), 21 Deireadh Fómhair, 2016.

³⁶ Ibid.

³⁷ Seán Ó Ríordáin, “A Theanga Seo Leath-Liom,” in *Brosna* (Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1964), 25.

Ceist thábhachtach í ceist na teanga don Ríordánach agus don Bhreathnach araon. Cé gur saolaíodh i mBaile Bhúirne é agus gur chainteoir dúchais é a athair, ba i dteach dátheangach a tógadh an Ríordánach.³⁸ Bhí an lámh in uachtar ag an mBéarla laistigh den teaghlach, áfach, dar le Seán Ó Coileáin.³⁹ Is cosúil gur chreid Ó Ríordáin go raibh easnamh éigin sa líofacht teanga a bhí aige, díreach mar a léiríonn na línte thuas ó ‘A Theanga Seo Leath-Liom’.

Bhí cur agus cúiteamh searbh ar siúl i measc lucht na Gaeilge maidir leis an litríocht ó ré na hAthbheochana ar aghaidh. Ar cheart cloí le múnlaí agus meadarachtaí traidisiúnta na Gaeilge, nó arbh fhearr féachaint i dtreo na hEorpa? Ar cheart nósanna agus fráma nua a thabhairt do litríocht nua-aimseartha na Gaeilge? Bhí an díospóireacht sin fós ar siúl nuair a d’fhoilsigh an Ríordánach an chéad chnuasach aige, *Eireball Spideoige*, i 1952. Bhí tuairimí éagsúla ag léirmheastóirí agus ag a chomhfhilí ar an gcnuasach sin agus bhí argóint fhíochmhar faoi in *Feasta* sa bhliain 1953. Thug filí traidisiúnta ar nós Mháire Mhac an tSaoi ionsaí faoi chaighdeán a chuid Gaeilge, ionsaí a rinne dochar nach beag do mhuinín an Ríordánaigh:

Sé rud is croíúla sa leabhar an chaint uaidh ar an gclúdach, a léiríonn dúil a bheith aige “teacht i dtír i dteangain ná beidh i bhfad ó Ghaeilge na Gaeltachta.” Más dáiríribh dó á rá san, bíodh sé de chiall aige a chloigeann a líonadh den nGaeilge chéanna an fhaid atá sí le fáil aige ... cuireadh sé a ghuí nach bhfuil sin ró-dhéanach aige, ach go bhfuil cumas foghlama fós ann ... Sé is baol dó ná a

³⁸ “Writer in Profile: Seán Ó Ríordáin,” *RTÉ Archives*, fuarthas 11 Márta, 2019, <https://www.rte.ie/archives/2015/0520/702434-irish-language-poet-sean-o-riordain/>.

³⁹ Seán Ó Coileáin, “Ó Ríordáin, Seán,” Royal Irish Academy, PDF ar líne, fuarthas 11 Márta, 2019, https://www.ria.ie/sites/default/files/o_riordain.pdf.

cheapadh go bhfuil smaoineamh léirithe aige nuair nach Gaeilge in aon chor an rud atá scríofa aige.⁴⁰

Ghoill sin go mór ar an Ríordánach, cé go ndearna Máirtín Ó Díreáin, agus scríbhneoirí aitheanta eile, é a chosaint. Caitheann sé súil níos géire air féin, ar fhiúntas a scríbhneoireachta agus ar na cinntí a dhéanann seisean mar fhile dá bharr:

Cá bhfios dom nárbh iadsan

Dob fhearr a dhéanfadh cúis,

Dob fhearr a chuirfeadh mise

Ins an rud a bhí le rá?

Ach ambasadóirí eile

A sheolas uaim chun siúil,

Fé mar ná beadh ina malairt

Ach aicme gan aird.

Dá nglacfaí leis na línte sin

Dob éigean a dhiúltú,

Cén mise nó frithmhise

A chífí im scáthán?⁴¹

⁴⁰ Máire Mhac an tSaoi in Seán Ó Coileáin, *Seán Ó Ríordáin: Beatha agus Saothar* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1985), 239.

⁴¹ Seán Ó Ríordáin, “Línte Liombó,” in *Línte Liombó* (Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1971), 9.

Is san fhilíocht a thagann crotanna éagsúla den fhile chun tosaigh. Feidhmíonn an dán mar ‘scáthán’ agus, ar nós an chait in ‘Catchollú’, bhí an Ríordánach in ann ‘searradh’ nua a bhaint as féin le gach uile rann:

Tá na fichidí catchollú

Feicthe agamsa anocht,

Ach ní fichidí ach milliúin

’Tá le searradh fós as a corp.⁴²

Bhí an gaol aige, ní hamháin leis an teanga ach leis na clónna éagsúla dó féin, ar cheann de na téamaí ba threise i saothar Uí Ríordáin, mar thoradh.

Tá an-chuid cosúlachtaí idir an Ríordánach agus an Breathnach ón taobh seo de. Labhraíonn an Ríordánach faoin streachailt a bhíonn ann idir an Ghaeilge agus an Béarla ina intinn i ndánta ar nós ‘Fill Arís’, cuirim i gcás:

Dún d’intinn ar ar tharla

Ó buaileadh Cath Chionn tSáile,

Is ón uair go bhfuil an t-ualach trom

Is an bóthar fada, bain ded mheabhair

Srathar shibhialtacht an Bhéarla,

Shelley, Keats is Shakespeare:

⁴² Ó Ríordáin, “Catchollú,” in *Brosna*, 37.

Fill arís ar do chuid.⁴³

Tá an streachailt chéanna le feiscint in *An Fearann Breac* (1992), agus go háirithe sa dán ‘Trén bhFearann Breac’:

Idir dhá dhath

idir dhá fhocal

idir dhá ainm

idir dhá aigne

idir dhá áit

idir dhá theanga

a chaithim mo shaol

idir dhá shaol.⁴⁴

Níl áit don Ghaeilgeoir sa saol seo inar féidir leis a bheith compordach ann féin, dar leis an mBreathnach. Maireann sé ‘idir dhá shaol’ agus is deacair dó an fód a sheasamh dá bharr.

Ceistíonn an Breathnach a chumas teanga féin ina chuid dánta chomh maith: ‘níl aon fhocal agam air / as na focail go léir go bpléim leo’.⁴⁵ Ach tá difríocht shuntasach idir an bheirt fhilí sa mhéid seo; tógadh an Breathnach i dteach dátheangach chomh maith ach, murab ionann agus Ó Ríordáin, ní bhíonn inní air faoi chaighdeán a chuid Gaeilge. Go deimhin, d’oibrigh sé mar théarmeolaí sa Roinn Oideachais agus mar aistritheoir i

⁴³ Ó Ríordáin, “Fill Arís,” in *Brosna*, 41.

⁴⁴ Breathnach, “Trén bhFearann Breac,” in *An Fearann Breac*, 62-63.

⁴⁵ Breathnach, “An Foclóirí,” in *An Fear Marbh*, 19-20.

Rannóg an Aistriúcháin ar feadh blianta fada. Ní hé a chumas Gaeilge a cheistíonn sé ach an cumas atá ag an teanga freastal air mar dhuine, mar is léir san athfhriotal thuas ón dán ‘An Foclóirí’.⁴⁶ Is ‘folús’ nó teampall lán d’easnamh é an saothar filíochta dá bharr:

‘Má thánn tú chomh cliste sin,’ a dúirt mo chroí liom,

‘ba cheart go mbeadh focal agat ar an mothú seo.’

Ach ní raibh agus níl.

Níl aon fhocal agam

cé go ndeinim iad a bhailiú.⁴⁷

Labhraíonn an bheirt fhilí seo faoin teanga agus faoin ngaol a bhíonn ann idir teanga agus duine. Is ‘scáthán’ nó ‘canbhás’ é an dán dóibh a mhúnlaíonn an íomhá a bhíonn acu díobh féin. Téann siad beirt amú sula dtéann siad ar an turas filíochta seo, áfach, agus is anseo gur féidir linn difríochtaí a fheiscint eatarthu. Cé gurb í an easpa muiníne a chuir tús leis sin i gcás Sheáin Uí Ríordáin, cailleann an Breathnach tuiscint air féin i dtosach agus é ag dul i dtairí ar an mbás, bás a athar go háirithe. Is laistigh den teaghlach agus den chomhluadar a luíonn fréamhacha an Bhreathnaigh go príomha dá bharr. Pléitear na fréamhacha sin, mar aon le fealsúnacht fhileata an Bhreathnaigh, sa Roinn seo.

⁴⁶ Ibid.

⁴⁷ Ibid.

Caibidil 1

Réamhrá

Cuirtear tús sa chaibidil seo le plé ar na fréamhacha, nó an inspioráid, a luíonn laistiar d'fhilíocht Choilm Bhreathnaigh. Déantar tagairt shainiúil do 'An Roth' anseo den chéad uair agus déantar anailís ar struchtúr ginearálta an dáin chéanna. Réiteoidh an chaibidil seo an bealach do phlé níos doimhne ar 'An Roth' agus ar shaothar an Bhreathnaigh trí chéile.

I Réamhrá na Roinne seo, déantar plé ar an tionchar a imríonn an teaghlach agus an comhlúadar ar Cholm Breathnach mar fhile. Labhraíonn an Breathnach faoin bhfearann ar a seasann sé trína shaothar ar fad, go háirithe ina luathshaothar, .i. in *Cantaic an Bhalbháin* (1991), *An Fearann Breac* (1992), *Scáthach* (1994), *Croí agus Carraig* (1995) agus *An Fear Marbh* (1998) faoi seach. Díol suime is ea 'Mo sheasamh' in *An Fearann Breac*, mar shampla:

Bheartaíos

An fód a sheasamh

An fóidín mearaí.⁴⁸

Ráiteas dána é seo ón mBreathnach agus é ag tabhairt faoi thuras na filíochta. Geallúint don léitheoir agus dó féin go bhfanfaidh sé dílis dá fhearann féin: fearann an teaghlaigh, fearann na háite dúchais agus an fearann teangeolaíochta. Ach is fearann, nó fód,

⁴⁸ Breathnach, "Mo sheasamh," in *An Fearann Breac*, 9.

‘mearaí’, é sin. Fearann ar a dtéann duine ar strae. Fearann a athraíonn de shíor. Bíonn an síorathrú seo agus an fhánaíocht féin tábhachtach don fhile agus don fhilíocht.

Déantar anailís ar ‘fhóidín mearaí’ an fhile i Roinn a hAon trí chéile. Tá fráma nó comhthéacs cuí ag teastáil don chineál sin anailíse, áfach. Sin a chuirtear ar fáil sa chéad chaibidil anseo.

‘An Roth’: Cúlra is Comhthéacs

Tá tábhacht ar leith ag baint leis ‘An Roth’ sa chomhthéacs seo ar fad. Eisceacht is ea é ó thaobh go bhfuil sé mar cheann den dornán dánta fada atá scríofa ag an mBreathnach. Tá blas an deasghnátha air chomh maith. Leanann sé seacht mórsheisear agus iad ag siúl, nó ag ciorclú, tuathal. Díol suntais, leis, is ea an bhéim sin a chuirtear ar uimhir a ‘seacht’ tríd an dán ar fad. Cuirim féin suim ar leith, áfach, sna mórsheisir féin: aithreacha, máithreacha, maighdeana, macaoimh, leannáin agus seanóirí. Agus cuirim spéis sna tagairtí ar fad don bhard(án) i dtreo dheireadh an dáin go háirithe. Léiríonn na tagairtí sin, mar aon le leagan amach an dáin, go bhfuil cuspóir suntasach ag ‘An Roth’, dar liom féin: sin go bhfeidhmíonn ‘An Roth’ mar bhlúire beathaisnéise agus go míníonn sé cuid éigin de chuspóir an fhile féin. Déantar anailís ar an téis sin sa Roinn seo.

Díol suntais é gurb é scéal Ixion a thugann fráma agus comhthéacs don dán seo. Ba dhúnmharfóir é Ixion, de réir mhiotaseolaíocht na Gréige, a mharaigh a athair céile. Theip air *catharsis*, nó saorghlanadh, a fháil ón bpobal as a chuireanna agus chuaigh sé ar mire mar thoradh. Ach bhí trua ag Zeus, rí na ndéithe, dó. Thug sé seans amháin eile d’Ixion ach rinneadh feall ar a iontaoibh nuair a chuir an peacach dúil in Hera, bean chéile Zeus.

Rugadh i sáinn ar Ixion agus luigh sé le néal a raibh cuma Hera air. Cuireadh mallacht air ina dhiaidh sin, agus ceanglaíodh le roth lasrach é a bheadh ag rothlú de shíor.⁴⁹

Tá difríochtaí ann idir an chaoi a ndéantar cur síos ar roth Ixion i bhfoinsí éagsúla. Cuireann Zimmerman síos ar an roth sin mar ‘a wheel in hell, ceaselessly revolving and lashed with serpents’.⁵⁰ Seo an cur síos a bhí ag H.J. Rose, áfach: ‘Ixion was bound to a burning wheel, which revolves for ever, in the air or (later) in the underworld’ (256).⁵¹ Aontaíonn Stoneman leis an gcur síos sin chomh maith: ‘As punishment for the attempted rape Ixion was chained for ever to a wheel of fire in the *Underworld*’.⁵² Ach is cosúil go bhfuil na foinsí ar fad ar aon tuairim faoin bhfáth ar cuireadh pionós ar Ixion (.i. an rún a bhí aige luí le Hera) agus faoin tslí a gcasfadh an roth sin de shíor.

Ní rothaí neamhaí iad roth Ixion ná roth an Bhreathnaigh. Ní chasann siad sa spéir lastuas dóibh. Ní hionann iad agus an ghrian ná an ghealach. Is rothaí iad a chasann tuathal laistigh den duine féin. Agus is de bharr an rotha sin a thiteann an duine i bpeaca. Mar sin, is faoi pheacaí agus faoin damnú é scéal Ixion, damnú a chruthaíonn an duine dó/di féin: ‘Iarann im béal, / roth im rosc, / cloch ar m’ucht / is éasc im chroí’.⁵³ Ní léir, áfach, cén peaca go díreach a rinne nó a dhéanann an Breathnach nó pearsa an dáin anseo.

⁴⁹ Richard Stoneman, *Greek Mythology: An Encyclopedia of Myth and Legend* (The Aquarian Press: Londain, 1991), s.v. “Ixion,” 101-102.

⁵⁰ J.E. Zimmerman, *Dictionary of Classical Mythology* (Harper & Row: Nua Eabhrac, 1964), 142.

⁵¹ H.J. Rose, *A Handbook of Greek Mythology: including its extension to Rome* (Routledge: Londain, 1991), 256.

⁵² Stoneman, “Ixion,” in *Greek Mythology*, 102.

⁵³ Breathnach, “An Roth,” 70.

‘Solas leachtach na gréine’:⁵⁴ Grianghraf an Ghrá

In ‘An Roth’, tosaíonn eachtraí ‘i lár an chéad lae úd’ nuair a théann an chéad íomhá fhileata i gcion ar an bhfile:

Cur chuige uile-shnítheach

sholas leachtach na gréine

ag gabháil trés gach aon ní

i lár an chéad lae úd –

tré ghruaig fhionn

tré bhláthghréasán ar ghúna

trén ngort arbhair

tré uisce glé na habhann

i dtús an tsamhraidh úd

tré mo ghlór

tré fhionnadh an ghadhair

tré bhuí na sabhaircíní

ar an bhfeorthainn

trén gcorr éisc ar stáitse

⁵⁴ Ibid., 62.

ar ghéag chrom

tré mo chian

babhta amháin –

an chéad lá úd

an mhaidean

is an tráthnóna.⁵⁵

Tá cosúlachtaí áirithe anseo idir an íomhá agus an grianghraf. Cruthaíonn na fleiscíní deighilt idir an pictiúr – an grianghraf seo – agus an chuid eile den téacs. Déanann siad aithris, ar shlí, ar chlic an cheamara nó, sa chás seo, ‘clic’ laistigh d’intinn an fhile. Déanann an file taifead scríofa ar an radharc a fheiceann sé, díreach mar a dhéanann grianghrafadóir taifead ar radhairc trí mheán na ngrianghraf. Is ionann grianghraf, dar le Sontag, agus slisne caol glan den spás agus den am: ‘The photograph is a thin slice of space as well as time’.⁵⁶ Sin atá againn anseo, .i. íomhá, nó cuimhne, de chuid na pearsan. Duine cois abhann (cois Laoi mar a chítear ag deireadh an dáin)⁵⁷ agus an dúlra faoi bhláth timpeall air. Fear ag déanamh iontais de chailín óg fionn agus á cur i gcomparáid leis na bláthanna. Grianghraf grámhar le blas an bhriseadh croí air: ‘mo chian’.

Tá áit thábhachtach ag an ngrá i bhfilíocht an Bhreathnaigh agus tugann sé tús áite dó in ‘An Roth’. Is é an grá atá mar inspioráid dá chuid filíochta agus tá roinnt de na dánta grá is fearr dá bhfuil ann sa Nua-Ghaeilge scríofa ag Colm Breathnach, dar liomsa. Dánta ar

⁵⁵ Ibid., 62.

⁵⁶ Susan Sontag, *On Photography* (Londain: Allen Lane, 1978), 22.

⁵⁷ Breathnach, “An Roth,” 70.

nós ‘Éadromluí’, cuirim i gcás, nó ‘Ar an Leaba Leathan’ ina ndéanann sé cur síos íogair agus corraitheach ar an gcaidreamh collaí idir fear agus bean:

Ar an leaba leathan

cromaim os do chionn

mé an spéir, tú an talamh.

Doirtim póga ort

mé an néal, tú an fharraige.

Ar an leaba leathan

faoi ghile an tráthnóna

is an ghrian ag spaiteáil orainn

go dána trén bhfuinneoig,

is damh ar ard mé

beanna in airde

chun na bhFlaitheas.

Is bogha tarraigthe mé,

tú an lámh a theannann.

Is cláirseach ar tinneall mé,

tú an lámh a spreagann.

Tonn mé, tú a bhriseann,

a leathann ar an leaba.

Tá grá dá leannán,⁵⁸ grá dá thuismitheoirí,⁵⁹ grá dá chlann⁶⁰ agus an grá cairdiúil a bhíonn ann i measc an chomhludair le sonrú i bhfilíocht an Bhreathnaigh.⁶¹ Labhraíonn na dánta seo faoi ghnáthshaol agus gnáthmhothúcháin an duine. Is féidir le léitheoir dul i ngleic leo ar bhonn pearsanta mar thoradh.

Ach is cuid den ghrá é an briseadh croí chomh maith, téama a dtéann an file i ngleic leis in *Croí agus Carraig* féin:

... bhí croí agus carraig ann agus is aighneas idir dhá thaobh a bhí i gceist ansan.

Cuid den chnuasach sin, tá sé bunaithe air sin agus sin í an chúis gur tharraingíos

Mandelstam isteach chomh maith, go raibh an deoraíocht inmheánach i gceist.

⁵⁸ M.sh. “Macha” (*Cantaic an Bhalbháin*, 56).

⁵⁹ M.sh. “An croí” (*Scáthach*, 97), “Sámhchodladh” (*Cantaic an Bhalbháin*, 42) nó “An bóthar” (*Scáthach*, 101).

⁶⁰ M.sh. “Fionnán” (*An Fearann Breac*, 20).

⁶¹ M.sh. “Dá gCífeá í tar éis Fíon a dh’Ól...” (*Chiaroscuro*, 1).

Deoraíocht inmheánach laistigh den tír, ach deoraíocht inmheánach i do chloigeann chomh maith ... *Croí agus Carraig*, bhain sé le rudaí pearsanta. Chun a bheith lán-mhacánta faoi, rudaí faoi thitim amach le duine eile agus gur scoilteadh an mhuintir mar gheall air sin. Is deoraíocht níos pearsanta atá i gceist ansan seachas aon rud polaitiúil nó aon rud mar sin ó thaobh cúrsaí teangan de. Ba shin a bhí i gceist ansan.⁶²

Briseadh croí an Bhreathnaigh agus briseadh croí na muintire a chuir tús leis an gcnuasach *Croí agus Carraig*, mar sin, agus ‘An Roth’ mar bhuaicphointe aige. Cuireann an eachtra seo iallach ar an bhfile dul ar ‘deoraíocht’ chun a fhréamhacha fileata agus daonna a athmheas arís. Cuireann sé brú air léarscáil a chruthú dó féin leis an scéal seo a mhíniú; cén fáth a dtitfeadh ‘éan dubh’ go talamh agus é ag eitilt ‘ar a aonrian’ trasna na spéire? Cén fáth a n-athródh an solas ina dorchadas?

Is fiú go mór aird a tharraingt ar thábhacht an tsolais in ‘An Roth’: ‘Cur chuige uile-shnítheach / sholas leachtach na gréine / ag gabháil tréas gach aon ní’.⁶³ Ní hann d’íomhá na súile gan solas na gréine. Ach más ann don solas, is ann don dorchadas agus bíonn súil an duine agus tuiscint an duine ag gluaiseacht eatarthu i gcónaí. Ní bhíonn solas ón intinn agus muid ag cuimhneamh ar radhairc. Cuireann an dorchadas laistigh den duine lenár dtuiscint féin ar eachtraí agus ar íomhánna uaireanta, ach is féidir leis gnéithe dár saol a cheilt orainn chomh maith:

... in order to see a photograph well, it is best to look away or close your eyes.

“The necessary condition for an image is sight,” Janouch told Kafka; and Kafka smiled and replied: “We photograph things in order to drive them out of our

⁶² Colm Breathnach (faoi agallamh ag Eimear Nic Conmhaic), 27 Meán Fómhair, 2017.

⁶³ Breathnach, “An Roth,” 62.

minds. My stories are a way of shutting my eyes.” The photograph must be silent ... this is not a question of discretion, but of music ... to say nothing, to shut my eyes, to allow the detail to rise of its own accord into affective consciousness.⁶⁴

Tá plé níos leithne déanta ar an ngluaiseacht idir an solas agus an dorchadas sa tráchtas seo, ag féachaint go géar ar *Chiaroscuro* go háirithe.⁶⁵ Is iarracht é an cnuasach seo, áfach, le tréimhse dheacair i saol na mBreathnach a chur ar leataobh; chun achar éigin a chur idir an file agus í. Iarracht is ea é súil an fhile a dhúnadh go gcloise sé ceol na n-íomhánna a leag sé síos ar phár agus go dtaga sé ar thuiscint níos soiléire ar a chás féin. Ar an tslí chéanna, b’éigean don duine daonna titim chun aithne cheart a chur air féin. Is fráma thar a bheith feiliúnach é scéal Ixion, agus a thitim ó Oilimpeas, do ‘An Roth’, agus do *Croí agus Carraig*, dá bharr.

‘Seacht mórshéisear do mhórshiúl...’:⁶⁶ Struchtúr an Dáin

Tarraingíonn ‘An Roth’ léarscáil dúinn den tírdhreach a luíonn laistiar d’fhillíocht an Bhreathnaigh. Tagann carachtair ar leith chun tosaigh ag tús an dáin seo a mbíonn páirt lárnach acu ina chuid cnuasach:

do ghaibh seacht mórshéisear do mhórshiúl

mórthimpeall na bhfallaí ar tuathal

is seacham faoi seach:

⁶⁴ Roland Barthes, *Camera Lucida: Reflections on Photography*, Richard Howard a d’aistrigh (Londain: Vintage, 2000), 53-55.

⁶⁵ Féach Roinn 2.

⁶⁶ Breathnach, “An Roth,” 63.

mórsheisear aithreacha

mórsheisear máithreacha

mórsheisear maighdean

mórsheisear macaomh

mórsheisear leannán

mórsheisear seanóirí

is mórsheisear ar leithligh

an bansagart is an mheirdreach

an t-uasal is an t-íseal

an naíon

an t-ildánach

is an bard.

Is do labhair gach buíon díobh

ina seacht dteangacha dílse

is do scal a gcuid bréithre

go dtí an t-ae mé.⁶⁷

⁶⁷ Ibid., 63.

Mórshiúl is ea é seo, mórshiúl de na daoine agus na heachtraí ba mhó a raibh tionchar acu ar shaol an fhile, agus an chlann, an comhluadar agus an teanga ina cheartlár. Tá traidisiún agus sean-nósanna intuigthe sna línte seo, díreach mar atá i ndánta eile ar nós ‘Seana-ghnás’, cuirim i gcás:

Mheasas a rá leo an lá san

gan cloí leis an tseana-ghnás

ach gabháilt ina áit sin

tuathal timpeall an tsáipéil

le go gcuirfí mar sin an t-am

ag gluaiseacht ar an tslí chontrártha

is go ndéanfaí tú a bhreith arís as an gcomhrainn

in áit a adhlacadh i ndiaidh báis duit

ach tháinig sé ansan ina bháisteach

is tuigeadh dom ná féadfaí braonaíocha

a chur ag titim in airde

is ná bhféadfaí ach an oiread

cur i gcoinne an tseana-ghnáis.⁶⁸

Iarracht an t-am a chur ar ceal atá sa siúl ‘tuathal’ seo, céimeanna i gcoinne ord an tsaol. Feictear, mar sin, go mbíonn dhá roth dhifriúla á gcasadh i saol seo an fhile: roth an ama a chasann ar dheis agus a bhogann chun cinn, agus roth an fhile a chasann ar chlé agus a bhíonn i gcónaí ag féachaint siar. Tá sé de mhallacht ar an bhfile a bheith i gcónaí ag féachaint siar lena inspioráid a aimsiú, díreach mar a d’fhéach Orpheus siar ar Eoraidicé. Bíonn an Breathnach sáite idir an dá roth seo, gan de chumhacht aige cur ina gcoinne.

Conclúid

Rinneadh anailís sa chéad chaibidil seo ar an gcaoi a leagtar amach ‘An Roth’. Pléadh an mhíotaseolaíocht a fheidhmíonn mar fhráma agus mar chreatlach laistiar den dán féin, creatlach a thaispeánann nádúr fabhtach an duine dhaonna go soiléir. Chuir an file tús le féinscrúdú agus athmhachnamh anseo, i mo thuairimse, ar shaol agus ar fhréamhacha an fhile féin le go mbeidh deis aige teacht tríd an gcroíbhrieadh agus tríd an dólás faoi dheireadh. Mar sin, le tuiscint saothraithe ar struchtúr ‘An Roth’, is féidir anailís a thosú ar mhórphearsana an dáin féin: na ‘seacht mórsheisear’.

⁶⁸ Breathnach, “Seana-ghnás,” in *An Fear Marbh*, 46.

Caibidil 2

Réamhrá

Sa dara caibidil seo, déantar plé ar an gcéad dá mhórsheisear a ghlacann páirt i mórshiúlta an Rotha. Is iad siúd mórsheisear na n-aithreacha agus mórsheisear na máithreacha. Baineann an dá dhream seo le teaghlach an Bhreathnaigh. Imríonn Eithne agus Seán Breathnach, máthair agus athair Choilm Bhreathnaigh, páirt lárnach síos trína chuid scríbhneoireachta. Léirítear an tionchar sin sa chaibidil seo agus déantar comparáid idir an chaoi a gcuireann an file síos ar an mbeirt acu i ndánta ar leith. Faoi dheireadh na caibidle seo, taispeántar cé chomh tábhachtach is a bhíonn fréamhacha an teaghlaigh agus na háite dúchais i saothar an fhile seo. Anuas air sin, tugtar léargas ar phróiseas an chaoite i gcomhthéacs a thuismitheoirí, ag díriú ar chruthú na gcuimhní agus coincheap an *lieu de mémoire*.

‘Mórsheisear aithreacha’:⁶⁹ Caoineadh an Athar

Ní haon ionadh gurb é an t-athair atá ar bharr an liosta thuas: ‘mórsheisear aithreacha’. Ba bhuille mór gan choinne do Cholm Breathnach é bás a athar ag deireadh na seachtóidí. Déagóir seacht mbliana déag d’aois ab ea é agus ní raibh taithí aige ar shaol an duine fhásta go fóill:

Nuair a d’égais

d’fhágais idir dhá phort mé,

i m’aosánach seacht mbliana déag d’aois

⁶⁹ Breathnach, “An Roth,” 63.

nach n-aithníonn soir thairis siar.⁷⁰

Arís, taispeántar an íomhá sin d'fhile atá tite idir dhá stól, file a bhíonn á tharraingt siar agus aniar i gcónaí ag an saol. Is léir go raibh caidreamh casta ag an mBreathnach leis an athair céanna. Athair a 'ghráigh', a 'chráigh' agus a 'bhual' é:

an t-athair a d'fhuaigh tú

tré cheol mire an eiteáin aige

oíche ar an leabaidh ardaithe seoil

an t-athair a tháinig

is an t-athair a dh'fhág tú

agus an t-athair a labhraíonn tré do lámha go fóill.⁷¹

Bhí caidreamh grámhar, ach achrannach, idir an file agus a athair. Toisc go raibh Colm Breathnach chomh hóg sin nuair a cailleadh a athair, ní raibh an deis acu an caidreamh sin a fhorbairt.

Imríonn cailliúint mar sin, cailliúint an athar agus an deis chun caidreamh idir athair agus mac a fhiosrú níos fearr scaoilte thairis, tionchar mór ar dhearcadh agus ar luachanna an duine óig. Bíonn ar dhaoine plé le han-chuid cuimhní agus mothúchán nuair a chailltear duine muinteartha leo. Sin cuid d'eispéireas na cailliúna. Bíonn dhá chineál cuimhne ann de ghnáth, dar le Rochman: cuimhní geala ar shaol an mhairbh agus cuimhní ar a bhás.⁷²

⁷⁰ Breathnach, "Idir Dhá Phort," in *An Fear Marbh*, 21.

⁷¹ Breathnach, "An Roth," 63.

⁷² Daniel Rochman, "Death-Related Versus Fond Memories of a Deceased Attachment Figure: Examining Emotional Arousal," *Death Studies* 37, uimh. 8 (2013): 704-724.

Uaireanta, ní cuimhní iad a tharla go fírinneach ach cuimhní a eascraíonn as samhlaíocht an duine a mhaireann go fóill.

Tá na cuimhní sin ar fad le feiscint sna dánta ina labhraíonn an Breathnach faoina athair féin. Ceiliúradh ar scéalaíocht agus amhránaíocht an athar is ea ‘Oíche Mhaith, a Bhastaird’, cuirim i gcás; cuimhne gheal a bhfuil blas an bhróin agus an aiféala uirthi:

Thosnaítí ansan le tamall comhrá
 scéalta á n-aithris is corr-sá grinn,
 tú fhéin i d’fhear tí támáilte
 ach an Beamish ag tabhairt do ghlóir chugat
 nó go n-iarrtá ar dhuine éigin amhrán do rá.

...

Is é mo lom
 ná rabhas fásta suas in am,
 sara bhfuairis bás,
 le go mbeinn i láthair
 ag oíche a réachtáilis
 os cionn shiopa Sheáinín
 ar an mBuailtín.

Is nuair a bheadh an oíche thart
 agus an chuideachta ag imeacht
 thabharfainn féin faoi mo lóistínse mar aon leo
 i mBaile Eagraise nó sna Gorta Dubha
 ach sara n-imeoinn chasfainn chugat
 le go ndéarfainn, ‘Oíche mhaith, a bhastaird’,
 go ceanúil meisciúil leat.⁷³

Díol suntais iad na logainmneacha in *An Fear Marbh*. In ‘Oíche Mhaith, a Bhastaird’, lonnaítear an dán ‘ar an mBuailtín / os cionn shiopa Sheáinín na mBánach’. Molann Corcaíoch Baile Átha Cliath agus é ag ithe bricfeasta in ‘Sammy’s Café ar Shráid Uí Mhórdha’.⁷⁴ Is áit chluíteach é ‘An Fear Marbh’ féin, gan amhras. Cothaíonn an file cuimhní ar a athair atá fréamhaithe in áiteanna ar leith. Cruthaíonn sé *lieux de mémoire* (.i. súimh cuimhne) as áiteanna ar leith chun buaine a thabhairt don chaidreamh nua seo. Ní hamháin ar áiteanna fisiciúla a chuireann an téarma ‘lieu de mémoire’ síos, áfach. Baineann sé le nithe eile chomh maith, mar atá le feiscint in ‘An Pianó’:

Ceann dos na chéad nithe a caitheadh amach,
 an pianó.

Ní fhéadfaimis a dhíreadas claon,

⁷³ Breathnach, “Oíche Mhaith, a Bhastaird,” in *An Fear Marbh*, 16-18.

⁷⁴ Breathnach, “Corcaíoch ag Moladh Bhleá Cliath,” in *An Fear Marbh*, 13.

a dhubh is bán gan chéill,

a fhulag ní ba mhó.

Agus do mhéaranta ag éirí bodhar

is na cosa gan a bheith chomh daingean is a bhídís

thosnaigh an pianó ag loic ort

nuair ba mhó a theastaigh an chabhair

mar shólás, mar bhealach le teacht i dtír.⁷⁵

Is sa phianó a luíonn teip fhisiciúil chorp an athar. Tugann an pianó seo an chaoi ar imigh ceol a chuisle uaidh chun cuimhne agus is mar iarracht an chuimhne sin a scriosadh a chaitheann siad an uirlis amach.

Iarracht is ea *An Fear Marbh* le cuimhní nua ar Sheán Breathnach a chruthú agus seanchuimhní air a neartú. Iarracht is ea é míniú éigin a fháil ar bhás anabaí an athar agus ar an mbás go ginearálta. Labhraíonn Rochman faoin gcaoi gur féidir le duine dul i dtraithí agus i dtuiscint ar an mbás chomh maith.⁷⁶ Cruthaíodh gaol nua idir Colm agus Seán Breathnach i ndiaidh 1979. Chaill an file an teagmháil fhisiciúil sin eatarthu agus is cosúil gur fágadh i liombó é ar an-chuid slite. Fad is a bhí an Breathnach ag scríobh an chnuasaigh seo, thuig sé go raibh sé níos faide ar an saol gan a athair ná mar a bhí sé lena athair. Mhúscail an tuiscint sin mothúcháin ina chroí nach ndeachaigh sé i ngleic leo nuair a d'éag a athair i dtosach. Cur síos, ní hamháin ar shaol Sheáin Bhreathnaigh, ach ar

⁷⁵ Breathnach, "An Pianó," in *An Fear Marbh*, 34.

⁷⁶ Rochman, "Death-Related Versus Fond Memories," 705.

phróiseas cuimhneacháin a mhic atá in *An Fear Marbh*, mar sin. Tá sé in am don fhile scarúint leis an ngaol a bhí aige lena athair. Tá sé in am dó turas amháin eile a thabhairt ar oileán an fhir mhairbh le gur féidir leis an t-athair a chaoineadh mar is ceart:

... tá inneall á fheistiú i mbosca naomhóige

is an taoide ag gabháil bhun na cé i mbarróig

agus fear an bháid thíos ag fógairt

gur mithid domhsa teacht ar bord.⁷⁷

Beidh air an fharraige a thrasnú sula dtagann sé slán, áfach. Luíonn a mhothúcháin, a chuimhne agus a chroí féin idir é agus an mhórhír. Chun leanúint ar aghaidh sa saol agus an dobrón a shárú, b'éigean don Bhreathnach gaol siombalach a dhéanamh den ghaol fisiciúil idir athair agus mac. Is siombail é oileán an Fhir Mhairbh do Sheán Breathnach as seo amach, mar sin. Siombail oiriúnach is ea an tsiombail sin; maireann an nasc a bhíodh idir teaghlach an fhile agus Gaeltacht Chorca Dhuibhne ann. Níos mó ná sin, níl an file ag fáil réidh lena athair mar théama sa chnuasach seo; ní áit é an t-oileán a imíonn le himeacht ama. Maireann an ‘fear marbh’ mar shuíomh cuimhne. Is tréimhse ama é a mhúnlaigh an file, ach nach bhfuil an file gafa inti níos mó.

Tábhacht na hAbhann agus na Farraige

Is é sileadh síoraí na Laoi a shníomhann na cuimhní seo ar fad le chéile in aon chnuasach amháin. Ceanglaíonn an abhainn an grá a bhí ag Seán Breathnach don cheol le fearann Chorcaí:

⁷⁷ Breathnach, “An Fear Marbh,” in *An Fear Marbh*, 9-10.

D'ardaíteá do lámh is chanadh cóir cois Laoi

d'ardaíteá do lámh athuair

is chanadh cóir i gCarraig na bhFear ó thuaidh

nó arís eile sa tSeandún faoina spuaic.⁷⁸

Pléifear tábhacht na n-aibhneacha mar mheafar don aireachtáil dhaonna níos déanaí sa tráchtas seo. Déanfar comparáid, mar chuid de sin, idir péire ar leith dánta in *Chiaroscuro* (2006): ‘2016’ agus ‘Stone’. I gcás na ndánta sin, is léir go bhfuil tionchar mór ag na haibhneacha, agus go háirithe ag abhainn na Laoi, ar an bhfile. Áit is ea an abhainn a chruinníonn ‘tuairimí áitiúla agus tuairimí an bhaile’ le chéile in aon sruth amháin.⁷⁹

Is amhlaidh atá an scéal in *An Fear Marbh*. Tagann an ról atá ag an Laoi, ag an bhfarraige agus ag an gceol i dtreis sa dara leath den chnuasach seo go háirithe. Tugann an file faoi aistear mara in ‘An Fear Marbh’ chun caidreamh nua a chothú le duine muinteartha dá chuid, aistear a athróidh staid an fhile féin. Labhraíonn an Breathnach faoi bhás a athar i dtéarmaí na mara chomh maith in ‘Snámh’:

Ní bhíodh snámh, a deirteá

ag an mairnéalach fadó

agus a chúis aige.

Ar an bhfarraige mhór

⁷⁸ Breathnach, “Stiúrthóir Cóir,” in *An Fear Marbh*, 32.

⁷⁹ Féach Caibidil 2, Roinn 2, lgh 217-219.

amuigh ar fad ar an ndoimhin, sa tsean-am,
dá dtabharfadh an long a gob ar an bpoll,
i bhfad ó chabhair,
ba bheag an mhaith d'aon fhear báid
an buille snámha
ná déanfadh ach an bás a chur ar atráth
seal gairid nó go dtuirseodh na lámha
is go dtiocfadh crampaí sna cosa ón síorshá
i gcoinne uisce an tsáile
a shúraiceodh ar deireadh é feá ar feá
síos isteach sa duibheagán.

San óispidéal

agus tú dod mhealladh

ag codladh an bháis

amhail mairnéalach tar éis dá long bá

i bhfad ó chaladh,

ó thalamh, ó mharc tíre, dá laghad,

bhíos buíoch nár fhoghlaimís an snámh.⁸⁰

Déanann ‘Snámh’ tagairt indíreach do Chóbh Chorcaí, áit ar rugadh Seán Breathnach. Cuireann na rannta síos ar thuras an bháis, ní hamháin bás an athar ach an bás a mbuailfidh an file leis ar deireadh: ‘is tá ’fhios agam nuair a thagann an t-am / nach mar sin a ghabhfaid.’⁸¹ Tuigeann an file an chinniúint atá i ndán dó trí shiombail na farraige. Is ar an mbeatha, áfach, agus ar an instinn an bheatha sin a chosaint, a chuireann sé an bhéim anseo mar sin féin: ‘Déanfaid buillí snámha a bhualadh, / ciceálfaidh mé, déanfaid na tonnta a shuaitheadh. / Ní shúfar síos mé go mín’.⁸² Troid fhíochmhar idir ciall chomhfhiosach an duine agus cumhacht neamh-chomhfhiosach na mara atá ann – coimhlint shíoraí idir an bheatha agus an bás. Mar sin, in ‘An Fear Marbh’ agus ‘Snámh’ araon, tugann an Breathnach le tuiscint go mbíonn bás agus athbhreith le fáil trí íomhá na farraige.

Ní hionann sin agus sruth na Laoi sa chnuasach céanna:

Ní fhanann aon rian puinn díot i gCorca Dhuibhne

áit gur chaithis formhór do laethanta saoire.

Tá Tráigh an Fhíona ag dul i laghad,

níl slí uirthi a thuilleadh le haghaidh cuimhní ar dhaoine.

Dearúdann gaineamh gheal cumraíocht neach le gach gealach.

⁸⁰ Breathnach, “Snámh,” in *An Fear Marbh*, 35-36.

⁸¹ Ibid.

⁸² Ibid.

Go bog síoraí trí Ard na Laoi

ó Leaca Seoinín 'dtí an nDroichead Díreach

is as san síos feadh na dTrí Insí

sníonn an Laoi lán cuimhní.⁸³

Áit dhorcha is ea an mhuir a gcailltear cuimhní na ndaoine inti. Ní mhaireann lorg coise sa ghaineamh ar feadh i bhfad. Os a choinne sin, cruinníonn agus cothaíonn an Laoi íomhánna agus cuimhní mhuintir Chorcaí agus mhuintir an Bhreathnaigh araon. Cothaíonn sí cuimhne ar an aosánach ar dhroichead 'le hais an Angler's Rest' agus a athair 'ag saothrú an bháis'.⁸⁴ Guth agus lámha an athar ag stiúradh amhrán sa ghaoth timpeall na cathrach: 'Is líontaí caisí is sreabha Chorcaí / is an t-aer mórtimpeall ar an gcathair go léir / de chomhghlórtha na scornach a bhíodh faoi do réirse.' Tá dlúthbhaint idir an chuimhne, an ceol agus an abhainn in *An Fear Marbh*, mar thoradh. Agus, díreach mar a nascann an Laoi áiteanna éagsúla ó Ghuagán Barra go Cathair Chorcaí, ceangal is ea í idir tréimhsí éagsúla ama chomh maith:

San earrach sheinntea 'Die Forelle' le Schubert uair umá seach

is chuireadh an breac ar chlúdach an cheirnín fonn amach orm –

síos na hinsí lem shlat is lem piastanna

cé ná raibh aon mhaith ionam riamh ag an iascach.

⁸³ Breathnach, "Rian," in *An Fear Marbh*, 28.

⁸⁴ Breathnach, "Idir Dhá Phort," in *An Fear Marbh*, 21.

...

Chasais na séasúir ar chaschlár an tseana-sheinnteora

is chuiris na nótaí in ord led láimh stiúrthóra.⁸⁵

Díol suime é an chaoi a gceanglaítear an abhainn agus an ceol sa rann thuas. Fonn ‘Die Forelle’ ag tarraingt an Bhreathnaigh i dtreo na habhann. Á spreagadh le dul ag iascaireacht na gcuimhní. Tugann sé léargas dúinn ar staid intinne an fhile chomh maith: agus é ag cuimhneamh siar is ar nós an iascaire é in ‘Die Forelle’, ag iarraidh breith ar bhreac a bhíonn i gcónaí ag éalú uaidh. É ag iarraidh breith ar na cuimhní in athuair.

Is léiriú iad ‘Rian’ agus ‘Séasúir’ ar an ngaol idir an ceol, an abhainn agus an chuimhne. Taispeánann sé gur siombail í abhainn na Laoi d’imeacht an ama sa chnuasach seo. Ceangal is ea í idir tréimhsí difriúla staire, pearsa nach ndéanann dearmad ar ar tharla fadó agus inar féidir leis an bhfile filleadh ar a chuimhní féin más mian leis. Is meafar í don athrú chomh maith. Bhí ar an mBreathnach droichead a thrasnú fad is a bhí a athair ag fáil bháis, díreach mar a bhí air an t-oileán a fhágáil ag tosach an chnuasaigh. Turas caointe atá ann. Tá cosúlachtaí áirithe idir sin agus an Stiocs, abhainn idir an saol seo agus íochtar domhain dar le miotas na Gréige.⁸⁶ Cuid bheo den tírdhreach is ea an Laoi a bhí ann romhainn agus a bheidh ann inár ndiaidh. Pearsa is ea í a imríonn a tionchar féin ar an domhan móorthimpeall uirthi.

⁸⁵ Breathnach, “Séasúir,” in *An Fear Marbh*, 42.

⁸⁶ *Encyclopædia Britannica*, s.v. “Charon,” fuarthas 24 Márta, 2019, <https://www.britannica.com/topic/Charon-Greek-mythology>.

An Abhainn agus an Ceol

Agus muid ag fillleadh ar ‘An Roth’, tá áit lárnach ag abhainn na Laoi anseo freisin: ‘Maidean ’gus mé ag siúl cois Laoi / faoi dhraíocht ag úire an uile ní’.⁸⁷ Feidhmíonn ‘An Roth’ mar dhán dírbheathaisnéiseach, dar liom, agus titeann sé amach le taobh na habhann a shníonn trí chathair dhúchais an fhile. Is léir chomh maith go mbíonn ceol a athar ag sileadh tríd an mBreathnach go fóill:

tré cheol mire an eiteáin aige

oíche ar an leabaidh ardaithe seoil

...

agus an t-athair a labhraíonn tré do lámha go fóill.⁸⁸

Is cúis inspioráide don fhile é an caidreamh a bhí eatarthu agus maireann an t-athair trína lámha agus trí mheán na filíochta go fóill. Is deacair gan comparáid a dhéanamh idir na línte sin agus dán clúiteach Seamus Heaney in *Death of a Naturalist* (1966):

Between my finger and my thumb

The squat pen rests; snug as a gun.

Under my window, a clean rasping sound

When the spade sinks into gravelly ground:

My father, digging...

⁸⁷ Breathnach, “An Roth,” 70.

⁸⁸ *Ibid.*, 63.

...

The cold smell of potato mould, the squelch and slap

Of soggy peat, the curt cuts of an edge

Through living roots awaken in my head.

But I've no spade to follow men like them.

Between my finger and my thumb

The squat pen rests.

I'll dig with it.⁸⁹

Ba cheoltóir é athair Choilm Bhreathnaigh. Ach cé nach ceoltóir é Colm Breathnach féin, tá an ceol sin le haithint ina chuid filíochta agus sa teanga a úsáideann sé sna dánta. Tugann sin dán eile de chuid an Ríordánaigh chun cuimhne chomh maith, dán a ndearna an Breathnach féin aistriúchán air in 2014:

Do fágadh bainne i bhfocalaibh,

An fhírinne i gcích,

Ní neamhionann crú na bhfocal san

⁸⁹ Seamus Heaney, "Digging," in *Death of a Naturalist* (Londain: Faber & Faber, 1966), 13-14.

Is sniogadh na siní.⁹⁰

Milk infused in words,

in the pap the truth,

milking those words is not unlike

draining those teats dry.⁹¹

Labhraíonn an Ríordánach faoin ‘lámh’ a bhí ag a sheanathair ina chuid filíochta cé nár chum an fear sin dán riamh ina shaol: ‘... bhí duanaire bó bainne aige / Sa bhfeirm i gCiarraí’.⁹² Cuireann na dánta seo, .i. ‘Digging’, ‘Dán’ agus ‘An Roth’, béim ar an traidisiún agus léiríonn siad nasc idir glúnta éagsúla laistigh den teaghlach. I bhfocail an Bhreathnaigh: ‘Tá Fear Marbh ages na héinne / ina luí ar a fhaid is ar a leathad / amuigh ar íor na spéire’.⁹³ Ní chailleann duine an gaol atá aige/aici le daoine muinteartha, fiú nuair a thagann an bás eatarthu. Tá ceol na muintire ar nós craobhabhann: sileann sé trí na daoine beo ag cur lena samhlaíocht agus, i gcás an fhile, leis an bhfilíocht.

‘Mórshéisear máithreacha’:⁹⁴ Focail Eithne Bhreathnaigh

Is mór an tábhacht atá ag baint le Seán Breathnach anseo, mar thoradh air sin. Ní eisean an t-aon duine a théann i gcion ar shaothar an fhile, áfach. Samhlaítear caidreamh idir

⁹⁰ Seán Ó Ríordáin, “Dán,” in *Selected poems: Rogha dánta*, eag. Frank Sewell (Londain agus Indreabhán: Yale University Press agus Cló Iar-Chonnacht, 2014), 118.

⁹¹ Ibid., Colm Breathnach a d’aistrigh, 119.

⁹² Ibid., 116.

⁹³ Breathnach, “An Fear Marbh,” in *An Fear Marbh*, 9-10.

⁹⁴ Breathnach, “An Roth,” 63.

máthair agus leanbh leis na ‘siní’ a labhraíonn Ó Ríordáin fúthu in ‘Dán’. Is léir ó ‘An Roth’ go nglacann máithreacha áit lárnach i samhlaíocht Choilm Bhreathnaigh chomh maith. Bean cheolmhar ab ea Eithne Breathnach, máthair an fhile, de réir ‘Ó Thuaidh’:

Le linn amhrán a rá
do b’í an t-amhrán í
á nochtadh fhéin
go teann gan ornáidíocht
idir fhocail agus fhonn
go lom ós ár gcomhair.⁹⁵

Tá an-chuid cosúlachtaí idir an tslí a dtéann an Breathnach i dtaithe ar bhás a mháthar agus an tionscadal a bhí ar bun aige in *An Fear Marbh*. Tiomnaíonn sé an tríú cuid de ‘*Dánta’ Agus Dánta Eile* di:

Dánta Eile

(I gcuimhne ar mo mháthair

*Eithne Ní Longaigh, Bean an Bhreathnaigh).*⁹⁶

Díol suime go mbaineann sé úsáid as an sloinne a bhí ar Eithne sular phós sí. Léiríonn an rogha sin arís tábhacht thraidisiúin agus oidhreacht an fhile. Bíonn glao ár sinsir laistigh ionainn i gcónaí.

⁹⁵ Colm Breathnach, “Ó Thuaidh,” in *‘Dánta’ Agus Dánta Eile* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2012), 42.

⁹⁶ Breathnach, *‘Dánta’ Agus Dánta Eile*, 37.

Níl ach dornán beag dánta sna leathanaigh seo ach tá ábhar suntasach iontu mar sin féin.

Ag tús an chéad chnuasaigh aige, *Cantaic an Bhalbháin*, cuireann sé in iúl dúinn gurbh

ó Eithne a tháinig focail an fhile i dtosach báire:

Do

Sheán

a thug an fonn dom

Eithne

a thug na focail dom

agus Mary

a chuireann ag amhrán mé.⁹⁷

Rinneadh plé ar an bhfonn sin a shamhlaíonn an Breathnach leis an teanga ní ba luaithe

sa tráchtas seo. Labhraíonn sé faoi thionchar Eithne trína shaothar ar fad i ndánta ar nós

‘An croí’⁹⁸ agus ‘An bóthar’.⁹⁹ Is saothar míchompordach dó dán a chur ar fáil gan ise a

bheith laistiar de. Ceanglaíonn sé íomhá na máthar leis an dán agus le breith an dáin agus

níor shíl sé gur cheart a pheann a chur ar phár arís i ndiaidh a báis:

Gach lá

múchaim dán

⁹⁷ Breathnach, *Cantaic an Bhalbháin*.

⁹⁸ Breathnach, “An croí,” in *Scáthach*, 97.

⁹⁹ Breathnach, “An bóthar,” in *Scáthach*, 101.

plúchaim máthair

gach íomhá

fágaim leathanach

eile bán

ag cloí dom

leis an gcosc iomlán

a d'fhógraís

ar leaba do bháis

(seo dílleachta

ag teacht slán).¹⁰⁰

Tá an file i gcónaí ag freagairt dá mháthair; tá sí i gcónaí laistigh dá chroí. Tá sé tábhachtach a rá, áfach, go mbíonn beirt ‘mháithreacha’, nó dhá thoise den mháthair, á samhlú ag an mBreathnach ina chuid filíochta: Eithne Breathnach agus aircitíopa na máthar. Tagann an bheirt seo i dtreis i ndánta agus i gnuasaigh dhifriúla; cé gur ar Eithne a dhíríonn *‘Dánta’ Agus Dánta Eile*, cuirim i gcás, tagann an file ar an saol trí bhroinn na

¹⁰⁰ Breathnach, “Múchaim Dán,” in *‘Dánta’ Agus Dánta Eile*, 39.

mórmháthar filíochta in *Scáthach*: ‘nuair a dh’éirigh an ghrian / tré sna spéartha modartha / thit drúcht dubh um do cholainn / a roinneann i gcónaí a niamh ar do shúile donna’.¹⁰¹

‘Éan a thógann nead’:¹⁰² *Samhlacha Dífriúla na dTuismitheoirí*

Tá cosúlachtaí agus contrárthachtaí ann idir an chaoi a samhlaíonn an file a bheirt tuismitheoirí. In ‘An bóthar’, cuirim i gcás, samhlaítear Eithne agus Seán le héin a chothaíonn an file sa nead: ‘mar éan a thógann nead’. Chruthaigh siad áit le ‘cipiní agus caonach’ dó, áit gurbh fhéidir leis ‘baile’ a thabhairt uirthi. Ní hamháin sin, ach leag siad bóthar ar leith amach roimhe: tabharfaidh an ‘géag’ treoir dó fad is a bhíonn sé ag eitilt tríd an saol.¹⁰³ Is minic a dhéanann an file tagairt do dhaoine eile, agus dó féin, mar éin chomh maith. Baineann sé macalla as sanas an ainm ‘Colm’ sa hadhcú seo, mar shampla:

meán lae

clog an aingil ag fógairt fán

ar cholm bán.¹⁰⁴

Is trí shiombail an éin a dhéanann sé cur síos ar chaidreamh collaí in ‘Éadromluí’ chomh maith:

Tá tráin teasa

ar shleasa na bpiliúr

¹⁰¹ Breathnach, “Drúcht,” in *Scáthach*, 15.

¹⁰² Breathnach, “An bóthar,” in *Scáthach*, 101.

¹⁰³ Ibid.

¹⁰⁴ Breathnach, “2 Haiku,” in *Dánta’ Agus Dánta Eile*, 12.

nach maireann ann

ach péire colúr.¹⁰⁵

Anuas air sin, is í an eala armas na mBreathnach:

Bíse a chroí

mar an eala,

cé treáite ataoi, ní marbh.¹⁰⁶

Brúnn an Breathnach íomhá an éin go láidir chun tosaigh ina chnuasaigh ar fad. Is léir go bhfeiceann sé ceangal éigin idir an t-éan agus an duine, agus idir na héin agus filí go háirithe. Déantar codarsnacht idir an colm bán agus an préachán dubh fiú ar chlúdach *An Fearann Breac*. Cuireann sé an chodarsnacht chéanna os ár gcomhair in ‘An Roth’:¹⁰⁷

d’eitil éan dubh

go haonarach ar a aonrian

sarar thit.

...

D’eitil colm bán

ina aonarán

¹⁰⁵ Breathnach, “Éadromluí,” in *Cantaic an Bhalbháin*, 58.

¹⁰⁶ Breathnach, “*Transfixus sed non mortuus*,” in *Croí agus Carraig*, 14.

¹⁰⁷ Tá ceangal le feiscint idir an tsamhail seo agus ‘Nead na Lachan sa Mhúta’ a chanadh a mháthair agus é óg. Déanfar tagairt dó seo ar ball. Féach Caibidil 2, Roinn 1, lgh 69-72.

i dtreo na hairde ó thuaidh.¹⁰⁸

Tá an t-éan lárnach i saol pearsanta agus i samhlaíocht an fhile dá bharr. Ní dhéanann na héin seo dearmad ar cárb as díobh ach oiread, mar is léir in ‘An bóthar’.

Cuireann an file béim mhór ar an áit, agus ar logainmneacha, agus é ag caint faoina thuismitheoirí. Cothaíonn an Breathnach áiteanna éagsúla mar *lieux de mémoire* in *An Fear Marbh*, mar a luadh cheana.¹⁰⁹ Déanann sé trácht ar áiteanna ar leith i dtaobh a mháthar chomh maith, ach laistigh d’fhearann i bhfad níos ginearálta ná mar a dhéanann sé leis an athair: ‘do mhuintir Longaigh Bhaile Nóra, / pé áit ina bhfuilid, pé sloinneadh atá orthu’.¹¹⁰ Is sa traidisiún agus sa ghinealach a bhunaítear cuimhní i gcás na máthar don chuid is mó. Tá cuma na leice uaigne ar an tiomnú sin ag tús ‘Sneachta’ mar thoradh. Go deimhin, tugann an tiomnú dán eile chun cuimhne, dán a foilsíodh den chéad uair in *An Fearann Breac* fiche bliain roimhe:

Tá tú sa táin ag muintir mo mhná,

Cecil Stafford King Harmon.

Seasaíonn do shloinne ríoga,

stafógach, tríchraobhach

ina chuaille treorach

i lár bhóithrín chuimhní a sinsear.¹¹¹

¹⁰⁸ Breathnach, “An Roth,” 62-66.

¹⁰⁹ Féach Caibidil 2, Roinn 1, lch 40.

¹¹⁰ Breathnach, “Sneachta,” in *‘Dánta’ Agus Dánta Eile*, 40.

¹¹¹ Breathnach, “Sir Cecil Stafford King Harmon,” in *An Fearann Breac*, 13.

Is sa ghinealach, i gcraobhacha éagsúla a sinsearachta, a chruthaíonn bean an Bhreathnaigh íomhá agus aitheantas di féin, nó sin a deirtear linn sa dán ar aon chuma. Ach is cinnte go mbíonn tionchar ag an tsinsearacht sin ar Cholm Breathnach féin. Samhlaíonn sé cuimhní nua ina intinn féin, cuimhní nach mbaineann lena eispéireas pearsanta ach le muintir a mhná. Athraíonn ‘leac bhán uaighe ... i reilig chiúin / i gCill Dara’¹¹² ina suíomh cuimhne anseo don Bhreathnach agus is deacair gan comparáid a dhéanamh idir leac Cecil Stafford King Harmon agus an ‘ríon bhán gheal atá ar lár’ in *‘Dánta’ Agus Dánta Eile*.¹¹³

Taispeánann sin dúinn go gceanglaíonn an file a mháthair, agus b’fhéidir na mná uilig ina theaghlach, leis an tsinsearacht. Déanann sé ionannú idir an tsinsearacht seo agus íomhá an chrainn sa dá shampla thuas. In ‘Sir Cecil Stafford King Harmon’, tráchtann sé ar ghéaga, ar chraobhacha agus ‘ar chrann úd an bhróid’.¹¹⁴ Ar an taobh eile, feictear pictiúir a tharraing an Breathnach agus a bhean faoi seach ar chlúdach *‘Dánta’ Agus Dánta Eile*. Léiríonn sé cé chomh tábhachtach is atá an gaol sin leis na sinsir dá cheird le tagairtí do Michael Davitt: ‘Dánta tábhachtacha / iad seo. / Choimeádadar crann / meánaosta beo.’¹¹⁵ Caoineadh is ea *‘Dánta’ Agus Dánta Eile* ar an mbeirt is mó a thug a oidhreacht fhileata dó: a mháthair ‘a chuir brí’¹¹⁶ ann is a chan na hamhráin thraidisiúnta, agus Davitt a thug eiseamláir den nuafhilíocht scríofa dó. Is sa chrann ‘meánaosta’ seo a mhaireann cuimhní agus íomhá na máthar. Scríobhfaidh sé dánta di ar dhuilleoga an

¹¹² Ibid.

¹¹³ Breathnach, “Sneachta,” in *‘Dánta’ Agus Dánta Eile*, 40.

¹¹⁴ Breathnach, “Sir Cecil Stafford King Harmon,” in *An Fearann Breac*, 13.

¹¹⁵ Micheal Davitt, “Seimeing Soir XVI,” in Colm Breathnach, *‘Dánta’ Agus Dánta Eile*, tús an leabhair.

¹¹⁶ Breathnach, “An Roth,” 64.

chrainn sin a thitfidh chun talaimh, focail a chothóidh fréamhacha an fhile féin:
 ‘Choiglíodar / a chroí. / Choiglíodar / a bhrí’.¹¹⁷

Tá difríocht mhór idir sin agus siombail an oileáin, idir sinsearachtaí na máthar agus seasmhachtaí an athar. Seasann an fharraige mhór agus cuimhní an phobail idir athair agus mac. Goideann an bás cuimhní agus comhráithe eatarthu nach féidir leis an mBreathnach a chruthú níos mó. Ní bhfuair sé an deis cheart aithne a chur ar an athair sular cailleadh é dá bharr sin. Ceileann bás Sheáin a ‘atharthacht’ ar Cholm Breathnach, de réir ‘An Roth’: ‘an macaomh gur ceileadh a atharthacht air’.¹¹⁸ Ar thaobh amháin, chaill an Breathnach a athair agus ní raibh a fhios aige conas cuma an fhir fhásta a chur air féin gan é. Ar an taobh eile, chaill sé tuiscint nó ceangal éigin idir é féin agus síol a athar chomh maith. Ba é an t-athair, áfach, a thug an cheird dó: ‘a athair a labhraíonn tré do lámha go fóill’.¹¹⁹ Oileán, nó carraig, is ea Seán Breathnach i saol a mhic. Cuireann an file síos air i dtéarmaí seachtracha – oileán an fhir mhairbh cuirim i gcás – agus ceanglaíonn sé é leis an Laoi agus le fearann Chorcaí.

Os a choinne sin, chuir sé aithne i bhfad ní b’fhearr ar a mháthair, Eithne Breathnach (níor cailleadh í go dtí 2007), agus is cosúil go raibh sí gar go leor dá chroí:

Gan tusa

amhail

fíor gan chrot

siar gan soir

¹¹⁷ Michael Davitt, “Seimeing Soir XVI,” in *Seimeing Soir* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2004), 63.

¹¹⁸ Breathnach, “An Roth,” 65.

¹¹⁹ *Ibid.*, 63.

oileán gan mhuir

...

gleann gan aon abha ann.¹²⁰

Labhraíonn an Breathnach faoin ngleann ina bholg i ndiaidh a báis in ‘Sneachta’¹²¹ agus tugann ‘An croí’ le tuiscint cé chomh tábhachtach is a bhí Eithne Breathnach i saol a mhic:

síordhubh ná dubh níos duibhe

ná téir go dtí é

ach coinnigh ag bualadh an croí

go fóill ionat

ná fág sa síordhubh mé

níos duibhe ná dorcha

gan tusa faram.¹²²

Ba ise a thug sólás don fhile agus a chosain ón ‘síordhubh’ é. Ba ise ‘a chuir brí’ ann.¹²³

Úsáideann Colm Breathnach samhlaíocht difriúla dá bheirt thuismitheoirí, mar sin, ina chuid filíochta. Cuireann sé béim ar an nginealach, nó ar a oidhreacht phearsanta féin, atá le fáil óna mháthair, cuirim i gcás. Samhlaíonn sé í le géaga an chrainn dá bhrí sin. Is le

¹²⁰ Breathnach, “Gan,” in *‘Dánta’ Agus Dánta Eile*, 41.

¹²¹ Breathnach, “Sneachta,” in *‘Dánta’ Agus Dánta Eile*, 40.

¹²² Breathnach, “An croí,” in *Scáthach*, 97.

¹²³ Breathnach, “An Roth,” 64.

híomhá an oileáin, nó leis an talamh, a shamhlaíonn sé an t-athair, áfach. Déanann sé idirdhealú, ar an tslí sin, idir ‘croí’ na máthar agus ‘carraig’ an athar.

An Abhainn mar Shiombail don Am

Rinneadh plé ar an am agus ar roth an ama ní ba luaithe sa Roinn seo.¹²⁴ Bíonn teannas síoraí ar siúl idir roth an fhile agus roth an ama san fhilíocht. Casann an t-am deiseal agus an file tuathal.¹²⁵ Ní hé an roth an t-aon mheafar don am, áfach.

Siombail thraidisiúnta sa litríocht is ea an abhainn. Is minic a dhéanann an abhainn aithris ar ghluaiseacht an ama i saothar an Bhreathnaigh, nós a théann siar go dtí Heraclitus na Gréige ar a dhéanaí. Chuir Heraclitus teagasc an tsíorathraithe chun cinn. Dar leis an *Oxford Dictionary of Philosophy*, is ionann an síorathrú agus:

The view attributed to Heraclitus that all things flow: everything is in change, nothing abides.¹²⁶

Is gné bhuan dár saol é an t-am toisc go n-athraíonn gach rud eile laistigh de.¹²⁷ Mar an gcéanna, is gné bhuan d’fhearann Chorcaí í an Laoi, cé go sileann uisce na habhann isteach san fharraige go leanúnach; cé go mbíonn an mhuintir timpeall uirthi ag athrú de shíor. Déanann Rowell comparáid idir rithim an cheoil agus an abhainn chomh maith. Labhraíonn sé faoi shanas an fhocail *rhythmós* sa Ghréigis, cuirim i gcás, agus faoin gcaoi

¹²⁴ Féach Caibidil 1, Roinn 1, lgh 33-36.

¹²⁵ Féach Caibidil 1, Roinn 1, lch 26-27.

¹²⁶ Simon Blackburn, *The Oxford Dictionary of Philosophy*, an 3ú heagrán (Oxford University Press, 2016), s.v. “flux, doctrine of.”

¹²⁷ Daniel W. Graham, *Stanford Encyclopedia of Philosophy*, s.v. “Heraclitus,” fuarthas 16 Aibreán, 2019, <https://plato.stanford.edu/entries/heraclitus/>.

a ndéantar cur síos ar an am i dtéarmaí an spáis.¹²⁸ Feicim féin ceangal láidir idir an t-am, an ceol agus sileadh na habhann i bhfilíocht an Bhreathnaigh.

Is i gcomhthéacs na siombaile sin a thuigtear an t-am sa dá dhán thíos:

Go bog síoraí trí Ard na Laoi

ó Leaca Seoinín 'dtí an nDroichead Díreach

is as san síos feadh na dTrí Insí

sníonn an Laoi lán cuimhní.¹²⁹

Gan

tusa,

mar a bheadh abha

ná sileann

sruth gan mhuileann

cnoc gan aiteann

am gan chaitheamh

ann i gcónaí.¹³⁰

¹²⁸ Lewis Rowell, "The Subconscious Language of Musical Time," *Music Theory Spectrum* 1 (Earrach 1979): 96-106.

¹²⁹ Breathnach, "Rian," in *An Fear Marbh*, 28.

¹³⁰ Breathnach, "Gan," in *'Dánta' Agus Dánta Eile*, 41.

D'imigh an t-am róthapa in *An Fear Marbh*. Labhair na dánta ann faoi phróiseas an bháis agus faoi mheath chorp an athar: 'do mhéaranta ag éirí bodhar / is na cosa gan a bheith chomh daingean is a bhídís'.¹³¹ Cuireadh béim in *An Fear Marbh* ar imeacht an ama agus ar an tionchar a bhíonn aige sin ar chorp an duine. Sileann abhainn na Laoi go tréan dá bharr sin, an t-am ag sileadh ar aghaidh ón athair agus ón mac araon: 'sníonn an Laoi lán cuimhní'.¹³²

Ní hionann an scéal i gcás na máthar, áfach, mar is léir in 'Gan'. Cuirtear stad le sileadh sin na habhann in *'Dánta' Agus Dánta Eile* i ndiaidh a báis: 'Gan / tusa, / mar a bheadh abha / ná sileann'.¹³³ Reonn an radharc atá roimhe, go meafarach agus go litriúil. Ní ghluaiseann an t-am chun cinn gan í a bheith ann agus sin an fáth a dtéann an 'abha' i ndísc. Ardaíonn 'Gan' ceisteanna, ní hamháin faoin 'am gan chaitheamh', ach faoin tost a thagann le taobh an bháis chomh maith:

leathanach iomlán bán,

ceol fann,

foghar bodhar.

...

agus céad amhrán eile gan rá.¹³⁴

In ionad díriú ar mheath fisiciúil an bháis, mar a rinne na dánta in *An Fear Marbh*, díríonn na dánta d'Eithne Breathnach ar a dtarlaíonn don duine go himheánach i ndiaidh bás tuismitheora.

¹³¹ Breathnach, "An Pianó," in *An Fear Marbh*, 34.

¹³² Breathnach, "Rian," in *An Fear Marbh*, 28.

¹³³ Breathnach, "Gan," in *'Dánta' Agus Dánta Eile*, 41.

¹³⁴ Ibid.

‘Robálaí’ an Bháis

Ba í Eithne Breathnach a thug na focail don fhile;¹³⁵ mar sin, d’éiligh a bás ciúnas iomlán ón mBreathnach. Is deacair dó dán eile a chur ar phár ina héagmais: ‘ag cloí dom / leis an gcosc iomlán / a d’fhógraís / ar leaba do bháis’.¹³⁶ Mar gheall ar an tost sin a éilíonn sí agus ar an am ‘ná sileann’, ní féidir leis breith ar chuimhne cheart ar a mháthair; tá an tsamhail a bhí aige di briste ina smidiríní. Is léiriú maith air sin é an dán ‘An Ní Sin’:

Amhail éan

a phléascfaí as a chéile

san eitilt do

ag an ngrán,

falla caisleáin

go mbainfí faoi

san oíche

nó grianghraf

arna stróiceadh ina bhlúirí

ag buirgléir

¹³⁵ Breathnach, *Cantaic an Bhalbháin*.

¹³⁶ Breathnach, “Múchaim Dán,” in *‘Dánta’ Agus Dánta Eile*, 39.

gan chúis,
 na cuimhní go léir agam díot
 mar gheall ar nár labhramar
 in aon chor i dtaobh an ní
 nár labhramar faoi.

Amhail éan

a phléascfaí as a chéile

san eitilt do i lár an lae ghil.¹³⁷

Níl íomhá iomlán aige di anois mar gheall ar an tost a bhíodh ann eatarthu. Mar gheall ar ‘an ní’ sin nár labhair siad faoi, mar gheall ar na ceisteanna nár chuir sé faoina bráid nuair a bhí sí fós ar marthain. Tá an deis sin imithe uaidh go deo.

Díol suime í an tagairt don ‘bhuirgléir’ in ‘An Ní Sin’. Déanann an Breathnach comparáid idir an bás agus ‘robálaí’¹³⁸ nó ‘buirgléir’ sa dá chnuasach seo, .i. *An Fear Marbh* agus ‘*Dánta*’ Agus *Dánta Eile*. Is pearsa é an bás a ghoideann am agus cuimhní ón duine a mhaireann. Tagann an bás laistigh dá theach féin gan choinne gan chead agus ruaigeann sé croí is cuimhní an fhile. Tugann an meafar seo gné dhaonna don bhás. Ní rud neamhshaolta ná osnádúrtha é an bás agus is léir go dteastaíonn ón mBreathnach béim a

¹³⁷ Breathnach, “An Ní Sin,” in *‘Dánta’ Agus Dánta Eile*, 43.

¹³⁸ Breathnach, “An Robálaí Mór,” in *An Fear Marbh*, 23-24.

chur air sin. Is laistigh dá chomhthéacs daonna féin a thuigeann sé bás na beirte. Bíonn sé in easnamh nó i liombó gan iad, ach ar chúiseanna éagsúla.

Ag filleadh ar shamhail bhriste na máthar, tá spéis agam féin sa chomhrá nach raibh ag Eithne agus Colm Breathnach lena chéile. Ní dhéanfaí trácht air ar an gcaoi seo gan cúis ar leith a bheith ann leis. Ní luafadh an file é mura gcuirfeadh, nó murar chuir, na focail seo gan rá isteach air ar shlí éigin. Tugann na rannta seo dán ar leith a scríobh an Breathnach in *An Fearann Breac* chun cuimhne:

Labhraímis ar nithe eile anois

is déanfaimid dearmad.

Bhíse in airde staighre

is dúirt suas leat

an méid a dúirt an buachaill

de réir na tuairisce ar an nuacht.

Is stad do chos ar an gcéim bhairr.

Dhreap an tost na céimeanna in airde

is d'éirigh aníos trí fhallaí an tí an náire –

go mbainfí caint chomh gránna sin

as béal páiste ar mhaithe le náisiún.

Ach labhraímis ar nithe eile anois,

ar an tsíorbháisteach

ar an morgáiste

ar shaoire sa Spáinn

nó in aon diabhal áit

ar an bhfaisean nua

ar phraghas na mairteola...

labhraímis.

Líonaimís an tost

ar eagla go dtiocfadh an náire ár mbá arís

ar eagla na scáileanna ar fuaid an tí.

Múch an teilifíseán.

Dóigh na nuachtáin.

Ná cloisimís arís

– ar eagla na náire –

an méid a dúirt garsún protastúnach

lena mhamó ar an nguthán –

Tar agus tabhair aire dhúinn,

lámhach fear dána mo Dhaid.

Labhraímis ar nithe eile

is déanfaimid dearmad.¹³⁹

Tagairt dhíreach is ea an dán seo do na Trioblóidí ó thuaidh, coimhlint a mhair beagnach tríocha bliain ó mhórshiúlta na gceart sibhialta ag deireadh na seascaidí go dtí Comhaontú Aoine an Chéasta i 1998.¹⁴⁰ Tá sé suimiúil aird a thabhairt ar na siombailí a úsáideann an file anseo mar sin féin. Buachaill óg mí-aibí ag cailliúint a athar, gunna an dúnmharfóra, an t-athair ag bualadh leis an mbás os comhair an bhuachalla óig. Tá cosúlachtaí idir an íomhá sin agus cás an Bhreathnach in *An Fear Marbh*: ‘nuair a dhírigh an bás a airtléire ort’.¹⁴¹ Cé go bhfuil scáileán idir foréigean na dTrioblóidí agus seomra suí na mBreathnach, léiríonn an scáileán sin scéal nó eispéireas an fhile. Feiceann Colm Breathnach bás a athar in athuir trí mheán na teilifíse. Caitheann sin brí ar an gcomhrá a tharlaíonn eatarthu beirt, .i. idir máthair agus mac, agus ar an gcaoi a bhfreagraíonn siad

¹³⁹ Breathnach, “Labhraímis ar nithe eile,” in *An Fearann Breac*, 23.

¹⁴⁰ Bunaíodh an Northern Ireland Civil Rights Association (NICRA) ar an 29 Eanáir 1967 chun cearta daoine a chosaint sa Tuaisceart. Cé go raibh mórshiúlta agus círéibeacha idir sin agus 1969, ba é Cath Thaobh an Bhogaigh i mí Lúnasa 1969 a chur tús ceart leis na Trioblóidí. Féach Thomas Hennessey, *Northern Ireland: The Origins of the Troubles* (Baile Átha Cliath: Gill & Macmillan, 2005), 129 agus 237.

¹⁴¹ Breathnach, “An Gunnadóir,” in *An Fear Marbh*, 38.

dá chéile: líonfaidh siad an tost ‘ar eagla na scáileanna ar fuaid an tí’. Is é bás an athar nach labhraíonn siad faoi anseo, agus braithim gurb ionann an scéal in *‘Dánta’ Agus Dánta Eile*.

Ceol na dTuismitheoirí

Rud eile atá fíor-thábhachtach ná an ról a imríonn an ceol sna dánta seo. Bíonn ceol éagsúil le cloisint ag an mBreathnach agus é ag smaoineamh ar a athair agus a mháthair. Díol suime is ea é seo, go háirithe nuair a smaoinítear ar an dlúthcheangal atá idir an ceol agus an teanga ina shaothar. Luann sé cumadóirí clasaiceacha in ‘Séasúir’ is é ag caint faoina athair: leithéidí Schubert (‘Die Forelle’), Handel (*Messiah*) agus Beethoven (‘an Siomfón Tréadúil’).¹⁴² Déanann sé trácht ar mhéara Sheáin Bhreathnaigh ar an bpianó, siombail fhisiciúil den cheol clasaiceach.¹⁴³ Cur síos seachtrach ar an gceol atá sna dánta sin den chuid is mó. Ní hionann sin agus ceol traidisiúnta orgánach na máthar. Deir sé gur ó Eithne a d’fhoghlaim sé ‘An Goirtín Eornan’, amhrán grá a thugann fráma ealaíne do *Cantaic an Bhalbháin*:

Thaitnódh an t-amhrán sin ‘An Goirtín Eornan’ liom. Bhíodh sé sin ar an bhfoghlaim agamsa nuair a bhí mé an-óg ar fad, agus is amhránaí ab ea mo mháthair. Bhí an cúlra sin agam. Bhí na hamhráin mar shaghas *touchstone* agam, mar a déarfá. Bíonn sé mar chúlra taobh thiar de na dánta ar fad, i ndáiríre.¹⁴⁴

¹⁴² Breathnach, “Séasúir,” in *An Fear Marbh*, 42.

¹⁴³ Breathnach, “An Pianó,” in *An Fear Marbh*, 34.

¹⁴⁴ Colm Breathnach (faoi agallamh ag Eimear Nic Commhaic), 21 Deireadh Fómhair, 2016.

Is dearbhóga¹⁴⁵ iad na hamhráin thraidisiúnta i bhfilíocht Choilm Bhreathnaigh. Ní hé sin le rá nach gné thábhachtach dá shaol é ceol a athar ná mórcheoltóirí na hEorpa, ach ní chuireann a leithéid de cheol a oidhreacht ná a ghinealach ar fáil don fhile. Canann Eithne Breathnach amhráin eile de chuid an tsean-nóis in ‘Ó Thuaidh’:

Le linn amhrán a rá

do b’í an t-amhrán í

á nochtadh fhéin

go teann gan ornáidíocht

idir fhocail agus fhonn

go lom ós ár gcomhair.

Do b’í conair *Na Connerys* í,

do b’í an mhuir mhór bhrónach í

idir *Santa Cruz* agus Contae Mhaigh Eo,

b’í a cheannaíodh slat is dorú dom

agus a chuireadh amach ar an gcuan mé,

do b’í an bóthar ó thuaidh í

¹⁴⁵ Gheofar an focal ‘dearbhóg’ sa Duinníneach agus ‘touchstone’ mar bhrí leis. *Foclóir Gaedhilge agus Béarla: An Irish-English Dictionary*, eag. Patrick S. Dinneen (Baile Átha Cliath: Irish Texts Society, 1927), s.v. “dearbhóg,” 318.

agus

mo chónagar aduaidh í.¹⁴⁶

Tagairt is ea na línte sin do cheithre amhrán ar leith: sin iad ‘Na Connerys’, ‘Contae Mhaigh Eo’, ‘Nead na Lachan’ agus ‘An Bóthar ó Thuaidh’:¹⁴⁷

A Choimín mhallaithe, guímse deacair ort ’s gráin Mhic Dé,
 ’S ar an ngasra úd atá ceangailte go dlúth le do thaobh,
 Mar is iad do dhearbhaigh i láthair Choisdealbhaigh ar na triúr fear séimh,
 ’S a chuir na Connerys thar na farraigí go dtí na New South Wales.¹⁴⁸

Ar an loing seo, a Phaidí Uí Loinsigh, is ea a bhímse ag déanamh bróin,
 Ag osnaíl ins an oíche is ag síorghol sa ló,
 Ach anois ó dalladh m’intinn, is mé i bhfad ó mo mhuintir,
 Dar m’fhocal, is maith a chaoifinnse Condae Maigh Eo [sic].

Liostáil mé le sairsint ag dul sráid an bhaile mhóir,
 Mar cheap mé go mba bhreá an rud dom é nuair a bhí mé bocht óg,
 Ó, thug sé gloine is cárta dom agus claimhe le mé a ghardáil,
 Is dúirt sé go mb’fhearr dom é ná in Éirinn go fóill.

¹⁴⁶ Breathnach, “Ó Thuaidh,” in *Dánta’ Agus Dánta Eile*, 42.

¹⁴⁷ Tugtar a mhairt de theidil ar na hamhráin seo uaireanta. ‘An Caipín Bruadar’ in áit ‘Condae Mhaigh Eo’, cuirim i gcás (féach *Leabhar Mór na nAmhrán*, 848); nó ‘Nead na Lachan sa Mhúta’ in áit ‘Nead na Lachan’. Is é ceol an ‘Foxhunter’s Jig’ a bhíonn mar thionlacan le ‘Nead na Lachan’ de ghnáth (féach Heather Sparling, “Reeling Roosters and Dancing Ducks: Celtic Mouth Music,” *Béaloideas: The Journal of the Folklore of Ireland Society* 84 (2016): 232-235).

¹⁴⁸ “Na Connerys,” in *Leabhar Mór na nAmhrán*, Micheál Ó Conghaile a chnuasaigh, ead. Lochlainn Ó Tuairisg agus Peadar Ó Ceannabháin (Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2012), 474.

Is murach *bás mo mháthar* nach mbeinnse maith go leor,
 Bheadh buidéal ins gach lámh liom, is mé i gcomhlúadar ban óg,
 Ach murach síor-ól na gcártaí, is an dlí a bheith róláidir,
 Ní i Santa Cruz a d'fhágfaí mo chnámha faoin bhfód.¹⁴⁹

Ceannóidh mé slat is dorú dhuit,
 'S cuirfidh mé 'mach ar a' gcuan tú.¹⁵⁰

An bóthar ó thuaidh, an bóthar ó thuaidh,

An bóthar ó thuaidh chun Trá Lí.

An bóthar ó thuaidh 's an cóngar aduaidh

'S an bóthar ó thuaidh chun Trá Lí.¹⁵¹

Labhraíonn scéalta na n-amhrán seo faoi thurais éagsúla thar muir is thar tír. Cuireadh Na Connerys, triúr deartháireacha ó Bhoth an Dúin i gContae Phort Láirge, ar deoraíocht chuig New South Wales na hAstráile sa naoú haois déag. Sheas siad 'go dána i gcoinne leatrom agus ansmacht chóras talún in Éirinn san aimsir ... roimh an nGorta Mór', ag éalú ó na húdaráis arís agus arís eile sular rugadh i gceart orthu.¹⁵²

¹⁴⁹ "Condae Mhaigh Eo," in *Leabhar Mór na nAmhrán*, 341. Liomsa an bhéim.

¹⁵⁰ "Nead na Lachan: Do Chór Trí Pháirt (S.A.D.)," Éamonn Ó Gallchobhair a chóirigh (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair).

¹⁵¹ "An bóthar ó thuaidh - Fionán Mac Coluim," The Doegen Records Web Project, fuarthas 29 Márta, 2020, https://doegen.ie/LA_1092d5.

¹⁵² *Leabhar Mór na nAmhrán*, 793-794.

Is amhrán faoi fhear ag cur i gcoinne na n-údarás é ‘Condae Mhaigh Eo’ chomh maith. Dar le Ríonach Uí Ógáin, liostáil Paidí Ó Loinsigh san arm ach rinne sé iarracht éalú as ina dhiaidh sin: ‘rugadh air san iarracht’.¹⁵³ Ógánach mí-aibí a bhfuil cumha air, go háirithe i ndiaidh bhás a mháthar. Cuireann cumha an amhráin seo le cumha an Bhreathnaigh in ‘Ó Thuaidh’.

Ní hionann na hamhráin sean-nóis sin agus an dá amhrán eile. Amhrán i bhfad níos simplí é ‘Nead na Lachan’ a déarfadh máthair le páiste. Cuireann an mháthair a bhuachaill óg amach as an nead anseo, ionas go mbeidh air maireachtáil as a stuaim féin. Scaoileann sí saor é lena chothú féin a aimsiú amuigh ar an bhfarraige.¹⁵⁴

Agus ar deireadh, ‘An bóthar ó thuaidh’. Díol suntais go dtéann an bóthar áirithe seo go ‘Trá Lí’, nó go Contae Chiarraí. Ar an tslí sin, tugann an Breathnach ómós in ‘Ó Thuaidh’ do na samhraí ar fad a chaith a mhuintir i nGaeltacht Chiarraí agus é ag fás aníos.

Is iad na hamhráin thraidisiúnta seo na chéad amhráin ar ar chuimhnigh an Breathnach tar éis bhás a mháthar. Caitheann siad solas ar an gcaoi a mbraitheann an file dá bharr. Tá cosúlachtaí soiléire idir ábhar na n-amhrán ar fad agus cás an fhile. Goideann an bás a chuid ón bhfile. Ruaigeann an bás ón teaghlach nó ón nead é agus fágтар an Breathnach gan bhaile, fear a bhfuil brón agus cumha air. Tugann na hamhráin seo misneach dó dul ar deoraíocht ar shlí inmheánach. Déanann an file comhbhá leis na pearsana iontu, agus go háirithe lena dturais. Tugann sé faoi na turais chéanna anseo go samhlaíoch, ag caoineadh a mháthar trí mhothúcháin agus scéalta na n-amhrán a chan sí. Tugann na foinn muinín dó dúichí eile a threabhadh agus tréimhse nua dá shaol a thosú.

¹⁵³ Ibid., 733.

¹⁵⁴ “Nead na Lachan: Do Chór Trí Pháirt (S.A.D).”

Arbh í Eithne an fáth, mar sin, go gcasann an file ar tírdhreacha thar lear ina dhiaidh seo? Tá cur chuige agus ábhar difriúil go leor le sonrú in *Tírdhreacha* (2015), an cnuasach is déanaí de chuid Choilm Bhreathnaigh. Leoithne úr éigin ag siosarnach idir focail an fhile agus íomhánna Phóil Uí Cholmáin. Lonnaítear na dánta, ní hamháin in Éirinn mar ba nós leis an bhfile go dtí seo,¹⁵⁵ ach sa tSín, sa tSlóivéin, san Iodáil agus sa Ghréig chomh maith. Roinneann sé an cnuasach ina thrí chuid – ‘Dánta Nua’, ‘Aistriúcháin Nua’ agus ‘Rogha Théamúil’ – struchtúr nach bhfuil in aon chnuasach eile atá scríofa aige. Déanann an struchtúr nua seo aithris ar an ngluaiseacht atá le feiscint sna hamhráin thraidisiúnta thuas. Téann an file thar lear in *Tírdhreacha*; imíonn sé ar deoraíocht go fisiciúil agus go spioradálta ar feadh tamaill go bhfeice sé tírdhreacha nua. Cuireann sé spás idir é féin agus a thír dhúchais le tuiscint níos fearr a shaothrú ar a fhréamhacha féin. I bhfocail Chaoimhín Mhic Ghiolla Léith, is é ‘an timpeall chun an teampaill atá i ndán’ don Bhreathnach in *Tírdhreacha*.¹⁵⁶ Mar sin, cé gur thar sáile a tharlaíonn an-chuid de na dánta ann, is ar Éirinn a fhilleann an file arís agus arís eile trí sceitsí Uí Cholmáin. Cuireann na sceitsí sin béim ar radharc tíre agus ar an iargúltacht:

Caithim teacht air ón dtaobh eile.

Cad is ea taobh tíre pé scéal é?

Sa tulra, bóthar

sa chúlra sprioc

¹⁵⁵ Nó in Albain, a bhfuil gaol láidir aici le hÉirinn, c.f. *Scáthach*.

¹⁵⁶ Caoimhín Mac Giolla Léith, “Réamhrá: Súil le Tír,” in Colm Breathnach, *Tírdhreacha* (Baile Átha Cliath: *LeabhairCOMHAR*, 2015), xxiv.

idir eatarthu

aistear.¹⁵⁷

Téann an Breathnach ‘amú tamall sa leabhar seo’ chun go bhféadfaidh sé an saol a thuiscint as an nua.¹⁵⁸ Téann sé i muinín an chanbháis bháin, é ag siúl ‘sa bhfásach úd laistigh, / san áit ina dtéann tú / ag fánaíocht ionat féin’.¹⁵⁹ Agus iarrann sé orainne tabhairt faoin aistear ceannann céanna.

Taispeánann an ghluaiseacht idir ‘*Dánta*’ agus *Dánta Eile* agus *Tírdhreacha* go bhfuil sé ar chumas an cheoil muid a thabhairt ar thuras timpeall na cruinne. Go gcóiríonn focail na n-amhrán bóthar dúinn le gur féidir linn imeacht ó bhaile. Ach is é an fonn a threoróidh thar n-ais go dtí an nead muid. Ní bheidh ár mbealach abhaile rófhada ó shlí choíche.

Is sa chomhthéacs sin ba cheart dúinn íomhá na máthar a mheas in ‘An Roth’, dar liom:

an mháthair a d’iompair tú

an mháthair a mhúnlaigh tú

an mháthair a chuir brí ionat

an mháthair a dh’fhág díth ort

an mháthair a thug isteach tú

an mháthair a chuir amach tú

is a sheol tú ar an gconair a bhí romhat

¹⁵⁷ Breathnach, “Trídhreach,” in *Tírdhreacha*, 3.

¹⁵⁸ Breathnach, “Buíochas,” in *Tírdhreacha*, xiii.

¹⁵⁹ Breathnach, “An Fásach Laistigh,” in *Tírdhreacha*, 20.

agus an mháthair a fhéachann tré do shúile go fóill.¹⁶⁰

Tá cosúlachtaí soiléire idir na gníomhartha a dhéanann an mháthair seo agus an tionchar a d'imir Eithne Breathnach ar an bhfile. Is tábhachtach a rá go raibh Eithne fós ar marthain nuair a foilsíodh an dán seo i 1995. Mar sin, cé go dtráchtann an 'cur amach' seo ar theacht in inmhe an bhuachalla óig, féachann sé i dtreo na todhchaí chomh maith, ag samhlú bhás na máthar. Cruthaíonn an mháthair sin, mar aon le haircítíopa na máthar a thagann i dtreis sa chéad chuid eile de dhán dírbheathaisnéiseach an Bhreathnaigh, brí laistigh den fhile. Tá a lorg le brath ar a pheirspictíocht freisin, áfach: 'an mháthair a fhéachann tré do shúile go fóill'. Déanann an file comparáid idir an mháthair agus aireachtáil a mhic. Déanann 'An Roth' combhionannú eatarthu trí íomhá na súile. Luíonn gach máthair laistigh de chorp agus croí an fhile agus is tionchar inmheánach a bhíonn acu ar an duine. Dá bhrí sin, tá difríochtaí soiléire idir ról an athar agus na máthar i bhfealsúnacht fhileata an Bhreathnaigh. Sin in ainneoin na gcosúlachtaí atá ann sa tslí a gcaoineann sé an bheirt acu.

Conclúid

Sa chaibidil seo, pléadh an chaoi a gcaitheann Colm Breathnach le tionchar a theaghlaigh ina chuid filíochta. Scrúdaíodh an chaoi ar mhúnlaigh a thuismitheoirí é agus an tslí a dtéann sé i ngleic le cailliúint an teaghlaigh trína shaol, go háirithe agus é ina 'aosánach seacht mbliana déag d'aois'.¹⁶¹ Rinneadh sin ar fad trí anailís a dhéanamh ar rian an teaghlaigh sa dán 'An Roth'.

¹⁶⁰ Breathnach, "An Roth," 64.

¹⁶¹ Breathnach, "Idir Dhá Phort," in *An Fear Marbh*, 21.

Is nuair a fhásann sé aníos, áfach, agus nuair a fhágann sé an nead le dul céim níos faide ar shiúl óna thuismitheoirí, a aimsíonn an Breathnach é féin go samhlaíoch. Cruthaíonn an teacht in inmhe seo achar idir an Breathnach agus a thuismitheoirí. Tá a nguth fós ann ach i ngéag nó in orgán ar leith de chuid an fhile: a ‘lámha’¹⁶² agus a ‘shúile’.¹⁶³ Déantar combhionannú idir lámha an fhile agus lámha an athar in ‘An Roth’, díreach mar a dhéantar combhionannú idir súile an fhile agus súile na máthar. Mar sin, cé go bhfuil na thuismitheoirí tábhachtach agus gníomhach i saol an fhile go fóill, tá neamhspleáchas aimsithe aige. Cúis bhróin don fhile is ea é sin ar shlí. Ach is in am an bhróin, nó am na scarúna, a dhéanann an duine machnamh ar a shaol as an nua:

Ghaibh scáil chuideáin

thar bráid is leath a fallaing in airde

sa spéir mar scáth

sarar thit.¹⁶⁴

Cuireann an file síos ar an turas machnaimh seo i dtéarmaí an dorchadais; ‘scáil’ aisteach a leathann mar bhrat timpeall air. B’éigean dó athamharc air féin go pearsanta agus ar an gceird mar chuid den turas céanna. Mar a dúirt Barthes linn ní ba luaithe, uaireanta an tslí is fearr le rud a mheas ná féachaint sa treo eile;¹⁶⁵ anseo, féachann an file ar an gcuidreamh idir aircitíopa na máthar agus a mac chun tuiscint a aimsiú ar a chás féin. Is ar an deoraíocht inmheánach seo a dhíreoidh Caibidil a Trí.

¹⁶² Ibid., 63.

¹⁶³ Ibid., 64.

¹⁶⁴ Ibid., 64.

¹⁶⁵ Féach Caibidil 1, Roinn 1, lch 32-33.

Caibidil 3

Réamhrá

An chéad dá mhórsheisear eile in ‘An Roth’ ná mórsheisear na maighdean agus mórsheisear na macaomh. Leis na mórsheisir seo, déanann an Breathnach machnamh ar aircitíopaí agus ar an gcuimhne chomhcoiteann agus taispeánann sé go bhfuil gaol ann idir an mhaighdean agus an macaomh féin. Déantar anailís i gCaibidil a Trí, mar sin, ar nádúr na beirte seo agus ar an tionchar a imríonn siad ar shamhail an Bhreathnaigh in ‘An Roth’.

‘Mórsheisear maighdean’:¹⁶⁶ Aircitíopa na Mórmháthar in ‘An Roth’

Tosaímis le mórsheisear na maighdean. Bíonn difríochtaí le sonrú idir samhail na maighdine agus aircitíopa na máthar dar ndóigh i bhfearann na fealsúnachta. Ina ainneoin sin, áfach, is é mo thuairim go bhfeidhmíonn an mhaighdean mar mhórmháthair in ‘An Roth’. Ba é C.G. Jung a rinne trácht ar aircitíopaí an neamh-chomhfheasa den chéad uair i 1919 agus tá an-chur agus cúiteamh déanta orthu ó shin.¹⁶⁷ Dar le Mac Fhearghusa, cuirim i gcás, is ionann ‘arcaitíp’ agus ‘príomhshamhaltas’:

Toisc go bhfuil rialtacht agus comhionannas ag baint leis an tslí a thugaimid an saol faoi deara, glacann Jung leis an arcaitíp mar choincheap ag leibhéal na samhlaíochta.¹⁶⁸

¹⁶⁶ Breathnach, “An Roth,” 63.

¹⁶⁷ Carl Gustav Jung, “Instinct and the Unconscious,” in *The Structure and Dynamics of the Psyche*, an 2ú heagrán, R.F.C Hull a d’aistrigh (Londain: Routledge agus Kegan Paul, 1969), 129-138.

¹⁶⁸ Pádraig Mac Fhearghusa, *Tóraíocht an Mhíshonais: Príomhchoincheapa Freud agus Jung* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1997), 143.

Cé go gcaitheann *Tóraíocht an Mhíshonais* súil leathan ar choincheapa Freud agus Jung araon, ní thugann an saothar léargas ar leith dúinn ar aircitíopa na máthar féin. Os a choinne sin, tá cuid mhór le rá ag Erich Neumann faoi aircitíopa na máthar sa dá mhórsaothar aige, *The Origins and History of Consciousness* (1954) agus *The Great Mother: An Analysis of the Archetype* (1955):¹⁶⁹

The Great Mother is the giver not only of life but also of death.¹⁷⁰

Gate, door, gully, ravine, abyss are the symbols of the feminine earth-womb; they are the numinous places that mark the road into the mythical darkness of the underworld ... the cave, [is] one of the earliest examples of feminine vessel symbolism.¹⁷¹

[The] early stage of conscious-unconscious relations is reflected in the mythology of the Mother Goddess and her connection with the son-lover ... they are loved, slain, buried, and bewailed by her, and are then reborn through her.¹⁷²

Dar le Neumann, cuireann miotaseolaíocht na mórmháthar síos ar an gcaidreamh idir an comhfhios agus an neamh-chomhfhios. Cuireann sé béim ar leith ar an gcaidreamh idir an bandia agus an mac a bhfuil grá aige di ag tús an phróisis sin. Cé go gcaitheann sin solas éigin ar ‘An Roth’, ní dóigh liom féin go gcloíonn saothar an Bhreathnaigh go docht leis an tuairimíocht sin ar fad. Níl aon amhras, áfach, ach go bhfuil gaol aircitíopa na máthar leis an macaomh a ghineann sí á scrúdú aige ag an bpointe seo in ‘An Roth’.

¹⁶⁹ Ba i 1954 a foilsíodh an leagan Béarla de *The Origins and History of Consciousness*. Foilsíodh *Ursprungsgeschichte des Bewusstseins*, an bunleagan Gearmáinise, i 1949. Ba i mBéarla a foilsíodh *The Great Mother* den chéad uair.

¹⁷⁰ Erich Neumann, *The Great Mother: An analysis of the archetype*, Ralph Manheim a d’aistrigh (Princeton: Princeton University Press, 2015), 67.

¹⁷¹ *Ibid.*, 170.

¹⁷² Erich Neumann, *The Origins and History of Consciousness*, R.F.C. Hull a d’aistrigh (Princeton: Princeton University Press, 2014), 46-47.

Déantar anailís, mar sin, ar nádúr na maighdine anseo:

an mhaighdean sa gharraí theas

an mhaighdean a thit

an mhaighdean a sheas

an mhaighdean mhara sa dún ó thuaidh

an mhaighdean a chaill a stór

is an mhaighdean a bhuaigh

agus an mhaighdean nár chas id bhóthar fós.¹⁷³

An chéad cheist le freagairt anseo ná conas is féidir linn ‘an mhaighdean’ a ionannú le hairictíopa na máthar? Bíonn míthuiscintí ann faoi nádúr an mhaighdeanais, dar le Neumann. Ní bhaineann an maighdeanas sin leis an ngeanmnaíocht. Is mar gheall ar a torthúlacht a bhíonn an mháthair ina maighdean: ní gá di brath ar aon fhear. Is féidir léi a bheith mar mháthair agus mar mhaighdean ag an am céanna dá bharr.¹⁷⁴ Tá codarsnacht shoiléir le sonrú anseo idir an mhaighdean ‘sa gharraí theas’ agus an mhaighdean ‘sa dún ó thuaidh’. Is féidir ceangal gnéasach áirithe a dhéanamh idir an garraí theas agus corp mná. É sin ráite, is é is dóichí ná go n-úsáideann an file na focail seo chun áit gheal a chur os comhair an léitheora. Faigheann teach nó garraí a fhéachann ó dheas i bhfad níos mó gréine ná na cinn a fhéachann ó thuaidh. Is sa gharraí theas, mar sin, a luíonn maighdean an bhaile, an mhaighdean ghrámhar, agus cothaíonn sise an file: ‘in so far as the Feminine

¹⁷³ Breathnach, “An Roth,” 64.

¹⁷⁴ Neumann, *The Origins and History of Consciousness*, 52.

releases what is contained in it to life and light, it is the Great and Good Mother of all life'.¹⁷⁵

Cuir sin i gcomparáid le Scáthach agus a dún 'ó thuaidh' ar an Oileán Scítheanach. Seo an mhaighdean a mhúineann ceird na filíochta don Bhreathnach agus maireann sí sa dorchadas, i gcuasa agus i gcuara an talaimh:

do bheanna mórtasacha

ag éirí is ag ísliú

gile fhíochmhar do chnis

ina hoileán i lár an dorchadais

shnámhas go dtí tú

m'fheargacht go léir ar crith

le tnúth agus le heagla

do lámha anall tharam is mé ag dul isteach ort

mar oilithreach chun do theampaill thánag

is mé ag foghlaim gaisce

san áit inar thit céad fear romham

¹⁷⁵ Neumann, *The Great Mother*, 65.

níos fearr faoi chéad ná mé

níor chuala ach ceol na bpíob

nuair a léimeas thar do dhroichead

is nuair a réabas do bhaile poirt

ceol síoraí na bpíob

ag leagan urláir faoi mo chroí.¹⁷⁶

Cuireann ‘Dán do Scáthach’ síos ar an taobh eile d’aircítíopa na máthar: an mháthair ghránna. Uaireanta, claochlaíonn an duine trí dul i ngleic leis an máthair dhorcha¹⁷⁷ nó ghránna agus sin a tharlaíonn leis an mBreathnach sa dán seo. Is léir go santaíonn an file, ‘macaomh’ nó gaiscíoch óg, an mháthair seo. Déanann sé trácht ar a cíocha agus a cneas. Labhraíonn sé, mar fhear, faoi bheith ‘ag dul isteach’ uirthi. Seo an file, nó an laoch mar a shamhlaíonn sé é féin sa chnuasach seo, agus é ag dul i ngleic lena *anima* nó lena neamh-chomhfhios féin.¹⁷⁸ Ní hamháin go santaíonn sé an bhean seo go fisiciúil ach tá sé sásta a ‘fheargacht’ a chur i mbaol ar a son. Tá sé sásta titim i ngrá léi agus a bheith ag éisteacht le ‘ceol síoraí na bpíob’. Is cuid den fhile féin í a mháthair agus a *anima* agus fáiltíonn sé rompu in ‘Dán do Scáthach’. Sin in ainneoin go bhfuil ‘eagla’ air rompu. Ní nochtfaidh siad iad féin faoin solas, áfach; is leis na scáthanna a bhaineann siad:

is cuma anois nó cuid díom tú

¹⁷⁶ Breathnach, “Dán do Scáthach,” in *Scáthach*, 59-60.

¹⁷⁷ Neumann, *The Great Mother*, 38.

¹⁷⁸ *A Critical Dictionary of Jungian Analysis*, ead. Andrew Samuels, Bani Shorter agus Fred Plaut (Londain: Routledge agus Kegan Paul, 1986), s.v. “anima and animus,” 23-25.

cé ná faca do shúile riamh

bhraitheasa do chroí ag bualadh

...

oileán fairsing oscailte tú

a iompraím thart liom

im chroí ceilteach.¹⁷⁹

Is iad an bheirt mháthair seo, an mháthair ghrámhar agus an mháthair ghránna, a thugann treoir fhileata don Bhreathnach: ‘theas / ... thuaidh’. Go deimhin, imríonn mná agus máithreacha ról lárnach i bhfilíocht an Bhreathnaigh trí chéile agus tá macalla idir an teorú seo agus a ndúirt an file in ‘Ó Thuaidh’: ‘do b’í an bóthar ó thuaidh í / agus / mo chónagar aduaidh í’.¹⁸⁰

‘thit céad fear romham...’:¹⁸¹ Turas an Mhacaoimh chuig an Mórmháthair

Luaitear macaoimh nár éirigh leo a dturas chun na máthar a chur i gcrích in ‘Dán do Scáthach’ chomh maith: ‘... thit céad fear romham / níos fearr faoi chéad ná mé’.¹⁸² Cailleann Scáthach, nó aircitíopa na máthar, iliomad gaiscíoch nach bhfuil réidh le dul i ngleic léi: ‘an mhaighdean a chaill a stór’.¹⁸³ Anuas air sin, cuirtear i gcúimhne dúinn go n-athraíonn samhail na máthar nó na maighdine i gcónaí: ‘an mhaighdean nár chas id

¹⁷⁹ Breathnach, “Dán do Scáthach,” in *Scáthach*, 59-60.

¹⁸⁰ Breathnach, “Ó Thuaidh,” in *Dánta’ Agus Dánta Eile*, 42.

¹⁸¹ Breathnach, “Dán do Scáthach,” in *Scáthach*, 59-60.

¹⁸² Ibid.

¹⁸³ Breathnach, “An Roth,” 64.

bhóthar fós'.¹⁸⁴ Is deacair sracfhéachaint a fháil ar fhíorchló na maighdine: 'bhí caille ar d'éadan / a d'fholaigh do cheannaithe / do shúile fiú'.¹⁸⁵ Fad is atá an gaiscíoch, an file sa chás seo, ag dul chun cinn sa saol agus ag forbairt a cheirde, tarraingeoidh an t-aircítíopa clónna nua air féin. Braitheann na clónna sin ar an mBreathnach féin anseo: maireann an mhaighdean ina 'chroí ceilteach'.

Cad faoi mhacaomh na maighdine, mar sin? Níl amhras faoin spéir ach go bhfuil ceangal idir an 'macaomh' in 'An Roth' agus Colm Breathnach féin:

an macaomh a bhí

an macaomh atá

is an macaomh ná beidh go brách

an macaomh úd a dh'imigh sa tóir

ar aisling bhréige i gceo meala an fhómhair

an macaomh ná fillfidh go deo

an macaomh gur ceileadh a atharacht air

agus an macaomh ná seasfaidh an fód.¹⁸⁶

Labhraíonn sé faoi staideanna uile a shaoil, faoi na bóithre a bhíodh agus a d'fhéadfadh a bheith roimhe: '... a bhí / ... atá / ... ná beidh go brách'. Déanann sé tagairt do bhás an athar agus ceilt na hatharachta arís, ag admháil an tionchair a bhíonn acu ar a dhearcadh i leith an tsaoil. Ní sheasfaidh sé an fód, áfach, mar a gheall sé dúinn in *An Fearann*

¹⁸⁴ Ibid.

¹⁸⁵ Breathnach, "Dán do Scáthach," in *Scáthach*, 59-60.

¹⁸⁶ Breathnach, "An Roth," 64-65.

Breac.¹⁸⁷ Cén fáth a ndéarfadh sé sin? Cén t-athrú tuisceana atá tar éis teacht air? Baineann an t-athrú sin leis an am agus leis an léargas nua ar imeacht an ama a chothaíonn sé, ach fillfidh mé air sin ar ball.

Tarraingíonn sé aird sa rann seo ar an ‘aisling bhréige’ a bhíonn aige mar fhile chomh maith. Tháinig foirm na haislinge polaitiúla i dtreis i litríocht na Gaeilge ag deireadh an seachtú haois déag. Samhlaítear í leis an Seacaibíteachas in Éirinn idir 1690 agus 1780 agus le móitífeanna ar leith.¹⁸⁸ Titeann eachtraí amach i lár taibhrimh, cuirim i gcás. Tagann neach osnádúrtha i láthair chun labhairt leis an bhfile faoina crá; bean álainn dhraíochtúil, gurb í Éire í, ag spreagadh an fhile chun gnímh.¹⁸⁹ Ní hionann aisling Choilm Bhreathnaigh, gan amhras, agus aisling Uí Rathaille. Samhlaíonn filí, agus léitheoirí filíochta, bean álainn dhraíochtúil leis an inspioráid fhileata, bean a dtugtar ‘Bé’ uirthi. Ach ní hann don Bhé sin lasmuigh de shamhlaíocht an fhile, dar leis an mBreathnach; níl ann ach ‘féith’ agus fréamhacha an duine. Níl ann ach oidhreacht an traidisiúin litríochta agus oidhreacht phearsanta an fhile. Is fíis bhréagach mhíthreorach í an Bhé a chuireann filí amú: ‘níl san iomlán ach íomhá’.¹⁹⁰ Briseann an Breathnach leis an bhfíis sin agus téann sé i muinín réaduchtú na sícanailíse. Is é an téama sin atá faoi chaibidil ag an bhfile, go háirithe in *Scáthach* agus *Chiaroscuro*, agus déanfar mionphlé ar na cnuasaigh sin i Roinn a Dó sa tráchtas seo.

¹⁸⁷ Breathnach, “Mo sheasamh,” in *An Fearann Breac*, 9.

¹⁸⁸ Breandán Ó Buachalla, *Aisling Ghéar: Na Stíobhartaigh agus an tAos Léinn 1603-1788* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1996), 230.

¹⁸⁹ *Ibid.*, 528-549.

¹⁹⁰ Breathnach, “Ar “Gabháil Chríost” le Caravaggio i nDánlann Náisiúnta na hÉireann,” in *Chiaroscuro*, 52-54.

Tugann an rann sin, agus go háirithe an tagairt ‘[d’aisling] bhréige i gceo meala an fhómhair’, amhrán de chuid an traidisiúin filíochta Gaeilge chun cuimhne. Sin dar ndóigh ‘Ceó meala lá seaca’, amhrán grá a théann siar go dtí an naoú haois déag:

Ceó meala lá seaca ar choillte dubha daraí,
 is grá gan cheilt atá agam dhuit, a bháinchnis na ngealchíoch,
 do chom seang, do bhéal tana is do chúilín a bhí cas mín,
 is a chéadsearc, ná tréig mé is gur mhéadaigh tú m’aicíd.¹⁹¹

Is minic a bhíonn cuid de na véarsaí in ‘Ceó meala lá seaca’ luaite mar chuid den amhrán ‘An Chúileann’ chomh maith.¹⁹² In *Nua-Dhuanaire I*, déantar cur síos ar ‘Ceó meala lá seaca’ mar chineál *reverdie* a cheiliúrann spéirbhean agus teacht an earraigh, agus is fíor sin ar shlí.¹⁹³ Dar le Gaston Paris, bíonn spéirbhean an *reverdie* mar ‘un personnage de rêve, qui se montre subitement dans le bois au milieu des fleurs et des oiseaux, une sorte de fée du printemps qui n’a pas de réalité corporelle’.¹⁹⁴ Ní baileach go gcuirtear síos ar an spéirbhean in ‘Ceó meala la seaca’. Níl éin ná bláthanna ina timpeall. Ach luaitear a com ‘seang’, a béal ‘tana’ agus a báncheas. Luaitear an áilleacht as cuimse a bhaineann léi. Agus luaitear ‘an drúcht ar a bróga’ chomh maith, siombail a thugann blas osnádúrtha di. Briseann an spéirbhean croí an fhile faoi dheireadh ‘Ceó meala lá seaca’: ‘má thug mo chroí gean duit, dar leamsa gur leór sin, / is gur fhág tú mé i leanndubh ar theacht an

¹⁹¹ “Ceó meala lá seaca,” in *Nua-Dhuanaire: Cuid I*, eag. Pádraig de Brún, Breandán Ó Buachalla agus Tomás Ó Concheanainn (Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath, 2009), 83.

¹⁹² *Ibid.*, 133.

¹⁹³ *Ibid.*

¹⁹⁴ Gaston Paris, in Julie Henigan, *Literacy and Orality in Eighteenth-Century Irish Song* (Londain agus Nua-Eabhrac: Routledge, 2016), 124, Google Books.

tráthnóna'.¹⁹⁵ Sin a tharlaíonn don Bhreathnach in 'An Roth'. Téann an file ar strae in eacstais na filíochta, ach eacstais, nó aisling, bhréige atá ann.

In 'An Roth', mar sin, lonnaíonn an Breathnach an 'aisling bhréige', nó an Bhé, 'i gceo meala an fhómhair'.¹⁹⁶ Ach cad atá i gceist le 'ceo meala'? Nuair nach mbíonn aon neachtar ar fáil dóibh bailíonn na beacha ceo meala, neachtar bréagach, ina áit.¹⁹⁷ Siombail is ea an mhil féin d'eacstais na filíochta ó am go chéile agus bíonn ceangal ann go minic idir ceo meala an fhómhair agus bia nó manna na ndéithe.¹⁹⁸

Is siombail choitianta í an mhil nó an ceo meala i litríocht agus amhránaíocht an Bhéarla chomh maith. D'éisteadh an Breathnach le ceol Bob Dylan go minic, mar shampla, agus é ag fás aníos. Labhair Dylan faoi thír na meala agus an bhainne san amhrán 'Unbelievable' i 1990: 'They said it was the land of milk and honey / now they say it's the land of money'.¹⁹⁹ Ba ón mBíobla, dar ndóigh, a fuair Dylan na siombailí sin. Luaitear ceo meala an fhómhair in 'Kubla Khan' freisin, dán mistéireach de chuid Samuel Taylor Coleridge. Baineann an file macalla as dán Coleridge in 'An Roth', dar liomsa:

A damsel with a dulcimer

In a vision once I saw:

It was an Abyssinian maid,

And on her dulcimer she played,

¹⁹⁵ "Ceó meala lá seaca," in *Nua-Dhuanaire: Cuid I*, 83.

¹⁹⁶ Breathnach, "An Roth," 65.

¹⁹⁷ *Encyclopædia Britannica*, s.v. "Beekeeping: Honeybees and their colonies," fuarthas 19 Meitheamh, 2019, <https://www.britannica.com/topic/beekeeping#ref558896>.

¹⁹⁸ *Dictionary of Symbols and Imagery*, leagan athchóirithe (Amsterdam: Elsevier Science Publishers, 1984), s.v. "honey," 255-256.

¹⁹⁹ Bob Dylan, "Unbelievable," in *Under the Red Sky* (Columbia Records 46794, Meán Fómhair 1990).

Singing of Mount Abora.

Could I revive within me

Her symphony and song,

To such a deep delight 'twould win me,

That with music loud and long,

I would build that dome in air,

That sunny dome! those caves of ice!

And all who heard should see them there,

And all should cry, Beware! Beware!

His flashing eyes, his floating hair!

Weave a circle round him thrice,

And close your eyes with holy dread,

For he on honey-dew hath fed,

And drunk the milk of Paradise.²⁰⁰

Labhraíonn ‘Kubla Khan’ faoi thír darb ainm Xanadu agus faoin tírdhreach atá ina timpeall. Tháinig línte ‘Kubla Khan’ chuig Coleridge i dtaibhreamh, nó sin a mhaíonn sé, ach ní raibh sé in ann na rannta ar fad a bhreacadh síos.²⁰¹ Chuir ‘a person on business

²⁰⁰ Ernest Hartley Coleridge, ead., *Coleridge: Poetical Works* (Oxford: Oxford University Press, 1978), 298.

²⁰¹ Chuir Coleridge síos ar ‘Kubla Khan’ mar bhlúire neamhchríochnaithe (Féach ráiteas Elisabeth Schneider in Hill, *A Coleridge Companion*, 86). Baineann ‘Dia sa Tigh Seo’, dán de

from Porlock’ isteach air gan choinne agus é á scríobh.²⁰² Cuireann Coleridge síos ar fhís atá cailte, mar sin, sa rann deireanach seo. Ní féidir leis breith ar an gcailín ná ar an gceol a sheinn sí níos mó. Tá eagla le sonrú in ‘Kubla Khan’ freisin faoi ghné dhiaga den fhile nuair a ghlacann sé ceo meala agus bainne Pharthais chuige féin: ‘Beware! Beware!’

Braithim féin go bhfuil tagairt idirthéacsúil á déanamh ag an mBreathnach do dhán Coleridge anseo in ‘An Roth’. Freagraíonn ciorcal Coleridge do roth an Bhreathnaigh. Ní hamháin sin, ach bristear an Breathnach ar an roth ‘faoi thrí’ i ndiaidh do gach mórshéisear labhairt:

Agus briseadh arís

ar an roth mé faoi thrí

ach thánag tríd.²⁰³

Weave a circle round him thrice.²⁰⁴

Tá cuma bhrionglóideach nó dhraíochtúil ar ‘An Roth’ chomh maith. Cuireann cantaireacht ‘Kubla Khan’ le cantaireacht mhórshiúlta págánacha na mórshéisear anseo.

Is minic a théann file ar strae is é ar meisce ón eacstais a bhronnann mil na samhlaíochta air. Is minic a chionn sé ‘aisling bhréige’ na Bé i gceo meala na samhlaíochta sin. Feictear don Bhreathnach, áfach, nárbh ann don chailín draíochtúil ar chor ar bith, féidearthacht

chuid an Bhreathnaigh, macalla éigin as seo (féach Breathnach, “Dia sa Tigh seo (*Sraith Neamhchríochnaithe*),” in *Chiaroscuro*, 15-18)

²⁰² John Spencer Hill, *A Coleridge Companion: An Introduction to the Major Poems and the Biographia Literaria* (Londain agus Basingstoke: The Macmillan Press, 1983), 70.

²⁰³ Breathnach, “An Roth,” 62-71.

²⁰⁴ Coleridge, *Coleridge: Poetical Works*, 298.

nár thuig ná nár admhaigh Coleridge in ‘Kubla Khan’. Bréag ab ea í agus caithfear an file a bhriseadh ar an roth dá bharr.

Conclúid

As seo ar fad a thagann an fhilíocht:

Do leath néal smúite ón aird ó dheas
 mar smál dúigh ar fuaid phárchneas
 na spéire sarar thit ina bháisteach.²⁰⁵

Is as an dorchadas agus dorchadas na máthar go háirithe a thagann na focail. Tugann dath dubh an dúigh ‘An Dubh ina Gheal’ chun cuimhne anseo:

Breac an dubh i bhfriotal teann tiubh,
 nó dubhfhoclach más siúd is fearr leat,
 chun go súfaidh an dúch chuige an dubh
 is go mbeidh an pár úr san arís geal.²⁰⁶

Tá gá le contrárthachtaí sa saol le cothromaíocht agus tuiscint a bhaint amach. Ní féidir an solas ná an ‘Féin’ comhfhiosach a aimsiú gan aithne a chur ar do scáileanna i dtosach. Is ionat féin a bhíonn an dorchadas; dá fhad is a scríobhann tú dubhfhocail éireoidh an saol, agus an fhilíocht, níos soiléire: ‘súfaidh an dúch chuige an dubh’. Is trí aithne a chur orainn féin agus ar na scáthanna ionainn, mar sin, a athróidh an dubh ina gheal. Smaoinigh

²⁰⁵ Breathnach, “An Roth,” 65.

²⁰⁶ Breathnach, “An Dubh ina Gheal,” in *Chiaroscuro*, 27.

ar ráiteas cáiliúil Heaney in ‘Personal Helicon’: ‘I rhyme / to see myself, to set the darkness echoing’.

Mar chuid den saothrú tuisceana sin, chionn an Breathnach nach féidir leis brath ar thuiscint ná ar ‘tírdhreach’ amháin:

...agus

ar deireadh

díreach nuair a bhí beirthe

agam dar liom

ar an dtírdhreach

thit an bháisteach

ar an gcnafás

is d’ionnail

mo shúile

go hiomlán...²⁰⁷

Is in ‘*Dánta*’ Agus *Dánta Eile* a foilsíodh ‘Coda #2’ den chéad uair. Díol suime, áfach, is ea gur foilsíodh in athuair é in *Tírdhreacha* faoi mhír dar teideal ‘Báisteach ar

²⁰⁷ Breathnach, “Coda #2,” in ‘*Dánta*’ Agus *Dánta Eile*, 34.

Chnafás’.²⁰⁸ Tá macallaí soiléire, dar ndóigh, idir an ‘cnafás’ sin agus an pár in ‘An Roth’. Seo tús athbhreith an fhile agus é ag fáil réidh le ceann de na haislingí bréige is mó i bhfilíocht na hÉireann, dar leis: is í sin an Bhé. Níl Bé ná tobar draíochtúil filíochta lonnaithe lasmuigh de shíce an duine, dar leis. Ach tá tobar nó féith ar leith ann i gcroí is in intinn an duine féin. Is as a shíce agus a shamhlaíocht a tharraingíonn duine an inspioráid ar fad, idir inspioráid phearsanta (an teaghlach, mar shampla) agus inspioráid chomhchoiteann (aircítíopaí, cuir i gcás): ‘smál dúigh’ á shú isteach sa ‘phárchneas’.²⁰⁹

Rinneadh scrúdú sa chaibidil seo ar aircítíopa na mórmháthar agus cuireadh argóint chun tosaigh gur dise a sheasann mórsheisear na maighdean in ‘An Roth’. Scrúdaíodh an caidreamh a bhíonn ag an macaomh leis an mórmháthair sin agus caidreamh an fhile leis an mBé dá réir. Is amhlaidh a chothaíonn an Breathnach tuiscint úr air féin agus ar phróiseas na filíochta le teacht na mórsheisear sin agus a chailleann sé a chreideamh in aisling Bhé na filíochta.

Is ar mhórsheisear na leannán agus mórsheisear na seanóirí a dhéantar anailís i gCaibidil a Ceathair, caibidil ina mbeidh áit lárnach ag an ngrá agus ag an am faoi seach.

²⁰⁸ Breathnach, “Coda #2,” in *Tírdhreacha*, 81.

²⁰⁹ Breathnach, “An Roth,” 65. Liomsa an bhéim.

Caibidil 4

Réamhrá

Tá sé ráite ag Nuala Ní Dhomhnaill go bhfuil suim aici in ‘ábhair mhóra’ an tsaoil: an bhreith, an bás agus an rud is tábhachtaí eatarthu, an grá.²¹⁰ Leagann ráiteas Uí Dhomhnaill béim ar dhá ghné ar leith den saol: is iad sin an grá agus imeacht an ama. Tugann sí le tuiscint nach féidir le haon duine ceachtar acu a sheachaint. Díol suime, mar sin, go labhraíonn ‘An Roth’ faoin ngrá agus faoin am ag an bpointe seo. Tá tagairt déanta agam cheana sa tráchtas seo do chuid de na dánta grá is fearr de chuid an Bhreathnaigh, .i. ‘Ar an Leaba Leathan’ agus ‘Macha’.²¹¹ Láimhseálann sé pléisiúir na colainne i ndánta eile ar nós ‘Éadromluí’ chomh maith: ‘T’r’om póg ar sí / is dheineas / ar a beola mín’.²¹² Sa chaibidil seo, déantar scrúdú níos géire ar an téama sin i saothar Choilm Bhreathnaigh trí anailís a dhéanamh ar mhórsheisear na leannán agus ar roinnt dánta grá eile de chuid an fhile. Chomh maith leis sin, pléitear tábhacht an ama in ‘An Roth’ agus déantar anailís ar chuid de na siombailí a úsáideann an Breathnach chun nádúr an ama a léiriú.

‘Mórsheisear Leannán’:²¹³ Téama an Ghrá i Saothar Choilm Bhreathnaigh

Is téama lárnach é an grá i saothar Choilm Bhreathnaigh agus is as an ngrá sin a eascraíonn cuid mhaith dá fhilíocht. Feictear ar deireadh gur dán grá is ea ‘An Roth’ thar

²¹⁰ “Mo Ghrá-sa (Idir Lúibíní); Próifíl: Nuala Ní Dhomhnaill,” TG4 Foghlaim, físeán ar líne, 5:13, fuarthas 19 Meitheamh, 2019, <https://www.tg4.ie/ga/foghlaim/danta/mo-ghra-sa-idir-luibini/proifil-nuala-ni-dhomhnaill/>.

²¹¹ Féach Caibidil 1, Roinn 1, lgh 29-32.

²¹² Breathnach, “Éadromluí,” in *Cantaic an Bhalbháin*, 58.

²¹³ Breathnach, “An Roth,” 63.

aon rud eile, agus caitheann mórshéisear na leannán súil ar ghnáththrópanna an ghrá sa litríocht agus sa saol araon:

an leannán a chuaigh d'éag do dheascaibh an ghrá

agus an té gur thug a ghrá slán é ón mbás

an leannán gur reodh an croí ann

an leannán gur dódh an croí inti

an leannán a chuaigh ar strae ar an slí

ó bheola caoine go coim mhín

an leannán a dh'fhan dílis

agus an leannán ná faca a chéadsearc go fóill.²¹⁴

Bíonn foirmlí ar leith ag baint leis an ngrá sa litríocht domhanda minic go leor agus is orthu siúd a thráchtann an file sa chéad líne anseo: an leannán a théann chun báis ar son a ghrá ghil. Baineann an líne sin macalla as scéalta ar nós *Romeo and Juliet*,²¹⁵ cuirim i gcás, nó scéal *Tristan agus Isolde*.²¹⁶ Is tragóidí iad *Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne* agus *Tristan agus Isolde* ina bhfuil cailín óg geallta le seanfhear. Titeann an cailín i ngrá le fear eile atá níos óige agus bíonn an choimhlint idir paisean agus dualgas lárnach sa phlota.²¹⁷

²¹⁴ Breathnach, "An Roth," 65.

²¹⁵ William Shakespeare, "The Tragedy of Romeo and Juliet," in *William Shakespeare: Complete Works*, ead. Jonathan Bate agus Eric Rasmussen (Hampshire: The Royal Shakespeare Company agus Macmillan, 2007), 1675-1741.

²¹⁶ *Encyclopædia Britannica*, s.v. "Tristan and Isolde: Legendary Figures," fuarthas 19 Meitheamh, 2019, <https://www.britannica.com/topic/Tristan-and-Isolde>.

²¹⁷ Nessa Ní Shéaghdha, ead., *Tóruigheacht Dhiarmada agus Ghráinne: The Pursuit of Diarmaid and Gráinne* (Baile Átha Cliath: Irish Texts Society, 1967), ix.

Tarraingíonn Colm Breathnach ar an *Tóraíocht* sin ina dhán ‘Gráinne agus Diarmaid’. Cé go gcloíonn an Breathnach le bunchlochna *Tóraíochta* sa dán seo, tugann sé peirspictíocht ar leith dúinn ar phearsantachtaí na beirte. Is comhchainteoirí iad Diarmaid agus Gráinne i ndán an Bhreathnaigh agus tá dearcadh inmheánach na beirte le sonrú le taobh a chéile chomh maith. Tabhair faoi deara gur d’ainm na mná a thugann sé tús áite i dteideal an dáin: ‘Gráinne agus Diarmaid’. Is malartú é sin a théann i gcoinne an traidisiúin. Tá sé sin in oiriúint do thiomnú an dáin seo agus do stair na *Tóraíochta* san fhichiú haois. Ba í Nessa Ní Shéaghdha a chuir leagan Nua-Ghaeilge den *Tóraíocht*²¹⁸ ar fáil do gháthphobal na Gaeilge: ‘*I gcuimhne ar Nessa Ní Shéadhgha, scoláire a chuir comaoin ar dhaltaí scoile lena heagrán den “Tóraíocht”*’.²¹⁹ Chuir Ní Shéaghdha dhá leagan éagsúla den téacs ar fáil: an leagan scoile a foilsíodh sa bhliain 1971,²²⁰ agus leagan an Irish Texts Society a foilsíodh sa bhliain 1967.²²¹ Tharraing sí aird in athuair ar cheann de na scéalta is iomráití i dtraidisiún na Gaeilge. Tiomnú ann féin do Ní Shéaghdha é go dtugann an Breathnach tús áite d’ainm na mná sa dán seo.

Athrú eile idir cur chuige an Bhreathnaigh agus leagan traidisiúnta an scéil seo ná an bhéim a leagann sé ar mheon inmheánach na bpearsan. Díríonn *Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne* ar ghníomhartha agus ar an aistear nó seilg timpeall na hÉireann. Cé go dtugann an *Tóraíocht* léargas éigin ar mhothúcháin na bpríomhcharachtar, tá gluaiseacht an phlota níos tábhachtaí ar an iomlán. Aistear éagsúil ar fad a léiríonn an file anseo. Cuireann sé Diarmaid agus Gráinne araon i láthair mar ghnáthdhaoine agus ní mar

²¹⁸ Foilsíodh leagan Uí Shéaghdha faoin teideal *Tóruigheacht Dhiarmada agus Ghráinne* i 1967. Tá caighdeánú déanta agam féin ar an bhfocal ‘tóruigheacht’ sa tráchtas seo ar mhaithe le soiléireacht.

²¹⁹ Breathnach, “Gráinne agus Diarmaid,” in *Scáthach*, 88. Is mar sin atá an sloinne arna litriú sa leabhar.

²²⁰ Nessa Ní Shé, eag., *Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne* (Baile Átha Cliath: Longman Brún agus Ó Nualláin, 1971).

²²¹ Nessa Ní Shéaghdha, eag., *Tóruigheacht Dhiarmada agus Ghráinne: The Pursuit of Diarmaid and Gráinne* (Baile Átha Cliath: Irish Texts Society, 1967).

laochra. Ní luaitear go soiléir an draíocht a bhí ag ball seirce Dhiarmada agus is d'aon ghnó a dhéantar sin. Ní leis an mball sin a bhaineann an draíocht ná an chumhacht ach le mothúchán an ghrá féin: ‘... deargaíonn ’dtí na cluasa air’.²²² Is leannáin iad atá ag dul i ngleic le mothúcháin nár bhraith siad cheana, beirt nach bhfuil sásta glacadh le mianta a gcroí féin. Tá slí ealaithe á lorg acu. Feidhmíonn an t-éalú sin mar chodarsnacht leis an aistear éalaithe a dtugann siad faoi sa *Tóraíocht*:

nuair a bheireann tú air is é ad iniúchadh

is tú ag iarraidh tú féin a ionladh

i ndeireadh an lae

tá sé gafa, chomh teann leat féin,

i ngaistí is i ndola na seirce.²²³

Déanann Diarmaid a sheacht ndícheall éalú ón ngrá agus ón eagla a chuireann an grá sin air. Léiríonn an bhéim ar na mothúcháin agus ar mheon an duine an ghluaiseacht ó fhilíocht phoiblí go filíocht phearsanta san fhichiú haois.²²⁴

Díol suntais is ea an tslí a gcaitheann an Breathnach le banúlacht Ghráinne sa dán seo chomh maith. Tá siombail a banúlachta, an gúna a chaitheann sí, trom agus salach; cuireann an file ina luí orainn nach bhfuil sí gléasta go hálainn mar is ceart. Is uirthise a

²²² Breathnach, “Gráinne agus Diarmaid,” in *Scáthach*, 88.

²²³ Ibid.

²²⁴ Meastar gurbh é *Aithed Grainne ingine Corbmaic le Diarmaid ua nDuibne*, scéal a scríobhadh sa deichiú haois, foinse an scéil atá againne inniu. Ní mhaireann aon chóip den *Aithed*, áfach. An chóip is sine atá ar marthain den *Tóraíocht* ná an chóip in LS 24 P 9 in Acadamh Ríoga na hÉireann. Chuir Dáibhídh Ó Duibhgeannáin ar phár é sa bhliain 1651. Féach Nessa Ní Shéaghdha, eag., *Tóruigheacht Dhiarmada agus Ghráinne*, x-xiv.

chuirtear an brú agus an chiontacht ar fad ar an tslí sin. Chomh maith leis sin, ceileann Diarmaid an grá atá aige do Ghráinne laistiar dá fhearg féin:

do ghúna trom

faoi ualach na báistí is an phluda

atá dá bhfí isteach sa dlúth ann

le ráithe is sibh ar úr dteitheadh

nuair a luíonn a shúile ort

agus an fhearg ag dorchú a chuntanóis

ceileann an fhearhainn na deora

ar do leicne agus is dóigh leis arís

go bhfuil an croí ionat ina leac

gur chuiris d'iachall air éalú leat.²²⁵

Tá grá ag an mbeirt acu dá chéile, fiú mura n-admhaíonn siad é. Cé go dtéann na deora i bhfolach sa bháisteach, tá áiféala ar Ghráinne faoin mbrón is faoin bhfearg a tharraing sí ar a grá geal. Cuireann fearg Dhiarmada isteach ar a thuiscint is ar a chomhbhá. Teitheann siad beirt uathu féin.

²²⁵ Breathnach, "Gráinne agus Diarmaid," in *Scáthach*, 88.

Tá sé tábhachtach, mar sin, go ndéanann an file ionannú idir an grá agus an foréigean laistigh de ‘Gráinne agus Diarmaid’. Lann is ea an grá anseo a bhagraíonn ar chroí na beirte: ‘... arraing an ghrá is an cheana / atá dá sá trén gcroí ann’.²²⁶ Titeann an foréigean is measa agus na cathanna is mó amach laistigh de chroí an duine féin. Ní roimh Fhionn agus na Fianna ach roimh gathanna ‘an ghrá is an cheana’ atá eagla orthu.

Má mheastar an dán seo i gcomhthéacs ‘An Roth’, tugtar faoi deara go bhfuil an-chuid de thréithe mhórsheisear na leannán le sonrú sa chaidreamh atá ag Gráinne le Diarmaid in *Scáthach*. Téann siad ‘in éag’ dá chéile; reonn agus ansin dónn croí Dhiarmada; téann an bheirt acu ar strae chun a mianta féin a aimsiú. Cuireann sé íomhánna soiléire de thréithe fisiciúla na leannán i lár an aonaigh chomh maith: ‘dháilfeadh sé sú a chléibh ortsa / d’fhéadfá é a dh’ól te óna bhosaibh’.²²⁷ Tá iliomad toisí ag na leannáin ar fad a chuireann an Breathnach romhainn ina shaothair.

Fánaíocht an Ghrá

Is minic a bhíonn ar dhuine dul ar strae ar mhaithe leis an ngrá. Ba léir sin nuair a chuaigh an file ar fán chun a mháthair a chaoineadh in *Tírdhreacha*. Bíonn orthu gníomhartha a dhéanamh agus áiteanna a threabhadh nach raibh súil acu leo. Is amhlaidh a bhíonn sé minic go leor i saothar an Bhreathnaigh. Léiriú éifeachtach iad ‘An Fásach Laistigh’ agus ‘Eolas na Slí’ ar an turas sin: ‘Cá dtabharfaidh an bóthar seo sinn?’²²⁸ Sin atá i gceist leis an ngrá: aistear dorcha luaineach nach bhfuil eolas na slí ag an duine air. ‘Baile’ nach bhfuil ann ar léarscáil ar bith.²²⁹

²²⁶ Ibid.

²²⁷ Ibid.

²²⁸ Breathnach, “Eolas na Slí,” in *Tírdhreacha*, 21.

²²⁹ Breathnach, “An Grá,” in *Croí agus Carraig*, 59.

Baineann an fhánaíocht seo le dorchadas agus le creideamh. Tá muinín ag teastáil, an mhuinín le dul sa seans, céimeanna neamhchinnte a thógáil isteach ‘sa bhfásach úd laistigh’. Níl an bóthar leagtha amach dúinn ná ní féidir é a leagan amach go soiléir romhainn. Ach is féidir dul i muinín do mhianta, a bheith cróga go leor ionat féin leis an saol a ghlacadh céim ar chéim. Má dhéantar sin, ní féidir dul ar strae choíche:

‘Tabharfaidh an bóthar seo sibh,’

ar seisean,

‘aon áit ar domhan is maith libh’.²³⁰

Aistear is ea an grá, mar sin, a osclóidh súile an duine as an nua agus a chothóidh eolas nua ann faoina phearsantacht féin. Cuirfidh an aghaidh a thugann duine ar ‘tírdhreacha i gcéin’, chomh maith lena idirghníomhacht le ‘haduaine’ na dtírdhreach sin, lena thuiscint air féin agus ar an áit arbh as é ó dhúchas.²³¹ Is ionainn féin a mhaireann na cuimhní go léir:

gach mearú súl,

gach ciméara

a chionn tú

cuimhne é

a thiocfaidh chugat

²³⁰ Breathnach, “Eolas na Slí,” *Tírdhreacha*, 21.

²³¹ Mac Giolla Léith, “Réamhrá: Súil le Tír,” *Tírdhreacha*, xxiv.

lá éigin.²³²

Tosaíonn gach radharc sa dorchadas, ciméara a líonann spás folamh. Laistigh díot féin a mhaireann gach íomhá nó gach cuimhne, na féidearthachtaí ar fad. Níl a leithéid de rud ann agus an t-am atá caite ná an todhchaí; níl ann ach macallaí, athrá agus timthriall. Bíonn íomhánna á gceilt agus á bhfoilsíú, áfach, san ‘fhásach’ seo. Cimearaí ag teacht chun tosaigh agus ag leá sa ghaineamh arís. Ar an gcaoi chéanna, bíonn peirspictíocht dhifriúil ag an duine ag staideanna uile an tsaoil. Tá léargas suimiúil agus tairbheach le fáil anseo, mar sin, faoi théiseanna agus fritéiseanna an domhain seo. Feidhmíonn gach téis agus fritéis mar dhá thaobh den spóca céanna ar roth mór an tsaoil; fad is a bhíonn an téis go soiléir os do chomhair, bíonn an fritéis ar chúl, as radharc, sa dorchadas – agus a mhalairt go cruinn. Ar nós an lae agus na hoíche, ní féidir leis an téis agus an fhritéis teacht chun solais ag an am céanna. Is tús agus deireadh timthrialla iad, ach braitheann siad ar a chéile mar sin féin. Ar an tslí chéanna, fritéis leis an gclog is ea an roth i bhfilíocht an Bhreathnaigh agus cruthaíonn sin teannas idir an t-am stairiúil agus an t-am miotasach nó ciorclach. Pléifear sin sa dara leath den chaibidil seo.

‘Mórsheisear seanóirí’:²³³ An tAm mar Roth

Tá béim ar imeacht an ama tríd an dán seo ar fad, go háirithe trí na siombailí agus an friotal a úsáideann an Breathnach. Tá dhá shiombail ar leith luaite agam cheana féin: is iad sin an roth (teideal an dáin, dar ndóigh) agus an abhainn, go háirithe abhainn na Laoi a bhíonn mar charachtar i saothar Choilm Bhreathnaigh. Ní ar bhealach simplí a oibríonn na siombailí sin le chéile, áfach. Samhlaítear an t-am ciorclach leis an roth – roth a

²³² Breathnach, “An Fásach Laistigh,” in *Tírdhreacha*, 20.

²³³ Breathnach, “An Roth,” 63.

chasann timpeall ar bhonn leanúnach agus a fhilleann air féin. Tarlaíonn rudaí in athuair. Is leis an am líneach, áfach, a shamhlaítear gluaiseacht na habhann. Bogann an t-uisce ó na sléibhte go dtí an fharraige gan casadh siar. Déanann an Breathnach trácht ar an bhfearthainn sa tslí chéanna: ‘is tuigeadh dom ná féadfaí braonaíocha / a chur ag titim in airde’.²³⁴ Conas a oibríonn an t-am i saothar an Bhreathnaigh, mar sin, agus an féidir linn íomhánna an rotha agus na habhann a thabhairt le chéile?

Samhlaím féin an t-am le roth muilinn agus mé ag léamh *Croí agus Carraig*, go háirithe i bhfianaise ‘Sna Muilte Púdair Ár mBeirt’: ‘leaca fuara na mbróbhlianta / a mheil mín bán ar fad mo scréach, do chréacht / is ár n-aithne go léir’.²³⁵ Síolraíonn ‘Leixlip’ na hÉireann ón bhfocal Lochlannais *laxhlaup* agus aistrítear go Gaeilge é mar ‘Léim an Bhradáin’.²³⁶ Is maith an tsiombail é Roth Abhainn an Bhradáin de ghluaiseacht an ama i roinnt dánta de chuid Choilm Bhreathnaigh.

Úsáideann an Breathnach na séasúir chomh maith le cur síos a dhéanamh ar an am ciorclach seo:

Chasais na séasúir ar chaschlár an tseana-sheinnteora

is chuiris na nótaí in ord led láimh stiúrthóra.

Thar chiorclú an tsaoil leagais síos teorainneacha

a sháraís trí mhaireachtaint go dtí tosach an earraigh sin.²³⁷

Úsáideann sé imeacht na seachtainí ar an tslí chéanna in ‘Domhnach Pailme’:

²³⁴ Breathnach, “Seana-ghnás,” in *An Fear Marbh*, 46.

²³⁵ Breathnach, “Sna Muilte Púdair Ár mBeirt,” in *Croí agus Carraig*, 35.

²³⁶ Seán Duffy, eagr., *Medieval Ireland: An Encyclopedia* (Abingdon Oxon: Routledge, 2005), 287.

²³⁷ Breathnach, “Séasúir,” in *An Fear Marbh*, 42.

Tuigeadh dó go bhfillfeadh sí

i gceann tamaill, Domhnach eile b'fhéidir.

D'fhanfadh an dúthaigh seo nó go bhfillfeadh

Domhnach nó Aoine 'gus fear léithi, a céile.

Lá, nuair a bhí an Sasanach mná

faighte róchríonna le dul amach sa chúlghairdín

chun prátaí na bliana a spraeáil

d'fhill sí don áit seo, agus fainne ar mhéar a láimhe,

Is d'imigh is tháinig

Domhnach breá i ndiaidh Domhnaigh ghránna

i ndiaidh Domhnaigh ghréine i ndiaidh Domhnaigh bháistí.²³⁸

Taispeánann na rannta sin go mbíonn ról tábhachtach ag an am ciorclach agus ag an gcuimhneamh siar i bhfilíocht Choilm Bhreathnaigh. Casann an file i dtreo a fhréamhacha agus é i mbun samhlaíochta. Tugann dánta an Bhreathnaigh deis don léitheoir féachaint ar an stair, ar a f(h)réamhacha agus ar an áit as ar tháinig sé/sí, fad is a bhíonn an t-am féin ag bogadh ar aghaidh. Gníomh grámhar is ea an casadh fileata sin.

Tá rian den am ciorclach le feiscint ar mhórsheisear na seanóirí in 'An Roth'.

²³⁸ Breathnach, "Domhnach Pailme," in *Cantaic an Bhalbháin*, 16-17.

an seanóir a thiochfaidh

is an seanóir a tháinig

an seanóir pioctha

is an seanóir gránna

an seanóir a fhanann leis an ló

an seanóir a fhaireann na tráthanna

agus an seanóir a labharfaidh tré do bheola go fóill.²³⁹

Tá codarsnachtaí idir na híomhánna anseo arís, díreach mar a bhí sna rannta eile: na téiseanna agus na fritéiseanna. Gluaiseann an dán ó sheanóir a fheiceann an file amach roimhe thar n-ais go dtí seanóir a saolaíodh cheana féin. Seanóir ‘pioctha’ sa solas roimhe os comhair seanóir ‘gránna’ sa dorchadas laistiar dó. Chomh maith leis sin, léiríonn an tagairt don ‘seanóir a fhaireann na tráthanna’ an tábhacht atá ag baint le bheith ag féachaint nó ag siúl siar i bhfilíocht Choilm Bhreathnaigh. Tarraingíonn sé ar thráthanna agus ar sheanóirí a tháinig roimhe ina chuid dánta, a athair féin san áireamh. Tugann sé ardán dóibh: ‘an seanóir a labharfaidh tré do bheola go fóill’. Déantar plé air sin sa chuid eile den chaibidil seo.

‘Éist leis an uaigneas...’:²⁴⁰ An Bás agus Imeacht an Ama

Is léir go bhfuil an Breathnach ag déanamh machnaimh ar a bhás féin agus ar a dtarlóidh i ndiaidh a bháis in *Croí agus Carraig*, go háirithe sna dánta deireanacha. Níl léiriú níos

²³⁹ Breathnach, “An Roth,” 65-66.

²⁴⁰ Breathnach, “Siúlóid siar,” in *An Fearann Breac*, 65.

fearr air sin ná ‘Dán a léifear tar éis mo bháis’. Tá béim fíorláidir ar ghluaiseacht na traenach ó thus deireadh an dáin seo, traein a bhogann ar aghaidh gan stad gan staonadh. Is fráma í an traein do shaol leamh na lánúine, saol leadránach, gan bhrí. Faigheann an bheirt acu briseadh beag ón ngluaiseacht seo nuair a chloiseann siad faoi bhás an fhile. Leanann an fear air leis na buiséid agus lena shaol tapa go leor, áfach. Agus cé go smaoiníonn an bhean ar shaothar an fhile ar feadh tamaill bhig, filleann sise ‘ar an dtraein’ leis. Tá ainm an fhile dearmadta anseo cheana féin. Ní luaitear é, ní luaitear ainm a shaothar, ní luaitear aon rud faoi ach amháin go bhfuil a bhás fógartha. Imríonn an Breathnach próiseas na cuimhne agus an dearmaid air féin agus ar a shaothar sna rannta seo. Mairfidh an saothar níos faide ná an file, ach caillfear an saothar fiú faoi dheireadh faoi dheannach tiubh na fuarchúise. Dearcadh duairc gruama is ea é seo, b’fhéidir, ar oidhreacht na bhfilí. Léiriú is ea é, áfach, ar shaol gan litríocht is gan bhrí:

Is léifidh sí dán nó dhó eile –

seana-mheastacháin ó bhuiséad mo shaoil

(is ar feadh meandair beidh carraig ina croí).

Ag druidim lena sé tá sí ag réiteach béile

di féin is dá céile atá ag filleadh ar an dtraein.

An cnuasach a cheannaigh sí, ar an ollscoil di,

tá sé thar n-ais ina áit ar an seilp arís.

Caithfidh sí, a mheabhraíonn sí di féin,
 an folúsghlántóir a thógaint amach amáireach
 agus an deannach atá ag bailiú ar na leabhair sin a ghlanadh –

a ghlanadh do na húrscéalta is do na cnuasaigh dánta.²⁴¹

Cíoraíonn na focail chruthaitheacha mothúcháin an duine, mothúcháin dhaonna nach bhfuil ar fáil i saol an ghnó. Músclaíonn an ealaín cuimhní an duine: ‘seana-mheastacháin ó bhuiséad’ an tsaoil. As na cuimhní agus na mothúcháin sin a thagann brí i saol an duine. Is astu a fhásann pearsantacht an duine agus ar feadh nóiméid bíonn ‘carraig ina croí’. Úsáidtear an saorbhriathar sa teideal agus an tríú pearsa síos trí na rannta seo chun cur síos a dhéanamh ar shaol gan ealaín:

Dán a léifear...²⁴²

Tarlóidh go raghaidh sé ar bord traenach.²⁴³

Is ar nós ‘carraigeacha’ iad an lánúin seo. Ní léiríonn ceachtar acu mothúchán ar bith, ach amháin nuair a osclaíonn an bhean an cnuasach filíochta: ‘(is ar feadh meandair beidh carraig ina croí)’. Fiú ansin, is fonóta beag iad mothúcháin ina saol agus scarann na lúibíní iad ón gcuid eile den téacs. Frása débhríoch is ea ‘beidh carraig ina croí’ chomh maith. Ar feadh nóiméid, cuimhníonn an bhean ar a talamh agus a cré dúchais. Beidh carraig i gcroí na mná agus í ag déanamh teagmháil bheag bhídeach lena fréamhacha agus lena teanga. Mar seasfaidh na carraigeacha sin an fód, fiú nuair a dhéantar dearmad ar na

²⁴¹ Breathnach, “Dán a léifear tar éis mo bháis,” in *Croí agus Carraig*, 75-76.

²⁴² Ibid.

²⁴³ Ibid.

daoine. Athróidh carraig go croí laistigh den bhean chomh maith. Líonfaidh an fhilíocht le grá agus le brí í. Tabharfaidh na focail comhthéacs pearsanta di laistigh den chomhluadar. Cé nach maireann an léitheoireacht seo rófhada, is léir go dtéann sí i bhfeidhm ar an mbean: labhraíonn sí faoi bheith ag filleadh ar na dánta agus iad a léamh in athuair. Tuigeann sí go neamh-chomhfhiosach go bhfuil ‘folús’ sa saol atá á chaitheamh aici agus gur cheart dul i ngleic leis an bhfolús sin: ‘Caithfidh sí, a mheabhraíonn sí di féin, / an *folús*ghlántóir a thógaint amach amáireach’.²⁴⁴ Caithfidh sí dul siar. An ndéanfaidh sí é, áfach? An gcaithfidh sí seal sa dorchadas inti féin agus an rachaidh sí i ngleic leis an bhfolús ina saol? Cé gur shocraigh sí an gníomh a dhéanamh tá sé beagnach dearmadta aici cheana féin: bíonn uirthi é a mheabhrú di féin. Cur síos is ea ‘Dán a léifear tar éis mo bháis’ ar an todhchaí, nó ar phróiseas an dearmaid a tharlóidh tar éis bhás an fhile. Seanóir a ‘fhaireann leis na tráthanna’. Taispeántar an t-am líneach i ndánta mar seo, leis an mbéim ar an gclog agus ar shileadh síoraí an ama. Tugann an Breathnach le fios, áfach, nach nós sláintiúil é an cur chuige seo i leith na beatha. Cothaíonn sé saol gan ealaín is gan bhrí. Cailleann an duine é féin sa saol fuarchúiseach nua-aimseartha go dtí nach bhfuil fágtha ann ach uimhir in áit duine: ‘meastacháin agus buiséid’.

Dán eile a labhraíonn linn faoin gcuimhne ná ‘Siúlóid Siar’; go deimhin, is téamaí lárnacha iad an chuimhne agus an dearmad in *An Fearann Breac* trí chéile: ‘... na focail ag rince thart ar a bhéal / i mbaol a leagtha sa duibheagán isteach’.²⁴⁵ Cé go ndiúltaíonn an bhean in ‘Dán a léifear tar éis mo bháis’ roimh an mbóthar siar, fáiltíonn an file roimhe in ‘Siúlóid siar’:

²⁴⁴ Ibid. Liomsa an bhéim.

²⁴⁵ Breathnach, “Poll,” in *An Fearann Breac*, 59.

Tar ar siúlóid liom arís cois canálach

is bí id thost – bí id mháthair.

Éist leis an uaigneas atá istigh ionam

agus éist leis an uaigneas atá ar an áit seo.

Tá an dúthaigh seo breac le cuimhní an chine

a dearmadadh fadó.²⁴⁶

Díol suime an tagairt don ‘mháthair’ in ‘Siúlóid siar’. D’fhéadfadh an file bheith ag trácht ar a mháthair féin, Eithne Breathnach, anseo nuair a deir sé ‘bí id mháthair’. Treisíonn an gaol atá aici le ginealach an fhile leis an léamh sin.²⁴⁷ Tugann an úsáid a bhaineann an Breathnach as an Modh Ordaitheach sa dán seo le tuiscint gur leis an léitheoir atá sé ag labhairt. Mar sin, ‘bí id mháthair’, déan iarracht teagmháil a dhéanamh le do ghinealach féin agus tú ar an tsiúlóid seo.

Tá tábhacht ar leith leis an teanga ar an tsiúlóid chéanna, go háirithe i leith na dtagairtí ar fad don ‘tost’ agus don ‘uaigneas’ sa dán. Déanann an file iarracht macallaí agus cuimhní an traidisiúin a chloisint, ‘cuimhní a dearmadadh fadó’. Déanann sé iarracht taobh tíre na sinsear agus an traidisiúin a chur le chéile chomh maith, gníomh nach féidir leis a chur i gcrích agus é ar fhearann ‘breac’ na Gaeilge. Bíonn an tírdhreach ríthábhachtach i mbuanú na gcuimhní agus an traidisiúin sin. Coinníonn an tírdhreach, agus an teanga a chuireann síos air, taifead ar scéalta agus stair na tíre. Ach san áit a mbíonn caomhnú,

²⁴⁶ Breathnach, “Siúlóid siar,” in *An Fearann Breac*, 65.

²⁴⁷ Féach an anailís a rinneadh ar Eithne Breathnach agus an ghinealach agus atá ar fáil i gCaibidil 2, Roinn 1, lgh 53-58.

bíonn cailliúint chomh maith; san áit a mbíonn cuimhne, bíonn dearmad. Tugann an Ghaeilge ainmneacha do na plandaí is do na bláthanna; tugann sí logainmneacha do na fearainn is na bailte ar fad, logainmneacha a thugann eolas dúinn faoi stair na n-áiteanna sin: ‘Eachtraigh dom arís imeachtaí na muintire / a dearmadadh fadó’. Is inti a mhaireann stair agus féiniúlacht na nÉireannach agus fágann sí cuimhní ina diaidh, breactha ar nós carraigeacha ar an tírdhreach. Imíonn na cuimhní sin as radharc faoin uisce nó faoin talamh faoi dheireadh:

is dearmadann barr uisce

na clocha go léir a caitheadh

is na fáinní a leathanaigh

tráth amach thairis.²⁴⁸

Cé go n-imíonn ‘cuimhní an chine le sruth’, seasann na clocha go fóill mar iarsma de na cuimhní sin. Seasann siad fiú mura dtuigeann an pobal cén stair a bhaineann leo a thuilleadh.²⁴⁹

Caitheann an file súil ar thábhacht na gcloch mar shlat tomhais sa dán ‘Ogham’:

Línte greanta ar chiumhais ghlas galláin

faoi mar is gur chomhair géibheannach tráth

na blianta aige i gcarcair

²⁴⁸ Breathnach, “Stair,” in *An Fearann Breac*, 64.

²⁴⁹ Breathnach, “Siúlóid siar,” in *An Fearann Breac*, 65.

nó arís eile

faoi mar a thomhaisfeadh athair

fás a chéad mhic tré línte a ghearradh

ar ursain an dorais.

Is beag eatarthu mar shamhlaoidí.²⁵⁰

Feidhmíonn an chloch mar chlog in ‘Ogham’ don chime agus don teaghlach araon. Coinníonn sí taifead ar imeacht an ama. Ar an gcaoi chéanna is a bhíonn cime faoi ghlas i bpríosún agus é ag tomhas ama le marcanna ar an mballa, bíonn aithreacha agus mic ag tomhas an ama ar ‘ursain an dorais’. Cruthaíonn na rannta seo dlúthcheangal eile idir an teaghlach agus an teanga i bhfilíocht an Bhreathnaigh. Coinníonn an file taifead ar a athair ina chuid dánta díreach mar a choinníonn athair taifead ar airde a mhic ar ursain an dorais. Níor cheart neamhiontas a dhéanamh de na céimeanna ná na tomhaiseanna seo ar fad. Cé go dtéann an t-am ar aghaidh agus blas na dosheachantachta air, ní hé sin a thugann brí nó comhthéacs don saol seo. Eascraíonn an comhthéacs sin as galláin ár saoil, as ár n-oidhreacht phearsanta féin: ‘an seanóir a tháinig... / a fhaireann na tráthanna’.²⁵¹

Dán eile a labhraíonn faoi chlocha agus seanóirí araon ná ‘Sna Muilte Púdair Ár mBeirt’. Tosaíonn an dán sin le haistriúchán ar ‘Bei Brancusi, zu Zweit’ le Paul Celan, dán a

²⁵⁰ Breathnach, “Ogham,” in *Croí agus Carraig*, 73.

²⁵¹ Breathnach, “An Roth,” 65-66.

foilsíodh den chéad uair in *Lichtzwang* sa bhliain 1970.²⁵² Ba é an t-aistriúchán sin a spreag mórsheisear na seanóirí in ‘An Roth’, dar liom:

Dá sceithfeadh ceann

do na brónna seo

ar an ní ná déarfaidh í:

anseo, 'seo thart,

ag bata bacach an tseanóra,

d’osclódh sé amach, mar chréacht

go gcaithfeása tumadh isteach inti,

i d’aonar,

i bhfad óm scréachsa, a snoíadh

*cheana féin, bán.*²⁵³

Dealbhóir ab ea Constantin Brancusi a raibh aithne ag Paul Celan air. Ba as an Rómáin iad beirt ó dhúchas ach bhí cónaí orthu sa Fhrainc ar feadh tréimhse. Tá cosúlacht le sonrú idir an dealbhóir agus an file chomh maith: múnlaíonn dealbhóir clocha fad is a mhunlaíonn file focail. Is ar na clocha sin a dhíríonn an Breathnach sa dán seo:

más allaíre atá ár gcluasa

²⁵² Pierre Joris, “Introduction,” in Paul Celan, *Breathturn into Timestead: The Collected Later Poetry; A Bilingual Edition*, Pierre Joris a d’aistrigh (Nua-Eabhrac: Farrar, Straus agus Giroux, 2014), lxii.

²⁵³ Breathnach, “Sna Muilte Púdair Ár mBeirt,” in *Croí agus Carraig*, 35.

ag bruaschuimilt muilte

cloch oghaim

a bhéarfadh fianaise.²⁵⁴

Ní féidir guthanna na sinsear a chloisint. Mar sin, is iad na clocha oghaim ár bhfianaise ar an traidisiún sin. Buanaíonn clocha a bhfuil cailte ag cuimhne an phobail. Is iad suíomh agus gluaiseacht an dáin seo a sheasann amach, áfach. Ní i dteach Brancusi ach ‘sna muilte púdair’ a thiteann eachtraí amach, muilte cois abhann a mbíodh roth acu leis an bpúdar a mheilt. Seo an t-aon áit i saothar uilig an Bhreathnaigh go dtaispeánann sé muileann an ama go soiléir agus tá feidhm thábhachtach ag baint leis an muileann sin. Scríobhann an Breathnach dánta mar chlocha brón sa chnuasach seo agus é ag labhairt ar chliseadh caidrimh. Ach meileann na clocha faoi dheireadh. Le roithleáil an rotha, déanfar púdar as na clocha sin agus ní mhairfidh rian de chuimhne bhrónach na lánúine:

Má mheileann na clocha brón seo

mín anois ár n-uaireanta comhluadair

bhfuil cloch thine ann

a shoilseodh dúinn uair seo ár mbróin.²⁵⁵

Cén ról atá ag na seanóirí anseo, mar sin? Siúlann siad le ‘bataí siúil’ ar bhruacha na habhann. Féachann siad siar ar chéimeanna uilig a saoil, ag comhaireamh na gcuimhní atá acu agus ag cruthú cuimhní nua ar thalamh an mhuilinn:

nó ab ea go gcomhaireoidh

²⁵⁴ Ibid.

²⁶⁴ Ibid.

bataí siúil beirt sheanóirí,
 amach anseo, 'seo thart,
 na clocha
 is iad ag titim as a muineartlaí
 ar leaca fuara na mbróbhlianta
 a mheil mín bán ar fad mo scréach, do chréacht
 is ár n-aithne go léir?²⁵⁶

Tagann gach dán as an dorchadas dar le Celan:

The poem as poem is dark, it is dark because it is the poem ... the poem wants to be understood.²⁵⁷

Is féidir an méid sin a fheiscint i saothar seo an Bhreathnaigh. Tagann ‘Sna Muilte Púdair Ár mBeirt’ as ‘aibhéis’ an ghrá. Spreagann ‘créacht’ sa saol é. In *Croí agus Carraig*, déanann an Breathnach iarracht ‘teacht tríd’ an bpian a mhothaíonn sé. Is ‘cloch róid’ í an fhilíocht, dar leis, ‘a choinneodh socair sinn / ar chlár an aigéin’. Cuireann sé síos ar chliseadh brónach an chaidrimh seo mar dhán cloch, mar sin, chun leigheas a fháil dó féin. Meileann an fhilíocht agus an t-am ‘scréach’ an chaidrimh sin go dtí nach maireann ach bró an dáin mar fhianaise. Is féidir le léitheoirí, an file san áireamh, an chréacht sin a oscailt arís. Nuair atá sé in ann dul i ngleic leis an eispéireas agus na mothúcháin a

²⁵⁶ Ibid. Glacaim leis gurb ionann ‘mín’ agus ‘min’ sa dán seo.

²⁵⁷ Paul Celan, *The Meridian: Final Version – Drafts – Materials*, eag. Bernhard Böschstein agus Heino Schmull, Pierre Joris a d’aistrigh (California: Stanford University Press, 2011), 140.

mhúscail an t-eispéireas sin ann, fillfidh sé orthu. Tabharfaidh sé buille dóibh lena bhata siúil agus seans go ndéanfaidh a leannán amhlaidh: ‘Ná tuigeann tú, a ucht gan trua, / go scoilteann fuacht seaca an charraig uaireanta’.²⁵⁸

Mar sin, is ionann an roth muilinn anseo agus gluaiseacht na filíochta. Taispeánann sé go mbogann an t-am tuathal, ag féachaint siar, agus an file i mbun scríbhneoireachta. Is iad na seanóirí na gnáthdhaoine a shiúlann siar agus a dhéanann iarracht a bhfréamhacha a mheas. Athraíonn siad carraig go croí is croí go carraig agus tugann siad léargas ar ghluaiseachtaí difriúla an ama. Ní fhanann an t-am le haon duine, is cuma más ‘piotha’ nó ‘gránna’ atá tú; beidh gach aon duine bacach ar deireadh thiar thall. Faigheann daoine gaois éigin le himeacht na mblianta, áfach, agus bíonn deis acu breathnú ar a scéal féin in athuir. Is iadsan a ‘fhaireann’ na tráthanna, ag cuardú an dorchadais, ag siúl siar ar bhóthar na gcuimhní. ‘Fanann’ siad le tuiscint an tsolais, le míniú éigin a fháil ón duibheagán.

Conclúid

Is iad sin na chéad sé mhórsheisear a labhraíonn leis an bhfile sa dán seo: mórsheisear na n-aithreacha agus na máithreacha, mórsheisear na maighdean agus na macaomh, mórsheisear na leannán agus mórsheisear na seanóirí. Tá siad roinnte go soiléir ina dtrí chuid: an baile, an síce phearsanta agus chomhchoiteann, agus turas an tsaol. Tábhacht an teaghlaigh agus na nginealach, tionchar mhórmháthair na síce ar an bhfile, agus an áit ríthábhachtach a ghlacann an t-am agus an grá i saol an duine dhaonna. Ba iad siúd, .i. an grá agus an t-am, príomhábhair Chaibidil a Ceathair, mar sin. Rinneadh anailís ar

²⁵⁸ Breathnach, “An Charraig,” in *Croí agus Carraig*, 36.

shíoraistear an ghrá agus ar an deoraíocht inmheánach a thagann in éineacht leis. Rinneadh plé ar shiombail an rotha, íomhá na habhann, agus íomhá na cloiche (nó na carraige) sa chaibidil seo chomh maith. Pléadh na siombailí sin i gcomhthéacs théama an ama agus tugadh samplaí ar leith díobh ó shaothar Choilm Bhreathnaigh trí chéile. Labhraíodh ar phróiseas an dearmaid agus na cuimhne i dtaobh shaol an duine aonair agus i dtaobh thraidisiún an phobail faoi seach. Ar deireadh, pléadh an difríocht idir an t-am stairiúil agus am miotasach na filíochta, difríocht a bhíonn le sonrú i ngluaiseacht an rotha ó thus deireadh ‘An Roth’.

Cad atá le rá ag an teanga, áfach, faoin méid seo ar fad? Is air sin a labhraítear i gCaibidil a Cúig.

Caibidil 5

Réamhrá

Cuirtear síos ar an seachtú mórshéisear mar mhórshéisear ‘ar leithligh’ in ‘An Roth. Is í an teanga a cheanglaíonn an mórshéisear deireanach seo le chéile:

an bansagart is an mheirdreach

an t-uasal is an t-íseal

an naíon

an t-ildánach

is an bard.²⁵⁹

Seo an seachtar is suimiúla ar fad toisc go leagann siad amach cur chuige an Bhreathnaigh i leith na filíochta. Sa chaibidil seo, pléitear tuiscintí Choilm Bhreathnaigh ar nádúr an fhile mar a léirítear iad ina dhánta. Déantar scrúdú ar thábhacht an tosta san fhilíocht agus ar an ról a bhíonn ag an bhfile leis an tost sin a líonadh. Feictear go mbíonn fealsúnacht agus cur chuige iomlán difriúil ag an mbansagart agus ag an meirdreach ina leith sin. Déantar plé ar an gcineál caidrimh a bhíonn idir file agus focail chomh maith, caidreamh a gcuirtear síos air trí mheafair a bhaineann le cumhacht, údarás agus saothrú na talún. Anuas air sin, pléitear an croíbhreiseadh agus an tslí a ngoideann sé soineantacht agus áilleacht na hóige. Ar deireadh, meastar ceird na filíochta mar leigheas ar dhólás an tsaoil seo, ach ceird a dteastaíonn allas agus dúthracht an fhile uithi i gcónaí.

²⁵⁹ Breathnach, “An Roth,” 63.

Colm Breathnach agus Nádúr na Teanga

Is minic a thráchtann Colm Breathnach ar a fhealsúnacht féin agus ar an tslí a scríobhann sé. Labhraíonn sé ar an ábhar sin san alt ‘Language Itself’, cuirim i gcás, nuair a dhéanann sé cur síos ar nádúr na teanga. Agus phléigh sé ról an fhile agus nádúr an dáin in ‘Ceist, Cé a Dhíolfaidh Dán?’, alt a foilsíodh in 2015:

Sin é an rud a dhéanann an file. Cuireann an dán ar fáil agus seasann i leataobh, ag déanamh iontais, go pointe áirithe, tharlódh sé, den bhrí atá leis agus, san am gcéanna, á fhágaint faoi dhaoine eile, go pointe áirithe nó go hiomlán, brí a bhaint as. Baineann an file as agus fágann an dán againn ... Déantús is ea an dán, d’fhéadfá a rá, nach foláir suí istigh ann lena bhrí a fhoilsiú.

Braithfidh saghas an déantúis, dar ndóigh, ar an áit as a bhfáiscítear é nó, más maith leat, ar an gcoill ina mbailítear na tuigí lena bhfítear é.²⁶⁰

Is minic a thugann sé leideanna dúinn go healaíonta chomh maith. Taispeánann sé íomhá aithnidiúil den ealaíontóir dúinn in ‘An Luaithreadán’, mar shampla, agus toitín ina bhéal aige:

caithim toitín a dheargadh

is gal a bheith agam

leis na focail a mhealladh

is na frásaí a chur in eagar.²⁶¹

²⁶⁰ Breathnach, “Ceist, Cé a Dhíolfaidh Dán?,” in *Litríocht na Gaeilge ar Fud an Domhain: Critic, Cultúr agus Comhthéacs Comhaimseartha, Imleabhar II*, ead. Ríona Nic Congáil, Máirín Nic Eoin, Meidhbhín Ní Úrdail, Pádraig Ó Liatháin agus Regina Uí Chollatáin (Baile Átha Cliath: *LeabhairCOMHAR*, 2015), 344.

²⁶¹ Breathnach, “An Luaithreadán,” in *Croí agus Carraig*, 60-61.

Is mar stiúirthóir ceoil a bhíonn an file in áiteanna eile:

an balbhán –

ag stiúradh an chiúnais dóibh

a lámha luaileacha²⁶²

Agus is ar stair na Gaeilge féin a dhírigh sé ag tús an chéad chnuasaigh aige:

Nuair a bhaineadar an teanga dínn, shracadar an teanga asainn. D’fhágadar gan ghlór sinn. Cága gan chágaíl sinn, ealaí bána balbha.

Ach níor chiorraíodar sciatháin ár gcroí, níor mharaíodar bradán na cuisle ionainn.

Maireann an ceol go fóill, i gcarraigreacha loma na n-ard atá sé, i sreabhadh na n-aibhnte is in allagar na gaoithe.²⁶³

Cuireann an Breathnach síos ar an teanga mar uirlis nó mar fhuaimrian, fuaimrian a thagann as cúlra nó as ‘coill’ ar leith. Fuaimrian atá fréamhaithe sa teaghlach, sa mhuintir, agus i ‘gcuisle’ an duine. Is cuma mura bhfuil smacht mar is ceart ag an duine ar na focail, maireann braistint agus fuaim na teanga laistigh de. Sin a bhíonn á láimhseáil ag an bhfile, dar le Colm Breathnach.

Tugann ‘An Roth’ léargas dúinn ar Cholm Breathnach agus a chur chuige i leith na filíochta chomh maith. Tagann an file chun cinn sa mhórsheisear deireanach, an mórsheisear ar leithligh: ‘D’eitil colm bán / ina aonarán / i dtreo na hairde ó thuaidh’.²⁶⁴

Athraíonn an Breathnach ó éan dubh a thiteann ón spéir go ‘colm bán’ a théann in airde. Freagraíonn an claochlú sin d’athbhreith Ixion agus dá thuras ‘ó thuaidh’ go dtí na déithe.

²⁶² Breathnach, “Haiku amháin,” in *Cantaic an Bhalbháin*, 67.

²⁶³ Breathnach, “Seoladh,” in *Cantaic an Bhalbháin*, 1.

²⁶⁴ Breathnach, “An Roth,” 66.

Go deimhin, cuireann siosarnach an ‘sí gaoithe’ néal Hera i gcuimhne dúinn síos trí na rannta deireanacha seo. Is as an gcomhthéacs sin a thuigeann sé cad is file ann agus cad é a dhéanann colm bán as an bpréachán dubh laistigh de.

Coimhlintí Cumhachta in ‘An Roth’

Feictear coimhlint chumhachta idir an bansagart agus an mheirdreach, agus idir an t-ualas agus an t-íseal, sa mhórsheisear seo. Freagraíonn an bhéim sin ar choimhlintí do theideal an chnuasaigh féin (.i. *Croí agus Carraig*), agus do theidil chnuasaigh eile: an ceol agus an tost le hais a chéile in *Cantaic an Bhalbháin*, cuirim i gcás, nó an t-idirghníomhú idir solas agus dorchadas in *Chiaroscuro*. Is cuid den mhuc an t-eireaball, mar a deirtear, agus tá ceangal dosháraithe idir na grúpaí thuas dá bharr. Foilsíonn agus ceileann siad a chéile.

‘Duan beag duit do dheineas / a fhí, as gaoth mhara’:²⁶⁵ An Bansagart agus an Tost

Tá tábhacht ar leith ag baint leis an tost, mar sin, in ‘An Roth’, agus i bhfilíocht an Bhreathnaigh trí chéile. Cad is brí leis an bhfocal sin ‘tost’, áfach? Déantar machnamh air sin sa dán ‘Tost’, cuirim i gcás:

Tharlódh nach raibh ann

ach glór luathmhótair

amuigh ar an mbóthar

a dhein tú a mhúscailt sa liathmhaidin,

²⁶⁵ Breathnach, “Gan Teideal,” in *Cantaic an Bhalbháin*, 7.

ach ab' é sin scuabadh

a sciorta sróil

a d'fhág an doras ag luascadh

soicind nó dhó.

B'fhéidir nach bhfuilir i d'aonar

a ghiolla an uaignis

sa limistéar sin

go ngluonn tú suan air.

Cé léi go bhfuil an clog ag allagar

thíos i gciúnas an halla?²⁶⁶

Déanann 'Tost' ceangal idir an ciúnas agus an t-uaigneas. Is cur síos é ar chroí folamh uaigneach, ar mhothúcháin gan mhíniú agus ar an tsamhlaíocht.²⁶⁷ Déanann pearsa an dáin iarracht na samhlaoidí is ansa leis féin a fheiscint nó a chloisint sa saol. Samhlaíonn sé a ghrá geal. Éisteannt sé le torann an 'sciorta sróil' ag siúl thar an doras. Samhlaíonn sé go gcloiseann sé an sciorta uaireanta ach ní bhíonn an rithim mar an gcéanna. Sa chéad

²⁶⁶ Breathnach, "Tost," in *Cantaic an Bhalbháin*, 46.

²⁶⁷ Cf. Seán Ó Ríordáin, "Adhlacadh mo Mháthar," in *Seán Ó Ríordáin: Na Dánta* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2011), 66-67. An 'siosarnach i síoda an tráthnóna' ag cur le brón agus uaigneas an fhile i ndiaidh chailliúint na máthar.

rann anseo, tá rím idir an dara agus an tríú líne: ‘luathmhótar / ... mbóthar’. Déanann fuaim an ‘ó’ aithris ar fhuaim gluasteáin. Is idir an chéad agus an tríú líne atá an rím, áfach, sa dara rann. Cloistear an doras ag luascadh leis an ngluaiseacht idir an ‘ua’ agus an ‘ó’ sa rann céanna: ‘scuabadh / ... sróil / ... luascadh / ... dhó’.²⁶⁸ Is as an uaigneas a thagann an tost; san am sin gur féidir le duine an clog a chloisint go soiléir ag caitheamh macallaí i gcoinne an bhalla. San am sin nach ionann a radharc inmheánach agus an radharc a chuireann an saol os a chomhair. San am sin a bhraitheann sé ina aonar agus folamh.

Tá leigheas air sin, dar leis an bhfile:

Ach ar chualaís riamh tost

chomh folamh

leis an tost sin líonta

de ghlór ceiliúrtha maidneachain na héanlaithe

is gan ann sa tost ach tusa ag éisteacht?²⁶⁹

Ní hé go scriosann na héin an tost ach go líonann siad é. Líonann filí an tost agus an t-uaigneas trí bheith ag éisteacht leis an dúlra thart orthu agus lena gcuisle féin. Is air sin a labhraíonn an ‘bansagart’:

“Labhraím”, a dúirt sí,

“de réir an leabhair

²⁶⁸ Liomsa an bhéim.

²⁶⁹ Breathnach, “Tost,” in *Cantaic an Bhalbháin*, 46.

nár scríobhadh fós.

Na haitheanta seo nár greanadh

ar chloich, bheirim duit.

Eascraíonn siad as an gcré

scaiptear iad ar an aer,

leatar iad ar an uisce glé,

lasann siad i d'fhéitheacha.

Bí dflis duit féin.

Bí dflis don gcruinne ché.

[“]Labhraím”, a dúirt sí,

“de réir an leabhair

ná scríofar go deo.”²⁷⁰

Tá cosúlachtaí le sonrú idir an plé seo ar chlocha agus cré agus saothar Mháirtín Uí Dhireáin, cé nach bhfuilim cinnte an d’aon ghnó an idirthéacsúlacht sin. Tá na cosúlachtaí sin soiléir sa dán ‘Clochán na Carraige,’ mar shampla, a foilsíodh in *Ó Morna* (1957):

²⁷⁰ Breathnach, “An Roth,” 66-67.

‘Gan chara, compánach, gan éan gualann / Tá an chloch ina tost is ní scéithfidh a rún linn’.²⁷¹

In ‘An Roth’, eascraíonn na haitheanta agus an cheird ar fad ‘as an gcré’, as an áit inar rugadh an file. Tá tábhacht, mar sin, le fearann Chorcaí, áit inar rugadh an Breathnach, agus le traidisiún na Gaeilge. Ritheann siad trína fhuil agus trína fhéitheacha agus déanann siad macallaí as an dúlra thart ar an bhfile.

Tá spioradáltacht éigin ag baint leis an mbansagart. Dar le P.L. Henry, ‘níorbh iad [na filí] a bhí i réim in úireacht an traidisiúin, ach na draoithe’.²⁷² Bhí dlúthbhaint idir na draoithe, na filí agus an dúlra i dtraidisiún na Gaeilge agus b’fhéidir gurb é sin an fáth go seasann an bansagart taobh thiar den fhile in ‘An Roth’. Labhraíonn an bansagart faoi fhocail agus faoi mhacallaí ar foluain san aer is ag sileadh tríd an uisce: gluaiseann siad ‘ar an aer’ is ‘ar an uisce glé’. Ní hé seo an t-aon uair a ghluaiseann an teanga tríd an dúlra. Is léir sin go háirithe i ndánta ar nós ‘Éanlathas’²⁷³ agus ‘Gan Teideal’. Sníomhann an file dán dá ghrá as na dúile thart timpeall air in ‘Gan Teideal’:

Duan beag duit do dheineas

a fhí, as gaoth mhara

is luachra, le cruinneas,

oíche ar bharr faille.

²⁷¹ Máirtín Ó Direáin, “Clochán na Carraige,” in *Máirtín Ó Direáin: Dánta 1939-1979* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1980), 74.

²⁷² P.L. Henry, *Saoithiúlacht na Sean-Ghaeilge: Bunú an Traidisiúin* (Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann, 1978), 40.

²⁷³ Breathnach, “Éanlathas,” in *Cantaic an Bhalbháin*, 4-5.

Dheineas focail

do roinnt ar fhaoileáin

bhána na trá

faoin maidin mhoch.

Leathadar brí m'amhráin

thar eireaball cáite an tsáile.

Tá an tost lárnach arís mar théama in ‘Gan Teideal’. Labhraíonn an file ‘teanga bheag’ a oileáin féin, teanga phríobháideach an ghrá ‘nach dtuigfir go deo’. Ceileann an teanga seo cuid dá bhrí i gcónaí ón mór-roinn agus ón bpobal. Ní féidir ‘teideal’ ná ainm a chur ar an dán mar thoradh.²⁷⁴

Samhail is ea an bansagart do thraidisiún na filíochta in Éirinn, traidisiún atá ar chúl an fhile. Labhraíonn sí faoi na clocha oghaim agus na focail greanta orthu. Labhraíonn sí faoi uirlis agus fuaim na teanga, uirlis atá ar fáil sa dúlra agus uirlis a mbaineann an file ceol aisti. Agus labhraíonn an bansagart faoi na leathanaigh nach féidir le filí a scríobh. Líonann na filí, nó na héin, an tost trí cheol na teanga, ach tá an tost i gcónaí ann. Caithfidh an tost a bheith ann; focail agus tuiscintí sa teanga atá cailte ag a lucht labhartha, léargais nua nach bhfuil teacht orthu go fóill:

Dh’éirigh sí gaoithe

ar mo chlé

a leag bileoga fearna

²⁷⁴ Breathnach, “Gan Teideal,” in *Cantaic an Bhalbháin*, 7.

thar mo bhráid.²⁷⁵

Ní hamháin gurb í an fhearnóg ceann de na crainn is ársa sa tír seo, is minic a fhásann sí ar bhruach abhann chomh maith.²⁷⁶ Oibríonn an fhearnóg le suíomh an dáin dá bharr sin, .i. bruachanna na Laoi. Ba chuid d’aibítear an Oghaim í an fhearnóg chomh maith, mar a mhínigh McManus in *A Guide to Ogam* (1991):

V/F *Fern*: This name is well known in Irish in its primary meaning ‘alder-tree’ and is cognate with Welsh *gwern(en)* ‘alder-tree(s)’. Its Primitive Irish form would have been **wernā*, whence the value /w/ (= V) on the inscriptions. By the Old Irish period /w/ had developed to /f/, whence *Fern* and the manuscript transcription with *f*.²⁷⁷

Maireann na rudaí nár scríobhadh ar na clocha sna crainn seo agus ina bhfréamhacha. Déanann siad siosarnach ar an ngaoth. Déanann an Breathnach tagairt dhíreach dóibh in ‘Seoladh’ *Cantaic an Bhalbháin*:

Tá cuimhne fós i measc aifidí ar ré réamhsheangánach, is ar an saol lasmuigh den chathair ghríobháin. Ailm, Beith, Coll, Dair ag cogarnach ina gcluasa is an Fearn ag cur scéala gréine is sléibhte glasa ón imigéin chucu.²⁷⁸

Téann cuimhne an dúlra níos faide siar ná cuimhní na seangán dar leis an bhfile anseo. Maíonn sé gur ársa í ná cuimhne na ndaoine in Éirinn. Cé go líonann sé na leathanaigh chomh maith agus is féidir leis, tá tost i gcónaí laistiar den fhilíocht: ‘D’fhágadar gan

²⁷⁵ Breathnach, “An Roth,” 67.

²⁷⁶ “Alder: Fearnóg (*Alnus glutinosa*),” Tree Council of Ireland, fuarthas 8 Meitheamh, 2019, <https://treecouncil.ie/project/alder/>.

²⁷⁷ Damian McManus, *A Guide to Ogam* (Cill Dara: An Sagart, 1991), 36. Tá sanas an fhocail **wernā*, a luann McManus thuas, le fáil in Ranko Matasović, *Etymological Dictionary of Proto-Celtic* (Leiden: Koninklijke Brill, 2009), s.v. “*werno-,” 414.

²⁷⁸ Breathnach, “Seoladh,” in *Cantaic an Bhalbháin*, 1.

ghlór sinn'.²⁷⁹ Is sa tost sin a shaothraíonn sé tuiscint níos doimhne air féin. Is sa tost a cheiliúránn an Breathnach an dúlra agus a bhíonn sé 'dílís don gcruinne ché'. Agus is sa tost a fhilleann sé ar a fhréamhacha, ar 'Ailm, Beith, Coll, Dair ... [agus] Fearn'. Caomhnóir an tosta sin is ea an bansagart.

'... sinne a fágadh ar thaobh sráide':²⁸⁰ An Mheirdreach agus Feidhm na Filíochta

Fad is a bhíonn an bansagart ag fáiltiú roimh an tost, áfach, labhraíonn an mheirdreach leis an bhfile. Ní 'ar an bhféar tais glas' a fhéachann an file anseo ach i dtreo na spéire:

Luigh le m'ais

is mé im luí bolg le spéir

ar an bhféar glas tais,

an mheirdreach.²⁸¹

Luíonn an mheirdreach taobh leis mar fheiniméan comhaimseartha san fhilíocht. Tá práinn ag baint léi mar thoradh. Ní tost ach clampar atá ón meirdreach; tá sise ann, dar léi, ar son na ndaoine 'a díshealbhaíodh'. Déanann an Breathnach plé ar chuspóir na filíochta tríd an gcontrárthacht seo idir an bansagart agus an mheirdreach. Cén fáth a scríobhtar filíocht? Cén chúis nó feidhm atá léi? An próiseas inmheánach í a bhaineann leis an duine aonair nó an bhfuil sí ann ar son leas an phobail uilig? Ar cheart don fhile tarraingt ar a thobar pearsanta féin nó arbh fhearr dó triall ar thoibreacha eile?

²⁷⁹ Ibid.

²⁸⁰ Breathnach, "An Roth," 67.

²⁸¹ Ibid.

Is minic a úsáidtear an fhilíocht i gcomhair tráchttaireacht shóisialta nó stairiúil. Scríobhtar an tráchttaireacht shóisialta chun tacú le cás na ngnáthdhaoiné, in Éirinn nó thar lear. Bhí ról poiblí ag an bhfilíocht, ar ndóigh, i dtraidisiún na Gaeilge thar na cianta. Ba san 20ú haois a tháinig an fhilíocht phríobháideach chun cinn den chéad uair agus tá síorchomhrá idir an dhá chur chuige, poiblí agus príobháideach, i ndáta ár linne. I measc na saothar Gaeilge a úsáideann an fhilíocht mar thráchttaireacht shóisialta nó stairiúil, tá ‘Aifreann na Marbh’, caoineadh le hEoghan Ó Tuairisc ar thragóid núicléach Hiroshima. Scríobh Davitt faoi na páistí a maraíodh i mBeirut in ‘Ó Mo Beirt Phailistíneach’ agus faoi dhúnmharú Sophie Toscan du Plantier in ‘Réiteach’. I gcás Louis de Paor, caitheann sé solas in ‘Oileán na Marbh’ ar chás na bpríosúnach a cuireadh ar Oileán Tasmania sa 19ú haois. Cuireadh in uaigheanna gan leacht iad, murab ionann agus an lucht míleata nó baill den arm. Tagann an bhearna aicmeach idir an dá dhream sin chun tosaigh sna leachtanna agus sa chaoi ar leagadh amach an reilig féin:

Bréagnaíonn an scríbhinn ghreanta

méala comónta a mbáis

le cancar an uabhair

nó le ciapadh anama an té

a chuala briathar Dé

ar bhéala daoine

ag fiaradh chinniúint a bhráthar

...

Tá a gcúl leis an ngramaisc

i gcónaí, bruscar an domhain
 a cuireadh thar loch amach
 le go ndíreofaí a nádúr geancach
 go n-umhlófaí a ngéaga stobarnálta.²⁸²

Ní hé nach dtarraingíonn na filí seo ar thobar agus ar thraidisiún na Gaeilge, mar is minic a dhéanann siad sin, ach caitheann siad súil fhairsing ar imeachtaí móra idirnáisiúnta chomh maith. Tugann a ndánta breithiúnas ar chúrsaí domhanda dá réir.

Níl sé de nós ag an mBreathnach a leithéid de dhán a scríobh. Go deimhin, níl ach dornán dánta leis a théann i ngleic le conspóidí idirnáisiúnta agus an chuid is mó acu in *Scáthach*.²⁸³ Cáineann ‘Clocha na haoise seo’ foréigean agus fuildoirteadh sa domhan inniu, cuirim i gcás: ‘ar leor an focal fuilít / mar ainm ar chlocha na haoise seo’?²⁸⁴ Agus tiomnaíonn sé an dán ‘Teifeach’ ‘*do mhná Muslamacha Bhoisnia*’:

tusa ná tuigeann cad is gátar ann
 bhíos ag cuimhneamh ortsa
 is go dtabharfainn chugat mo chreachtaí
 le léiriú duit conas mar a bhí an tráth úd
 nuair do b’fhuaire mar áit é ár ndomhan.²⁸⁵

²⁸² Louis de Paor, “Oileán na Marbh,” in *Ag Greadadh Bas sa Reilig: Clapping in the Cemetery* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 2005), 86-99.

²⁸³ Cf. ‘...an leoithne sa luachair...’ in *Scáthach*, 107-124.

²⁸⁴ Breathnach, “Clocha na haoise seo,” in *Scáthach*, 118-119.

²⁸⁵ Breathnach, “Teifeach,” in *Scáthach*, 123.

San fhilíocht, bíonn sé mar aidhm ag an tráchttaireacht shóisialta cuimhne nó íomhá ar leith a bhuanú sna focail agus ceacht a chur ar fáil don léitheoir. Duine de na híospartaigh a ndearnadh cos ar bolg orthu mar chuid de Chogadh Bhoisnia idir 1992 agus 1995 í an bhean seo. Teifeach neamhchiontach is ea í ina tír féin.²⁸⁶ Sáraíodh a cearta daonna agus rinneadh éigniú uirthi. Agus in ainneoin gur minic a tharlaíonn a leithéid le linn cogaí, tá sé ró-éasca dúinn dearmad a dhéanamh uirthi agus ar a cruachás. Éiríonn le ‘Teifeach’ cuimhne a chothú uirthi i measc lucht léitheoireachta na Gaeilge. Cuireann sé dúshlán romhainn féachaint i gceart ar a bás léanmhar is ar a corp briste ag luí faoi choim na láibe: ‘lá dos na laethanta aoibhinne seo / chífir i mo luí sa láib mé / aithneoir mo cholainn bhriste’.

Is thar ceann cuid de na mná Boisniacha seo agus thar ceann gach aon duine a ndéantar dearmad orthu a labhraíonn an mheirdreach in ‘An Roth’:

“Chuige seo atáim,”

adúirt sí, is a lámh á leagan aici thar mo bhrollach go dána,

“sinne a fágadh ar thaobh sráide,

tá ceart againn ar ár ndínitne,

fiú má cheiltear orainn ár gcearta mothachtála.

Fítear san, leis, trén ngréasán

i gcuimhne na ndaoine ná héireoidh arís as an nduibheagán.”²⁸⁷

²⁸⁶ *Encyclopædia Britannica*, s.v. “Bosnian War,” fuarthas 8 Meitheamh, 2019 <https://www.britannica.com/event/Bosnian-War>.

²⁸⁷ Breathnach, “An Roth,” 67.

Díol suntais go leathnaíonn an tsí gaoithe ‘boinn chopair’ faoi chosa an fhile tar éis don bheirt bhan thuas labhairt, .i. an bansagart agus an mheirdreach.²⁸⁸ Siombail is ea an copar don bhandia Aphrodite in amanna²⁸⁹ agus is minic a luaitear copar leis an bpláinéad Véineas chomh maith.²⁹⁰ Tá lear mór cosúlachtaí idir Aphrodite na Gréige agus Véineas na Róimhe de réir an mhiotais agus ba bhandéithe grá iad beirt. Tarlaíonn coimhlint idir dhá shaghas grá anseo in ‘An Roth’. Ar cheart don fhile eiseamláir na meirdrí a leanúint agus a bheith mar ghuth do dhaoine a mhaireann sa ‘duibheagán’? Nó an teampall nó guí é an dán ina bhfoilsíonn an file mianta a chroí féin?

‘A fhocala liom...’:²⁹¹ An Gaol idir File agus Focail

Tá gaol éigin idir an choimhlint sin agus an iomaíocht a fheictear idir an t-uasal agus an t-íseal:

Tháinig an t-uasal is an t-íseal dem chóirse

is iad ceangailte dá chéile le píosa corda.

“Labhraímid ar ár son fhéin fhéinig faoi seach,”

adúradar d’aonghlór diachrach meirgeach.

²⁸⁸ Ibid., 68.

²⁸⁹ B.C. Dietrich, “Views of Homeric Gods and Religion,” *Numen* 26, uimh. 2 (Mí na Nollag 1979): 133-134, fuarthas 19 Meitheamh, 2019, doi: 10.2307/3269715.

²⁹⁰ William T. Stearn, “The Origin of the Male and Female Symbols of Biology,” *Taxon* 11, uimh. 4 (Bealtaine 1962): 109-113.

²⁹¹ Breathnach, “Gaol,” in *An Fearann Breac*, 41.

“Mise á tharrac siúd im dhiaidh,”

ar an t-uasal is é ciaptha,

“eisean am choimeádsá siar

ar an aistear seo gurb é mo mhian.

“Mise am tharrac i ndiaidh mo chos,”

ar an t-íseal, “de shíor gan sos,

am thabhairt i dtreo gurb é mo lot

de bhrí go bhfuilim thíos is bocht.”²⁹²

Is cur síos cruinn go leor é seo ar choimhlint cumhachta na sochaí seo. Tugann sé léargas soiléir ar na gearáin is minice a bhíonn ag an uasaicme agus an ísealaicme araon, ach bíonn ceangal dohriste eatarthu mar sin féin: ‘iad ceangailte dá chéile le píosa corda’. Ní dóigh liom, áfach, gur ar an tsochaí a dhíríonn an Breathnach anseo. Bíonn coimhlint cumhachta ar siúl idir an file agus na focail a úsáideann sé i gcónaí:

An gaol eadrainn arna chlaochló

ní hé an gaol a bhí ach gaol nua.

Tráth dá raibh, sa bhfearann ina mbíonn sibh,

²⁹² Breathnach, “An Roth,” 68.

bhíos im thiarna talún oraibh

anois is mé an tionónta

ag saothrú bhur gcré daoibh

istoíche 's isló.

Bhíos im mhaor oraibh

is sibh i mbun bhur gceirde

is anois táim im shaor agaibh

ag tógaint ar bhur gcré daoibh

ag leagan cloch ar dhá chloch

is dhá chloch ar chloch

ag ardú timpeall orm

ar bhur dtalamhna

bhur bhfallaí atá daingean docht.

Claochló ar an ngaol a bhí

dreach nua ar ár gcaidreamh fréamhaí,

leanadh sibhse tráth mé sa tslí

mise anois ag leanúint bhur mboinn.

A fhocala liom, a bhí tráth fúm,

tánn sibh anois os mo chionn,

an gaol eadrainn ina chlaonchló

ach is geal liom mar ghaol é, cé nua.²⁹³

Léiríonn ‘Gaol’ an ghluaiseacht shíoraí idir file agus focail, idir uaisle agus ísle. Is beag idir an ‘maor’ agus an ‘saor’ mar fhocail agus is éasca athrú ó cheann go ceann sa dán seo. Tráchtann an Breathnach ar an bhfilíocht mar cheird agus is minic a chuireann sé béim ar an tuiscint sin: ‘is mar chomhcheardaí a dheinim trácht ar shaothair daoine eile’.²⁹⁴ Déanann sé amhlaidh in ‘Gaol’. Samhlaíonn sé an caidreamh eatarthu mar chaidreamh idir tiarna talún agus tionónta, mar chaidreamh bunaithe ar an gcumhacht. In áit ‘píosa corda’, ceanglaíonn a bhfréamhacha le chéile iad agus leanann siad a chéile i rith an tsaoil mar thoradh. Tagann an file ar thuiscint in ‘Gaol’ ar thábhacht na híosaicme. Tá sé mar dhualgas airsean cré nó fearann na teanga a shaothrú agus na síolta inspioráide a chur ann. Caithfidh an file dul ‘i mbun [a cheirde]’ chun teampall nó ‘fallaí’ an dáin a ardú.

Níl an t-achrann céanna idir an file agus na focail in ‘Gaol’ is atá idir an t-uasal agus an t-íseal in ‘An Roth’ ach éiríonn leis mar mheafar ina ainneoin sin. Is léiriú oiriúnach í íomhá an rotha arís ar an gcaoi a n-athraíonn an gaol sin eatarthu, .i. iad ar thaobhanna

²⁹³ Breathnach, “Gaol,” in *An Fearann Breac*, 41.

²⁹⁴ Breathnach, “Ceist, Cé a Dhíolfaidh Dán?,” 344.

éagsúla den spóca céanna.²⁹⁵ Cuireann na coimhlintí seo, coimhlintí a bhaineann leis an ngaol idir teanga agus file, brú as cuimse ar an mBreathnach: ‘chas súbáin theanna / um mo chúig chaol’.²⁹⁶ Cuireann siad srian righin air agus is deacair dó a ghuth féin a aimsiú dá bharr. Treisíonn íomhá an phréacháin ‘lastall don abhainn’²⁹⁷ an streachailt sin, an préachán agus an ‘colm bán’²⁹⁸ ag freagairt do dhá thaobh an anama. Cé hé an file i measc na nguthanna agus na gcontrárthachtaí seo ar fad?

An Naíon agus Cailliúint na Soineantachta

Cuid lárnach de phearsantacht an fhile sin is ea an ‘naíon’. Scrúdaíonn an naíon na cuimhní atá aige agus an tslí a n-athraíonn an tírdhreach thart timpeall air. Seo stair phearsanta an pháiste shoineanta neamhúrchóidigh a mhair laistigh den Bhreathnach tráth:

“Labhraím” arsa an naíon,

“ar son an tsaoil ná beidh ann arís.

An bóthar chun na trá

ná gaibheann éinne síos ann

agus bocaíid is spád

²⁹⁵ Féach Caibidil 4, Roinn 1, lch 99.

²⁹⁶ Breathnach, “An Roth,” 68.

²⁹⁷ Ibid., 68.

²⁹⁸ Ibid., 66.

ina lámha aige,

mar tá an fharraige salach.

An sruthán marbh lán láibe

ná tumann éinne líontán

ar bharr slaite bambú

níos mó ann ar thóir úcairí

mar ná fuilid ar fáil a thuilleadh ann.

An crann ná dreaptar

mar go bhfuil sé róchóngarach

do phiolón cumhachta.

“Labhraím”, arsa an naíon,

“ar son an tsaoil ná chífhead.”²⁹⁹

Feictear íomhá na trá go minic i bhfilíocht an Bhreathnaigh. Uaireanta, bíonn sé ar an trá in aice lena ghrá geal nó ag fanacht léi: in ‘Leat ar an Trá’,³⁰⁰ ‘Aigéan’³⁰¹ nó ‘An Gúna Nua’,³⁰² cuirim i gcás. Uaireanta eile, seasann sé sa ghaineamh ag fanacht leis an inspioráid: in ‘Téim don Tráigh’,³⁰³ mar shampla. Tá galar ar an bhfarraige, áfach, in ‘An

²⁹⁹ Ibid., 69.

³⁰⁰ Breathnach, “Leat ar an Trá,” in *Cantaic an Bhalbháin*, 45.

³⁰¹ Breathnach, “Aigéan,” in *Dánta’ Agus Dánta Eile*, 21.

³⁰² Breathnach, “An Gúna Nua,” in *Tírdhreacha*, 26-27.

³⁰³ Breathnach, “Téim don Tráigh,” in *Chiaroscuro*, 61.

Roth'. Ní fhéadfadh sé siúl go dtí an trá agus an fharraige le 'bocaid agus spád' nó 'le nuta pionsail is bileog bhán' fiú.³⁰⁴ Ní féidir leis a dhánta a thógáil i gceart sa tírdhreach sin toisc nach bhfuil an inspioráid le fáil ann níos mó; toisc nach bhfuil grá ann níos mó chun beocht a chur sa tírdhreach sin. Is ionann an 'naíon' agus an Breathnach sular briseadh a chroí. Ar an gcaoi chéanna, feidhmíonn an naíon mar aircitíopa de neamhurchóid is de shoineantacht na n-óg go ginearálta.

Déanann *Croí agus Carraig* trácht ar thoise neamhurchóideach an fhile chomh maith. Déanann an Breathnach comparáid dhíreach, mar shampla, idir súile a leannáin agus an clár teilifíse *The Muppets*:

Nuair a las do shúile ó chianaibhín

sa díomhaointeas magaidh a bhí ar siúl againn

thugadar chun cuimhne chugam arís

an chéad uair a chonac na *Muppets* daite ar an dteilifís.³⁰⁵

Samhlaíonn sé an grá anseo mar fheiniméan a lasann an saol agus a dhéanann domhan ildaite don tírdhreach timpeall air. Eispéireas úrnua ab ea an grá dó an uair a chas sé leis an mbean seo agus bhí sé ina pháiste arís ag féachaint uirthi. Imíonn an draíocht sin gan mhoill, áfach. Léiriú maith é 'Balbh gan é' ar an bpróiseas sin:

birín dé

deirín beo

plaic na fríde

³⁰⁴ Ibid.

³⁰⁵ Breathnach, "Na *Muppets* Daite," in *Croí agus Carraig*, 15-16.

ón ibheadh ar nathanna

Breathnach ón ngleann mé

Normánach gan teanntás

gur thit an gúl ar an ngal agam

is ná fuil im dhán ach trí ní,

mire báidh agus brí,

ná féidir a aistriú as...

birín beo

deirín marbh

ag dé agus balbh gan é.³⁰⁶

Cluiche ab ea ‘Birín beo, Deirín dé’ a d’imríodh páistí in Éirinn san fhichiú haois agus b’fhéidir ní b’fhaide siar ná sin arís. Lasaidís birín sa tine agus deiridís rím ar leith sula gcuirfidís an birín ar aghaidh. Tá cur síos ar an gcluiche sin le fáil ar shuíomh *dúchas.ie*. Scríobh páiste amháin an cuntas seo a leanas, cuir i gcás:

A person lights the end of a dry stick in the fire. Then four or five stand in a line. The first one says, ‘Biorín beó agus Boirín marb is má fágann an boirín bás idir *mo dá láim* beid an trom trom orm’. He hands it to the next one and he says the same thing.

³⁰⁶ Breathnach, “Balbh gan é,” in *Croí agus Carraig*, 54.

The person whom the boir dies on is stretched on the floor. Something is put over his eyes in order that he could not see anything. Something is put over him then. Who ever that is holding the thing over him says ‘trom trom cad tá os do *cionn*’. If he says the right thing he is allowed to get up but if he does not say the right thing he is made to stay there. When he guesses the right thing he is taken up and everything is taken off him.³⁰⁷

Tá tagairtí eile don chleas seo ar *dúchas.ie* chomh maith (c.f. ‘Seo Mo Bhirín Duit’³⁰⁸ agus ‘Cleas’³⁰⁹) agus feictear go mbíodh difríochtaí beaga idir na focail a chanaidís lena chéile. Luann Nicholas Williams leaganacha éagsúla den rann céanna in *Cniogaide Cnagaide: Rainn traidisiúnta do pháistí* (1988), mar shampla an leagan seo a deirtí i gCúil Aodha, Co. Chorcaí:

Birín beo, birín marbh,

Má fhaigheann mo bhirín beo bás

Idir do dhá láimh,

Bíodh an ‘trom trom’ ort!

Sicín circe ag siúl na moinge

Le coisín bhriste agus beart uirthi.

³⁰⁷ “Birín Beo,” Scoil Ardgroom, The Schools’ Collection, *dúchas.ie*, fuarthas agus tras-scríobhadh 10 Meitheamh, 2019, <https://www.duchas.ie/en/cbes/4811614/4802099/4948452?ChapterID=4811614>. Is liomsa an tras-scríbhinn. Is liomsa na huaschamóga ar fad sa tras-scríbhinn sin agus tá siad ann ar mhaithe le soiléireacht. Cheartaigh mé cúpla botún cló chomh maith agus tá siad sin curtha sa chló iodálach agam.

³⁰⁸ “Seo Mo Bhirín Duit,” Scoil Chill Mac Ciarainn, The Schools’ Collection, *dúchas.ie*, fuarthas 10 Meitheamh, 2019, <https://www.duchas.ie/en/cbes/4742123/4738035/4950230>.

³⁰⁹ “Cleas,” Scoil Ghort Uí Chluana, Beantraí, The Schools’ Collection, *dúchas.ie*, fuarthas 10 Meitheamh, 2019, <https://www.duchas.ie/en/cbes/4921583/4881956/5119196>.

Seo mo bhirín duit.³¹⁰

Luann Williams an leagan seo a deirtí i mBéara, Co. Chorcaí chomh maith:

Birín aigne beo,

Íde bheo an bheara.

Má théann sé in éag

Idir dhá lámh,

Beidh an srathar ort.

Éinín circe

Ag siúl na toinne,

Leathchos bhriste,

Is beart uirthi.

Gach cloch, gach crann,

Gach maide caol cam

Dá bhfuil insa ghleann

A thitim ar do cheann,

Má ligeann tú Dá

A mhúchadh ina bhá,

³¹⁰ Nicholas Williams, *Cniogaide Cnagaide: Rainn traidisiúnta do pháistí* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1988), 146.

Ná a bhascadh sa trá,

Nó go gcuirfir i mo lámhsa arís é.³¹¹

Ní féidir liom lámh a chur ar chuntas a luann na focail ‘deirín dé’, ach dar le Ó Donnail d’úsáidte an frása sa chluiche céanna.³¹²

In *Croí agus Carraig*, múchann an birín i lámha an fhile agus fágtar beart trom air mar thoradh. Is ionann an ‘birín beo’ sa dán seo agus splanc an ghrá. Gan an splanc sin ní fiú a chuid dánta. Ní féidir leis fiúntas a dháin, .i. ‘mire báidh agus brí’, a aistriú go dtí an saol in easnamh an ghrá. Is folamh anois na nathanna ar fad a d’fhoghlaim sé óna thraidisiún is óna ghinealach féin agus is balbhán é dá bharr: ‘deirín marbh / ag dé agus balbh gan é’. Is ionann don fhile a bheith ‘balbh’ agus ‘marbh’ agus treisíonn an rím eatarthu é sin.

Tá macallaí idir teideal an dáin seo, dar ndóigh, agus an seanfhocal ‘marbh ag tae agus marbh gan é’.³¹³ Is léir go mbíonn gortú agus pian ag baint leis an ngrá, go háirithe in *Croí agus Carraig*, ach bíonn an file ag brath ar an ngrá céanna. Tá splanc an ghrá uaidh in ainneoin an chroíbhriste a ghabhann leis. Is le taobh an chumha, mar sin, a léirítear croíbhreid an fhile in ‘Balbh gan é’. Mar fhile balbh, in easnamh an ghrá, ní bheidh sé in ann an focal cuí a chur ar ualach a dhroma. Ní bheidh an freagra ceart ná fírinne an chaidrimh áirithe sin ar eolas aige go deo. Tá an lug tite ar an lag aige i dtaobh cúrsaí grá.

³¹¹ Ibid., 146.

³¹² Niall Ó Donnail, *Foclóir Gaeilge–Béarla* (Baile Átha Cliath: An Gúm, 1977), s.v. “deirín,” 394.

³¹³ Tá samplaí den seanfhocal sin ar fáil ar *dúchas.ie*, chomh maith le leagan malartach de: ‘marbh ag tae agus seacht marbh gan é’. Féach an dá fhoinsé seo, cuirim i gcás: “Seanfhocla,” Cill Mhór Iorruis, The Schools’ Collection, *dúchas.ie*, fuarthas 26 Aibreán, 2020, <https://www.duchas.ie/en/cbes/4428003/4366787/4464834>; nó “Seanfhocail,” Dubh Achadh/Dooagh (B.), The Schools’ Collection, *dúchas.ie*, fuarthas 26 Aibreán, 2020, <https://www.duchas.ie/en/cbes/5235186/5228267/5287956>.

Cailleann an Breathnach soineantacht a óige in ‘Balbh gan é’ agus déanann an ‘naíon’ cur síos meafarach air sin. Tá solas nó splanc an ghrá múchta ann faoin tráth seo. Maireann cuimhne ar an tréimhse shoineanta ildaite, áfach, sa dúlra; bíonn an chuimhne sin le blaiseadh ar ‘leoithne chumhra’ na habhann: ‘... bolaithe na milleanna gabhair / ón dtáthfhéithleann ar an aer...’.³¹⁴ Is cumhracht dhodhearmadta í an óige dar leis an bhfile.

Freagraíonn bás an bhirín d’íomhánna na cailliúna agus an fholúis a shamhlaítear leis an naíon. Athraíonn an tírdhreach agus na radhairc timpeall an fhile. Ní féidir leis a bheith gar don dúlra mar tagann réaltacht na sochaí nua-aimseartha aniar aduaidh air: ‘An crann ná dreaptar / mar go bhfuil sé róchóngarach / do phiolón cumhachta’.³¹⁵ Iompaíonn saoirse ina daoirse: ‘agus go dlúth thar mo choim / do chas slabhra do scotha feoite’.³¹⁶ Cuireann na deacrachtraí seo i dtaobh caidreamh agus soineantachta casadh eile i scéal cruthaitheach an Bhreathnaigh. Conas is féidir le duine a bheith ina fhile nuair a chuireann daoine éagsúla éilimh ort nach féidir a chomhlíonadh? Cad is fiú filíocht a scríobh nuair a mhúchtar lasair an ghrá ionat? Cad is fiú í nuair nach bhfuil aon duine ann a éistfidh leis na focail? Sin an tsáinn ina bhfuil an Breathnach ag an bpointe seo in ‘An Roth’.

‘Múineann gátar ceard’:³¹⁷ An Dobharchú Ildánach agus Ceird na Filíochta

Tá freagraí na gceisteanna sin ar fad ag an dobharchú ‘ildánach’. Ainmí ildánach is ea an dobharchú gur féidir leis maireachtáil san abhainn nó ar talamh. Tugtar an teideal ‘ildánach’ nó ‘samildánach’ ar Lugh, laoch de chuid Thuatha Dé Danann, chomh maith

³¹⁴ Breathnach, “An Roth,” 68.

³¹⁵ Ibid., 69. Díol suime is ea é go n-úsáidtear an focal ‘cumhacht’ anseo, i bhfianaise na ngluaiseachtaí cumhachta a chonacthas cheana idir an bansagart agus an mheirdreach, an t-uasal agus an t-íseal. Féach Caibidil 5, Roinn 1, lgh 117-132.

³¹⁶ Ibid., 69.

³¹⁷ Ibid., 70.

uaireanta. Seo an teideal a thugann Diarmuid Johnson ar Lugh in *Tuatha Dé Danann: Seilbh Inse Fódla*, athinsint ar theacht Thuatha Dé Danann go hÉirinn:

Lugh Lámfhada mac Céin mhic Cáinte – an tIldánach.³¹⁸

‘Samildánach’ a thugtar ar Lugh in *Cath Maige Tuired*:

“Táinic ócláech io ndoras lis,” al sé, “Samilldánach a ainm; 7 na huili dáno arufognot det muntir-si, atát les ule a óenor, conedh fer cecha dánai ule éi.”

“A warrior has come before the court,” he said, “named Samildánach; and all the arts which help your people, he practices them all, so that he is the man of each and every art.”³¹⁹

Bhí ceangal idir Lugh agus an solas chomh maith, ceangal a luann MacKillop in *A Dictionary of Celtic Mythology*. Luann MacKillop nasc a d’fhéadfadh a bheith ann idir Lugh agus na filí chomh maith:

His usual sobriquet, Samildánach [possessing many arts, crafts, trades], also Ildánach, suggests he may also have been a *fili or seer ... Although Lug may originally have been a god of the sun or of light, he was still thought to be historical as late as the 19th century.³²⁰

Tagann an dobharchú i láthair in ‘An Roth’ trí ‘ghaetha luaineacha na gréine’ agus tugtar ‘an t-ildanach’ air. Is deacair gan Lugh a shamhlú leis an dobharchú seo. Lugh, an

³¹⁸ Diarmuid Johnson, *Tuatha Dé Danann: Seilbh Inse Fódla* (Indreabháin: Leabhar Breac, 2018).

³¹⁹ Elizabeth A. Gray, ead., *Cath Maige Tuired: The Second Battle of Mag Tuired* (Cill Dara: Irish Texts Society, 1982), 40-41.

³²⁰ James MacKillop, *A Dictionary of Celtic Mythology* (Oxford: Oxford University Press, 1998), s.v. “Lug Lámfhota,” 270-272.

‘Samildánach’, ag teacht chun comhairle a chur ar an mBreathnach. Labhraíonn ‘an t-ildánach’ seo go húdarásach leis an bhfile:

“Labhraímse”, arsa an t-ildánach,

thar ceann an iomláin acu,

a bhfuil fúm is os mo chionn,

a bhfuil romham is im dhiaidh.

Mar a bheathaíonn an gabha dubh

an gabha geal

Mar a spreagann an doircheacht

an solas

Mar a chothaíonn an oíche

an lá

Múineann gáatar ceard.

Is níl san uile dhán ach teacht tríd.”³²¹

³²¹ Breathnach, “An Roth,” 69-70.

Bíonn obair chrua i gceist le ceird na filíochta. Is as an dorchadas, an dobrón agus an ‘gáatar’ a thagann gach dán, de réir ‘An Roth’. Is iarracht é gach dán ar an bhfolús laistigh a líonadh:

Cad tá

i gcroí an dáin:

folús –

nach foláir a líonadh

cé nach féidir choíche.³²²

Is í an chomhairle a chuireann an t-ildánach ar an mBreathnach in ‘An Roth’ ná go gcaithfidh file an saol a chleachtadh mar cheird; agus gurb as ‘gáatar’ an tsaoil a shaothraíonn file a chuid filíochta. Baineann an fhilíocht go dlúth leis an saol ar an gcaoi sin. Dar leis an ildánach, síolraíonn sí ón bhféith, ó thaithí an fhile féin. Sin an fáth, mar sin, go ndeir an Breathnach nach sa Bhé a chreideann sé, ‘ach sa bhféith’.³²³

Tugann an tuiscint seo sólas agus saoirse don Bhreathnach ó na srianta ar fad a cuireadh air:

is chaith liom cith do lanna miotail

a réab na ceangail ar mo chúig chaol

agus a chloígh mar armúr le mo thaobh.³²⁴

³²² Breathnach, “I gCroí an Dáin,” in *Chiaroscuro*, 57.

³²³ Breathnach, “Tréigthe,” in *Chiaroscuro*, 59.

³²⁴ Breathnach, “An Roth,” 70.

Is í an tuiscint í go sábhálann an saothar filíochta an file agus go gcloíonn sí leis ‘mar armúr’ len é a chosaint. Bhí gearán ag Máirtín Ó Cadhain chomh maith i leith rómánsúlacht leisciúil na scríbhneoirí ar fud an domhain. Bíonn sé de thuairim ag roinnt mhaith scríbhneoirí agus criticeoirí gur bua ar leith é cumas na filíochta, bua a bhronntar ort ar uair do bhreithe, agus nach féidir le duine a bheith ina scríbhneoir gan an bua sin. Creideann na scríbhneoirí sin sa Bhé. Tá neart filí in Éirinn a chreideann sa Bhé, agus is léiriú maith é an suirbhé a rinne Bidy Jenkinson i measc scríbhneoirí nua-aimseartha sa Ghaeilge in 2000 air sin.³²⁵ Cheistigh an Cadhanach an creideamh sin go fíochmhar in *‘Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca’*, léacht cháiliúil a thug sé ag Scoil Merriman i 1969:

Tá smaoine rómánsúil ann agus ní ag an bpobal amháin atá sé, gur scríbhneoir ó bhroinn é chuile scríbhneoir ... Ní thagann duine ar bith in a scríbhneoir ón mbroinn mar tháinig Pallas Athene lán-armtha as cloigeann Zeus. Is í oilithreach do shaoil uilig, an t-aistear is faide sa domhan mar thug fear eile air, an síorfheabhasú agus an síorfhoirbhiú seo. Tá mé cinnte an lá a n-éireo scríbhneoir sásta len a shaothar, nó a gcreidfe sé nach féidir níos mó feabhais a chur air, gurb shin é a lá léin.³²⁶

Tugann an fhilíocht dúshlán don fhile agus d’aon duine ar mhaith leis a bheith ina fhile, dar leis an sliocht sin. Ní hann don scríbhneoir ‘ón mbroinn’. Turas is ea an fhilíocht trí thírdhreach na teanga, turas a éilíonn a chuid ón oilithreach. Fós féin, áfach, cáineann Ó Cadhain na filí comhaimseartha as a bheith ag cur dallamullóg orthu féin; as fanacht leis an splanc inspioráide ó na Flaithis gan an urraim chuí a thabhairt don saothar. In ‘An

³²⁵ Bidy Jenkinson, “Nuafhilíocht na Gaeilge i dtreo na Mílaoise,” *Feasta* (Eanáir 2000): 10–13 agus *Feasta* (Feabhra 2000): 9–12.

³²⁶ Máirtín Ó Cadhain, *‘Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca’* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1969), 34–35.

Roth', is 'rúnach' í an teanga, dar leis an mBreathnach, ach ní bhronnann sí eolas ar an bhfile, ná ar 'an *mbard(án)*',³²⁷ as a stuaim féin. Téann an file ar aistear sa cheo, gan léarscáil ar bith aige. Níl aige mar threoir ach 'lampa róis' an ghrá agus 'sruth' abhainn na Laoi:

“Canaim aniar anoir,

rúnach, dúnéaltach”,

a dúirt an bard,

“is bogann mo chuid focal dána

aneas aduaidh ar chnoic cheoigh

gurb airde a n-ísleáin is gurb ísle a n-ardáin

ná sruth ar fideán is ná imléire lampa róis.

Iarann im béal,

roth im rosc,

cloch ar m'ucht

is éasc im chroí.”

Dh'éirigh sí gaoithe

³²⁷ Breathnach, “An Roth,” 70. Liomsa an bhéim.

ar mo chlé

a leath brat do chleití

breaca is bána

thar mo shlinneáinse.³²⁸

Sna rannta seo, déantar comparáid idir an teanga agus ‘cnoc ceoigh’. Is é ‘lampa róis’ an ghrá a chaitheann gathanna solais trí na scamail sin. Féachann an file ‘aniar anoir’ ar an traidisiún is ar an todhchaí agus é sa tóir ar shoiléireacht agus ar thuiscint. Tá sé mar mhallacht air, áfach, nach féidir leis éalú as an gceo go hiomlán riamh.

Conclúid

Gineadh ‘An Roth’ as an mbriseadh croí. Nuair a shíl an file go raibh gach rud soiléir sa saol, go raibh ‘[solas] leachtach na gréine / ag gabháil tréas gach aon ní’,³²⁹ thit an saol sa dorchadas gan choinne. D’imigh a thuiscint le sruth. Aithníonn sé a dhaonnacht féin faoi dheireadh a aistir fhada, aistear a rinne iniúchadh ar a fhréamhacha ar fad agus a chuir béim ar ghiorracht an tsaoil. Tá sólás le fáil i bhfocail Uí Chadhain, mar thoradh:

... is fearr an snámh in aghaidh sruth, an charáocht leis an saol, ná an bogás, ná chuile shórt a fháil ar sheol na braiche. D’uireasa coinbhliocht, d’uireasa aighneas an scríbhneoir in a dhá leith leis féin, ní saothar, ní saothar beo ar aon nós a *apologia sua vita* ... Ba mhaith liom an inscríbhinn atá i dTeampall Óráin in Í

³²⁸ Ibid., 70.

³²⁹ Ibid., 62.

Cholmchille ar uaigh Mhargery Kennedy Fraser ... a chreidiúint: ‘Falbhaidh an saol ach mairidh gaol agus ceol’: imeo an saol ach mairfe grá agus filíocht...³³⁰

Imeoidh an saol le sruth an ama, dar le Ó Cadhain. Bíonn lúba sa saol, dar leis, díreach mar a lúbann an abhainn. Ach taispeánann Colm Breathnach gurb iad na caidrimh a chothaítear le daoine eile agus leis an nádúr a thabharfaidh brí don saol sin. Saol folamh a bheadh ann in easnamh an ghrá sin. Ceiliúrann na dánta seo an grá agus déanann siad ceol di. Tugann an grá beocht don traidisiún fad is a chaomhnaíonn an traidisiún an grá. Tagann an Breathnach trína ghéarchéim féin in ‘An Roth’ agus caomhnaíonn sé cuimhne ar an gcaidreamh a chaill sé ar an bpár. Is é an dúshlán a chuireann sé roimhe féin agus roimh a cheird, áfach, a dhéanann ‘an mé is mise’ de.³³¹ Seo teacht i láthair an fhile agus a fhealsúnachta. Is léiriú den scoth é ‘An Roth’ ar shaothar uilig an Bhreathnaigh dá bharr.

³³⁰ Ó Cadhain, *Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca*, 40-41.

³³¹ Breathnach, “An Roth,” 71.

Roinn 1: Conclúid

Rinneadh anailís sa Roinn seo, mar sin, ar na príomhthéamaí a thagann anuas i saothar Choilm Bhreathnaigh, ag déanamh mionphlé ar a luathshaothar. Pléadh bunús na bhfréamhacha sin sa Réamhrá agus i gCaibidil a hAon.

Mar chuid den Réamhrá, rinneadh comparáid idir Colm Breathnach agus Seán Ó Ríordáin. Scrúdaíodh an gaol a léirigh an bheirt Chorcaíoch leis an nGaeilge go mion. Mar aon leis sin, rinneadh cur síos ar an traidisiún filíochta is litríochta as ar eascair Colm Breathnach féin.

I gCaibidil a hAon, rinneadh cur síos ar ‘An Roth’, dán fada in *Croí agus Carraig* (1995). Úsáideadh an dán sin chun struchtúr a thabhairt do Roinn a hAon. Rinneadh mionphlé ar scéal Ixion ó mhiotaseolaíocht na Gréige agus ar an gcúlra a thugann sé do ‘An Roth’. Pléadh oscailt an dáin chomh maith, ag déanamh tagairt dá bhfuil le rá ag Susan Sontag faoi nádír an ghrianghraif.

I gCaibidil a Dó, díriodh ar mhórsheisear na n-aithreacha agus na máithreacha in ‘An Roth’. Tugadh léargas ar thábhacht an teaghlaigh don fhile agus ar an tslí a stiúran an teaghlach na dánta a scríobhann sé. Tháinig caoineadh an athar i dtreis agus muid ag plé *An Fear Marbh* (1998) agus scrúdaíodh na cineálacha difriúla caointe atá le feiscint ann. Bhí coincheap an *lieu de mémoire* lárnach don phlé sin. Rinneadh iniúchadh ar chaoineadh na máthar chomh maith, agus cuireadh béim ar thábhacht na dtuismitheoirí, Seán agus Eithne Breathnach, san fhilíocht seo.

Is iad mórsheisear na maighdean agus mórsheisear na macaomh ábhar Chaibidil a Trí. Rinneadh anailís ar an mórmháthair sa chaibidil seo, aircitíopa de chuid na síce agus na cuimhne comhchoitinne. Pléadh roinnt dánta ón gnuasach *Scáthach* (1994) mar chuid

den anailís sin. Chomh maith leis sin, tugadh suntas do na cosúlachtaí idir an macaomh agus Colm Breathnach féin agus scrúdaíodh an gaol idir an macaomh agus an mhórmháthair i saothar filíochta an Bhreathnaigh.

Pléadh an ról lárnach a imríonn an t-am agus an grá ina shaothar i gCaibidil a Ceathair. Scrúdaíodh mórsheisear na leannán agus mórsheisear na seanóirí mar chuid de sin. Rinneadh anailís ar thuiscintí éagsúla ar an ngrá sa chaibidil seo, mar aon leis an tionchar a bhí ag an mbriseadh croí ar an bhfile. Os a choinne sin, rinneadh plé ar an am trí íomhá an mhuilinn, leis an roth agus an abhainn ag feidhmiú le taobh a chéile laistigh den phróiseas ealaíne. Pléadh an teannas idir an t-am stairiúil agus an t-am miotasach san fhilíocht, chomh maith le próiseas an dearmaid a bhíonn le sonrú in *Croí agus Carraig*.

Ba é mórsheisear deireanach ‘An Roth’ bunús na caibidle deireanaí anseo. Scrúdaigh Caibidil a Cúig feidhm na filíochta i dtosach, ag plé tost spioradálta an Bhansagairt le taobh clampar na Meirdrí agus an tráchttaireacht shóisialta. Pléadh an uaisleacht agus an ísleacht sa chaidreamh idir file agus focail, ag cur béim ar shaothrú an talaimh mar mheafar don fhilíocht. Rinneadh scrúdú ar meafar an naín chomh maith, ag déanamh anailís ar mheath na soineantachta agus truailliú na gcuimhní. Ar deireadh, rinneadh iniúchadh ar cheist na teanga agus ar theacht i láthair an fhile.

Tagann ceist sin na teanga chun cinn go minic i bhfilíocht an Bhreathnaigh. Is ar an gceist sin ba mhaith liom díriú sa chuid eile den tráchtas seo, mar thoradh.

Roinn 2: ‘Níl san iomlán ach íomhá’:³³² An File sa Saothar Ealaíne

Réamhrá

Leagan Amach na Roinne

Déantar comparáid sa chuid eile den tráchtas seo idir *Chiaroscuro* (2006) agus *Scáthach* (1994). Cuirim féin an-suim sa chaidreamh a bhíonn ag filí leis an teanga, nó sa dearcadh a bhíonn ag filí i leith na teanga sin. Tá an-chuid le rá ag an dá chnuasach thuasluaite faoin ngaol a shamhlaíonn Colm Breathnach féin idir é agus an teanga. Tá sé luachmhar iad a mheas le taobh a chéile dá bharr sin.

Cuirtear tús leis an bplé sin anseo i Roinn a Dó. Is iad íomhá an fhíona agus radharc na súl príomhábhair na Roinne seo, Roinn a dhíreoidh ar an séú cnuasach filíochta ó pheann an Bhreathnaigh: *Chiaroscuro*. Roinneann an file an cnuasach seo i gceithre shraith éagsúla: sin iad ‘*Geal*’, ‘*Dorcha*’, ‘*Gealdorcha*’ agus ‘*Pentimenti*’. Ar mhaithe le soiléireacht, cuirtear teidil na sraitheanna sin sa chló iodálach le huascamóga timpeall orthu sa tráchtas seo, ionas gur féidir idirdhealú éasca a dhéanamh idir iad agus teidil dhánta is leabhar araon. Tá Roinn a Dó arna roinnt ina trí chaibidil.

Sa Réamhrá, pléitear traidisiún filíochta na Gaeilge agus an chaoi a dtarraingíonn Colm Breathnach ar an traidisiún sin in *Chiaroscuro*. Labhraítear faoi shanas an fhocail ‘chiaroscuro’ mar chuid de sin, agus faoi aireachtáil an duine, nó an fhile, i dtraidisiún liteartha na nGael. Faoi deireadh, déantar iniúchadh ar an bhfísiúlacht i bhfilíocht an Bhreathnaigh, ag déanamh mionphlé ar an dán ‘Teacht an Fhómhair’.

³³² Breathnach, “Ar ‘Gabháil Chríost’ le Caravaggio i nDánlann Náisiúnta na hÉireann,” in *Chiaroscuro*, 52-54.

Is ar shiombail an fhíona a ndírítear i gCaibidil a hAon. Déantar scrúdú ar an tslí a bhforbraítear an tsiombail sin in *Chiaroscuro*, ag déanamh anailíse go príomha ar an gcéad agus an tríú sraith den chnuasach: ‘*Geal*’ agus ‘*Gealdorcha*’. Pléitear tuairimí de chuid an fhealsaimh Martin Heidegger sa chaibidil seo chomh maith. Tugann tuairimí Heidegger léargas ar leith ar roinnt de na siombailí a úsáideann an Breathnach in *Chiaroscuro*, dar liomsa, go háirithe siombail na coille agus siombail an teampaill Ghréagaigh. Labhraítear faoin léargas sin ag deireadh na caibidle seo.

I gCaibidil a Dó, déantar anailís níos leithne ar an tsúil agus ar an ngluaiseacht idir an solas agus an dorchadas in *Chiaroscuro*. Labhraítear faoi bheith ag féachaint siar agus déantar iniúchadh ar an gceangal idir Colm Breathnach agus lucht *Innti*. Beidh tionchar Micheal Davitt ar an bhfile lárnach don phlé sin. Déantar plé chomh maith ar an aireachtáil dhaonna in athuair, ag déanamh iniúchadh ar shúil an tsaothair ealaíne mar a nochtar í in *Chiaroscuro*.

Scrúdaítear an gaol idir an file, an léitheoir agus an saothar ealaíne i gCaibidil a Trí. Déantar mionanailís chomh maith ar dhá shaothar *ekphrastic* a tharraingíonn ar shaothair de chuid Caravaggio. Pléitear an gaol sin idir péintéireacht Caravaggio agus *Chiaroscuro* an Bhreathnaigh, agus beidh siombail an Teampaill Ghréagaigh lár don phlé sin. Faoi dheireadh, déantar iniúchadh ar ‘*Pentimenti*’, an tsraith dheireanach dánta in *Chiaroscuro*. Déantar plé ar phróiseas na scríbhneoireachta, ar an nasc idir an Ghaeilge agus lucht a scríofa agus ar an duibheagán san fhilíocht mar chuid den iniúchadh sin.

Réamhrá: Siombail na Súile agus Traidisiún Filíochta na nGael

Tugtar tús áite don íomhá i bhfilíocht an Bhreathnaigh agus, dá bhrí sin, do shiombail na súile. Tagann an tsúil sin chun cinn go láidir in *Chiaroscuro*. I Réamhrá na Roinne seo,

déantar anailís ar theidil an chnuasaigh féin agus ar shiombail na súile i dtraidisiún na filíochta Gaeilge.

Téarma ealaíne is ea ‘chiaroscuro’, ón Iodáilis, a dhéanann cur síos ar ghluaiseacht an tsolais agus an dorchadais laistigh de shaothar ealaíne.³³³ Tháinig sé chun cinn san Eoraip ag deireadh an cúigiú haois déag le saothair Da Vinci. Tháinig borradh úr faoi i rith na ré barócaí sa seachtú haois déag, tréimhse inar tháinig Caravaggio agus a lucht leanúna ar an bhfód. Tá ról lárnach ag an solas agus an dorchadas, ag an ‘chiaro’ agus an ‘oscuro’, in aireachtáil an duine agus sa tslí a bhfeiceann duine an domhan timpeall air. Bíonn cuid den domhan i gcónaí faoi scáth is faoi cheilt.³³⁴

Bhí aireachtáil an duine tábhachtach i dtraidisiún filíochta na Gaeilge chomh maith. Tá sé luaite ag Dáithí Ó hÓgáin go síolraíonn an focal ‘file’ ó ‘*fil*’ na Sean-Ghaeilge, briathar a chiallaíonn ‘féach’.³³⁵ Tá cuntas ar fáil ar an tsanasaíocht sin san *Etymological Dictionary of Proto-Celtic*:

The semantic development of OIr. *fil* was from ‘lo, behold’ (Impv. of *wel-o- ‘see’) to ‘there is’. OIr. *file* [d m] ‘poet’ is a derivative from this root ... The original meaning was ‘seer’, PCelt. *wel-et.³³⁶

Síolraíonn *file* na Sean-Ghaeilge ón bhfocal **wel-et* sa Phrótó-Cheiltis, focal a chiallaíonn ‘file’ nó ‘fáidh’. B’ionann na filí agus na draoithe agus nasc láidir acu leis an alltar; bhí an dá ghrúpa in ann rudaí a fheiscint a bhí doiléir nó faoi cheilt ar an

³³³ Is focal Iodáilise é ‘Chiaroscuro’ a thagann as na focail ‘chiaro’ (geal) agus ‘(o)sкуро’ (dorcha).

³³⁴ Edward Lucie-Smith, *The Thames and Hudson Dictionary of Art Terms* (London: Thames and Hudson, 1984), s.v. “Chiaroscuro,” 48.

³³⁵ Dáithí Ó hÓgáin, *An File: Staidéar ar Osnádúrthacht na Filíochta sa Traidisiún Gaelach* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1982), 15.

³³⁶ Ranko Matasović, *Etymological Dictionary of Proto-Celtic*. (Leiden: Koninklijke Brill NV, 2009), s.v. “*wel-o-,” 412. Tacaíonn foinsí eile leis an tsanasaíocht sin, ina measc *Dictionnaire de la Langue Gauloise* (Delamarre, 2003) agus *Saoithiúlacht na Gaeilge* (Henry, 1976).

ngnáthphobal. Dúirt an pobal go raibh súil eile ag na filí agus na draoithe; go bhfuair siad bua na tuisceana agus na tairngreachta ó thobar, nó ó fhoirse dhraíochtúil, lasmuigh den chorp.³³⁷ Tarraingíonn an Breathnach ar an traidisiún sin in *Chiaroscuro* agus déanann sé a chuid féin de. Labhraíonn sé faoi shúil an tsaothair ealaíne agus tugann sé le tuiscint go bhfeictear an domhan ar shlí ar leith trí mheán na filíochta. Tarraingíonn sé aird ar cheist na Bé sa traidisiún Gaelach chomh maith, áfach, agus é ag caint faoin áit as a dtagann súil sin an tsaothair: ‘Ní sa Bhé a chreidim ach sa bhféith’.³³⁸

Téann coincheap na Bé siar go miotaseolaíocht na Gréige. Bhí na naoi mBé, iníonacha Zeus agus Mnemosyne, i gceannas ar na healaíona agus na heolaíochtaí. Bandéithe ab ea iad a bhronn inspioráid ar an ealaíontóir. Is minic a bhíonn siad le feiscint san ealaín ó shin agus siombalachas láidir ag baint leo.³³⁹ Ar ndóigh, impíonn filí ar na Béithe ar bhonn rialta chomh maith; sin a dhéanann Homer agus John Milton, cuirim i gcás, san *Odaisé* agus in *Paradise Lost* faoi seach:

Eachtraigh, a Bhé bhinn, domsa ar an bhfear iltréitheach a thaistil

Mórán mór ar an bhfán tar éis Traí chló-naofa do léirscrios...³⁴⁰

Sing Heav'nly Muse, that on the secret top

Of Oreb, or of Sinai, didst inspire

³³⁷ Dáithí Ó hÓgáin, *An File: Staidéar ar Osnádúrthacht na Filíochta sa Traidisiún Gaelach* (Baile Átha Cliath: An Gúm, 1982), 15.

³³⁸ Colm Breathnach, “Tréigthe,” in *Chiaroscuro*, 59.

³³⁹ *Encyclopædia Britannica*, s.v. “Muse: Greek Mythology,” fuarthas 21 Lúnasa, 2019, <https://www.britannica.com/topic/Muse-Greek-mythology>.

³⁴⁰ An Monsignor Pádraig de Brún, aist., *An Odaisé*, eag. Ciarán Ó Coigligh (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1990), 1.

That shepherd, who first taught the chosen seed,

In the beginning how the heav'ns and earth

Rose out of chaos...³⁴¹

Díol suime gur chabhraigh an Breathnach féin leis an Odaisé a aistriú go Gaeilge fad is a bhí sé ar an gCoiste Téarmaíochta.³⁴² Taispeánann dánta ar nós an *Odaisé* go raibh gaol idir an t-ealaíontóir agus an Bhé ón seachtú haois roimh Chríost ar a laghad.³⁴³

Tá sé tábhachtach a lua anseo go raibh an dá rud ann sa traidisiún Gaelach. Ar thaobh amháin, ba bhua osnádúrtha, alltarach í an fhilíocht seo. Ar an taobh eile, áfach, bhí sé de nós ag muintir na Gaeilge an briathar ‘déan’ a úsáid agus iad ag labhairt faoin bhfilíocht: a bheith *ag déanamh* na filíochta.³⁴⁴ Tá anailís chuimsitheach déanta ag Dáithí Ó hÓgáin ar an gcoimhlint sin in *An File*, cuir i gcás:

Is ar éigean is gá a rá go mbeadh trasnaíl i gceist idir an fhilíocht mar bhua spontáineach agus an fhilíocht mar cheird ... Tá an choimhlint idir an dá dhearcadh le brath go soiléir ar an traidisiún Gaelach, leis, agus is léir gur ar an mbonn céanna tríd is tríd a dhéanadh na Gaeil an fhadhb a réiteach. *Cia dé delbas faebru* a dúirt Aimhirgin i dtús ré na sibhialtacht Gaelaí de réir an *Lebor Gabála*, á chur in iúl go raibh na gaibhne agus na filí in-chomhshamhlaithe le déithe.³⁴⁵

³⁴¹ John Milton, *Paradise Lost*, eag. Scott Elledge, an 2ú heagrán (Nua Eabhrac/Londain: W.W. Norton & Company, 1993), 8.

³⁴² Ciarán Ó Coigligh, “Réamhrá,” in *An Odaisé*, xix.

³⁴³ Deir scoláirí gur scríobhadh an *Odaisé* am éigin idir 675-725 BC. Féach *Encyclopædia Britannica*, s.v. “Odyssey: Epic by Homer,” fuarthas 7 Bealtaine, 2020, <https://www.britannica.com/topic/Odyssey-epic-by-Homer>.

³⁴⁴ Niall Ó Dónaill, *Foclóir Gaeilge–Béarla* (Baile Átha Cliath: An Gúm, 1977), s.v. “filíocht,” 543.

³⁴⁵ Ó hÓgáin, *An File*, 32.

Ach is as an ‘allas’, nó an síorchleachtadh amháin, a thagann an fhilíocht, dar leis an mBreathnach, agus ní as foinsí seachtracha. Díríonn sé ar an gceardaíocht agus ar a bheith ag déanamh filíochta thar aon rud eile. Is bréagíomhá é an file mar laoch nó mar neach atá i dteagmháil leis an saol osnádúrtha i saothar an Bhreathnaigh mar thoradh. Labhraítear faoi radharc na súl, mar sin, agus faoin aireachtáil i gcomhthéacs daonna anseo.

‘Teacht an Fhómhair’ agus Físiúlacht na Filíochta

Tá an-tuiscint ag Colm Breathnach ar chumhacht na súile san fhilíocht. Cuireann físiúlacht a chuid dánta béim air sin agus bíonn ról lárnach ag an dúlra, ag an gcomhluadar, agus ag na dathanna ina shaothar. Feictear sin in *Chiaroscuro* (2006), cnuasach físiúil a imríonn go liteartha leis an gcodarsnacht idir an solas agus an dorchadas. Ní haon ionadh, mar sin, go bhfuil bá aige leis na hamharc-ealaíona agus le saothar Caravaggio, mar a phléifear ar ball.³⁴⁶ Is iomaí sampla atá ann de chumas físiúil an Bhreathnaigh, ina measc ‘Teacht an Fhómhair’, dán eispriseanaíoch faoi thionchar na hiománaíochta ar Chontae Chorcaí:

Teacht an fhómhair

³⁴⁶ Tá dhá dhán scríofa ag Colm in *Chiaroscuro* a dhíríonn ar shaothair ar leith de chuid Michelangelo Merisi da Caravaggio; sin iad “Ar ‘Dícheannadh Eoin Baiste’ le Caravaggio” (50-51) agus ‘Ar “Gabháil Chríost” le Caravaggio i nDánlann Náisiúnta na hÉireann’ (52-54). Rinne Caravaggio ‘Gabháil Chríost’ (nó ‘The Taking of Christ’) do Marquis Ciriaco Mattei i 1602. Thángthas arís air i dTeach na nÍosánach, Sráid Líosain, Baile Átha Cliath i 1987 agus tá sé ar taispeáint anois sa Dánlann Náisiúnta. (Féach: “The Taking of Christ by Michelangelo Merisi da Caravaggio,” *National Gallery of Ireland*, fuarthas 19 Meán Fómhair, 2018, <https://www.nationalgallery.ie/taking-christ-michelangelo-merisi-da-caravaggio>). Rinne sé ‘Dícheannadh Eoin Baiste’ (nó ‘The Beheading of St. John the Baptist’) i Málta i gcaitheamh na bliana 1608 agus é mar bhall d’Ord Ridirí Spidiléara Naomh Eoin Iarúsailéim (Féach: “Michelangelo Merisi da Caravaggio (1571 – 1610),” *St. John’s Co-Cathedral and Museum*, fuarthas 19 Meán Fómhair, 2018, <https://www.stjohnscocathedral.com/caravaggio/>).

fós ar an bhfód

ar a ghlúine do

ag baint scóir

an Corcránach

ár mbuachaill beo

go deo na ndeor

áthais.³⁴⁷

Díríonn an saothar eispriseanachais go príomha ar ábhar an phictiúir phéinteáilte, seachas ar an gcúlra taobh thiar dó. Anuas air sin, bíonn aircitíopa siombalach i gceist in áit carachtar forbartha ar leith. Seo an chaoi a gcuireann J.A. Cuddon síos ar an eispriseanachas in *The Penguin Dictionary of Literary Terms & Literary Theory*:

The term ... refers to a movement in Germany very early in the 20th c. (c.1905) in which a number of painters sought to avoid the representation of external reality and, instead, to project themselves and a highly personal vision of the world ... expression determines form, and therefore imagery, punctuation, syntax, and so forth ... [It] aimed to show inner psychological realities.³⁴⁸

In ‘Teacht an Fhómhair’, taispeánann an Breathnach íomhá d’fhear ‘ar an bhfód / ar a ghlúine’ agus é ag aimsiú cúilín dá fhoireann. Feidhmíonn ‘an fómhar’ mar chúlra

³⁴⁷ Breathnach, “Teacht an Fhómhair,” in *Chiaroscuro*, 9.

³⁴⁸ *The Penguin Dictionary of Literary Terms & Literary Theory*, 4^ú heagrán (Londain, Sasana: Penguin Books, 1999), s.v. “expressionism,” 296-298.

bunúsach taobh thiar den imreoir; ach cé gurb é an t-imreoir príomhphearsa an dáin seo, ní thugtar mórán eolais dúinn faoi.

Deirtear go bhfuil nasc suntasach ann idir an fhilíocht agus an iománaíocht, go háirithe don té a bhíonn ag saothrú sa dá réimse sin. Bhí an méid seo le rá ag Liam Ó Muirthile, cuirim i gcás, agus é ag cur síos ar eispéireas lucht féachana na hiomána:

Murab ionann agus gníomh aonair na filíochta, a chuireann rithim le brí ... tugann cluiche foirne na hiomána brí do rithim. Fós féin, tá gnéithe den iomáint lán amach de shaghsanna difriúla filíochta, ón liric go dtí an eipic. An sealbhú aonair ón aer, an diúracadh glan ón talamh, na gothaí rinceora *tango*, an greamú boise, an luascadh cromán, an searradh áirithe sin sna guaillí arb é séala na hiomána é, an intlíocht – gintlíocht – agus an instinniúlacht, an gliceas agus an chroíúlacht, an sárú cumais aonair, an mianach sa chluiche féin a chuireann ar chumas imreora a bheith os cionn a chumais, é féin a shárú. É sin ar fad, agus gan faic ráite fós i dtaobh na hiomána. Ach ar nós dáin, ní gá an t-iomlán a thuiscint mar aonad, ach focail nó líne nó gan faic a thabhairt leat ach mothú áirithe.³⁴⁹

Cruthaíonn an iománaíocht a scéal agus a healaín féin ar an bpáirc imeartha. Téann an lucht féachana i ngleic leis na heachtraí os a chomhair ar an tslí chéanna is a théann léitheoirí i ngleic le dánta nó éisteoirí le ceol. Turais mhothúchána is ea an fhilíocht agus an spórt araon agus tugann Ó Muirthile agus an Breathnach a cheart dó sin.

Is meascán é ‘Teacht an Fhómhair’ de dhá nóiméad éagsúla a tharla ar pháirc na hiománaíochta in 2004. Thit an chéad cheann acu amach i rith chluiche leathcheannais na Mumhan sa bhliain sin. Ba é an cluiche inar tháinig Brian Ó Corcráin thar n-ais don

³⁴⁹ Liam Ó Muirthile, “Brí agus rithim,” in *Rogha Alt: An Peann Coitianta (1989-2003)* (Baile Átha Cliath: Cois Life, 2014), 85.

iománaíocht trí bliana i ndiaidh dó éirí as. Níor thosaigh sé an lá sin, ach nuair a tháinig sé isteach bhí tionchar láithreach aige ar an gcluiche. Rug sé ar an sliotar agus chuir sé thar an trasnán é is é ar a ghlúin. Thug sé misneach do lucht leanúna Chorcaí agus é ‘ag baint [an] scóir’ sin.³⁵⁰ Tháinig lá fómhair an chontae cúpla mí ní ba dhéanaí nuair a bhuaigh Corcaigh Cluiche Ceannais na hÉireann den chéad uair ó 1999. Ba ar an lá sin, Domhnach i lár an ‘fhómhair’,³⁵¹ a thit an dara heachtra amach. Fuair Ó Corcráin an pointe deireanach sa chluiche sin agus rinne sé laoch de féin i súile na gCorcaíoch, mar a chuir láithreoir teilifíse RTE in iúl ag an am.³⁵²

Péinteálann an Breathnach íomhá eispriseanaíoch, atá bunaithe ar scéal Uí Chorcráin, lena pheann. Tá an íomhá sin lán le bríonna contrártha. Is léir sin leis an nath cainte ‘teacht an fhómhair’, cuirim i gcás: bhí Brian tar éis éacht eile a bhaint amach ar fhód na hiománaíochta in 2004 ach, ag an am céanna, bhí sé ag teacht chun deireadh a ré imeartha. Baineann sé an fómhar sula n-imíonn sé den pháirc den uair dheireanach. Chomh maith leis sin, is suimiúil go bhfuil macallaí an fhocail ‘Corcaigh’ le fáil in ‘Corcránach’. Caithfidh go raibh tionchar aige sin ar chinneadh an fhile sloinne an iománaí a úsáid in áit a chéad ainm. Glacann an dán seo íomhá gan choinne de Bhrian Ó Corcráin sa chaoi is nach ndéanfar dearmad air ná ar bhuaicphointí na bliana sin ‘go deo na ndeor / áthais’ i measc mhuintir Chorcaí. Tugann sé dán clúiteach Sheáin Chláraigh Mhic Dhomhnaill chun cuimhne:

Bímse buan ar buairt gach ló,

³⁵⁰ Breathnach, “Teacht an Fhómhair,” in *Chiaroscuro*, 9.

³⁵¹ Ibid.

³⁵² “Laochra Gael S10 E7,” físeán YouTube, clár ar Bhrian Ó Corcráin a craoladh ar TG4 in 2010 mar chuid den tsraith *Laochra Gael*, fuarthas 23 Eanáir, 2017, http://www.youtube.com/watch?v=_liw8N-o2PE (níl an físeán seo ar líne a thuilleadh mar gheall ar shárú cóipchirt).

Ag caoi go crua 's ag tuar na ndeor,

Mar scaoileadh uainn an buachaill beo,

Is ná ríomhtar tuairisc uaidh, mo bhrón.³⁵³

an Corcránach

ár mbuachaill beo

go deo na ndeor.³⁵⁴

Is laoch nó Caesar é Ó Corcráin do na Corcaígh, é imithe ón iomáint anois go deo na ndeor.

Díol suntais go scarann an Breathnach an focal deireanach in ‘Teacht an Fhómhair’, ‘áthais’, ón gcuid eile den téacs. Tá tionchar ag an bhfocal sin ar an gcaoi a léitear an rann roimhe. Baineann an t-áthas sa chomhthéacs seo le lucht féachana na hiomána, agus go háirithe le muintir Chorcaí. Is Corcaíoch é Colm Breathnach ó dhúchas, dar ndóigh. Mar gheall air sin, feidhmíonn focal deireanach an dáin mar shíniú nó mar bhreithiúnas an fhile ar éachtaí Uí Chocráin. Cuireann cruth an dáin leis an smaoineamh sin. Tá an riocht dronuilleogach ar línte 1-7 ar nós pictiúr péinteáilte i bhfráma. Tá líne 8 ar nós shíniú an fhile, áfach, toisc go seasann an líne sin ina haonar ar thaobh na lámhe deise. Tá tionchar ag an síniú sin, ‘áthais’, ar bhrí na híomhá a thagann roimhe.

Cé gur thiomnaigh an Breathnach an dán seo ‘do Brian Corcoran, iománaí’, ní iománaí a bhí ann amháin. D’imir sé le peileadóirí Chorcaí ar feadh cúig bliana sna nóchaidí.

³⁵³ Seán Clárach Mac Domhnaill, “Is é mo Laoch: Do Chór Dhá Pháirt (S.A.),” Éamonn Ó Gallchobhair a chóirigh (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair).

³⁵⁴ Breathnach, “Teacht an Fhómhair,” in *Chiaroscuro*, 9.

Caitheann ‘Teacht an Fhómhair’ solas, mar sin, ar an tslí gur féidir le soicind gléine amháin aitheantas buan ar leith a chruthú do dhuine éigin: ní chloistear mórán faoin tréimhse a chaith sé leis na peileadóirí toisc nár bhain sé na buaicphointí céanna amach agus é ar an bpainéal leo. Cloistear faoina cheannaireacht agus faoina thionchar san iománaíocht, áfach, mar gur ardaigh sé meanma a mhuintire nuair a bhí sin de dhíth orthu.³⁵⁵ Bíonn ar chumas na filíochta, agus na healaíne go ginearálta, breith go cruinn ar mheon is ar mhothú na ndaoine agus iad a bhuanú in íomhá iontach amháin. Sin atá déanta ag an mBreathnach anseo. Cuireann sé na súile ag rince idir solas breicneach an fhómhair agus an splanc thobann inspioráide: chiaroscuro á imirt ar an bpáirc imeartha.³⁵⁶

Tugann an fhísúlacht seo beocht nó fuinneamh d’fhilíocht an Bhreathnaigh. Is léiriú maith í íomhá an fhíona ar an mbeocht fhileata sin in *Chiaroscuro*, cé nach dtugtar ról lárnach di ach i gcúig dhán ar leith laistigh den saothar iomlán. Déanfar anailís ghéar ar íomhá sin an fhíona i gCaibidil a hAon.

³⁵⁵ Colm O’Connor agus Jim O’Sullivan, “End of the affair,” *Irish Examiner*, 14 Samhain, 2006, fuarthas 19 Meán Fómhair, 2018, <https://www.irishexaminer.com/archives/2006/1114/ireland/end-of-the-affair-18257.html>.

³⁵⁶ Breathnach, “Teacht an Fhómhair,” in *Chiaroscuro*, 9.

Caibidil 1

Réamhrá

Sa chéad chaibidil seo, scrúdaítear siombail an fhíona in *Chiaroscuro*. Tá cúig dhán in *Chiaroscuro* a úsáideann an tsiombail áirithe seo agus is cuid lárnach iad den chnuasach féin. Dírítear ar thrí cinn de na dánta siúd anseo, .i. ‘Dá gCífeá í tar éis Fíon a dh’Ól...’,³⁵⁷ ‘Fíon Baile’³⁵⁸ agus ‘In Giuncheto’,³⁵⁹ agus déantar trácht ghearr ar an dá cheann eile, .i. ‘Tulach A’ tSolais’³⁶⁰ agus ‘Dia sa Tigh seo’,³⁶¹ nuair is cuí. Is féidir linn athruithe leanúnacha an chnuasaigh a thuiscint trí na hathruithe a leagtar ar íomhá sin an fhíona. Is é sin le rá go mbaineann foirmeacha éagsúla leis an bhfíon sna dánta seo ar fad: téann an léitheoir ón bhfíon iasachta ainmnithe in ‘Dá gCífeá í tar éis Fíon a dh’Ól...’, go fíon ‘baile’, go dtí go bhfágtar muid gan fíon ar bith i dtreo dheireadh an chnuasaigh. Cé go dtéann meafar an fhíona trí phróiseas an choipthe, áfach, coinníonn sé an bhunbhrí chéanna mar shiombail den bheatha, beatha ina bhfuil cumhacht na gcuimhní agus beocht an chomhluadair lárnach.

‘Dá gCífeá í tar éis Fíon a dh’Ól...’: Rince na Beatha agus na Teanga

Cuirtear tús leis an bplé seo ar an bhfíon trí mhionanailís a dhéanamh ar an gcéad dán a chuirtear romhainn in *Chiaroscuro*: ‘Dá gCífeá í tar éis Fíon a dh’Ól...’. Is dán spraiúil é ‘Dá gCífeá í tar éis Fíon a dh’Ól...’ agus cuireann sé tús leis an gcnuasach trí cheiliúradh a dhéanamh ar spéiriúlacht na mban.³⁶² Tá teideal an dáin débhríoch, áfach,

³⁵⁷ Breathnach, “Dá gCífeá í tar éis Fíon a dh’Ól...,” in *Chiaroscuro*, 1.

³⁵⁸ Breathnach, “Fíon Baile,” in *Chiaroscuro*, 40.

³⁵⁹ Breathnach, “In Giuncheto,” in *Chiaroscuro*, 41.

³⁶⁰ Breathnach, “Tulach A’ tSolais,” in *Chiaroscuro*, 6-8.

³⁶¹ Breathnach, “Dia sa Tigh seo,” in *Chiaroscuro*, 15-18.

³⁶² Breathnach, “Dá gCífeá í tar éis Fíon a dh’Ól...,” in *Chiaroscuro*, 1.

toisc nach ndeirtear cé go díreach atá i gceist le ‘mise’, ‘tusa’ agus ‘ise’ an dáin nó cé go díreach atá ‘tar éis [an] fíon a dh’ól’. Déantar argóint sa chaibidil seo gurb ionann an Ghaeilge agus bean ag rince in ‘Dá gCífeá í tar éis Fíon a dh’Ól...’. Chomh maith leis sin, pléitear an file féin mar an ‘mise’ sa dán seo a labhraíonn le ‘tusa’ an léitheora.

Cad iad na cosúlachtaí idir an Ghaeilge agus an bean ag rince, mar sin? Is teanga cheolmhar í an Ghaeilge, dar leis an mBreathnach, a bhfuil a cuid rithimí féin aici:

I discovered my voice ... in the musicality of the language. The poetic urge is in Irish referred to as *cuisle na héigse*, or the poetic vein or pulse, thus poetry is the pulse of language, the beat in the blood, the resonating rhythm. I began, not so much to capture or to harness the rhythms and cadences of the traditional songs ... as to let them loose in my poetry, to let them swirl through and around the images I created and the moments of memory I wished to recall, the emotions I tried to relay.³⁶³

Is nuair a ligtear an teanga saor ó na gnáthlainsí a chuirtear uirthi a thagann a ceol chun cinn i gceart. Ní hionann an teanga agus an Bhé, áfach. Is gréasán í an teanga agus cuireann an pobal léi ar bonn rialta. Is gréasán í atá mar chuid de gach duine. Bailíonn an duine focail, frásaí agus tuiscintí agus coinníonn sé sa teanga iad. Leanann siad ar aghaidh, ar an tslí sin, go dtí an chéad ghlúin eile. Ar nós ceoltóra, is éigean don duine, agus go háirithe don fhile, dul i dtaithí ar an teanga agus ar na castaí uile atá inti. Tá saothar cruu i gceist leis sin. Ní féidir le duine amháin eolas a shaothrú ar gach cúinne de ghréasán nó uirlis na teanga. Ceird is ea an fhilíocht, mar sin, ina mbíonn ar an bhfile a ghaol féin a chothú le huirlis teanga ar leith. Ní hionann sin, dar leis an mBreathnach, agus Bé thraidisiúnta na filíochta. Bíonn an Bhé lonnaithe lasmuigh de shamhlaíocht an

³⁶³ Breathnach, “Language itself,” 126.

fhile agus labhraíonn sí leis cibé uair a theastaíonn uaithi. Is neach osnádúrtha í nach gcuireann an file léi ar chor ar bith. Ní chreideann an Breathnach gurb ann don chineál draíochta sin lasmuigh dá shamhlaíocht féin:

ENC: Mar sin, an dtagann an teanga ón taobh amuigh?

CB: Ní thagann, ní dóigh liom é. Tagann an fhilíocht ón taobh istigh. Tagann an fhilíocht ón gcleachtadh. Mar a dúrt i ndán éigin, allas is ea an fhilíocht i ndáiríre. Is as an allas a thagann an fhilíocht. Caithfidh tú a bheith ag obair leis an saothar a chur ar fáil. Sin an tuige go dtugtar ‘saothar’ air, gur saothar atá ann.³⁶⁴

Déanfar plé níos fairsinge ar an tslí inar tháinig an Breathnach go dtí an tuairim seo i Roinn a Trí. Tá cosúlachtaí idir ceolmhaireacht na Gaeilge ar a gcuireann an Breathnach síos ina shaothar próis agus an bhean ‘ag pramsáil romham tríd an gceantar gnó’ in ‘Dá gCífeá í tar éis Fíon a dh’Ól...’. Mar gheall air sin, déantar ionannú sa tráchtas seo eatarthu. Lena chois sin, glactar leis anseo gurb é an file féin an ‘mise’ sa dán seo a labhraíonn le ‘tusa’ an léitheora. Ní léir an ról atá ag an t-allas agus an cleachtadh sa dán áirithe seo, áfach.

Cé atá ag ól an fhíona, mar sin, in ‘Dá gCífeá í tar éis Fíon a dh’Ól...’: an file nó an teanga? Más é an file é, tuigtear go bhfuil seisean ag cur an fhíona ar fáil agus go bhfuil siad beirt á ól agus ar meisce le chéile. Tá grá acu dá chéile agus líonann siad a mbeatha leis an ngrá sin. Cuireann an file an teanga ag amhránaíocht sa dán seo, mar thoradh, agus cuireann sise ag amhrán é. Cuirtear béim ar an amhránaíocht sin trí athrá an ghuta ‘ó’ ag deireadh na línte go léir: ‘... dh’ól, / ... mhiceo, / ... gnó / ... snó / ... dó’³⁶⁵ agus mar sin de. Tá dhá thoradh ar an athrá sin. Déanann an teanga féin iontas d’aoibhneas an

³⁶⁴ Colm Breathnach (faoi agallamh ag Eimear Nic Conmhaic), 27 Meán Fómhair, 2017.

³⁶⁵ Liomsa an bhéim.

chomhludair agus de ghrá lánúine, móitífeanna a bhíonn lárnach i saothar uilig an Bhreathnaigh; ach, ag an am céanna, cuirtear béim ar fhéidearthachtaí agus ar spráúlacht na Gaeilge.³⁶⁶

Cuireann an dán áirithe seo filíocht Sheáin Uí Ríordáin i gcuimhne dom, go háirithe na dánta ina labhraíonn sé leis an nGaeilge:

An leatsa na briathra

Nuair a dheinimse peaca?

Nuair is rúnmhar mo chroíse

An tusa a thostann?

An suathadh so i m'intinn

An mbraitheann tú a shamhail?

Do d'iompar atáimse,

Do mhalairt im chluasaibh,

Ag súrac atáirse

Ón striapach allúrach,

Is sínim chughat smaointe

A ghoideas-sa uaithi,

³⁶⁶ Breathnach, “Dá gCifeá í tar éis Fíon a dh’Ól...,” in *Chiaroscuro*, 1.

Do dhealramhsa a chímse,

Is do mhalairt im shúilibh.³⁶⁷

Ar nós ‘Dá gCífeá í tar éis Fíon a dh’Ól...’, is i súile an fhile a mhalartaíonn an teanga; cuireann sé ag rince í. Déanann an Ríordánach comparáid idir an Ghaeilge agus an ceol chomh maith, mar is léir in ‘Ceol’, cuir i gcás:

Bhí fallaí ceoil gach taobh

Is fuaimdhíon os mo chionn.

Bhí leabhar filíochta agam.³⁶⁸

Aithníonn an dá fhile ar a slí féin ceolmhaireacht na teanga agus an gaol ar leith a bhíonn idir í agus file.

Tá difríocht amháin le sonrú idir an dá leagan de ‘Dá gCífeá í tar éis Fíon a dh’Ól...’ a foilsíodh in *Chiaroscuro* agus *Tírdhreacha* faoi seach.³⁶⁹ Cé go raibh sé i gceist ag an bhfile tagairt a dhéanamh don Staicín Eornan, damhsa tíre a bhíonn ar siúl ag céilithe go minic, sa rann deireanach, deirtear linn in *Chiaroscuro* go bhfuil an teanga ‘ag hapáil tríd an nGoirtín Eornan’.³⁷⁰ Amhrán, ní damhsa, is ea an Goirtín Eornan³⁷¹ a d’úsáid an file do struchtúr a chéad chnuasaigh *Cantaic an Bhalbháin* (1991).³⁷² Braithim féin go

³⁶⁷ Seán Ó Ríordáin, “A Ghaeilge im Pheannsa,” in *Brosna*, 9-10.

³⁶⁸ Seán Ó Ríordáin, “Ceol,” in *Eireball Spideoige* (Baile Átha Cliath: Sáirséal Ó Marcaigh, 1952), 76-77.

³⁶⁹ Foilsíodh an dán seo in *Chiaroscuro* (Breathnach, 2006), *Rogha Dánta: 1991-2006* (Breathnach, 2008), *Tírdhreacha* (Breathnach, 2015). Tá an dán mar chuid den tsraith fiseán “The Poet’s Chair” a rinne *Poetry Ireland* chomh maith.

³⁷⁰ Liomsa an bhéim.

³⁷¹ “An Goirtín Eornan,” in *Leabhar Amhrán: Sinsir* (Baile an Fheirtéaraigh: Cló Dhuibhne, 1980), 4.

³⁷² Colm Breathnach, *Cantaic an Bhalbháin*.

gcuireann fonn an amhráin sin leis an rithim agus an ceol sa dán, áfach; gur féidir fonn an amhráin a shamhlú agus tú ag léamh véarsa deireanach an dáin. An Ghaeilge ‘ag hapáil’ trína damhsa focal féin i gcomhlúadar an fhile. Cruthaíonn sé ceangal neamhchomhfhiosach idir dhá chnuasach de chuid an Bhreathnaigh chomh maith: *Chiaroscuro* agus *Cantaic an Bhalbháin*.

Cuireann an file an fíon chun cinn mar earra andúchasach anseo, leacht a thagann as gach cearn den domhan:

... cineál craorag sin ón tSile... (fíon dearg)

... cineál na Gearmáine ar a dtugaid Hoch... (fíon bán)

... Beaujolais Nouveau... (fíon dearg)

... bán ón nDomhan Úr, ó fhíonghoirt Chalafóirn... (fíon bán).³⁷³

Ach tarraingíonn ord sin an fhíona ar dhathanna bhrat Chorcaí, contae dúchais an Bhreathnaigh. Mar a dúradh, rugadh Colm Breathnach in Ard na Laoi, gar do Charraig Ruacháin agus díreach lasmuigh de chathair Chorcaí.³⁷⁴ Fágann ord na ndathanna in ‘Dá gCífeá í tar éis Fíon a dh’Ól...’ rian de chontae dúchais an fhile ar an dán. Ina ainneoin sin, is beatha andúchasach í an bheatha seo a bhfuil an file agus an teanga ag dul i dtaithí uirthi. Murab ionann agus an ‘fíon baile’³⁷⁵ a luann sé níos déanaí sa chnuasach, is fíonta iasachta iad seo gur féidir linn iad a aithint agus ainm oifigiúil a thabhairt orthu. Samhlaítear an grá seo in ‘Dá gCífeá í tar éis Fíon a dh’Ól...’ mar ghrá draíochtúil coimhthíoch, agus is léir sin ón gcaoi a úsáideann an file siombail an fhíona. De réir mar

³⁷³ Breathnach, “Dá gCífeá í tar éis Fíon a dh’Ól...,” in *Chiaroscuro*, 1. Liomsa na focail idir lúibíní.

³⁷⁴ Breathnach, “Ard na Laoi Aontaithe,” in *An Fear Marbh*, 27.

³⁷⁵ Breathnach, “Fíon Baile,” in *Chiaroscuro*, 40.

a fhorbraíonn an grá sin, áfach, imíonn na múnlaí comhchoitianta agus cothaítear grá ar leith idir beirt nach bhfuil ainm ná sainmhíniú air. Cuireann na rannta seo grá nua, cnuasach nua agus damhsa nua idir file agus teanga os ár gcomhair.

Déantar nasc in ‘Dá gCífeá í tar éis Fíon a dh’Ól...’ chomh maith idir an fíon agus an t-imeartas solais a ritheann tríd an gcnuasach ar fad. Gluaiseann an dán idir fíon dearg (nó dorcha) agus fíon bán (nó geal) agus tugann sé le tuiscint go mbíonn tréimhsí geala agus dorcha ag baint leis an mbeatha. Tugann sin nod beag dúinn chomh maith gur cuid lárnach den bheatha é an bás. Déanfaidh *Chiaroscuro* machnamh ar a bhfuil i ndán don fhile nuair a imeoidh sé óna théacs féin; nuair a fhágann sé an t-amhrán ar leith a sheinneann sna dánta ann. Déanfar anailís air sin níos déanaí sa Roinn seo, ach i dtosach pléitear an fhorbairt a dhéantar ar shiombail an fhíona féin sa tríú sraith dánta in *Chiaroscuro*: ‘*Gealdorcha*’.

‘Fíon Baile’: An Fíon agus an Teaghlach

Tá grá, caidreamh is aithne i bhfad níos forbartha le blaiseadh san fhíon sna dánta in ‘*Gealdorcha*’: ‘Fíon Baile’ agus ‘In Giuncheto’. Cloistear guth an fhile in ‘Fíon Baile’ agus é ag caint lena ‘chroí’. Tá débhrí ag baint le meafar an chroí in *Chiaroscuro* agus imríonn an Breathnach le luaineacht na teanga ann. Labhraíonn an Breathnach lena bhean ar thaobh amháin agus iad beirt ag ól fíona a rinneadar féin sa bhaile; ar an taobh eile, tráchtann sé ar a chroí féin agus ar fhuil na beatha a shamhlaítear leis chomh maith. Is ar an gcomhluadar a chuireann an Breathnach béim agus é faoi agallamh:

... an tréimhse gur scríos an dán ‘Dia sa Tigh seo’, bhínn ag déanamh an fhíona an uair sin. D’éiríos as tamall maith ó shin anois. Ach is dócha gur samhail an

fhíona sna cásanna sin ná ar an mbeatha i ndáiríre, gur seo saol an teaghlaigh ... ag suí thart ag ól fíona lena chéile agus rudaí mar sin. Gur comhluadar agus rudaí a bheith i gceart an tsamhail atá i gceist sa chnuasach sin [*i. Chiaroscuro*] a déarfainn ceart go leor. Fíon baile á chur i gcomparáid leis an ngrá idir mé féin agus mo bhean, gur thar na blianta a éiríonn an fíon níos fearr. Gur mar sin atá. Is samhail í ar na tuairimí sin. Agus ‘Dá gCífeá í tar éis Fíon a dh’Ól...’ is rud é sin a tharla. Dúirt an fear, fear na mná sin ... ‘you should see her after drinking wine’ agus dúirt ‘sin dán ansan’ ... Ach, cad dó a sheasann an fíon ansan? Is dán grinn é ach d’fhéadfá a rá arís gur comhluadar é agus ag suí thart ag ól fíona agus a leithéid sin.³⁷⁶

Tugann sin dúshlán don léamh gurb í an teanga an bhean in ‘Dá gCífeá í tar éis Fíon a dh’Ól...’. Cé go léiríonn an file an ócáid a spreag an dán anseo, áfach, is léir go bhfuil i bhfad níos mó ná sin le rá ag an saothar féin. Rinneadh plé cuimsitheach air sin níos luaithe sa chaibidil seo.³⁷⁷ Treisíonn an ráiteas seo leis an bhfíon mar shiombail den bheatha is den chomhluadar, áfach. Is léir go ndearna an Breathnach an fíon lena bhean chéile agus gur chuir sin leis an gcaidreamh agus an grá eatarthu. Agus iad ag déanamh fíona, d’aimsigh siad spás pearsanta dóibh féin. Tagann inspioráid an Bhreathnaigh ó na daoine thart timpeall air níos minice ná a mhalairt: as comhráite, gníomhartha daoine nó nathanna cainte. In ‘Fíon Baile’, mar sin, ceanglaíonn an file an grá, an bheatha, agus an t-am le chéile trí shiombail an fhíona:

Bíodh foighne agat, a chroí,

a deirim.

³⁷⁶ Colm Breathnach (faoi agallamh ag Eimear Nic Conmhaic), 27 Meán Fómhair, 2017.

³⁷⁷ Féach Caibidil 1, Roinn 2, lgh 160-166.

Táimid ar nós an fhíona san sa deimiseon,

laethanta an choipthe thart

is an dríodar ag bailiú ag an mbun.

An teas a dhein ár searc a luathú

cé thart

tá sé ceaptha i mblas an leachta go deo

is mothóimid arís é aon uair

a ardóimid gloine chun ár mbeola.³⁷⁸

Cuireann athrá an fhocail ‘thart’ béim ar imeacht an ama anseo; tá ‘laethanta an choipthe *thart*’ agus, mar sin, tá ‘an teas a dhein [a] searc a luathú / ... *thart*’ chomh maith.³⁷⁹ Is ionann sin agus a rá go bhfuil tréimhse na hóige, chomh maith leis an ‘teas’, an paisean agus an úire a théann leis, caite ag an mbeirt acu cheana féin. Dá bhrí sin, molann ‘Fíon Baile’ buaine an ghrá a mhaireann i ndiaidh paisin neamhaibí na hóige. Tugann sé le tuiscint go bhfuil an fíorghrá ‘ceaptha i mblas an leachta go deo’, agus an lánúin ag díriú ar na rudaí tábhachtacha ina gcaidreamh níos mó ná riamh. Ar an gcaoi chéanna, bailíonn na rudaí seachtracha a bhíonn ann i gcaidrimh, .i. an ‘dríodar’, ag bun an deimiseoin, neamhaird déanta díobh le himeacht na mblianta. Tá a ngrá dá chéile scríofa ar a mbeatha mar thoradh agus le sonrú ar a bpearsantacht féin. Is féidir línte deireanacha an dáin a léamh mar mheafar do phóg mhuirneach na lánúine. Caitheann siad scáth agus solas ar a chéile trí fhuinneog nó trí ‘ghloine’ an ghrá: ‘mothóimid arís é aon uair / a ardóimid

³⁷⁸ Breathnach, “Fíon Baile,” in *Chiaroscuro*, 40.

³⁷⁹ Liomsa an bhéim.

gloine chun ár mbeola’. Tugann siad *beocht* agus beatha dá chéile tríd an ngrá a roinneann a ‘mbeola’, agus cruthaíonn an dán cuimhne ar an ngrá céanna a mhairfidh ‘go *deo*’.³⁸⁰ Deir an rím idir ‘deo’ agus ‘beola’ linn gurb é comhluadar grámhar na beirte an t-aon rud a sháróidh an chailliúint agus an bás. Mairfidh an comhluadar, nó blas an fhíona baile, i gcuimhní agus i gcroí na ndaoine go síoraí.

Úsáideann an file an deimiseon anseo mar shlat tomhais ar an mbeatha. Tugann sé práinn an ama chun tosaigh. Tuigeann siad beirt nach bhfuil ach tamall áirithe acu ar an saol seo sula n-ídeofar an fíon agus an bheatha. Is leis sin a thagann an dara brí a bhaineann leis an bhfocal ‘leacht’ chun solais. Is ionann ‘leacht’ agus ‘aon rud fliuch a ritheann mar uisce’, ach is minic a dhéanann sé trácht ar charn adhlactha nó dealbh cuimhneacháin chomh maith.³⁸¹ Ní hamháin, mar sin, go ndéanann ‘leacht’ tagairt don fhíon sa dán seo ach is réamhscáthú é ar imeacht an údair óna chnuasach féin. Nuair a fholmhaítear an deimiseon, cruthaítear spás nó poll i lár an chnuasaigh nach féidir a líonadh. Is leis an bpoll dolíonta sin a fhágtar muid ag deireadh *Chiaroscuro*.

Déanann an Breathnach forbairt ar an suíomh seo in ‘In Giuncheto’. Cé go n-athraímid ó ghuth suibiachtúil an fhile go guth níos uilefheasaí anseo, tá leanúnachas idir an dá dhán. Ní hamháin gur chuir an file iad le taobh a chéile sa chnuasach, ach is cosúil go mbogann an fíon ón ‘deimiseon’ in ‘Fíon Baile’ go dtí an ‘ghloine ar an mbord’ anseo. Tá an t-am bogtha ar aghaidh. Ní ar an ngrá idir é féin agus a bhean a dhíríonn sé in ‘In Giuncheto’ ach ar an ngrá idir beirt chairde leis: Paul Cahill agus Fernando Trilli. Chomh maith leis sin, tarraingíonn sé ar an gcuimhne agus ar íomhá an chroí an athuair. Maíonn sé arís go bhfuil an grá níos cumhachtaí ná an bás: ‘tá sé ceaptha i mblas an leachta go *deo*’.³⁸²

³⁸⁰ Liomsa an bhéim.

³⁸¹ *An Foclóir Beag*, s.v. “leacht,” fuarthas 21 Aibreán, 2017, <https://www.teanglann.ie/ga/fb/>.

³⁸² Breathnach, “Fíon Baile,” in *Chiaroscuro*, 40.

Feicfear ar ball go dtarraingíonn bás bheirt chairde agus chomhfhilí leis, .i. Michael Davitt agus Paul Cahill, aird an fhile ar a bhás fileata féin.³⁸³

Tiomnaíodh ‘In Giuncheto’ do Paul Cahill agus dá pháirtí, Fernando Trilli. File agus léirmheastóir ab ea Paul a rugadh i gContae Laoise sa bhliain 1950. Cailleadh é roimh am in 2003 tar éis taom croí é a bhualadh agus cuireadh i reilig é ar ‘mhullóg’³⁸⁴ in Col Piccione, díreach trasna an ghleanna ón áit in Umbria ina raibh sé féin agus Nando ag cur fúthu agus ag feirmeoireacht lena chéile.³⁸⁵ Tá macallaí ann ar fud an dáin de shaol na beirte. Déantar tagairt do ‘lámh ... an tsean-fheirmeora’ mar shampla, agus freagraíonn an focal ‘croí’ sa rann deireanach don taom croí a mharaigh Paul ar deireadh.³⁸⁶ Níos mó ná sin, áfach, cuireann an file ainmneacha na beirte faoi cheilt i bhfuaimneanna na bhfocal féin:

scailp **álainn**... / an scailp **amhail** ógfhear³⁸⁷

... (a **fheara**) / **ná an dó**.^{388 389}

Caoineadh is ea an dán ar ghrá agus ar chaidreamh na beirte seo. Tagann cuimhne ar Paul thar n-ais go Fernando ar nós scal ghréine, ag tabhairt grá agus aire dá bheatha go fóill. Is amhlaidh a thagann Paul thar n-ais chuig Nando ar nós aingil chun solas a anama a chuimilt ar ‘feadh meandair’ amhail is nár cailleadh é ar chor ar bith:

³⁸³ Tá dán ag deireadh ‘*Dorcha*’, an dara cuid de *Chiaroscuro*, darb ainm ‘Pócaí Folmha’. Scríobhadh é i gcuimhne ar Michael Davitt, file agus bunaitheoir *INNTI*, i ndiaidh dó bás a fháil go tobann in 2005, bliain sular tháinig *Chiaroscuro* amach. Tá caint níos fairsinge déanta ar an dán sin agus ar thionchar na cailliúna sin ar an mBreathnach níos déanaí sa chaibidil seo. Féach Caibidil 2, Roinn 2, lgh 190-199.

³⁸⁴ Breathnach, “In Giuncheto,” *Chiaroscuro*, 41.

³⁸⁵ Macdara Woods, “Paul Cahill (1950-2003),” *Poetry Ireland*, fuarthas 22 Aibreán, 2017, <http://www.poetryireland.ie/writers/articles/paul-cahill-1950-2003>.

³⁸⁶ Breathnach, “In Giuncheto,” in *Chiaroscuro*, 41.

³⁸⁷ Paul [Pál] nó Paulo [Pamhailó]. Liomsa an bhéim.

³⁸⁸ (Fer)nando [fhearaná-andó]. Liomsa an bhéim.

³⁸⁹ Breathnach, “In Giuncheto,” in *Chiaroscuro*, 41.

lámh gheanúil ar ghualainn

feadh meandair

spalpann an ghrian

trí phánaí gloine an dorais

ar an bhfíon dorcha

sa ghloine ar an mbord.³⁹⁰

Téann ga gréine trí dorchadas na gloine fíona ar nós stríoc phéinte an ealaíontóra. Arís, is é chiaroscuro sin na híomhá a sheasann amach don léitheoir. Is tríd an íomhá chéanna a athraíonn agus a dhoimhníonn brí an dáin iomláin. Ceanglaítear an ‘lámh’ leis an aidiacht ‘geanúil’, rud a thugann le fios go mbaineann gean nó grá leis an ngníomh agus leis an ngluaiseacht solais. Chomh maith leis sin, feictear go bhfuil gloine i gceist ar gach taobh de na codarsnachtaí seo: gloine na fuinneoige agus an ghloine fíona. Cruthaíonn an file nasc idir an solas agus an dorchadas, idir an sólás agus an dólás, idir an gean agus an neamhshuim trí na gloidí seo. Caitheann siad scáil agus scáth ar a chéile agus bíonn súile agus intinn an léitheora ag léim idir eatarthu dá bharr. Anuas air sin, áfach, tuigtear go bhfuil ar an solas teacht ‘tríd’ an bhfuinneog agus tríd an ngloine fíona chun teagmháil a dhéanamh leis an dorchadas. Léiríonn íomhá na láimhe agus na gualainne go bhfuil sé ar chumas an ghrá agus na comhbhá dul trí thairseach an chraicinn ar an gcaoi chéanna; gur féidir le duine teagmháil a dhéanamh le cuimhne agus le hanam an mhairbh tríd an ngrá agus an chomhbhá.

³⁹⁰ Ibid.

Déantar forbairt air sin sa dara rann. Tagann fuaimeanna agus bolaithe chun tosaigh anseo den chéad uair le ‘bolaithe na leabhar’ agus monabhar an chomhrá, rud a léiríonn go bhfuil cuimhní phearsa an dáin múscailte arís :

bolaithe na leabhar ar na seilpeanna

agus leathanach á iompó le linn comhrá

amhail cuimhne a mhúsclódh coill

ar sheana-scéal a dearúdadh fadó.³⁹¹

Samhlaítear ‘scéal’ an ama a chuaigh thart mar choill, íomhá atá suimiúil ar go leor bealaí. Cuireann an dara rann seo smaointe Martin Heidegger i gcuimhne domsa mar léitheoir. Tá gach aon chrann nasctha lena chéile sa choill in áit a bheith scartha go hiomlán óna chéile. Éiríonn a bhfréamhacha fite fuaite lena chéile sa chré. Ar an gcaoi chéanna, tá gach aon duine ceangailte le chéile sa domhan mór seo, dar le Heidegger, cé nach léir sin i gcónaí. Is coill seachas crainn indibhidiúla muid, dar leis. Déantar plé gairid ar thuairimí Heidegger i leith shamhail na coille anois.

‘In Giuncheto’ agus Fealsúnacht Martin Heidegger

Dúirt Heidegger gur minic a scarann fealsúnacht an Iarthair an duine féin agus a smaointe amach ón domhan. Is é sin go mbíonn fealsúna ag smaoineamh go teibí faoin domhan in ionad a bheith páirteach ann. Tarlaíonn gach rud sa domhan ina mairimid mar chuid de shraith caidreamh, agus caithfidh duine é féin a lonnú sa domhan, nó sa choill mar a fheictear in ‘In Giuncheto’, chun tuiscint a fháil air sin. Is é an duine daonna a chuireann

³⁹¹ Ibid.

spás ar fáil sa domhan inar féidir le daoine ‘áit’ ar leith a chruthú dóibh féin. Bíonn ‘áit’ ag gach rud laistigh den ‘spás’, dar le Heidegger. Scarann an ‘spás’ áiteanna éagsúla óna chéile ach cruthaíonn sé nasc eatarthu chomh maith. Ní féidir le solas a bheith ann gan dorchadas agus, sa tslí chéanna, ní féidir le háit a bheith ann gan spás. Is ionann an ‘spás’ agus an duibheagán dorcha as ar féidir le neach teacht chun solais. Tógtar ‘áit’ do dhaoine, do nithe agus d’eachtraí éagsúla nuair a thugtar brí leo agus bíonn gach aon cheann de na daoine, nithe agus eachtraí sin ag brath ar a chéile. Tarlaíonn gach gníomh a dhéanaimid mar sin agus gach smaoinemh a thagann chugainn ‘i gcónaí agus cheana féin’ (*immer schon*). Ba ann dóibh ar fad sa spás cheana féin, ach iad faoi cheilt, agus is féidir leo teacht chun solais ag am ar bith.³⁹²

In ‘In Giuncheto’, cuireann ‘bolaithe na leabhar ar na seilpeanna’ spás ar fáil do Nando agus don fhile inar féidir leo Paul a thabhairt chun cuimhne.³⁹³ Cuireann an dán an tairseach idir spás daonna agus spás an dúlra ar ceal sa chaoi is go bhfásann coill ar sheilpeanna an tí. Lonnaíonn sin an duine sa domhan agus feidhmíonn an chuimhne mar nasc idir tréimhsí éagsúla ama: ‘amhail cuimhne a mhúsclódh coill / ar sheana-scéal a dearúdadh fadó’.³⁹⁴ Taispeánann ‘In Giuncheto’ na fréamhacha a chuir Paul síos i rith a shaoil trí mheán na leabhar. Is léir go mbíonn tionchar ag na fréamhacha sin ar shaol Nando fós agus ar shaol a chairde beo. Tá na cuimhní, chomh maith le haiséirí na gcuimhní céanna, ar fáil ‘le linn comhrá’: bíonn teagmháil agus gluaiseacht dhaonna ag teastáil mar sin chun leabhar na cuimhne a oscailt agus a ‘iompó’ arís. Bhí na híomhánna

³⁹² Ute Guzzoni, “Heidegger: Space and Art,” *Natureza Humana* 4, uimh. 1 (Eanáir-Meitheamh 2002): 63, fuarthas 31 Eanáir, 2017, <http://pepsic.bvsalud.org/pdf/nh/v4n1/v4n1a03.pdf>.

³⁹³ Breathnach, “In Giuncheto,” in *Chiaroscuro*, 41.

³⁹⁴ *Ibid.*

agus na heachtraí seo ann cheana féin, áfach, agus d'fhéadfadh siad teacht chun cinn arís.³⁹⁵

Paul Cahill, Nando Trilli agus Mairtíreacht Bhán an Fhile

Déantar cur síos ar chomhluadar lánúine, mar sin, in 'Fíon Baile' lánúin a bhí fós ar an saol seo. Os a choinne sin, cuireann 'In Giuncheto' lánúin atá scartha go fisiciúil óna chéile os ár gcomhair. Níl ach gloine fíona amháin fágtha ar an mbord, ach fós, mar a dúradh in 'Fíon Baile', tá Nando in ann an grá a bhí idir é agus Paul a bhlaiseadh i 'mblas' an fhíona is na beatha agus teagmháil dhaonna á cruthú aige leis an gcuimhne sin. Feidhmíonn an ghloine fíona mar shiombail d'fhuil agus do bheatha na beirte seo agus, cé go bhfuil 'scailp' mhór eatarthu anois, sáraíonn a ngrá dá chéile teorainneacha an ama agus na beatha araon.

Tá a bhrí féin ag an mBreathnach ar na híomhánna anseo. Déanann 'In Giuncheto' ceangal indéach idir an Breathnach agus an t-ógfhear i línte deireanacha an dáin:

báine a chroí níos láidre (a fheara)

ná an dó a shantaíonn an ológ.³⁹⁶

Is féidir 'báine an chroí' a léamh mar mheafar anseo do mhaitheas, agus b'fhéidir do dhath craicinn, Paul Cahill. Tá an-chuid siombalachais ag baint leis an ológ, áfach, lasmuigh dá fairsingeacht fud fad na hIodáile. Is é an colm agus é ag iompar craobh olóige, siombail na síochána, an athmhuintearais agus na hathnuachana i Leabhar

³⁹⁵ Ibid.

³⁹⁶ Ibid.

Geinisis, samhail a bunaíodh ar shiombalachas na Gréige i dtosach.³⁹⁷ Déanann na rannta macalla éigin anseo, mar sin, idir ainm an fhile (.i. ‘Colm’) agus an ‘crann olóige’, go háirithe nuair a dhéantar tagairt indíreach do bhás an údair i lár an dáin:

scailp álainn bhán cheoigh thráthnóna

an scailp amhail ógfhear

ag déanamh ar a shearc

sa choill draíochta ar an mullóg.³⁹⁸

Tugann an t-ógfhear a ghrá don ‘choill draíochta ar an mullóg’ agus, dá bharr sin, do thír anaithnid na marbh más ionann an mhullóg seo agus an ceann in Col Piccione. Tá rím ghlan idir ‘mullóg’ agus ‘ológ’ ag deireadh an dáin chomh maith, rím a fhágann an focal ‘óg’ ag bualadh i gcluasa an léitheora. Caoineann cruth an dáin bás anabaí Paul Cahill. Is amhlaidh a dhíríonn bás a chomhfhile intinn an Bhreathnaigh ar a bhás liteartha féin, mar thoradh, agus ar an am cuí le himeacht óna chnuasach féin:

‘Miúin Leath Bealaigh an Naoimh’

... leath slí idir Éirinn agus Albain

gach ar ghean liom is gur fheallas air

ar mo chúl

³⁹⁷ *The Oxford Dictionary of the Christian Church*, an 3ú heagrán (Oxford: Oxford University Press, 2005), s.v. “dove,” 509. Tá cur síos ar an gcaoi ar aistrigh an tsiombail sin le fáil in Gilad J. Gevaryahu, “What did the dove bring to Noah?” *Jewish Bible Quarterly* 43, uimh. 3 (Iúil-Meán Fómhair 2015): 172-175, fuarthas 29 Eanáir, 2019.

³⁹⁸ Breathnach, “In Giuncheto,” in *Chiaroscuro*, 41.

gach is úr liom don tseana-ghnáthrud

amach romham.

Mo mheabhair amhail

seana-phár odhar

ná féidir na focail air a dhéanamh amach,

ní féidir liom mo smaointe a chruinniú i gceart

ach ní foláir anois is dócha

is sinn amuigh anseo ar an mbóchna

ainm a dhéanfaidh an gnó go fóill

a chur ar an staid seo

mura mbeadh ann ach ar mhaithe lem dháréag compánach:

'sea, Mairtíreacht Bhán, abair...³⁹⁹

B'ionann 'Mairtíreacht Bhán' agus dul ar ionnarbadh de thoil dheona agus ar son do chreidimh sa Luath-Chríostaíocht. Bhí tábhacht ar leith ag baint le turas Cholm Cille go hOileán Í sa seú haois toisc go raibh seisean ar dhuine de na chéad mhanaigh a chleacht an Mhairtíreacht Bhán sin. Deirtear go raibh argóint idir é agus Naomh Fionnán mar gheall ar chóipcheart leabhair. Dar le Colm Cille, bhí sé de cheart ag duine lámhscríbhinn a chóipeáil dó féin le go mbeadh sí ar fáil don chéad ghlúin eile. Bhí Fionnán den tuairim gurbh ionann sin agus gadaíocht, áfach, agus thacaigh breithiúnas an Ard-Rí leis: 'le gach

³⁹⁹ Breathnach, "Miúin Leath Bealaigh an Naoimh," in *Chiaroscuro*, 49.

bó a lao agus le gach leabhar a chóip'.⁴⁰⁰ De bharr na hargóna sin, thit Cath Chúl Dreimne amach sa bhliain 561 AD agus d'imigh Colm Cille ar a mhairtíreacht dheonach sa bhliain 563 AD. Ar an gcaoi chéanna, in 'Miúin Leath Bealaigh an Naoimh' feictear go mbíonn a léamh féin ag gach léitheoir, an file san áireamh, ar dhán, ach is leis an dán an léamh sin. De réir an dáin, níor cheart d'aon duine a léamh féin a chur ar aghaidh ná a chur i dtaisce. Téann na focail i ndearmad le himeacht aimsire: 'mo mheabhair amhail / seana-phár odhar / ná féidir na focail air a dhéanamh amach'.⁴⁰¹ Tá tionchar, mar sin, ag an méid a tharla do Paul Cahill ar na cinntí agus na focail a chuireann an Breathnach roimhe sa chnuasach seo. Tagann cuimhní an Bhreathnaigh ar a chara i dtreis, ag tabhairt treoir don fhile. Aimsíonn fréamhacha an fhir mhairbh spás don Bhreathnach amharc ar an saothar filíochta ar shlí ar leith nach bhféadfadh sé a dhéanamh gan iad.

Conclúid

I gCaibidil a hAon, mar sin, rinneadh mionanailís ar shiombail an fhíona. In *Chiaroscuro*, is léiriú é an fíon ar an ngrá i bhfilíocht Choilm Bhreathnaigh agus ar an tslí a dtugann an grá sin beocht don bheatha. Is iomaí cruth a ghlacann an grá chuige féin. Grá an chomhludair agus grá an fhile in 'Dá gCífeá í tar éis Fíon a dh'Ól...'. Grá domhain casta na lánúine a gcuirtear síos air in 'Fíon Baile' agus 'In Giuncheto'. Agus, thar gach rud eile, grá an fhile don teanga agus dá ceol. Tugann an grá saibhreas agus brí don bheatha agus don fhilíocht chomh maith. Cruthaíonn sin áit don ghrá i *gcroílár* an tsaothair ealaíne. Ceanglaíonn an Breathnach an mothú sin le trí cinn de na céadfaí: ceol na teanga

⁴⁰⁰ "The Cathach / The Psalter of St Columba," Royal Irish Academy, fuarthas 29 Eanáir, 2019, <https://www.ria.ie/cathach-psalter-st-columba>.

⁴⁰¹ Breathnach, "Miúin Leath Bealaigh an Naoimh," in *Chiaroscuro*, 49.

ina chluasa, blas an fhíona ina bhéal agus dathanna na n-íomhánna a chionn a shúile. Is ar radharc na súl agus an aireachtáil dhaonna a dhírítear sa chéad chaibidil eile.

Caibidil 2

Réamhrá

Is cnuasach é *Chiaroscuro* a phléann radharc na súl mar is léir ón teideal. Labhraíonn an file faoi theorainneacha an tsaothair ealaíne is na híomhá fileata ann chomh maith, agus tá rian na péintéireachta le sonrú go láidir ar an scríbhneoireacht. Déanann an Breathnach machnamh in *Chiaroscuro* ar scríbhneoir atá i mbun scríbhneoireachta agus scrúdaíonn sé thuas seal agus thíos seal an timthrialla chruthaithigh sin. Foilsíonn na dánta seo na híomhánna ar éirigh leis an bhfile focail a chur orthu. Bíonn solas agus dorchadas ag baint le gach aon íomhá díobh siúd, díreach mar a bhíonn scáth agus scáil le feiscint i ngach radharc tíre: ‘is léir ar imrisc do dhá shúil go fóill / scáileanna spéartha ná facaís fós’.⁴⁰² Is sa taobh dorcha de na híomhánna sin a fholaítear teip na bhfocal céanna, mothúcháin nó radhairc nár éirigh leis an teanga cur síos a dhéanamh orthu go fóill. Gluaiseann an saothar ón solas go dtí an dorchadas ar an tslí sin, dá bharr. Pléitear tábhacht na súile agus an aireachtáil dhaonna, mar sin, i gCaibidil a Dó

Déantar anailís chomh maith sa chaibidil seo ar a bheith ag féachaint siar. File ag cuimhneamh ar an am a chuaigh thart agus file ag féachaint siar ar an traidisiún liteartha as ar fáisceadh é i dtosach. Tá rian an traidisiúin filíochta Gaeilge le feiscint go dlúth in *Chiaroscuro*. Tá sé le feiscint sa leas a bhaintear as scéal Bhalair in ‘Súilíocht ar Chasadh an Mhíle’, cuirim i gcás, nó sa cheangal a dhéantar idir Colm Cille agus an Breathnach féin in ‘Miúin Leath Bealaigh an Naoimh’. Tá rian *Innti* le sonrú ar fud an chnuasaigh seo chomh maith, áfach. Déantar iniúchadh ar leith sa chaibidil seo ar Micheal Davitt agus ar an tionchar a bhí aigesan, agus ag a bhás, ar fhilíocht Choilm Bhreathnaigh.

⁴⁰² Breathnach, “Léarscáileanna,” in *Tírdhreacha*, 24.

‘Utterly Flutterly Butterly’:⁴⁰³ Radharc Geal ar an nGrá agus Ceist an Dorchadais

Tá dlúthbhaint idir tábhacht na súile agus an chaoi a roinntear na dánta in *Chiaroscuro*. Mar a dúradh ag tús na Roinne seo, tá ceithre shraith dánta in *Chiaroscuro*: ‘*Geal*’, ‘*Dorcha*’, ‘*Gealdorcha*’ agus ‘*Pentimenti*’. Tarraingíonn teidil na sraitheanna sin ar dhá rud ar leith: an phéintéireacht agus an ghluaiseacht idir an solas agus an dorchadas sa saothar ealaíne. An folú agus an foilsíú. Déantar iniúchadh air sin sa chaibidil seo, ag tosú leis an gcéad sraith dánta a luadh thuas.

In ‘*Geal*’, téann an file i ngleic lena bhfoilsítear i saothar ealaíne.⁴⁰⁴ Cuireann sé béim ar na céadfaí agus ar an domhan ábhartha atá ar fáil don scríbhneoir agus don léitheoir araon. Labhraíonn na dánta faoi earraí aitheanta agus faoi thréithe na mban in ‘Dá gCífeá í tar éis Fíon a dh’Ól...’ agus ‘Ar an nGlaise seo’, cuirim i gcás:

sútha talún faoi uachtar agus Beaujolais Nouveau⁴⁰⁵

... [glaise] bhuí

a gruaige finne.⁴⁰⁶

Nó faoin teicneolaíocht agus earraí luachmhara in ‘Dán Grá, Lá Vailintín, 1997’:

Mo chlaganna nua tú

mo Ghucci Uomo

⁴⁰³ Breathnach, “Ar Shroichint Caoga Bliain d’Aois do Féachann Duine dos na Filí Óga Siar,” in *Chiaroscuro*, 10-12.

⁴⁰⁴ Breathnach, “*Geal*,” in *Chiaroscuro*, 1-19.

⁴⁰⁵ Breathnach, “Dá gCífeá í tar éis Fíon a dh’Ól...,” in *Chiaroscuro*, 1.

⁴⁰⁶ Breathnach, “Ar an nGlaise seo,” in *Chiaroscuro*, 2.

mo Saab 900 tú,
 £20,000 ar an mbóthar,
 is an t-árachas san áireamh, dar ndóigh.

Mo mheigimhíle stór thú
 mo ríomhaire próiseálaí peintiam
 Intel Inside tú.⁴⁰⁷

agus faoi mhothúcháin an chomhphobail in ‘Teacht an Fhómhair’:

an Corcránach
 ár mbuachaill beo
 go deo na ndeor

áthais.⁴⁰⁸

Tosaíonn gach rud leis an teanga don Bhreathnach agus léiríonn sé a ghrá di ó thus deireadh *Chiaroscuro*. In ‘Ar an Leaba Leathan’, cuirtear síos ar ghrá na chéad theagmhála idir an file agus an teanga, cuirim i gcás. Tugann an teagmháil sin na focail dó le cur síos a dhéanamh ar an domhan ina thimpeall, .i. leis an domhan sin a fheiscint i gceart:

Is bogha tarraigthe mé,

⁴⁰⁷ Breathnach, “Dán Grá, Lá Vailintín, 1997,” in *Chiaroscuro*, 13-14.

⁴⁰⁸ Breathnach, “Teacht an Fhómhair,” in *Chiaroscuro*, 9.

tú an lámh a theannann.

Is cláirseach ar tinneall mé,

tú an lámh a spreagann.

Tonn mé, tú a bhriseann,

a leathann ar an leaba.⁴⁰⁹

Tá an teannas idir samhail na teanga agus bean chéile an fhile le brath in athuair sa dán seo. Is é an grá atá aige dá bhean chéile agus don Ghaeilge a spreagann chun filíochta é. Is eochair é an grá do chumhacht is ceolmhaireacht na teanga. Labhrófar arís faoin teannas sin idir Mary, bean chéile an Bhreathnaigh, agus an teanga sa chéad Roinn eile.⁴¹⁰ Is í an teanga féin an nasc idir an scríbhneoir agus a phár, idir an scríbhneoir agus a lucht éisteachta. Ise a ‘leathann’ radharc agus mothúcháin an fhile amach ar ‘leaba’ an dáin, agus a dhéanann ceol laistigh dá fhocail. Ag féachaint ar chomharthaí an DART, áfach, comharthaí poiblí, tuigeann an file go mbíonn difríochtaí idir na bríonna ar fad a bhaineann daoine as an tírdhreach céanna:

Deir an comhartha solais

ar chliathán an DART

‘Céad St. Eile’

⁴⁰⁹ Breathnach, “Ar an Leaba Leathan,” in *Chiaroscuro*, 3.

⁴¹⁰ Féach Roinn 3.

is tuigim nach bhfuil
 an oiread san díobh
 ...
 ach diúltaím, ar a shon san,
 an séimhiú a theastaíonn
 a chur isteach ar son na brí.⁴¹¹

Tá sé soiléir in ‘Dá gCífeá í tar éis Fíon a dh’Ól...’ fiú, go bhfuil difríocht éigin idir súil an fhile agus súil an léitheora agus go mb’fhéidir nach gcíonn an léitheoir na híomhánna díreach mar a chíonn an file iad: ‘Dá gCífeá í...’.⁴¹² Tá teorainn fhoclach ann idir muid agus radharc an fhile; anuas air sin, áfach, bíonn an teorainn chéanna ann idir an file agus an íomhá. Chomh luath agus a scríobhann sé dán imíonn an íomhá uaidh láithreach. Fághtar an file gan aige ach cuimhne ar an íomhá a aimsíonn sé ina dhán féin. Déantar léitheoir den fhile laistigh dá chnuasach féin mar thoradh.

Tugann sin le fios nach ann d’fhile gan léitheoir. Ar an gcaoi chéanna, ní féidir leis an solas, a bhfuil an lámh in uachtar aige in ‘Geal’, maireachtáil gan codarsnacht an dorchadais. Tugann ‘Ar Shroichint Caoga Bliain d’Aois do Féachann Duine dos na Filí Óga Siar’ léiriú dúinn air sin agus an file fágtha ‘sa *dark*’ ag fear an cheamara:

is dúrt le fear an cheamara
 is sinn ag siúl síos saghas pasáiste

⁴¹¹ Breathnach, “100 Stáisiún,” in *Chiaroscuro*, 19.

⁴¹² Breathnach, “Dá gCífeá í tar éis Fíon a dh’Ól...,” in *Chiaroscuro*, 1. Liomsa an bhéim.

“tá chomh maith agat

seat a thógáil sa dorchla”

agus cad a dhéanfadh mo frigeanmudán

ach na soilse a mhúchadh is tosnú ag scannánaíocht sa *dark*

chuas le báiní

scríobhas

dán

dán dán dán dán

dán dán dán dán

dán dán.⁴¹³

Bhí géarghá leis an dorchadas sa ghrianghrafadóireacht nuair a tháinig sí ar an bhfód i dtosach san 16ú haois. Baineann '*dark*' agus 'dorchla' macalla sa dán seo as na seomraí dorcha a d'úsáid grianghrafadóirí go minic tráth agus iad ag réaladh scannán an cheamara:

Camera pictures have been made ever since the late Renaissance. The principle of the camera had long been known: light entering a minute hole in the wall of a darkened room forms on the opposite wall an inverted image of whatever lies outside. The use of the *camera obscura* (literally “dark room”) for the production of pictures, however, was not realized until ... after...

⁴¹³ Breathnach, “Ar Shroichint Caoga Bliain d’Aois do Féachann Duine dos na Filí Óga Siar,” in *Chiaroscuro*, 10-12.

... the first description of the camera obscura ... was made by Giovanni Battista della Porta in his book *Natural Magic* (1553).⁴¹⁴ Ba as an dorchadas, mar sin, a tháinig na radhairc gheala den chéad uair. Ar an gcaoi chéanna is a dhéantar áiteanna as an spás, ligean an dorchadas don fhile íomhánna fileata a thabhairt chun solais ina chuid dánta.

Tá rian fhilí *Innti* ar fhocail an Bhreathnaigh in ‘Ar Shroichint Caoga Bliain d’Aois do Féachann Duine dos na Filí Óga Siar’. Ní hamháin go ndéanann sé tagairt do na ‘Filí Óga’ i dteideal an dáin, ach cloistear eascainí na cathrach síos trí na rannta chomh maith le focail ar nós ‘fUCCKit’, ‘frigear’, ‘focáilte’ agus ‘frigeannmudán’. Déanann sé tagairt shoiléir do chnuasach de chuid Michael Davitt: ‘scuuuais’. Baineann sé úsáid as móitífeanna nua-aimseartha nó fógraí reatha chomh maith, mar shampla an tagairt a dhéanann sé d’fhógra de chuid Utterly Butterly: ‘utterly flutterly butterly’. Tá rian fhilí *Innti* le feiscint arís san athrá a dhéantar ar ‘dán’, chomh maith leis an gcódmheascadh agus teannas idir ‘dark’ agus ‘báiní’.⁴¹⁵ Tarraingíonn sin aird ar fhadhb an aistriúcháin agus ar an tslí nach mbíonn aon dá theanga inmhálartaithe ó thaobh crutha nó brí de.⁴¹⁶ Pléitear ceist sin an aistriúcháin in ‘An Fearann Breac’ chomh maith:

Tá capall bán fúm

I ride a black horse

’dul an fearann breac anonn

all the speckled land across.

⁴¹⁴ Beaumont Newhall, *The History of Photography: from 1839 to the present*, 5^ú heagrán (New York: The Museum of Modern Art, 2009), 9.

⁴¹⁵ Breathnach, “Ar Shroichint Caoga Bliain d’Aois do Féachann Duine dos na Filí Óga Siar,” in *Chiaroscuro*, 10-12.

⁴¹⁶ Féach “An Fearann Breac” agus “Trén bhFearann Breac” in Breathnach, *An Fearann Breac*, 57 agus 62-63.

(aistriúchán/translation)

I ride a white horse

tá capall dubh fúm

all the speckled land across

'dul an fearann breac anonn.⁴¹⁷

In ‘An Fearann Breac’, cailltear cuid de bhrí na bhfocal de bharr phróiseas an aistriúcháin. In ‘Ar Shroichint Caoga Bliain d’Aois do Féachann Duine dos na Filí Óga Siar’, léiríonn an chodarsnacht idir ‘báiní’ agus ‘dark’ cailliúint den chineál céanna; go mbíonn soiléireacht agus doiléireacht i gceist leis an ‘dán’. Treisíonn an t-athrá ar an bhfocal sin ‘dán’ an easpa céille a bhíonn i gcroílár na filíochta agus i gcroílár an tsaoil féin uaireanta; an file ina shuí sa dorchadas ‘i stiúideo an tosta’ gan cur síos ceart aige ar a bhfuil ina chroí féin.

‘Seal Thíos’:⁴¹⁸ Ag Scríobh sa Dorchadas

Téann an file i ngleic le héiginnteacht sin na teanga in ‘100 Stáisiún’. Is neach ‘míchéadach’ é i measc bríonna agus cinn scríbe na bhfocal – nó ceann ‘stríbe’ mar a deirtear sa dán féin. Samhlaíonn sé gur féidir tabhairt faoi thuras ‘abhaile’, thar n-ais go

⁴¹⁷ Breathnach, “An Fearann Breac,” in *An Fearann Breac*, 57.

⁴¹⁸ Breathnach, “Seal Thíos,” in *Chiaroscuro*, 23-25.

dtí tír dhúchais na Gaeilge féin, ‘stáisiún’ ar stáisiún.⁴¹⁹ Déanann an turas sin macalla le focail Wilhelm von Humboldt ar a dtráchtann an Breathnach in ‘Súilíocht ar Chasadh an Mhíle’:

Die wahre Heimat ist eigentlich die Sprache

(Is í an teanga ár dtír dhúchais ó cheart).⁴²⁰

Is gnách don fhile súil a chaitheamh siar ar a bhaile agus ar a fhréamhacha agus é i mbun na scríbhneoireachta. Níl ann don tírdhreach a chruthaíonn an teanga go fisicúil, ach is tír í a mhaireann san intinn, sa tsamhlaíocht agus i bhfocail shainiúla an duine. Is léir sin sa chaoi a n-úsáideann an Breathnach scéal Bhalair in ‘Súilíocht ar Chasadh an Mhíle’, agus sa bhéim a leagann sé ar dhaoine agus ar an áit dhúchais ina luathshaothar:

Dá bhrí sin, ní phléifead ár scéal led’ shúil scéiniúil ná stadann

Dá stánadh neamhairde ar eagla gurb í gráintsiúil Bhalair

A dhéanfaí do d’fhéachaint is go leagfaí ar lár sinn ar fad.⁴²¹

É sin ráite, bíonn ‘súil’ ar leith ag an saothar ealaíne, súil nach dtagann ó aon neach daonna, ‘súil’ scáthánach ina gcíonn duine cuid dá phearsa féin. Tagann an Breathnach ar an tuiscint sin in ‘*Dorcha*’, an dara cuid den chnuasach *Chiaroscuro*, ina ndéanann an file iarracht a shamhail féin a fheiscint trí mheán na filíochta agus na teanga.⁴²² Cuireann na dánta i gcuimhne dúinn gur nós leanúnach é an nós seo agus go dtarlaíonn sé gach uair

⁴¹⁹ Breathnach, “100 Stáisiún,” in *Chiaroscuro*, 19.

⁴²⁰ Wilhelm von Humboldt, in Breathnach, “Súilíocht ar Chasadh an Mhíle,” in *Chiaroscuro*, 45.

⁴²¹ Breathnach, “Súilíocht ar Chasadh an Mhíle,” in *Chiaroscuro*, 45-48. Féach Ó hÓgáin, *Myth, Legend & Romance: An Encyclopædia of the Irish Folk Tradition* (Londain: Ryan Publishing, 1990), s.v. “Balar,” 43-45.

⁴²² Breathnach, “*Dorcha*,” in *Chiaroscuro*, 21-35.

a chuireann an file peann le pár. Níl á chaitheamh ag an mBreathnach ach ‘seal eile thíos’

á scrúdú féin:

an cogar dá gcuirfí

ní chloisfeá

an fhéachaint dá gcaithfí

ní bhraithfeá

i gcéin ionat fhéin

ní ní leat

titim fiú go leac

thíos

aon ní ach dreapadh

aníos

is níl anseo ach an tús

le seal eile thíos.⁴²³

⁴²³ Breathnach, “Seal Thíos,” in *Chiaroscuro*, 23-25.

Cuireann ‘Seal Thíos’ na céadfaí ar ceal, fiú céadfa na súile: ‘do roisc fhosaithe / gan solas’.⁴²⁴ Tá solas de dhíth ar shúile an duine; sa tslí chéanna, tá soiléireacht nó foilsíú de dhíth laistigh de shaothar ealaíne ionas go n-osclófar súil an tsaothair, ionas go dtairgfidh sé íomhá dá léitheoirí uile. Is cuid de ghairm an fhile agus a shaothair í an fhéinmheastóireacht, mar sin. Múchann ‘Seal Thíos’ na céadfaí san am i láthair, gníomh a ligean don fhile féachaint siar ar a dhúchas féin go himmheánach. Cumann sé sa dorchadas, mar a bhíodh de nós ag filí na hÉireann tráth, go dtí go gcíonn sé an domhan go soiléir arís agus go n-iompaíonn ‘An Dubh ina Gheal’:⁴²⁵

Breac an dubh i bhfriotal teann tiubh,
 nó dubhfhoclach más siúd is fearr leat,
 chun go súfaidh an dúch chuige an dubh
 is go mbeidh an pár úr san arís geal.⁴²⁶

Tugann sin le tuiscint chomh maith gur leathanach bán a bhíonn os comhair léitheoirí nuair a théann siad i ngleic le saothar. Péinteálann an léitheoir a íomhá féin as focail an dáin. Téann sé i dteagmháil le gréasán na teanga as an nua agus déanann sé a chuid féin de. Baineann sé macalla nua as an teanga gach uile uair a léann sé an dán. Ní bhíonn brí na bhfocal le fáil ón bhfile féin, mar sin, in ainneoin réamhthuairim an phobail go mbíonn na freagraí ar fad aige. Tugann sin dúshlán don léitheoir tabhairt faoina thuras féin sula sceitheann dán a bhrí, nó roinnt dá bhríonna, leis/léi:

Agus cad mar gheall ar an mball

⁴²⁴ Ibid.

⁴²⁵ Ó hÓgáin, *An File*, 108.

⁴²⁶ Breathnach, “An Dubh ina Gheal,” in *Chiaroscuro*, 27.

sall uaidh píosa,

ar thaobh na láimhe deise

laistíos don líne?

Fágtar bán anois é.

Bíodh sé ina loch, nó neachtar acu,

bíodh ina mhá.

Ní faoin bpéintéir atá

a rá ciocu is ea é, má tá.⁴²⁷

Ag Féachaint Siar: Rian Innti agus Michael Davitt

Tá an chuma ar an scéal gur chuir bás gan choinne Davitt cor sa ‘seal thíos’ áirithe seo, áfach. Is cuid lárnach de *Chiaroscuro* é an fhéachaint siar a dhéanann an Breathnach ar a shaol, a shaothar agus a thraidisiún féin. Is léir sin in ‘Ar Shroichint Caoga Bliain d’Aois do Féachann Duine dos na Filí Óga Siar’, mar shampla, saothar a thugann urraim do nósanna ‘réabhlóideacha’ *Innti*.⁴²⁸ Tiomnaíodh an dán seo ‘do Mhichael’ (Davitt, ní foláir), agus tugann tagairtí do UCC sa chéad rann agus sa rann leathdhéanach fráma dó:

Bhuellllll

⁴²⁷ Breathnach, “An Mhá,” in *Tírdhreacha*, 28.

⁴²⁸ Caitríona Ní Chléirchín, “Guthanna Ildaite Innti,” *Comhar* 68, uimh. 3 (2008): 10-17, fuarthas 7 Lúnasa, 2019, <http://www.jstor.org/stable/25575883>.

fUCCKit

.....ha⁴²⁹

fUCCKit

táim i bhfad níos óige ná sin anois.⁴³⁰

Baineann sé úsáid ar leith as íomhánna agus friotal nua-aimseartha síos tríd, nós a bhí ag lucht *Innti* agus ag Davitt féin: ‘bhíomar mar shampla ag scann(al)ánú / an (lúbaí-dúbaí) lá (dí-dá) seo’, cuirim i gcás, nó ‘... nuair a chím im bím babaró / éirím utterly flutterly butterfly amuigh is amach’. Tarraingíonn sin ar bhranda ime, dar ndóigh. Anuas air sin, déanann an frása ‘bá na síoraíochta’ macalla le ‘ba na síoraíochta’ sa dán ‘Fiabhras’ a d’fhoilsigh Seán Ó Ríordáin in *Brosna* (1964). Tugann sin ar fad aird ar oidhreacht agus ar fhréamhacha an Bhreathnaigh i gCorcaigh agus i gCorca Dhuibhne araon. Labhraíonn sé faoi na fréamhacha sin ina chuid filíochta agus in agallamh:

Pé conách a scar fadó ó mo shreabh féin mé,

ritheann sé liom anois

go bhfuil iasc óir, leis, os cionn na cathrach dar di mé

in airde ar spuaic ag glioscarnach faoin spéir

mar chomhartha, b’fhéidir,

go dtabharfar ar ais, leis, an *aish* seo

arís go dtí an port san lá éigin.⁴³¹

⁴²⁹ Breathnach, “Ar Shroichint Caoga Bliain d’Aois do Féachann Duine dos na Filí Óga Siar,” in *Chiaroscuro*, 10. Liomsa an bhéim.

⁴³⁰ Ibid., 12. Liomsa an bhéim.

⁴³¹ Breathnach, “Spéirlínte: III – Éisc Órga,” in *Tírdhreacha*, 5.

Braithim i gcónaí, mar gur chaitheas laethanta saoire i gCorca Dhuibhne, go bhfuil tionchar, ní hamháin ag Gaelainn Chorca Dhuibhne ormsa ach ag timpeallacht Chorca Dhuibhne i mo chuid filíochta ... Bhíos ann gach aon bhliain nuair a bhí mé óg. Théimis ar saoire ann ó chomh fada siar agus is cuimhin liom ... thaitin an áit chomh mór sin liom lena trána agus an fharraige agus gach rud. Bhíodh clann eile a thagadh ó Bhleá Cliath, agus bhí fear a bhí ar aon aois liom. Bhímis ag súgradh le chéile agus bhíodh an dá theach ansin gach bliain agus bhíodh an-spórt againn. Thaitin an áit go mór liom ón dtaobh sin dó agus ... nuair a bhím ag scríobh an-mhnic bíonn an tírdhreach ag dul i bhfeidhm ar an bhfilíocht, mar a shamhláim.⁴³²

Cuireann sé béim ar leith sna hagallaimh agus sa dán seo faoi oidhreacht *Innti* ar Ghaeltacht Chorca Dhuibhne agus le bheith ag dul ‘siar’ ag foghlaim na Gaelainne.⁴³³ Ar ndóigh, tá blas láidir Ríordánúil ar an bhfocal ‘siar’ d’fhilí *Innti*: ‘Teir faobhar na faille siar tráthnóna gréine go Corca Dhuibhne, / ... / Sin é do dhoras, / Dún Chaoín fé sholas an tráthnóna, / Buail is osclófar / D’intinn féin is do chló ceart’.⁴³⁴ Cé go bhfuil tionchar mór agus thar a bheith tábhachtach ag na tírdhreacha nó na timpeallachtaí seo ar shaothar an fhile, ní hiad na fréamhacha is doimhne atá aige: ‘Táim fréamhaithe i dteanga seachas ceantar’.⁴³⁵ Is baile ann féin í an Ghaeilge.

Féachann an Breathnach siar ar a shaol agus ar a theacht in inmhe mar fhile in ‘Ar Shroichint Caoga Bliain d’Aois do Féachann Duine dos na Filí Óga Siar’. Féachann sé siar ar stair na hÉireann agus na Gaeilge trí *Chiaroscuro* chomh maith: ‘Tulach A’

⁴³² Colm Breathnach (faoi agallamh ag Eimear Nic Conmhaic), 21 Deireadh Fómhair, 2016.

⁴³³ Breathnach, “Ar Shroichint Caoga Bliain d’Aois do Féachann Duine dos na Filí Óga Siar,” in *Chiaroscuro*, 10-12.

⁴³⁴ Ó Ríordáin, “Fill Arís,” in *Brosna*, 41.

⁴³⁵ Colm Breathnach (faoi agallamh ag Eimear Nic Conmhaic), 27 Meán Fómhair, 2017.

tSolais’, mar shampla, dán in ómós do ghníomhartha na reibiliúnach a throid ar son shaoirse na hÉireann i 1798,⁴³⁶ nó ‘Aimhirgín 2000’ a thugann ómós d’Aimhirgin Glúngheal, file de chuid Chlann Mhíle.⁴³⁷ Go híorónta, is é an gníomh céanna, an fhéachaint ‘siar’ seo, a chuireann ag machnamh é ag deireadh an chnuasaigh faoin mbás meafarach a bheidh i ndán dó. Tagann an machnamh sin chun tosaigh den chéad uair in ‘Pócaí Folmha’, an dán deireanach in ‘*Dorcha*’.⁴³⁸

Scríobhadh ‘Pócaí Folmha’ i gcuimhne ar Michael Davitt (1950-2005), bunaitheoir agus iar-eagarthóir ar an iris *Innti*, a chuaigh ar Shlí na Fírinne bliain sular foilsíodh *Chiaroscuro*. B’fhile agus ceannródaí iomráiteach é Davitt i saol na Gaeilge. D’fhoilsigh sé seacht gnuasach filíochta le linn a shaoil, chomh maith le dá ‘Rogha Dánta’, i 1987 agus 2005 faoi seach. Cailleadh go tobann agus go hanabaí é ar an 19 Meitheamh 2005 agus é amuigh ag siúl i gContae Shligigh.⁴³⁹

Ba chomheagarthóirí iad an Breathnach agus Davitt ar an dá eagrán dheireanacha de *Innti*: *Innti 14* (1994)⁴⁴⁰ agus *Innti 15* (1996).⁴⁴¹ Roinn siad a dtuairimí i dtaobh na filíochta lena chéile go minic:

Bhí Davitt mar oide múinte agam ... dá mbeadh dánta nó cnuasach á chur le chéile ag Davitt, thaispeánadh sé domsa iad agus ... má bhí cnuasach á chur le chéile agamsa thaispeáin mé do Davitt é. Bhí na dánta céanna á bplé againn. Agus tar

⁴³⁶ Breathnach, “Tulach A’ tSolais,” in *Chiaroscuro*, 6-8.

⁴³⁷ Breathnach, “Aimhirgín 2000,” in *Chiaroscuro*, 31. Ar ndóigh, chuir Ó Dúshláine síos ar Cholm mar ‘Aimhirgin ar a Athbhreith’ ní ba dhéanaí in *Anois Tacht an Eala*. Féach “Colm Breathnach: Aimhirgin ar a Athbhreith,” in *Anois Tacht an Eala: Filí Chorcaí Innti agus an Réabhlóid Chultúrtha*, eag. Tadhg Ó Dúshláine (An Daingean: An Sagart, 2012), 344-388.

⁴³⁸ Breathnach, “Pócaí Folmha,” in *Chiaroscuro*, 34-35.

⁴³⁹ *Ainm.ie*, s.v. “DAVITT, Michael Seosamh (1950–2005),” fuarthas 29 Eanáir, 2019, <https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=1827>.

⁴⁴⁰ *Innti 14* (1994), eag. Michael Davitt, eag. cúnta Colm Breathnach.

⁴⁴¹ *Innti 15* (1996), eag. Michael Davitt, eag. cúnta Colm Breathnach, Bríona Nic Dhiarmada, Gabriel Rosenstock.

éis duine mar sin bás a d'fháilt, duine a bhí chomh cóngarach ó thaobh na filíochta [de], braitheann tú ‘cad a dhéanfaidh mé anois ... cad is fiú dánta a scríobh nó cé a léifidh na dánta seo dom’?.⁴⁴²

Ba bhuille ollmhór é bás Davitt don Bhreathnach, mar sin, agus bhí tionchar éigin ag an gcailliúint sin ar leagan amach *Chiaroscuro* féin. Imríonn an dán seo leis an tuiscint a bhain Davitt as an bhfocal ‘póca’ sular cailleadh é:

‘Tabharfaidh mé duit mo phóca’

is tú ag caint ar uimhir gutháin.⁴⁴³

Bhí sé mar nós ag Davitt gimicíocht agus códmheascadh den sórt seo a dhéanamh ina chuid filíochta. Tharraing Seán Ó Ríordáin aird air sin ar ndóigh in alt a scríobh sé san *Irish Times* sa bhliain 1975: ‘Táimid ag tóraíocht filíochta. An filíocht é seo nó gimic? ... Neosfaidh an aimsir’.⁴⁴⁴ Léirítear an chaoi ar thóg sé droichead idir ‘Gaoluinn’ Chath Chionn tSáile agus Gaeilge na linne seo in ‘Pócaí Folmha’. Tá lorg an amhráin ar na rannta ar fad sa chló iodálach anseo; tá fonn éagsúil ag baint leo agus tá codarsnacht shoiléir idir iad agus na rannta eile sa dán. I rann a sé, cuirim i gcás, déantar rím idir na focail dheiridh, agus idir roinnt de na focail inmheánacha (‘bochtaithe’ agus ‘luchtaithe’, mar shampla). Tá gaol ann idir na gutaí chomh maith:

Filíocht Éireann bochtaithe atá

Croí a héigse luchtaithe thar meá

Gach mórócáid a tharlóidh feasta anois

⁴⁴² Colm Breathnach (faoi agallamh ag Eimear Nic Conmhaic), 21 Deireadh Fómhair, 2016.

⁴⁴³ Breathnach, “Pócaí Folmha,” in *Chiaroscuro*, 34-35.

⁴⁴⁴ Seán Ó Ríordáin, “Scríobh 1,” *The Irish Times*, 11 Eanáir, 1975.

*Beam gan treoirthrácht uirthi ónár bhfear fis.*⁴⁴⁵

Bhí an Breathnach ag súil leis go mbainfeadh na rannta sa chló iodálach in ‘Pocaí Folmha’ macalla as ceol nó amhráin de chuid Dhiarmada Uí Shúilleabháin. Dar leis an mBreathnach:

[bhíos] ag cuimhneamh ar an amhrán 'Tuireamh Mhic Finín Duibh' atá ar an cd *Bruach na Carraige Báine* a chuir Diarmuid Ó Súilleabháin amach. Na sleachta i gcló iodálach, táid ceaptha sean-mharbhna a chur i gcéill ach níl siad bunaithe go díreach ar aon dán ná amhrán faoi leith ... Chífidh tú an tslí go bhfuil an focal "osna" ann agus luaitear "dubh" agus "dubhach" níos mó ná uair amháin. Bhí mé ag iarraidh macalla den sórt sin cumadóireachta a chur isteach sa dán.⁴⁴⁶

Ar nós Michael Davitt agus Paul Cahill, cailleadh Ó Súilleabháin go hanabaí. Eagraítear féile bliantúil, *Éigse Dhiarmuid Uí Shúilleabháin* nó *Éigse Dhiarmuidín*, i gCúil Aodha i gcuimhne ar an amhránaí áitiúil a chuaigh ar Shlí na Fírinne i dtimpiste bóthair i 1991. De réir shuíomh na hÉigse:

Bhí sé de bhua [ag Diarmuid Ó Súilleabháin (1947-1991)] amhrán oiriúnach d'aon ocáid ... a thabhairt uaidh, agus ba mhinic go mbeadh amhrán nua aige, tarraingthe aníos as foinse éigin, agus foghlamtha go beacht. Ba mhinic an lucht

⁴⁴⁵ Freagraíonn na gutaí sa chló trom i línte a haon agus a trí do ghutaí sa chló trom i línte a dó agus a ceathair faoi seach. Ní hamháin go bhfuil rím idir ‘atá’ / ‘meá’ agus ‘anois’ / ‘fis’, ach críochnaíonn línte a haon agus a trí ar dhá shiolla agus línte a dó agus a ceathair ar shiolla amháin.

⁴⁴⁶ Comhfhreagras pearsanta le Colm Breathnach, 11 Meán Fómhair, 2019.

éisteachta fé dhraíocht aige. Chan sé na hamhráin mhóra ó Mhúscraí, sa stíl fé leith a thug sé leis ós na glúnta a imigh roimis.^{447 448}

Maireann ceol na teanga, i ndiaidh don triúr seo, .i. Davitt, Cahill agus Ó Súilleabháin, bás a fháil. Déanann na rannta sa chló iodálach macalla le traidisiún liteartha na Gaeilge agus le traidisiún amhránaíochta na Gaeilge san 20ú haois chomh maith. Is léiriú maith iad ar an tslí ar shníomh Davitt an dá thraidisiún agus an dá thréimhse ama le chéile ina chuid filíochta.

Tá an chuid eile den dán ar nós scéil, seachas amhrán. Cuimhníonn an Breathnach ar nathanna sainiúla Davitt agus ar chomhráite ar leith a tharla idir an bheirt acu thar na blianta:

mar shampla, nuair a dúraís:

‘Mhiseáil mo chroí bít’

...

Nó nuair a dúraís le déanaí:

‘ ...gurb é duais

⁴⁴⁷ “Beathaisnéis Diarmuid Ó Súilleabháin,” *Éigse Dhiarmuid Uí Shúilleabháin: Éigse Dhiarmuidin*, fuarthas 21 Deireadh Fómhair, 2018, <http://eigse.ie/beathaisneis-diarmuid-o-suilleabhain/>.

⁴⁴⁸ Tá an-aithne ar theaghlach Uí Shúilleabháin i measc lucht an tsean-nóis. Sa bhliain 2006, craoladh clár fúthu ar TG4 faoin teideal ‘Na Maidhcís: Cúil Aodha, Co. Chorcaí’ mar chuid den tsraith ‘Sé Mo Laoch. Comhfhreagras pearsanta le hÁine Uí Fhinneadha, duine d’fhoireann TG4, 1 Feabhra, 2019.

gach ainniseora dá Chríostúla

is gach Íosa dá ainnise

an maithiúnas, an t-aiséirí.’

...

’speáinis dúinn arís ina steillmharthain

ár n-acmhainn theangeolaíoch 2000-blianúil

go mbíteá ag lomathumadh inti ar mhaithe

le léiriú dúinn an péarla ina súil

ag glioscarnach dúinn.⁴⁴⁹

Ba é Cath Chionn tSáile a chuir tús le meath na Gaeilge de réir ‘Pócaí Folmha’. Rinne Davitt ath-theagmháil leis an nGaeilge agus leis an traidisiún a bhain léi. Ach bhí a thuiscint nuálach féin aige ar an teanga. Chuir sé in oiriúint í do ghlúin óg ‘ildaite’ a tháinig chun cinn in Éirinn ag deireadh na seascaidí. Glúin a bhí lán-sásta inspioráid a lorg thar lear agus in Éirinn araon.⁴⁵⁰ Lean filí eile a lorg. Chuir Davitt beocht as an nua sa Ghaeilge agus i muinín is meanma na bhfilí a scríobh inti. Caoineadh nua-aimseartha in ómós oide agus ceannródaí is ea ‘Pócaí Folmha’, mar thoradh. Treisíonn an t-athrá a

⁴⁴⁹ Breathnach, “Pócaí Folmha,” in *Chiaroscuro*, 34-35.

⁴⁵⁰ Ní Chléirchín, “Guthanna Ildaite Innti,” *Comhar* 68, uimh. 3.

dhéantar ar an ‘á’ sa rann deireanach an caoineadh sin: ‘... amháin / ... / ... gutháin / ... bacáin / ... ndán / ... háite / ... ná atá / ... dána / ... chráite’. Cén bhaint atá ag bás Davitt, áfach, le dearcadh Choilm Bhreathnaigh agus le cás an fhile?

Cruthaíonn bás Davitt poll mór i gcroí agus in oidhreacht an Bhreathnaigh. In ‘*Geal*’, féachann an file siar ar a fhréamhacha, ar na daoine is na cúinsí a raibh tionchar acu air i rith a shaoil. Bíonn air athmhachnamh a dhéanamh orthu siúd in ‘*Dorcha*’ agus go háirithe in ‘*Pócaí Folmha*’. Tagann malartú iomlán ar a shaol le bás a charad agus teipeann ar na focail féin mar gheall air sin. Beidh croíthe ‘folmha’ ag léitheoirí agus filí na Gaeilge as seo amach, an Breathnach san áireamh. Tá stop curtha le cruthaitheacht agus nuálacht Davitt. Bhí stór focal sa bhreis le tairiscint aige agus beidh na nathanna sin in easnamh ar lucht na Gaeilge go deo. Ach sábhálann an Breathnach ceann amháin díobh siúd. A bhuí leis sin, is ionann na ‘pócaí folmha’ seo agus ciúnas sa teanga chomh maith:

bhraitheas go raibh samhail Dhavittiúil nua ar na bacáin

is go gcéifinn chugam fós sara fada í insealbhaithe i ndán

rud éigin faoi phócaí ag clingeadh ar fuaid na háite

ach ní mar a síleadh a bhí ná atá

is níl fágtha anois ag aos an dána

ach pócaí folmha lán ciúinis chráite.⁴⁵¹

Baineann gach file a cheol féin as an teanga ina scríobhann sé. Cailleadh an ceol saineúil a bhain Davitt as an nGaeilge agus é ar iarraidh. Ní chloisfear na nathanna cainte uaidh nár scríobhadh agus ní fheicfear na híomhánna nach ndearna sé cur síos orthu go fóill.

⁴⁵¹ Breathnach, “Pócaí Folmha,” in *Chiaroscuro*, 34-35.

B'fhile é Davitt nár bhain agus nach mbainfidh barr a chumais amach; d'fhág sé folús, dá bharr sin, inár bpócaí is i bpócaí na teanga.

Osclaíonn an t-eispéireas seo súile an Bhreathnaigh; tuigeann sé go dtarlóidh an rud céanna dó féin mar fhile. Sin é duais an scríbhneora a chuireann é féin i lár an ghoirt 'dá ainnise', mar a deir Davitt anseo.⁴⁵² Ní fhaigheann sé an tuiscint chéanna ar an teanga agus cuireann sé an dallamullóg air féin agus ar a lucht éisteachta. Os a choinne sin, cé go mbeadh an file ar nós ainniseora dá léitheoirí dá dtógfadh sé é féin amach as an spotsolas agus as an dán, rachadh an cinneadh sin chun tairbhe do gach duine:

‘ ...[is] é duais
gach ainniseora dá Chríostúla
is gach Íosa dá ainnise
an maithiúnas, an t-aiséirí.’⁴⁵³

Imeoidh gach file, 'Íosa' na filíochta, ón bhfilíocht ar deireadh in ainneoin a mhéine féin agus in ainneoin mhian na léitheoirí. Beidh air 'maithiúnas' a impí orthu go dtí go dtiocfaidh sé thar n-ais i ndánta a chomhfhilí, a oidhreacht á cur ag macallú le ceol na teanga. Tá dóchas le fáil dó sa mhaithiúnas sin. Is le 'Pócaí Folmha', mar sin, a thosaíonn athrú intinne an scríbhneora in *Chiaroscuro*, a thosaíonn 'pentimenti' sa saothar ealaíne.

⁴⁵² Ibid.

⁴⁵³ Ibid.

‘Do roisc d’oscláís...’:⁴⁵⁴ An Íomhá Fhileata agus Súil an tSaothair Ealaíne

Smaoiníonn an Breathnach arís faoin ngaol idir file agus dán in ‘Dubh’ agus ‘Subh’.

Déanann ‘Dubh’ iniúchadh ar nádúr na híomhá fileata:

Tá dubh agus dubh ann –

Dubh a cuid gruaige

a bhí niamhrach

Is í ag imeacht uaim.

Dubh iongan

idir inné agus inniu –

Dubhfhocal gléineach

nár dúradh in am

Lobhann sa dúrabhán.⁴⁵⁵

⁴⁵⁴ Breathnach, “Ó Dhubh Dubh,” in *Chiaroscuro*, 28.

⁴⁵⁵ Breathnach, “Dubh,” in *Chiaroscuro*, 26.

Dar le fealsúna ar nós Merleau-Ponty, nuair a fhéachann an t-ealaíontóir nó an file ar an radharc roimhe, chíonn sé a shamhail féin ag féachaint thar n-ais ón radharc sin.⁴⁵⁶ Chomh luath is a fhéachann sé ar an íomhá os a chomhair, áfach, bíonn sí ag leá. Tá blas den tuairimíocht sin le sonrú in ‘Dubh’: ‘dubh a cuid gruaige / a bhí niamhrach / Is í ag imeacht uaim’. Tá ré na híomhá sin thart agus ag imeacht cheana féin ón bhfile. Ar an tslí chéanna, beidh deireadh le bun-inspiráid gach cnuasaigh ar deireadh. Samhail neamhbhuan a bhíonn inti a thagann agus a imíonn ó radharc an fhile de réir a chéile. Tagann na focail ródhéanach i gcónaí chun greim a choinneáil uirthi: ‘Dubhfhocal gléineach / nár dúradh in am / Lobhann sa dúrabhán’. Ní féidir dul i ngleic le radharc nach bhfuil laistigh de do radharc súl féin agus bíonn ar an bhfile éalú len é féin ‘a thabhairt slán’.⁴⁵⁷ Bíonn an t-údar as láthair mar sin agus muid ag léamh a dhánta; bíonn ar an bhfile a phearsa a chur ar ceal ag deireadh gach cnuasaigh agus ag deireadh gach dáin. Sin díreach an rud atá le feiscint in ‘Subh’, dán a tiomnaíodh ‘do Thomás Ó Cíobháin, péintéir’ as an nGráig. Bíonn daoine in easnamh ar shaothair Uí Chíobháin go minic⁴⁵⁸ agus, sa tslí chéanna anseo, taispeántar an phráinn atá ar an bhfile bogadh ar aghaidh ón saothar agus goirt nua a threabhadh:

... failltreacha arda ag líonadh na spéireach

Cad is féidir le hiomramhach a dhéanamh

⁴⁵⁶ Carlyne Quinn, “Perception and Painting in Merleau-Ponty’s Thought,” *Perspectives: International Postgraduate Journal of Philosophy* (2009): 22-23, fuarthas 31 Bealtaine, 2020, http://www.ucd.ie/philosophy/perspectives/resources/Carolyne_Quinn.pdf.

⁴⁵⁷ Breathnach, “Subh,” in *Chiaroscuro*, 29.

⁴⁵⁸ “Tómas Ó Cíobháin – Painter: Biography,” *Airt*, fuarthas 12 Lúnasa, 2019, <http://www.airt.ie/tutors-cuas-classes/46-airt-courses-tomas-o-ciobhain.html>. Mar a tharla, ba é Tomás Ó Cíobháin a mhaisigh *An Fear Marbh* chomh maith i 1998.

Ach tarrac in aghaidh an tarraic,

Do mhaide tosaigh a chur amach as an gcnafás dubh

Is do mheanma maraí a thabhairt slán ón subh.⁴⁵⁹

Ní féidir leis an bhfile é féin a fheiscint i gceart sa saothar ealaíne; níl cur amach aige níos mó ar ‘na foghail’ i mbéal na dtránna ná na ‘gálaí a cheapfaidh [a] mheabhair ina réim’.⁴⁶⁰ Ní leisean an saothar ná an íomhá níos mó. Ciallaíonn sin nach mbíonn an file ar fáil do léitheoirí ach an oiread agus iad ag dul i ngleic leis na dánta. Geallann an fhilíocht ‘file’ dúinn; go gcuirfidh an dán tuairimí an fhile sin os ár gcomhair. Is geallúint gan bhunús é sin. Ní hann don fhile uilefheasach a chíonn agus a thuigeann gach focal agus gach nasc a chruthaítear laistigh dá chnuasach nó dá dhánta féin agus léirítear sin go soiléir sa dán ‘Subh’. Ní hann dó féin ná don léitheoir ach na híomhánna céanna, tarraingthe le chéile in aon chnuasach amháin. Is le meon suibiachtúil an léitheora a thógtar bunchloch gach dáin. Déanann criticeoirí iarracht míniú a thabhairt ar an dán, iad ag iarraidh fráma nó ‘failltreacha arda’ a chur thart air. Bíonn ar an bhfile éalú as an láthair sula mbeirtear air san fhráma sin, sula mbeirtear air sa chomhthéacs céanna go deo. Chomh maith leis sin, mar fhile, nó ‘iomramhach’, ní féidir leis éirí sáite sa phéint righin ach an oiread. Bíonn ar an bhfile a ‘mhaide tosaigh a chur amach as an gcnafás dubh’ agus é ag dul sa tóir ar an gcéad íomhá eile de shíor. Mura ndéanann sé sin, éireoidh an dorchadas diamhair ina ‘shubh’ righin⁴⁶¹ agus lobhfaidh na focail fhileata os a chomhair.⁴⁶² Tagann an tóraíocht sin chun tosaigh sna dánta ‘Dubh’ agus ‘Subh’ faoi seach, agus bíonn an file i gcónaí as láthair ina théacs féin mar thoradh.

⁴⁵⁹ Breathnach, “Subh,” in *Chiaroscuro*, 29.

⁴⁶⁰ Ibid.

⁴⁶¹ Ibid.

⁴⁶² Breathnach, “Dubh,” in *Chiaroscuro*, 26.

Is in ‘*Dorcha*’, mar sin, a thagann ‘súil eile’⁴⁶³ chun tosaigh in *Chiaroscuro* den chéad uair: súil an tsaothair ealaíne. Bíonn a léamh féin ag gach ealaíontóir, an Breathnach san áireamh, ar an méid atá le feiscint sa tsúil seo. Déanann an file cur síos air sin in ‘Ó Dhubh Dubh’:

Do roisc d’osclaís, ar leathadh – chonac mo dhorchadas ina steillbheatha

Feicim tríd go dtí an ngrinneall síos:

ansan, leis, is liomsa é agus maireann sé.⁴⁶⁴

Déantar idirdhealú anseo idir an dá mhac imrisc: duibhe shúil an fhile agus duibhe na súile a osclaíonn laistigh dá dhán. Léiríonn an tsúil nua seo, súil an tsaothair ealaíne, an domhan ar shlí iomlán nua. As an dorchadas i lár an tsaothair ealaíne tagann solas a léiríonn ‘bádóir ar an láthair’. Is ionann an bádóir nó an t-iomramhach sin agus an file; mar thoradh, tugann an tsúil nua léargas nua don fhile ar a phearsantacht féin chomh maith. Tá cosúlachtaí idir an tuiscint sin agus an ‘scáth’ Jungach. Dar le Jolande Jacobi, is siombail é an ‘scáth’ nó an ‘*shadow*’ don taobh eile dár bpearsantacht:

In its individual aspect the shadow stands for the ‘personal darkness’, personifying the contents (sometimes positive) of our psyche that have been rejected and repressed...; in its collective aspect, it stands for the universally human dark side within us...⁴⁶⁵

Is féidir le duine cuid dá scáth indibhidiúil inmheánach, scáth nach bhfuil tuiscint cheart aige air, a theilgean ar an timpeallacht os a chomhair; feiceann sé a thréithe féin i nduine

⁴⁶³ Breathnach, “Súilíocht ar Chasadh an Mhíle,” in *Chiaroscuro*, 45-48.

⁴⁶⁴ Breathnach, “Ó Dhubh Dubh,” in *Chiaroscuro*, 28.

⁴⁶⁵ Jolande Jacobi, *The Psychology of C.G. Jung: An Introduction with Illustrations*, 6^ú heagrán (Londain: Routledge and Kegan Paul, 1962), 108.

nó i rud éigin eile.⁴⁶⁶ Domhan dubh a chuirtear os ár gcomhair in *Chiaroscuro*, domhan a nochtann é féin in íomhánna aonair. Is soilse iad na híomhánna sin a lonraíonn ar chnafás dubh don fhile agus don léitheoir araon. Taispeánann siad radhairc bheaga den phictiúr iomlán dúinn, ceann ar cheann.

Is inspéise gur leagan Gaeilge de ‘Von Dunkel zu Dunkel’ le Paul Celan a chuireann an Breathnach ós ár gcomhair in ‘Ó Dhubh Dubh’. Dúirt Celan go saolaítear an dán as an dorchadas agus gurb í an tuiscint ar an mbásmhaireacht dhaonna a chuireann tús le gach saothar filíochta: ‘the poem is born dark; it comes, as the result of a radical individuation, into the world as a piece of language’.⁴⁶⁷ Pléann an Breathnach an tuiscint sin in ‘Ó Dhubh Dubh’. Deir Lyon go labhraíonn an bunleagan faoi shruth an tosta agus go gcuireann sé an file i láthair mar bhádóir. Tugann an bádóir an chuid sin den teanga nach bhfuil ráite go fóill trasna abhainn sin an tosta agus déanann sé filíocht aisti.⁴⁶⁸ Tá an méid sin le feiscint in ‘Ó Dhubh Dubh’:

Ab in faradh? A dhúisíonn idir dhá chaladh?

Cé leis an solas san sna sála orm

a léiríonn bádóir ar an láthair?⁴⁶⁹

Caitheann an dán nua seo solas ar an bhfile díreach mar a chaitheann an cnuasach solas air ar bhealaí éagsúla. Ag an am céanna, áfach, leánn an file, nó an bádóir, thar n-ais isteach sa dorchadas. Níl fágtha de ach cuimhne, é imithe ag iarraidh casadh nua a bhaint as an teanga. Is dorcha agus doiléir a bhíonn an teanga sin, go minic. Tugtar tús áite dó

⁴⁶⁶ Ibid., 107.

⁴⁶⁷ Paul Celan, *The Meridian: Final Version – Drafts – Materials*, eag. Bernhard Böschstein agus Heino Schull, Pierre Joris a d’aistrigh (California: Stanford University Press, 2011), 84.

⁴⁶⁸ James K. Lyon, *Paul Celan and Martin Heidegger: An Unresolved Conversation 1951-1970* (Baltimore, Maryland: The John Hopkins University Press, 2006), 36-37.

⁴⁶⁹ Breathnach, “Ó Dhubh Dubh,” *Chiaroscuro*, 28.

sin i dteideal an dáin Ghaeilge: tagann an ráiteas iomlán ‘ó dhubh dubh’. Chíonn an teanga a scáil féin i ‘roisc’ an fhile fad is a chíonn an Breathnach cuid dá scáil sa teanga. Cuirtear comhrá tostach i bhfeidhm eatarthu trí theacht an tsolais, comhrá a théann ‘go dtí an ngrinneall síos’ agus go domhain laistigh sa tsamhlaíocht. Léirítear tábhacht na súl arís anseo: nuair a osclaíonn an file a shúile nochtar an solas agus an dorchadas araon dó. Tá réamh-mhacallaí de sin le fáil in ‘An Dubh ina Gheal’, cuirim i gcás: breacann an file an dubh ‘chun go súfaidh an dúch chuige an dubh / is go mbeidh an pár úr san arís geal.’⁴⁷⁰ Mar an gcéanna, in ‘Ó Dhubh Dubh’, tá dorchadas an bhádóra le feiscint agus ar marthain sa teanga. Cuireann sé beocht inti, ach beidh áiteanna folaithe ann i gcónaí, tírdhreacha nach bhfuil cur síos ag an bhfile ná ag an teanga orthu go fóill.

Mar a tharla, d’aistrigh Isobel Ní Riain roinnt dánta de chuid Celan ag tús 2019. In *Dánta le Paul Celan* (2019), tugaim suntas don Ghaeilge a chuireann sise ar ‘Von Dunkel zu Dunkel’:

‘Ó Dhorchadas go Dorchadas’

D’oscail tú do shúile – feicim mo dhorchadas beo.

féachaim air go híochtair:

ansin freisin is liomsa é agus maireann sé.

An aistríonn sé a leithéid? Agus an ndúisíonn sé san iarracht?

Cé leis an solas a leanann ar mo shála,

⁴⁷⁰ Breathnach, “An Dubh ina Gheal,” *Chiaroscuro*, 27.

ionas gur féidir teacht ar fharantóir.⁴⁷¹

An difríocht is mó atá le sonrú idir an dá aistriúchán ná an chaoi a n-aistrítear an dara rann thuas; agus, ar shlí, tá leagan Ní Riain níos éasca a thuiscint ná an ceann a foilsíodh in *Chiaroscuro*. Cuireann an Breathnach níos mó béime ar íomhá an bhádóra, go háirithe sa rím a dhéanann sé idir ‘faradh’ agus ‘caladh’. Tá ceangal níos láidre ag an dán leis an miotas dá bharr sin, agus go háirithe le Charon an Stiocs.⁴⁷² Leagann Ní Riain béim níos loime ar an athrú a thagann ar fhile agus é ag plé leis an teanga. Cineál athbhreithe atá i ndán don fhile le gach dán a chuireann sé de. Níl amhras ach go gcaitheann an dá aistriúchán seo solas luachmhar ar a chéile. Is tráthúil foilseachán Ní Riain, mar sin, agus an tráchtas seo á scríobh.

‘Smólaigh iad do shúile’:⁴⁷³ ‘Gealdorcha’ agus Íomhá an Éin

Tosaíonn an file ag déanamh athscrúdú air féin agus ar an bhfilíocht in ‘*Dorcha*’. Tuigeann sé go bhfuil scáth aige (sa chiall Jungach) agus nach bhfuil tuiscint aige ar an scáth sin. Braitheann sé uaidh Davitt chomh maith, duine de na hoidí ba thábhachtaí a bhí aige agus é ag bláthú mar fhile. Déanann sé iarracht leigheas a fháil ar na cúinsí sin in ‘*Gealdorcha*’ agus is air sin a dhéantar anailís anois:

⁴⁷¹ “Ó Dhorchadas go Dorchadas,” in *Dánta le Paul Celan*, Isobel Ní Riain a d’aistrigh le cabhair ó Barbara Siller, Gert Hofmann agus Pádraig Ó Ceallacháin (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2019), 33.

⁴⁷² *Encyclopædia Britannica*, s.v. “Charon,” fuarthas 24 Márta, 2019, <https://www.britannica.com/topic/Charon-Greek-mythology>.

⁴⁷³ Breathnach, “Cian,” in *Chiaroscuro*, 39.

‘Cian’

Sioc ar an bhfál

ar maidin

smólaigh iad do shúile.⁴⁷⁴

Is é ‘Cian’ an dán is giorra sa chnuasach ar fad, ach is dán tábhachtach é mar sin féin. Baineann íomhá an éin anseo macalla as cumas ‘éan-úil’ na teanga, a ndearna an Breathnach tagairt dó in ‘Dá gCífeá í tar éis Fíon a dh’Ól...’: ‘a lámha amhail éin bhána ag gabháil gach treo’.⁴⁷⁵ Léiríonn an nasc seo gur dán grá é ‘Cian’, ar nós ‘Dá gCífeá í tar éis Fíon a dh’Ól...’, ach grá a bhfuil cailliúint nó cumha éigin ag sileadh tríd. Tá radharc nua ar an saol ag an mBreathnach sa dán seo, solas na maidine ag léiriú an domhain dó ar shlí dhifriúil.

Is ar íomhá sin an éin a dhéantar iniúchadh i dtosach. Is siombail thraidisiúnta é an t-éan d’anam an duine, dar le P.L. Henry. Déanann sé an anailís seo ar *Echtra Cormaic*:

Eití ildaite éan a bhí mar chomharthaíocht ar fhíle – is ar *shaman* ... Cuimhnigh, leis, go raibh samhail an éin, coitianta, le hanam an duine.⁴⁷⁶

Luíonn an ceangal sin idir anam, éan agus teanga leis an gcantaireacht a bhí mar dhlúthchuid den fhilíocht in Éirinn ar feadh i bhfad.⁴⁷⁷ Díol suime go dtugann an Breathnach féin ómós don traidisiún sin ag tús *Cantaic an Bhalbháin*:

⁴⁷⁴ Ibid.

⁴⁷⁵ Breathnach, “Dá gCífeá í tar éis Fíon a dh’Ól...,” in *Chiaroscuro*, 1.

⁴⁷⁶ Henry, *Saoithiúlacht na Sean-Ghaeilge*, 80.

⁴⁷⁷ Dáithí Ó hÓgáin, *Myth, Legend & Romance: An Encyclopædia of the Irish Folk Tradition* (Londain: Ryan Publishing, 1990), s.v. “Sports and Pastimes,” 391-394.

an chainticc ghlórmhar do-rónsad ... an énlaithe

Beatha San Froinsias

ro chansat ... ceol combind

... agus cantaicc cainfhoclaig

An Leabhar Breac.⁴⁷⁸

In ‘Cian’, d’fhéadfaí a rá gur samhail iad na smólaigh ar an bhfál d’oidhreacht Mhichael Davitt; gur siombail iad don chiúnas cráite a fhágann bás Davitt laistigh den teanga, dar leis an mBreathnach. Treisíonn an dán ‘Pocaí Fólma’ leis an tsamhail sin, go háirithe agus é ag teacht díreach roimh ‘Cian’ in *Chiaroscuro*.⁴⁷⁹ Más ann don cheangal sin, tá nasc suntasach le sonrú idir na smólaigh anseo agus an teanga féin. Is féidir comparáid a dhéanamh chomh maith idir an ‘fál’ thuas agus an cnafás a luaitear níos faide anonn in ‘*Gealdorcha*’.⁴⁸⁰ Ar an tslí sin, taispeánann na súile ar an bhfál, nó ar an gcnafás, gur cosúil le héan í an teanga.

Chomh maith leis sin, féachann na súile in ‘Cian’ amach as an dán, ag féachaint thar n-aís ar an bhfile féin. Is mór an tábhacht atá le teideal an dáin seo, mar sin. Tarraingíonn an focal ‘cian’ ar an gcuimhne, agus ar achar ama agus spáis araon.⁴⁸¹ Dar le Merleau-Ponty, aithnítear rudaí ón tslí ina bhfuil siad éagsúil ó rudaí eile, .i. ón méid atá as láthair sa radharc.⁴⁸² Oibríonn na súile smólach seo ar an tslí chéanna is a oibríonn an ghluaiseacht idir an méid a fhoilsítear agus a fholáitear sa saothar ealaíne. Ar an gcaoi

⁴⁷⁸ Breathnach, *Cantaic an Bhalbháin*, tús an leabhair.

⁴⁷⁹ Breathnach, “Pocaí Fólma,” in *Chiaroscuro*, 34-35.

⁴⁸⁰ Breathnach, “Ar ‘Dícheannadh Eoin Baiste’ le Caravaggio,” in *Chiaroscuro*, 50-51.

⁴⁸¹ *An Foclóir Beag*, s.v. “Cian,” fuarthas 31 Eanáir, 2019, <https://www.teanglann.ie/ga/fb/>.

⁴⁸² Maurice Merleau-Ponty, “The Philosopher and His Shadow,” in Seán Dorrance Kelly, “Seeing Things in Merleau-Ponty,” in *The Cambridge Companion to Merleau-Ponty*, ead. Taylor Carman agus Mark B. N. Hansen (Cambridge: Cambridge University Press, 2005), 74.

chéanna, toisc go bhfuil radharc na súl ag an bhfile, ciallaíonn sin go bhfuil rudaí ann nach gcíonn sé. Bíonn rudaí i gcónaí in easnamh ar an radharc os comhair an fhile; tá teorainneacha ag baint leis an dán agus le radharc na súl araon. In ‘Cian’, mar sin, foilsítear súile na smólach ar chnafás an tsaothair, ach folaítear fonn an éin. Foilsítear cumha agus aiséirí an fhile i ‘maidin’ an dáin seo, ach folaítear an chuimhne atá ag an mBreathnach ar Michael Davitt agus a oidhreacht. Foilsítear an dóchas sin a bhí le sonrú in ‘Pócaí Folmha’ ach, ag an am céanna, brúnn an ciúnas anuas ar an dán go trom. Bíonn an íomhá nó an radharc fileata i gcónaí ag bogadh ar aghaidh agus an tírdhreach i gcónaí ag athrú mar thoradh: bíonn an t-éan i gcónaí ar tí eitilt ‘i gcéin’. Is ábhar dóchais é sin sa dán seo. Is léiriú é ‘Cian’ ar athrú dóchasach a thagann ar aireachtáil an fhile i leith na cailliúna agus i leith nádúr an tsaothair ealaíne féin, mar thoradh.

An Aireachtáil Dhaonna: ‘2016’ agus ‘Stone’

Tagann athrú ar thuiscint an Bhreathnaigh ar radharc na súl agus ar chumas aireachtála an duine in *Chiaroscuro*, mar thoradh. Is léir sin in ‘2016’ agus ‘Stone’ faoi seach. Déantar comparáid sna dánta sin idir an scéal a chuala an file faoi Éirí Amach na Cásca mar bhuachaill óg agus an chuimhne a bhí ag Kathleen Clarke, baintreach Thomáis, ar an eachtra chéanna i 1966. Tugann an dá dhán seo, a fhreagraíonn do stair pholaitiúil na hÉireann, deis dúinn féachaint ar an méid a tharlaíonn nuair a thagann cuimhní difriúla le chéile. Déanann an Breathnach iniúchadh iontu ar an tionchar a bhíonn aige sin agus ag imeacht an ama ar dhearcadh agus ar aireachtáil na ndaoine.

In ‘2016’, cuirtear béim ar imeacht an ama agus ar an tionchar a bhíonn ag an am ar eachtraí stairiúla:

i nDún Laoi, cois Laoi

i ndeireadh na seascaidí

agus má bhí bás ab fhearr

ná bás in Éirinn

an uair sin i m'intinnse

ná raibh ach *cúig bliana d'aois*

le linn an chomórtha

ar *Naoi Déag a Sé Déag*

i naoi gcéad déag a seasca sé

b' é an bás in Éirinn ar son na hÉireann é.⁴⁸³

Cé nár scríobhadh an dán áirithe seo in 2016,⁴⁸⁴ léiríonn an dáta an tuiscint atá ag an bhfile ar an am. Bíonn nós sa tsochaí an t-am a roinnt i dtréimhsí caoga bliain tar éis ócáidí móra cosúil leis seo; mar sin, feictear '2016' sa teideal, le taobh 'Naoi Déag a Sé Déag' agus 'naoi gcéad déag a seasca sé' i gcorp an dáin féin. Cuireadh comóradh mór ar siúl i gcuimhne ar Éirí Amach na Cásca i 1966 agus in 2016 agus cuireann an Breathnach síos ar na difríochtaí tuisceana a bhíodh ag daoine ag deireadh gach tréimhse sin. Anuas air sin, luaitear aois na hintinne sa véarsa seo. Is nós linn caint faoi bheith ag dul in aois go fisiciúil de ghnáth, ach déantar plé in '2016' ar aibíocht na hintinne nó ar aois na cuimhne. Tugann sin le tuiscint go mbíonn an tionchar céanna, agus b'fhéidir

⁴⁸³ Breathnach, "2016," in *Chiaroscuro*, 32. Liomsa an bhéim.

⁴⁸⁴ Foilsíodh *Chiaroscuro* in 2006, ach foilsíodh '2016' roimhe sin arís. Féach Colm Breathnach, "2016," in *An Aimsir Óg: Cuid a hAon*, eagr. Micheál Ó Cearúil (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2000), 193.

tionchar níos láidre, ag an am ar intinn agus ar radharc súl an duine ná mar atá aige ar fheidhmiú na colainne. De réir ‘2016’, mar sin, bíonn aireachtáil agus cuimhne an duine luaineach. Bíonn siad ag brath ar chúinsí éagsúla laistigh agus lasmuigh den chorp. Ar an taobh eile, labhraíonn Kathleen Clarke faoina taithí ar imeachtaí na seachtaine sin agus í ag cuimhne orthu mar a tharla siad ag an am:

Stone, teist na mná eile uirthi

nuair a dúirt gurbh é an bás a bhí i ndán dá fear

an tráth a chuireadar fios uirthi

go dtí Cill Mhaighneann.

‘Ní cheapann tú go mbeadh na Sasanaigh chomh cineálta liom’,

a dúirt sí, ‘agus faill a thabhairt dom slán a rá

mara mbeidís ach á sheoladh achar gearr?’

‘Stone’ a dúirt sí.

Do chlocha do do shórt Kathleen

is ea a thógtar poblachtaí.⁴⁸⁵

⁴⁸⁵ Breathnach, “Stone,” in *Chiaroscuro*, 33.

Tabhair faoi deara go gcuireann an file béim éagsúil ar fad ar an mbás sa chuntas seo. Chomh maith leis sin, ní thráchtar ar an gcomóradh caoga bliain a tharla sa bhliain chéanna a thug sí an t-agallamh seo, agallamh a bhí le craoladh ag RTÉ mar chuid den tsraith ‘On Behalf of the Provisional Government’ i 1966.⁴⁸⁶ Ní ar an am a bhí caite acu ach ar an todhchaí a labhair sí féin agus Thomas ina gcomhrá deireanach le chéile:

Even then we didn’t talk about anything, [nor] about ourselves. We talked about the future and the future of the country.⁴⁸⁷

Taispeánann sin go raibh dhá dhearcadh éagsúla ag lucht an Éirí Amach agus muintir na hÉireann a bhí á gceiliúradh ní ba dhéanaí: súil amháin ag féachaint chun tosaigh ar an todhchaí, todhchaí a bhíonn i gcónaí ag féachaint siar uirthi féin.

Cuireann an Breathnach íomhá de bhuachaill óg os ár gcomhair in ‘2016’ agus é ag ligean air gur reibiliúnach é le linn an cheiliúrtha i 1966. Tá tábhacht ar leith ag baint leis an suíomh agus leis an gcuimhne a roghnaíonn an file sa dán seo: ‘[cóisir] bréagfheistis’ in aice le habhainn na Laoi.⁴⁸⁸ Bhí an tuairim aige ar Éirí Amach 1916 an uair sin, .i. ‘ag deireadh na seascaidí’,⁴⁸⁹ bunaithe ar na scéalta agus na hamhráin a chuala agus a d’fhoghlaim sé ón gliabhán. ‘Ba mise Pat Deasy / a thit leis an namhaid i gCill Mhichíl’,⁴⁹⁰ a deir sé. Ba é Pat Deasy duine de bhuachaillí Chill Mhichíl ar scríobhadh an t-amhrán reibiliúnach a leanas fúthu:

⁴⁸⁶ “04: Portraits 1916,” *RTÉ Archives*, fuarthas 22 Bealtaine, 2018, <http://www.rte.ie/archives/exhibitions/1993-easter-1916/portraits-1916/>.

⁴⁸⁷ Kathleen Clarke, “We Have Struck The First Successful Blow to Freedom,” físeán ar agallamh le Kathleen Clarke mar chuid den tsraith “On Behalf of the Provisional Government” i 1966, *RTÉ 1916*, fuarthas 22 Bealtaine, 2018, <https://1916.rte.ie/the-executions/we-have-struck-the-first-successful-blow-to-freedom/>.

⁴⁸⁸ Breathnach, “2016,” in *Chiaroscuro*, 32.

⁴⁸⁹ Ibid.

⁴⁹⁰ Ibid.

While we honour in song and in story
 The names of Pearse and McBride
 Whose names are illumined in glory
 With the martyrs who long since have died.
 Forget not the boys of Kilmichael
 Those brave lads stalwart and true
 Who fought 'neath the green flag of Erin
 And they conquered the red, white and blue.⁴⁹¹

Rinne an t-amhrán seo, agus amhráin eile dá leithéid, comóradh ar an gcogaíocht agus ar an mbás ar mhaithe le cúiseanna éagsúla. Is minic a tharraingíonn na hamhráin sin eachtraí agus personae ar leith as réanna difriúla le chéile. Luaitear ainmneacha an Phiarsaigh agus McBride in ‘The Boys of Kilmichael’, cuir i gcás. Cé gur cuireadh an bheirt áirithe seo chun báis de bharr a ról gníomhach in Éirí Amach na Cásca i 1916, léirítear anseo an tionchar láidir a bhí acu ar eachtra a thit amach i 1920 le linn Chogadh na Saoirse. Ar an gcaoi sin, léiríonn ‘The Boys of Kilmichael’ go gcuireann gach mairtíreach le gluaiseacht na saoirse. Maíonn an t-amhrán gur chóir an oidhreacht sin a chomóradh agus gur chóir ómós ceart a thabhairt do bhuachaillí Chill Mhichíl

In ‘2016’, leagann an Breathnach béim ar an mbás mar mhairtíreacht aislingeach ar son na saoirse, ‘bréag’-íomhá ar an mbás atá ag cloí le ‘bréagfheistias’ an bhuachalla óig. Tá bearna mhór ann idir an buachaill ‘i seana-chasóg bréidín’ is ‘caipín feirce’ agus Pat

⁴⁹¹ “The Boys of Kilmichael-The Wolfe tones,” fiseán YouTube, 3.58, á chanadh ag The Wolfe Tones ar an albam *Far Away In Australia*, curtha suas ag “darrin42,” 13 Feabhra, 2008, fuarthas 22 Bealtaine, 2018, <https://www.youtube.com/watch?v=pK1jo4HuWWY&feature=youtu.be>.

Deasy, an t-óglaigh a lámhachadh i gCill Mhichíl.⁴⁹² Is í íomhá an Phiarsaigh ar Éirinn, agus ar an tsaoirse, atá in intinn an fhile chomh maith. Is léir sin ón tagairt ‘[d’Éirinn] fhornocht bheo’ sna línte deireanacha. Is tagairt dhíreach í sin do dhán aitheanta an Phiarsaigh ‘Fornocht do chonac thú’, saothar a rinne ceangal soiléir idir an náisiúnachas agus an fhéin-íobairt.⁴⁹³ Tá iniúchadh cuimsitheach déanta ag Pádraig de Paor ar choincheap na híobartha in *Áille na hÁille*:

... ní hamháin go bhfuil amhras ar an laochas inár gcultúr comhaimseartha, ach is mar choir go minic a thuigtear an bheatha í féin ... San aeráid sin, thuigfí go héasca go sílfeadh duine nach dtig brí a instealladh in athuair sa bheatha ach trí ghníomh buile éigin, gníomh mire a thugann cúl meargánta éigiallta le cúram, le cuntasaíocht agus costas tairbhe, gníomh gaisce a thugann ar shiúl an bheatha, go paradacsúil, chun brí a chur sa bheatha chéanna. De réir an mheoin sin, nuair a fhaigheann duine bás ar son an ghrá (searc, bráithreachas, *tírghrá* srl), is barántas é bás sin duine ar a shaoirse agus ar bhrí a bheith lena bheatha; bua ar an teagmhas is ea an mhairtíreacht sin, an fhéin-íobairt. Tugann bás an laoich luach don bheatha.⁴⁹⁴

Léiriú is ea an anailís sin ar pharadacs na híobartha fola, paradacs a bhí lárnach i ngluaiseacht na hAthbheochana. Tá an paradacs céanna le sonrú i ndán an Phiarsaigh agus i ndán an Bhreathnaigh chomh maith: ‘má bhí bás ab fhearr / ná bás in Éirinn / ... / b’ é an bás in Éirinn ar son na hÉireann é’.⁴⁹⁵

⁴⁹² Meda Ryan, “The Kilmichael Ambush, 1920: Exploring the ‘Provocative Chapters,’” *History* 92, uimh. 2 (2007): 235-249.

⁴⁹³ Pádraig Mac Piarais, “Fornocht Do Chonac Thú,” in *Coiscéim na hAoise seo*, eag. Seán Ó Tuama agus Louis de Paor (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1991), 4.

⁴⁹⁴ Pádraig de Paor, *Áille na hÁille: Gnéithe de Choincheap na hÍobartha* (An Daingean: An Sagart, 2013), 190. Liomsa an bhéim.

⁴⁹⁵ Breathnach, “2016,” in *Chiaroscuro*, 32.

Is léiriú é ‘2016’ ar thábhacht na litríochta agus na n-amhrán i gcruthú na gcuimhní: foilsíonn an duine sonraí ar leith, nó tugann sé/sí suntas dóibh, fad is a chuireann sé/sí sonraí eile faoi cheilt. Méadaítear cuid den chuimhne ar an tslí sin agus cuirtear cuid eile de i bhfolach. Tugann cur chuige seo an Bhreathnaigh a ndúirt Heidegger i leith na healaíne chun cuimhne (agus go deimhin, luaigh an file tionchar Heidegger air in 2016).⁴⁹⁶ Bíonn solas agus dorchadas, foilsiú agus folú, ann i gcónaí sa saothar ealaíne: ‘The temple-work, standing there, opens up a world and at the same time sets this world back again on earth...’.⁴⁹⁷ Baineann an méid sin macalla as saothar Merleau-Ponty chomh maith, cé gur ar éigean a leanann an Breathnach é go comhfhiosach: ‘... the perceived world endures only through the reflections, shadows, levels, and horizons between things’.⁴⁹⁸ Tá dlúthbhaint, mar sin, ag an litríocht agus ag an amhránaíocht le haireachtáil an duine dhaonna, go háirithe i leith stair phoiblí na tíre.

Tá difríocht mhór idir sin agus an léiriú atá ag Kathleen Clarke ar lánúin phósta ag tabhairt aghaidh ar an mbás le chéile. Léiríonn cur síos na mná eile uirthi go raibh cruacht agus crógacht ag baint le pearsantacht ‘chlochach’ Kathleen Clarke,⁴⁹⁹ tréith a bhí ag a fear chomh maith:

All of us that are going out tonight ... believe that we have saved the soul of Ireland, that we have struck the first successful blow to freedom and that freedom is coming. But between this and freedom ... Ireland will go through hell. But ... Ireland will never lie down again.⁵⁰⁰

⁴⁹⁶ Colm Breathnach (faoi agallamh ag Eimear Nic Conmhaic), 21 Deireadh Fómhair, 2016.

⁴⁹⁷ Martin Heidegger, “The Origin of the Work of Art,” in *Poetry, Language, Thought* (New York: Harper Perennial Modern Thought, 2013), 41.

⁴⁹⁸ Maurice Merleau-Ponty, “The Philosopher and His Shadow,” in Seán Dorrance Kelly, “Seeing Things in Merleau-Ponty,” in *The Cambridge Companion to Merleau-Ponty*, ead. Taylor Carman agus Mark B. N. Hansen (Cambridge: Cambridge University Press, 2005), 74.

⁴⁹⁹ Breathnach, “Stone,” in *Chiaroscuro*, 33.

⁵⁰⁰ Clarke, “We Have Struck The First Successful Blow to Freedom.”

Tá íobairt éagsúil le tuiscint as an méid sin ar fad, dar leis an bhfile. D’fhulaing na ceannaircigh, a mná agus a gclanna i rith 1916 agus ina dhiaidh le go leagfaí bunchloch shaoirse na hÉireann: ‘Do chlocha do do shórt Kathleen / is ea a thógtar poblachtaí’.⁵⁰¹ Ní raibh formhór na n-amhrán ar 1916 scríofa faoin am sin; seo í ag caint faoina fear agus faoina gnáthchaidreamh leis gan aon tionchar ag miotas an cheoil sin uirthi. Ba í a taithí phearsanta ar shaighdiúirí na Breataine a d’oscail a súile don fhírinne taobh thiar dá ngníomhartha ag an am; ní raibh uirthi brath ar iarghaois an phobail. É sin ráite, taifeadadh an t-agallamh seo leathchéad bliain tar éis an chomhrá a labhraíonn sí faoi agus caithfear an tionchar a bhíonn ag imeacht an ama ar dhuine a mheas dá bharr. Is léir go bhfuil Clarke ag feidhmiú faoi scáth na rómánsúlachta san agallamh a thug sí i 1966. Tá athrú, beag nó mór, tagtha ar a meon agus ar a tuiscint ar imeachtaí na seachtaine sin le himeacht aimsire. B’fhéidir go raibh dearcadh ní ba chrua agus ní ba neamhthrócairí fós saothraithe aici i leith na Sasanach san idirlinn, nó b’fhéidir gurbh é a mhalairt a bhí i gceist. Cé gur cuntas níos oibiachtúla é an cuntas a thugann sí dúinn ar an stair, ní féidir léi, nó linne, breith ar an mbunradharc níos mó.

Cruthaíonn an teilifís deighilt eile idir cuntas Clarke agus cuntas an Bhreathnaigh chomh maith. Is trí na meáin chumarsáide a chloiseann an file an t-agallamh a thug Clarke níos déanaí fós agus ní fhaigheann sé an deis labhairt leis an mbean féin go pearsanta, fiú. Bhí taithí phearsanta aici ar an tréimhse staire sin agus ceangal intadhaill idir í agus daoine ar nós an Phiarsaigh, Thomas Clarke agus Roger Casement. Níl an taobh fisiciúil sin ar fáil don fhile tar éis bhás Kathleen i 1972.⁵⁰² A bhuí le haireagáin na teilifíse agus an idirlín, mar sin, tháinig aireachtáil Kathleen Clarke agus aireachtáil an Bhreathnaigh le chéile le

⁵⁰¹ Breathnach, “Stone,” in *Chiaroscuro*, 33. Díol suime gur ‘do chlocha’ agus ní ‘ar chlocha’ a úsáideann an Breathnach anseo.

⁵⁰² Helen Litton, “Kathleen Clarke: Dublin’s first woman Lord Mayor,” *Women’s Museum of Ireland*, fuarthas 22 Bealtaine, 2018, <http://womensmuseumofireland.ie/articles/kathleen-clarke>.

linn an fichiú haois agus an aonú haois is fiche. Téann an file i ngleic lena focail trí mheán an scáileáin: ‘*tar éis Kathleen Clarke a fheiscint in agallamh teilifíse a thug sí i 1966*’.

⁵⁰³ Fad is atá sé ag féachaint uirthi agus ar a tuairimí, chionn sé a thuairimí féin inti, sa tslí is go bhfuil sé doiléir cé leis an aireachtáil a thagann chun cinn sa dán seo. Déanann an Breathnach meafar nua dá chuid fein as an nath cainte ‘stone’, cur síos ‘na mná eile’ ar an mbean seo fadó. Cuireann sé brí nua leis an am atá caite dá thairbhe sin trí bheith ag féachaint siar air. Os a choinne sin, braitear gur ag athrú atá meon an Bhreathnaigh maidir le todhchaí agus le saoirse na hÉireann. Cé nach dánta idé-eolaíocha iad an dá dhán seo, baineann siad úsáid éifeachtach as stair pholaitiúil na hÉireann chun iniúchadh a dhéanamh ar an tsúil agus ar an tuiscint dhifriúil a bhíonn ag daoine áirithe ar imeachtaí nó ar an bhfís chéanna.

Is fiú aird a tharraingt ar athláithriú na n-aibhneacha sa dá dhán ag an bpointe seo. Cheistigh an Breathnach an gaol sin a bhíonn ann idir aibhneacha agus fo-aibhneacha in agallamh a cuireadh air in 2016. Léiríonn sé cé chomh tábhachtach is a bhí tionchar na Laoi air le linn a óige:

Tógadh cois Laoi mé agus an áit gur tógadh mé tá abhainn eile a théann isteach sa Laoi. An tSeabharthanach atá ar an abhainn sin, craobhabhainn, agus ... tá coill in aice leis an abhainn bheag seo agus bhímis ag súgradh ansan. Tá an coincheap seo den abhainn tábhachtach, mar sin, mar is sileadh na beatha í. Ach nuair a shileann an tSeabharthanach isteach sa Laoi tugtar an Laoi ar an abhainn. Téann sí ar aghaidh ach canathaobh nach é an tSeabharthanach [a thugtar uirthi]? Nuair a thagann dhá abhainn le chéile, bíonn an cheist sin orm. Tá an tSeabharthanach, b’fhéidir, ag sileadh tríd an Laoi i gcónaí. Agus, is dócha ... go bhfuil tábhacht

⁵⁰³ Breathnach, “Stone,” in *Chiaroscuro*, 33. Liomsa an bhéim ar ‘fheiscint’.

leis an nóisean sin go bhfuil turas éigin á dhéanamh agat mar a dhéanfadh abhainn turas.⁵⁰⁴

Tugann daoine faoi thuras cuimhne ar an tslí chéanna. Agus muid ag sileadh i sruth na beatha, tagann uisce agus beocht nua isteach ó chraobhaibhneacha lasmuigh dúinn agus cuireann siad lenár sruth féin. Bíonn radharc súl agus aireachtáil an duine ag síorathrú dá bharr sin, mar is léir nuair a mheastar ‘2016’ agus ‘Stone’ le taobh a chéile. In ‘Stone’, luaitear Cill Mhaighneann, áit ina raibh na ceannaircigh i ngéibheann i 1916. Tá Cill Mhaighneann suite idir dhá abhainn, an Life agus an Chamóg, a thagann le chéile in aice láimhe i nDroichead na hInse.⁵⁰⁵ Ní féidir idirdhealú a dhéanamh idir an Life agus an Chamóg ó Dhroichead na hInse ar aghaidh toisc gurb iad an abhainn chéanna. I gcomparáid leis sin, níl ach abhainn amháin, an Laoi, le feiscint in ‘2016’. Tugann sin le tuiscint gurbh iad tuairimí áitiúla agus tuairimí an bhaile a mhúnlaigh aireachtáil agus cuimhne Choilm Bhreathnaigh agus é ag fás aníos. Tugann an t-athfhriotal thuas ón agallamh léargas maith dúinn air sin, ach is féidir rian na Laoi a fheiscint i saothair uilig an fhile chomh maith:

D’aibhneacha is de dhroichid

atá ár gcathairne déanta.⁵⁰⁶

Go bog síoraí trí Ard na Laoi

ó Leaca Seoinín ’dtí an nDroichead Díreach

⁵⁰⁴ Colm Breathnach (faoi agallamh ag Eimear Nic Conmhaic), 21 Deireadh Fómhair, 2016.

⁵⁰⁵ Lily M. O’Brennan, “Little Rivers of Dublin,” *Dublin Historical Record* 3, uimh. 1 (1940): 19-25.

⁵⁰⁶ Breathnach, “Tráthnóna Samhraidh,” in *Cantaic an Bhalbháin*, 19-20.

is as san síos feadh na dTrí Insí

sníonn an Laoi lán cuimhní.⁵⁰⁷

Is dócha, toisc gur tógadh cois abhainn mé agus théimis ag snámh san abhainn agus ag súgradh agus rudaí mar sin, go bhfuil tábhacht leis an nóisean sin go bhfuil turas éigin á dhéanamh agat mar a dhéanfadh abhainn turas ... Is dócha gur tomhas ar do bheatha é sin, cosúil le Seán Ó Ríordáin a bheith ag caint ar mise inné agus mise inniu agus a léithéidí. An ionann an abhainn agus an abhainn, nó an ionann an duine i gcónaí?⁵⁰⁸

Sileann an Laoi trí na cnuasaigh ar fad ar shlí amháin nó ar shlí eile. Is ise a chuireann cuimhní an fhile i dtaisce.

Conclúid

Nochtann an méid sin neamhchinnteacht maidir le ról an fhile ina shaothar féin: cé chomh fada agus is féidir leis domhan a léiriú a bhíonn á fholú féin de shíor. Caithfidh an file, cosúil leis an léitheoir, dul i ngleic leis an tírdhreach atá os a chomhair. Nuair a chíonn sé an tírdhreach sin, áfach, agus nuair a thuigeann sé cad atá feicthe aige, ní hann don íomhá chéanna níos mó. Íomhá iomlán nua agus claochlaithe a bhíonn roimhe.

Bíonn spás nó achar riachtanach ann idir file agus a chuid filíochta. Le bheith in ann an dán a léamh agus an íomhá a gcuireann sé síos uirthi a fheiscint, ní mór don fhile a bheith

⁵⁰⁷ Breathnach, “Rian,” in *An Fear Marbh*, 28.

⁵⁰⁸ Colm Breathnach (faoi agallamh ag Eimear Nic Conmhaic), 21 Deireadh Fómhair, 2016.

scartha ón dán cheana féin. Ní hí súil an fhile a thagann chun cinn in *Chiaroscuro*, mar sin, agus ní thugann an Breathnach breithiúnas ar an méid a chuireann sé i láthair an léitheora ach oiread. Ina ionad sin, labhraíonn sé faoi na toisí dorcha agus geala den saol agus de chaidrimh dhaonna sula scarann sé a phearsa féin ón téacs i gcuid dheireanach an chnuasaigh, ‘*Pentimenti*’. Is ionann ‘pentimenti’ (iolra), nó ‘pentimento’ (uatha), agus athrú a thagann ar thuiscint an ealaíontóra i leith a shaothair féin.⁵⁰⁹ Is é an próiseas cruthaitheach a spreagann an t-athrú sin in *Chiaroscuro*, próiseas a chuireann brú ar an bhfile é féin a cheistiú maidir lena áit, mar fhile, laistigh den saothar. Tuigeann sé in ‘*Pentimenti*’ nach bhfuil sé mar chuid dá shaothar níos mó agus nach féidir leis a bheith páirteach ann a thuilleadh. Tá ‘súil eile’ aimsithe aige a athraíonn a thuairimí ar an ealaín ar fad; fágann sé slán leithscéalach, mar sin, ag an léitheoir. Ní féidir leis a radharc agus a rian a fhágáil sna dánta ina dhiaidh. Ní féidir leis a bheith ina ‘dhia’ ná mar a bheadh ‘dia’ ann dá léitheoirí, nó fiú dó féin. Níl ann ach súil an duine ag féachaint amach uaidh agus súil na healaíne ag féachaint thar n-ais air. Ligeann sé do na dánta labhairt ar a son féin. Ligeann sé don léitheoir a aireachtáil féin a fheiscint sa tírdhreach a thugann sé/sí chun solais.

I gCaibidil a Dó, mar sin, rinneadh scrúdú ar an solas agus an dorchadas in *Chiaroscuro*, agus ar an gcaidreamh a bhíonn eatarthu sa saothar ealaíne. Baineann teicníc an ‘chiaroscuro’ leis an bpéintéireacht agus leis an tslí a ngluaiseann an tsúil idir an solas agus an scáth sa phictiúr nó san íomhá. Cuireadh béim ar thábhacht na súile agus an radharc súl sa chaibidil seo mar thoradh. Scrúdaíodh an caidreamh a bhí idir Colm Breathnach agus Michael Davitt chomh maith. In *Chiaroscuro*, féachann an Breathnach siar ar an tréimhse a chaith sé i gColáiste na hOllscoile Corcaigh agus ar an gcairdeas a

⁵⁰⁹ *The Thames and Hudson Dictionary of Art Terms*, s.v. “Pentimento,” 144.

bhí aige le bunaitheoir *Innti*. Go deimhin, bíonn an gníomh sin, a bheith ag féachaint siar nó ag athfhéachaint ar an am atá thart, lárnach don fhilíocht féin. Pléadh súil an tsaothair ealaíne chomh maith agus an gaol atá idir an tsúil sin agus íomhá an éin sa chnuasach áirithe seo. Faoi dheireadh, rinneadh iniúchadh ar an aireachtáil dhaonna trí mhionphlé a dhéanamh ar dhá dhán in *‘Gealdorcha’*. Cuireadh ‘2016’ agus ‘Stone’, dánta a tharraingíonn ar stair polaitíochta na tíre seo, i gcomparáid lena chéile. Pléadh tábhacht na n-aibhneacha sa dá dhán sin agus an abhainn mar shiombail do theacht le chéile na gcuimhní agus na dtuiscintí difriúla.

Sa chéad chaibidil eile, cuirtear béim ar phróiseas na scríbhneoireachta agus ar ról an fhile, an léitheora agus na teanga sa saothar ealaíne.

Caibidil 3

Réamhrá

Caitheann an Breathnach solas ar ról sin an fhile ag tús an chnuasaigh leis an athfhriotal seo a leanas:

lónaim le milleán

an duibheagán

a dheighleann mé

*óm beatha féin.*⁵¹⁰

Tugann an rann sin le fios go mbíonn duibheagán idir an duine agus an saol a airíonn sé. Mar an gcéanna, bíonn an file scartha óna bheatha agus ón domhan mórthimpeall air. Éiríonn sé deacair a cheird a chur i gcrích mar gheall air sin. Scríobhann an Breathnach a chuid dánta sa dorchadas, ag caitheamh focal isteach sa scoilt dhothrasnaithe sin, nó sa ‘duibheagán’, idir é agus an íomhá fhileata. Is próiseas easnamhach é sin, áfach agus cuireann an t-easnamh sin leis an ‘milleán’ agus frustrachas a thagann chun tosaigh faoi dheireadh *Chiaroscuro* Éiríonn sé ina fhile ‘gan inspioráid’ mar thoradh.⁵¹¹

Déanann an Breathnach forbairt ar na smaointe sin in *Chiaroscuro* agus is air sin a dhéantar iniúchadh i gCaibidil a Trí. Sa chéad leath den chaibidil seo, déantar anailís ar an tábhacht a bhaineann le teanga a chleachtadh go rialta agus an folú is an foilsíú a bhaineann go dlúth leis an teanga sin. Déantar plé gairid ar chúlra oideachasúil Choilm Bhreathnaigh agus an tionchar a bhí ag an bhfealsamh Martin Heidegger ar a chuid

⁵¹⁰ Carlos Vitale, sliocht as *Codigos*, in *Chiaroscuro*, Colm Breathnach a d’aistrigh, tús an leabhair.

⁵¹¹ Breathnach, “Téim don Traígh,” in *Chiaroscuro*, 61.

filíochta. Sa dara leath den chaibidil, díritear ar ‘*Pentimenti*’, an tsraith dheireanach de dhánta in *Chiaroscuro*. Pléitear ról an fhile agus an léitheora araon sa saothar ealaíne agus déantar scrúdú ar an ‘duibheagán’ sin a dheighleann an file óna bheatha féin.

‘An matán ná síntear seargann...’:⁵¹² Techne agus Cleachtadh na Teanga

Sa bhliain 1999, foilsíodh *An Aimsir Óg*, cnuasach de dhánta, gearrscéalta, léirmheasanna agus araile. Go deimhin, bhí sleachta dialannaíocht ann le Liam Mac Cóil chomh maith. Mícheál Ó Cearúil a chur in eagar. Seo an léirmheas a thug Seán Ó Loingsigh ar *An Aimsir Óg* i mí Mheán Fómhair 2000:

Comhthionól de scríbhneoirí Gaeilge atá san iris seo a deireann an t-eagarthóir, Mícheál Ó Cearúil, linn. Deir sé ina theannta sin gurb í an Ghaeilge féin is ábhar do mhórchuid de na haistí, conas mar a ráinig di sa bhfichiú haois, agus a bhfuil roimpi san aois atá romhainn ... Is ceiliúradh atá ann leis ar theacht slán na teanga ón mbás a bhí tuartha di i dtús an fichiú haois. Is cnuasach fíorshuimiúil atá ann agus níl aon rian den pharanóia úd ar na scríbhneoirí seo ná aon chosúlacht orthu go bhfuil siad faoi ionsaí ach an oiread. Murar eol an chinniúint ní dhiúltófar don dúshlán.

Bhí dán ag Colm Breathnach féin in *An Aimsir Óg*, dán a d’fhoilsigh sé in athuair sa bhliain 2006 mar chuid den chnuasach filíochta *Chiaroscuro*. Tugann ‘Súilíocht ar Chasadh an Mhíle’ breithiúnas díreach ar staid na teanga i measc an phobail nuaimseartha, agus déanann an Breathnach plé ann ar na céimeanna gur gá don phobal sin a thógaint leis an nGaeilge a thabhairt slán. Mar a pléadh i gCaibidil a Dó sa Roinn seo,

⁵¹² Breathnach, “Súilíocht ar Chasadh an Mhíle,” in *Chiaroscuro*, 45-48.

is mór an tábhacht a bhaineann leis an tsúil agus le bheith ag féachaint siar sa chnuasach seo. Ní eisceacht é an dán seo.

In ‘Súilíocht ar Chasadh an Mhíle’, tugtar breithiúnas iltaobhach ar staid na Gaeilge agus ar iarrachtaí len í a chaomhnú trí mheafar na súile: ‘is fearr dhá shúil romhat agus súil amháin id dhiaidh’.⁵¹³ In ‘Súil amháin’, an tríú cuid den dán céanna, cáineann pearsa an dáin ‘treibh ... atá ar leathshúil d’aontoisc’ agus téann sé i ngleic leis an tairngreacht dhiúltach a luaitear le todhchaí na Gaeilge:

An matán ná síntear seargann

Na cnámha ná searrtar bíonn righin

An tsúil ná cífidh meathann

Is an cheard ná cleachtar imíonn.⁵¹⁴

Tugann an Breathnach le tuiscint gurb í an teanga bunchreatlach an phobail agus nach bhfuil feidhm na súl ag an bpobal sin ach tríd an teanga chéanna. Luíonn sin leis an mbrí a bhaineann Heidegger as an bhfocal Gréigise ‘*techne*’. B’ionann ‘*techne*’ agus ceird nó ealaín i measc mhuintir na sean-Ghréige. Dar le Heidegger, áfach, ní hé sin an bhunbhrí atá leis. Is modh aireachtála é an *techne* nó an ealaín seo, mar a mhíníonn sé in ‘The Origin of the Work of Art’:

The word *techne* denotes rather a mode of knowing. To know means to have seen, in the widest sense of seeing, which means to apprehend what is present, as such.

For Greek thought the nature of knowing consists in *aletheia*, that is, in the

⁵¹³ Cruthaíonn an frása sin, trí thimpsiste nó d’aon ghnó, cruth an triantáin sa dán. Ar ndóigh, is uimhir thábhachtach í uimhir a trí i dtraidisiún liteartha na nGael agus sa Chríostaíocht araon.

⁵¹⁴ Breathnach, “Súilíocht ar Chasadh an Mhíle,” in *Chiaroscuro*, 45-48.

uncovering of beings. *Techne*, as knowledge experienced in the Greek manner, is a bringing forth of beings in that it *brings forth* present beings as such beings *out of* concealedness and specifically *into* the unconcealedness of their appearance; *techne* never signifies the action of making.⁵¹⁵

Labhraíonn Heidegger faoi íomhá na súile anseo arís agus faoin mbaint atá idir í agus an ealaín. Ina ainneoin sin, áfach, agus cé go labhraíonn Heidegger faoi ‘*concealedness*’ agus ‘*unconcealedness*’ an tsaothair ealaíne san aiste sin, ní chuireann sé an bhéim chéanna ar obair na ceirde agus a dhéanann Colm Breathnach. Tá an locht ar mhuintir na hÉireann féin, dar leis an mBreathnach, i dtaobh aon easpa cumais atá acu i leith na teanga: ‘an cheard ná cleachtar imíonn’. Níor tháinig fíor-mheath ar an scéal, áfach, go dtí go ndeachaigh muintir na hÉireann sa tóir ar an tsaoirse, dar le ‘Súilíocht ar Chasadh an Mhíle’. Ba ansin a thosaigh siad amach ar bhóthar a n-aimhleasa:

Cath i ndiaidh catha,

Casadh ar chasadh le gach ré,

Ach thugamar le déanaí linn an svae

Agus saoirse éigin.

Ligeamar uainn, áfach, sa réim an séad.⁵¹⁶

Bhí an pobal in Éirinn bunaithe agus fréamhaithe sa teanga go dtí le déanaí. Ach cailleadh ‘séad’ sin na teanga le linn thoraíocht na saoirse. Dar le ‘Súilíocht ar Chasadh an Mhíle’, thosaigh gach duine ag obair agus ag troid ar son a ‘leasa fhéin fhéinig’.⁵¹⁷ Níor chleacht

⁵¹⁵ Martin Heidegger, “The Origin of the Work of Art,” 57.

⁵¹⁶ Breathnach, “Súilíocht ar Chasadh an Mhíle,” in *Chiaroscuro*, 45-48.

⁵¹⁷ Ibid.

muintir na hÉireann an Ghaeilge chomh minic agus ba cheart ar chúiseanna éagsúla, agus i bhfocail an Bhreathnaigh ‘shearg’ an matán.⁵¹⁸ Dar ndóigh, rinne an rialú na Breataine dochar ollmhór don teanga in Éirinn, ach léiríonn na rannta seo go bhfuil cuid den locht ar mhuintir na tíre seo chomh maith. Anois, in áit a bheith aontaithe mar phobal, tá Éireannaigh scartha óna chéile agus ag feidhmiú mar dhaoine aonair. Tá cuid mhór de mhuintir na Poblachta scartha anois ó chuimhne chomhchoitianta na teanga a bhí ag sileadh eatarthu ar feadh na gcéadta. Geall leis an tslí ar caoineadh na ‘pócaí folmha lán ciúinis chráite’ tar éis bhás Michael Davitt,⁵¹⁹ deirtear linn anseo go mbuanófar an ciúnas céanna cheal dóthain foclóra i ‘[bpócaí] teanna’ mhuintir na hÉireann.⁵²⁰ Cuireann sin leis an bhfolús a tháinig chun cinn in ‘Pócaí Folmha’, folús a mhéadaíonn dán ar dhán go dtí deireadh an chnuasaigh nuair a fhágtar filíocht na Gaeilge gan cuimhne chomhchoiteann len í a thabhairt slán. Déantar anailís ar fholús an dáin agus sna dánta *ekphrastic* atá ag an mBreathnach sa chnuasach seo.

‘Dícheannadh Eoin Baiste’: An Bhé agus an Fhéith in Chiaroscuro

Síolraíonn an téarma ‘ekphrasis’ ón nGréigis agus ‘cur síos’ an brí atá leis. Is ionann ‘dán *ekphrastic*’, mar sin, agus dán atá bunaithe ar, nó a dhéanann cur síos ar shaothar ealaíne. Tá dhá dhán den chineál sin le sonrú in *Chiaroscuro*: sin iad ‘Ar “Dícheannadh Eoin Baiste” le Caravaggio’ agus ‘Ar “Gabháil Chríost” le Caravaggio i nDánlann Náisiúnta na hÉireann’. Mar is léir óna dteidil, tá an dá dhán sin bunaithe ar shaothair péintéireachta de chuid Caravaggio. Ba é Michelangelo Merisi da Caravaggio (1571-1610) an t-ealaíontóir a chuir tús ceart le chiaroscuro mar theicníc sa péintéireacht sa 17ú haois

⁵¹⁸ Ibid.

⁵¹⁹ Breathnach, “Pócaí Folmha,” in *Chiaroscuro*, 34-35.

⁵²⁰ Breathnach, “Súilíocht ar Chasadh an Mhíle,” in *Chiaroscuro*, 45-48.

déag agus tá ‘Dícheannadh Eoin Baiste’ agus ‘Gabháil Chríost’ i measc na mórshaothar aige.⁵²¹ Is feiliúnach, mar sin, go bhfuil dán ar an dá phictiúr sin i gcroílár an chnuasaigh seo.

Chríochnaigh Caravaggio ‘Dícheannadh Eoin Baiste’ (‘The Beheading of St John the Baptist’) i 1608 ar son Ridirí Mhálda.⁵²² Tá clú agus cáil ar fhuil Eoin sa phictiúr seo toisc gur léi a shínigh an t-ealaíontóir a ainm.⁵²³ Tá rian an Bhreathnaigh le sonrú in “Ar ‘Dícheannadh Eoin Baiste’ le Caravaggio” chomh maith, dán ina bhfuil cosúlachtaí soiléire idir ‘Eoin Baiste’ agus an file.

Tá teannas le sonrú sa dán seo idir an ‘féith’ agus an ‘Bhé’. Is minic a deir Colm Breathnach nach gcreideann sé i mBé na filíochta ach sa bhféith, .i. an oidhreacht a fhaigheann sé ón traidisiún agus óna fhréamhacha pearsanta féin. Sa dán *ekphrastic* seo, cuirtear dhá íomhá chontrártha chun tosaigh: Salóimé ‘na bhfial’ agus an díthreabhach a bhfuil ‘an fhuil ag sileadh cheana féin as féitheacha a mhuinéail’.⁵²⁴ Ar nós Caravaggio, fágann Colm Breathnach a rian féin ar an saothar san fhuil seo. Cuireann an íomhá sin den fhuil ag sileadh as na féitheacha béim ar bhásmhaireacht an fhile; gur féidir deireadh a chur lena bheatha nó leis an gceangal idir é agus an bheatha. Léiríonn an íomhá sin chomh maith, áfach, gurb as an bhféith sin a thagann an dán:

Gabhann mo shúile go síoraí ón bhfuil go dtí an mhias

agus thar n-ais.⁵²⁵

⁵²¹ Letizia Treves, *Beyond Caravaggio* (Londain: National Gallery Company, 2016).

⁵²² *Ibid.*, 114.

⁵²³ “Beheading of saint john the baptist 1608 - by Caravaggio,” *Caravaggio: Paintings, Quotes, Biography*, fuarthas 14 Lúnasa, 2019, <https://www.caravaggio.org/beheading-of-saint-john-the-baptist.jsp>.

⁵²⁴ Breathnach, “Ar ‘Dícheannadh Eoin Baiste’ le Caravaggio,” in *Chiaroscuro*, 50-51.

⁵²⁵ *Ibid.*

Más fíor sin áfach, agus má chreideann an Breathnach chomh láidir sin san fhéith in ionad na Bé, cén ról a imríonn Salóimé sna véarsaí seo? Cén ról a imríonn an bhean a éilíonn beatha an fhile?

Caithfear iniúchadh a dhéanamh ar an ngaol idir í agus Eoin Baiste i dtosach. Is ag Salóimé atá an chumhacht sa chaidreamh seo agus cruth an fhile á íobairt aici: ‘á chur chun báis ar achainí Shalóime na bhfial.’⁵²⁶ Tá folú agus foilsíú intuigthe sna fiala seo. Tarraingíonn an folú agus foilsíú sin ar theideal an chnuasaigh in athuair (.i. *Chiaroscuro*) agus treisíonn gluaiseacht leanúnach na súile in “Ar ‘Dícheannadh Eoin Baiste’ le Caravaggio” leis sin: ‘Gabhann mo shúile go síoraí ón ngile go dtí an doircheacht’⁵²⁷. Ar an gcaoi sin, is féidir ionannú a dhéanamh idir Salóimé agus an saothar ealaíne sa dán seo. Cuireann an file é féin faoi thoil an tsaothair, cé go bhféadfadh sé éalú uaidh ‘dá mb’áil leis’.⁵²⁸ Ní an dúnmharú atá ag cur inní ar an bhfile anseo, áfach, ach an tost a thiocfaidh air mar fhile nuair a ruaigtear as an saothar é:

Cuimhním ar an ndoircheacht, ach go háirithint.⁵²⁹

Ar nós ‘Miúin Leath Bealaigh an Naoimh’, is tairngreach é an dán seo d’imeacht an fhile óna shaothar féin. Anuas air sin, baineann an cur síos a dhéanann Colm Breathnach ar an ‘uiledhorchadas’ sa dán seo macallaí as an rann sin ag tús an chnuasaigh: ‘líonaim le milleán / an duibheagán / a dheighleann mé / óm beatha féin’.⁵³⁰ Go deimhin, tá ‘radharc scánruíl’ Caravaggio suite i lár an uiledhorchadais chéanna, dar leis an mBreathnach.

Tagann an saothar ealaíne chun tosaigh as an dorchadas.⁵³¹

⁵²⁶ Ibid.

⁵²⁷ Ibid.

⁵²⁸ Breathnach, “Ar ‘Dícheannadh Eoin Baiste’ le Caravaggio,” in *Chiaroscuro*, 50-51.

⁵²⁹ Ibid.

⁵³⁰ Carlos Vitale, sliocht as *Codigos*, in *Chiaroscuro*, Colm Breathnach a d’aistrigh, tús an leabhair.

⁵³¹ Breathnach, “Ar ‘Dícheannadh Eoin Baiste’ le Caravaggio,” in *Chiaroscuro*, 50-51.



Figiúr 1: “The Decapitation of Saint John the Baptist, 1607 by Caravaggio,” *Caravaggio.org*

Is ceird í an fhilíocht a éilíonn umhlaíocht agus bíonn ar an bhfile tabhairt faoi thuras fada ón ‘bhfásach’ chuici.⁵³² Is ‘cime’⁵³³ toilteanach é an file ina saothar féin agus doirteann sé fuil a fhéitheacha tríd na línte. Léiríonn “Ar ‘Dícheannadh Eoin Baiste’ le Caravaggio”, áfach, go gcaithfidh an file imeacht ón saothar mar gheall air sin. Seasann an saothar ealaíne ann féin as sin amach. Tagann an file thar n-ais arís is arís eile go dtí ‘doircheacht’ an phictiúir dá bharr sin agus go dtí síorghluaiseacht mheallteach ‘na bhfial’:

Cuimhním, ach go háirithint, ar an ndoircheacht

ar fuaid an chnafáis go léir

...

Gabhann mo shúile go síoraí ón ngile go dtí an doircheacht

ag súil le lucht fuascailte ag teacht i gcabhair ar Eoin seo an fhásaigh.

⁵³² Ibid.

⁵³³ Ibid.

Cuimhním ar an ndoircheacht, ach go háirithe.⁵³⁴

Is deacair, mar sin féin, Salóimé a scarúint go hiomlán ón mBé sa dán seo ach an oiread. Más í an bhean seo a stiúran an saothar, bean nach bhfuil mórán baint aici le ‘féith’ an fhile, nach féidir le duine ‘Bé’ a thabhairt uirthi, Bé a éilíonn beatha nó ‘fuil’ an fhile? Bé a chuireann tús leis na heachtraí taobh thiar den phictiúr áirithe seo le Caravaggio, ‘Dícheannadh Eoin Baiste’. Ní féidir an léamh sin a chur as an áireamh.

Cúlra Oideachais an Bhreathnaigh agus Tionchar na Fealsúnachta

Is fiú go mór sracfhéachaint a thabhairt ar chúlra oideachasúil an Bhreathnaigh ag an bpointe seo. Thosaigh Colm Breathnach ar an ollscoil i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh agus é ag tabhairt faoi chúrsa sa Ghaeilge agus sa Ghearmáinis. D’athraigh sé ón nGearmáinis go dtí an Fhealsúnacht, áfach, nuair a dúradh leo go mbeadh air tamall a chaitheamh sa Ghearmáin. Níl raibh fonn air titim siar sa Ghaeilge agus é thar sáile; mar sin, d’éirigh sé as an nGearmáinis agus chaith sé a chuid samhraí sa Ghaeltacht. D’oibrigh sé ar feadh tamaill le muintir Riada i gCúil Aodha mar chuid de sin. Rinne sé cur síos ar an tréimhse a chaith sé ar an ollscoil le linn an chéad agallaimh a chuir mé air:

Dheineas Gearmáinis ar an meánscoil agus sa chéad bhliain san ollscoil ... d’éiríos as an nGearmáinis mar dúrt liom féin [nach raibh mé] chun an samhradh a chaitheamh ag titim taobh thiar de gach éinne ... [mar sin] dheineas an Ghaelainn agus an Fhealsúnacht ... Nuair a bhí an tríú bliain críochnaithe agam, chuireas isteach ar an HDip – bhí mé chun dul ag múinteoireacht. Bhí tréimhsí

⁵³⁴ Ibid.

cleachtaidh fachta agam ar an meánscoil ar a rabhas ag freastal uirthi. Ach d'éirigh le Seán Ó Tuama áit a fháil domsa agus do dhaoine eile mar scoláire don MA agus mar theagascóir.⁵³⁵

Bhronn Coláiste na hOllscoile Chorcaí céim sa Ghaeilge agus san Fhealsúnacht air sna hochtóidí. Thug sé faoi MA sa Nua-Ghaeilge ann ansin, ag scríobh tráchtais ar shaothar Liam S. Gógán.⁵³⁶ Is léir an tionchar a bhí ag oideachas an Bhreathnaigh ar a chuid filíochta, agus ghoill an fhealsúnacht go mór air ón dtús:

Sa tríú bliain bhí fadhb agam leis an bhfealsúnacht. Bhí mé ag gabháil d'aiste fhada ar Martin Heidegger agus ar theoiric na healaíne aige siúd agus bhí mé chomh tógtha leis an rud nár éirigh liom. Bhí nótaí curtha isteach agam ceart go leor ach ní rabhas sásta leis an obair agus dhiúltaíos aiste a chur isteach ar deireadh ... chailleas marcanna sa scrúdú mar gheall air sin.⁵³⁷

Tugann sin cúlra dúinn ar thionscnamh an fhile in *Chiaroscuro*, go háirithe ar an gcaoi a n-úsáideann sé an fhealsúnacht le dul i ngleic leis an teanga ina chuid dánta. Ní dóigh liom féin go gcloíonn an Breathnach le tuairimíocht aon fhealsamh ar leith. Is cinnte go gcuireann sé an-suim go deo san fhealsúnacht go ginearálta, áfach, agus go dtarraingíonn sé ar smaointe éagsúla de chuid Heidegger agus araile ó am go chéile.

D'fhág smaointe Martin Heidegger (1889-1976), duine de mhórfhealsaimh an fichiú haois, a lorg ar scríbhneoireacht an Bhreathnaigh mar thoradh. Tháinig 'The Origin of the Work of Art',⁵³⁸ aiste chluíteach dá chuid a luadh cheana sa mhír seo, amach sna tríochaidí ar dtús agus rinneadh forbairt uirthi suas go dtí deireadh na gcaogaidí. I measc

⁵³⁵ Colm Breathnach (faoi agallamh ag Eimear Nic Conmhaic), 21 Deireadh Fómhair, 2016.

⁵³⁶ Nic Eoin, "Colm Breathnach," in *Filíocht Chomhaimseartha na Gaeilge*, 232-233.

⁵³⁷ Ibid.

⁵³⁸ Heidegger, "The Origin of the Work of Art," 15-79.

na dtuairimí a nochtar san aiste sin, deir Heidegger go mbíonn páirt lárnach ag an mbreathnóir nó ag an léitheoir i saothair ealaíne agus go mbíonn déscaradh ar leith idir an ‘domhan’ agus an ‘chré’ san ealaín. Baineann an Breathnach leas as na smaointe sin in *Chiaroscuro*.

Baineann Heidegger leas as na téarmaí ‘world’ (domhan)⁵³⁹ agus ‘earth’ (cré)⁵⁴⁰ le cur síos a dhéanamh ar an saothar ealaíne. Dar leis, is ionann an ‘domhan’ agus an spás a osclaíonn saothar ealaíne dó féin, spás saor inar féidir le samhlacha nó gnéithe den saol teacht i láthair. Léirítear an domhan ar shlí nua sa spás sin. Bíonn soiléireacht is foilsíú ag baint le ‘domhan’ an tsaothair, mar thoradh. Os a choinne sin, má dhéanann an saothar soiléiriú ar rudaí áirithe, caithfidh go ndéanann sé doiléiriú ar rudaí eile. Is í an ‘chré’, .i. ábharthacht an tsaothair ealaíne, údar na doiléireachta sin. Cuireann an fhilíocht méid áirithe i bhfolach i struchtúr na ndánta, cuirim i gcás.⁵⁴¹ Bíonn *Streit*, nó teannas, idir an ‘domhan’ agus an ‘chré’, an solas agus an dorchadas, san ealaín agus is léiriú maith í teicníc an chiaroscuro air sin. Cruthaíonn an teannas seo *Riss*, nó scoilt, sa saothar.⁵⁴² Samhlaíonn an Breathnach an *Riss* mar dhuibheagán in *Chiaroscuro*, dar liom, agus is as an duibheagán sin a thagann brí an dáin féin.⁵⁴³

Maidir leis an bpáirt a ghlacann léitheoirí san ealaín, labhraíonn Heidegger linn faoi phróiseas ciorclach an cheistithe. Is as bheith ag ceistiú an tsaothair a fhásann tuairimí láidre an duine air. Nochtann an dán íomhá nua gach uair a léann an léitheoir é. Athraíonn

⁵³⁹ Liomsa an t-aistriúchán.

⁵⁴⁰ Liomsa an t-aistriúchán.

⁵⁴¹ Heidegger, “The Origin of the Work of Art,” 47-54.

⁵⁴² *Ibid.*, 61-62.

⁵⁴³ Cuimhnigh ar an aistriúchán a rinne sé ar *Codigos* le Carlos Vitale, cuirim i gcás. Féach Carlos Vitale, sliocht as *Codigos*, in *Chiaroscuro*, Colm Breathnach a d’aistrigh, tús an leabhair.

tuisceant an léitheora ar bhonn leanúnach dá bhrí sin. Tugann Heidegger le fios, mar sin, gur próiseas athnuachana í an fhilíocht.

‘Don leabhar ársa déanfar tráchtas úr’:⁵⁴⁴ Athnuachan Ealaíne agus an Teampall Gréagach

Is léir go gcreideann an Breathnach go mbíonn an t-athnuachan céanna ríthábhachtach sa traidisiún chomh maith, gurb í an athnuachan a choinníonn ar marthain é:

Tóg an leabhar ársa seo agus léigh é.

Léigh pé méid do is áil nó is féidir leat.

Faigh peann is téigh thar aon litreacha ann atá ag éag.

Scríos amach aon fhocail atá míshoiléir

agus breac isteach focail de do chuid fhéin.

Mar chlabhsúr

cuir focail eile

as a dheireadh,

scrígh aon ní is áin leat.

⁵⁴⁴ Breathnach, “An Leabhar Ársa,” in *‘Dánta’ Agus Dánta Eile*, 11.

Fút féin atá go hiomlán,

anois.

...

don leabhar ársa déanfar tráchtas úr.⁵⁴⁵

Bíonn dualgas ar scríbhneoirí de chuile shórt a gcuid féin a dhéanamh den traidisiún. Tá an scríbhneoir ar nós manaigh: féachann sé/sí siar ar an traidisiún liteartha, léann sé/sí é agus déanann siad eagarthóireacht air. Tagann leagan úrnua chun saoil trí lámh gach scríbhneora dá bharr sin: ‘breac isteach focail de do chuid fhéin’. Gan an saothar sin, d’éireodh clúdach leabhar ársa an traidisiúin liath, scéithfeadh a chiumhaiseanna agus thréigfeadh an dúch ann.⁵⁴⁶

Próiseas athnuachana atá ar bun ag an mBreathnach in *Chiaroscuro* chomh maith, mar is léir ó struchtúr an tsaothair. Labhair an file, agus é faoi agallamh, faoin meas a bhí aige ar fhealsúnacht Heidegger, go háirithe ar a thuairimí faoin ngluaiseacht idir folú agus foilsíú an tsaothair ealaíne:

CB: Creidim go láidir ann agus is dócha go bhfuil sé láidir ... lárnach i mo chuid filíochta ... Is foilsíú agus folú atá i gceist, gurb shin an rud a dhéanann ealaín, go léiríonn tú an rud ach go mbíonn sé i bhfolach chomh maith. Tá an dá ghné ann. Cuid dó ná folaíonn tú an obair chun saothar a chur ar fáil ach, chomh maith leis sin, mar a dúirt Robin Flower i gcónaí, fadó fadó ó shin, ‘the half-said thing is sweetest’. Ní léiríonn tú gach rud.

⁵⁴⁵ Ibid.

⁵⁴⁶ Ibid.

ENC: Is faoin léitheoir atá sé?

CB: Sin é. Agus is faoin léitheoir ... [nó] is faoi na daoine atá ag féachaint ar phictiúr roinnt den obair a dhéanamh chomh maith. Saothar beirte ar shlí áirithe is ea é.⁵⁴⁷

Tarraingíonn *Chiaroscuro* ar an gcoincheap sin ar chúpla bealach. Úsáideann an file meafar an tseanteampaill Ghréagaigh, mar shampla, meafar atá go mór faoi chomaoin na fealsúnachta. In ‘The Origin of the Work of Art’, baineann Heidegger úsáid as íomhá an tseanteampaill le cur síos a dhéanamh ar nádúr na healaíne. Dar leis, bíonn an saothar ealaíne ar nós Teampall Gréagach; cruthaíonn sé spás agus am inar féidir le daoine agus a smaointe teacht i láthair. Le teampall, bíonn sé intuigthe go dtugann an pobal a úsáideann é adhradh do dhia nó do dhéithe ar leith. Fianaise is ea an teampall ar nósanna agus ar chreideamh an phobail lena mbaineann sé, ar an tuiscint atá acu ar an domhan máguaird. Ach athraíonn brí an teampaill leis an bpobal agus leis an gcreideamh atá acu. Feiceann daoine éagsúlacht an teampaill ar bhealaí éagsúla. Tagann bríonna difriúla i láthair ag brath ar an indibhid. Téann léitheoirí i ngleic leis an ealaín ar an gcaoi chéanna. Cuireann an saothar ealaíne spás folamh ar fáil, spás a líonann an léitheoir nó an lucht féachana. Bíonn an saothar i gcónaí ag foilsiú agus ag folú bríonna agus radharc: ‘... na déithe dorcha / ad fhaire ón dtaobh thiar dos na colúin’.⁵⁴⁸ Ar nós teampaill a gheallann dia nó déithe, geallann an dán file. Sin an ‘chré’; sin a bhíonn intuigthe i struchtúr an dáin agus i bpróiseas na filíochta. Ní hé sin a fhoilsítear sa dán féin, áfach. Bíonn *Streit* (teannas) agus *Riss* (scoilt), mar sin, idir na rudaí a fholaítear agus na rudaí a fhoilsítear sa saothar ealaíne. Cuireann an dán file faoi cheilt agus foilsíonn sé domhan folamh nua

⁵⁴⁷ Colm Breathnach (faoi agallamh ag Eimear Nic Conmhaic), 21 Deireadh Fómhair, 2016.

⁵⁴⁸ Breathnach, “Nóibhíseach,” in *Scáthach*, 21.

le líonadh ag an léitheoir.⁵⁴⁹ Goilleann sin go mór ar léitheoirí i gcoitinne agus taispeántar roinnt den fhrustrachas céanna in aistriúchán a rinne an Breathnach ar ‘Per accusarmi’ le Massimo Montevercchi:

Cuireann tú i mo leith

gur gheallas-sa ní duit

ná féadfainn a chomhlíonadh,

deirir i mo thaobh

gur dhó-sa do chroí

chun mo chroí-se a théamh.

Is é mo fhreagra ort:

conas a thógfaí teampall

is gan Dia a chur ann.⁵⁵⁰

Léiríonn an Breathnach anseo go dtagann íomhánna áirithe chun cinn as tuiscint an léitheora ar an bhfilíocht, .i. go gceanglaíonn an léitheoir teampall an dán leis an tuiscint atá aige ar an ealaín féin. Creideann léitheoirí go mbíonn baint ag an ealaíontóir le struchtúr an tsaothair ealaíne. Ní bhíonn an t-ealaíontóir sin ar fáil dóibh agus an saothar á mheas acu, áfach. Geallann gach dán go bhfuil file ann ach ní fhéadfaidh an dán ná an file an gealltanais sin a ‘chomhlíonadh’.

⁵⁴⁹ Heidegger, “The Origin of the Work of Art,” 40-41.

⁵⁵⁰ Breathnach, “Cuireann tú i mo leith,” in *Chiaroscuro*, 64.

Tá tábhacht ar leith ag baint leis an teampall seo, mar sin, i dtaobh an chnuasaigh ar fad. Is in ‘Ar “Gabháil Chríost” le Caravaggio i nDánlann Náisiúnta na hÉireann’ a bhaineann an Breathnach an dallamullóg dínn den chéad uair. Léiríonn sé go mbíonn an scríbhneoir, scríbhneoir a shamhlaítear mar ‘Dhia’ ar uairibh, i bhfolach i ‘gcré’ nó i struchtúr na ndánta:

An solas is an doircheacht

an teampall

gur foilsíú agus folach é.

An taibearnacal gur ártach

iomlán don easnamh é.

Seasaíonn tú os comhair an chnafáis

le hiontas is le scáth

agus abair, cad é atá agat le rá,

níl san iomlán ach íomhá?⁵⁵¹

⁵⁵¹ Breathnach, ‘Ar “Gabháil Chríost” le Caravaggio i nDánlann Náisiúnta na hÉireann,’ in *Chiaroscuro*, 52-54.

Ní hann ach dán, .i. teampall agus ‘taibearnacal’ atá ‘lomlán don easnamh’. Is léir ó na rannta sin nach ón bhfile ach ón léitheoir a thagann brí nó ábhar an dáin. Dá bhrí sin, is ionann ‘croí an dáin’ agus ‘duibheagán’. Bíonn easnamh laistigh de theampall an dáin ar a leagann an léitheoir a bhrí féin. Sa tslí sin, is é an scríbhneoir ‘dia’ an tsaothair ealaíne dar le córas siombalach an chnuasaigh seo. Baineann an Breathnach úsáid as coincheap an duibheagáin le taispeáint dúinn nach foláir don léitheoir dul i ngleic le ‘hárthach’ easnamhach na filíochta le bheith in ann glacadh leis an ealaín (agus leis an mbeatha) mar is ceart.



Figiúr 2:
 “The Taking of Christ” le
 Michelangelo Merisi da Caravaggio,
National Gallery of Ireland

Tugann ‘Dán “300” (is a Seacht)’ míniú níos cuimsithí ar an gcoincheap seo ag tús

‘Dánta’ Agus Dánta Eile:

Tógann an file

Bád,

an léitheoir

a chuireann an criú inti

a chuireann í ag seoladh;

Sáipéal,

is is é an léitheoir

a chuireann an cór ann

a líonann é le ceol;

nó

Spás,

a fheistítear le troscán

go ndeintear seomra do.

Tógann an file

leathanach dubh

is lena pheann

súnn do an dúch

go n-aimsíonn an dán

ina lár.

Tógann an léitheoir

Dán.

Bíonn

an file

gan a bheith ar fáil.⁵⁵²

Tá tuairim an Bhreathnaigh i leith na filíochta curtha inár láthair ar shlí i bhfad níos soiléire anseo ná mar a fheictear in *Chiaroscuro*. Cuireann an file spás ar leith ar fáil inar féidir le léitheoir dul i ngleic leis an ealaín, í a shíorcheistiú, agus í a athlíonadh arís is arís eile lena chuid smaointe. Is ábhar spéise iad na híomhánna a roghnaíonn sé anseo; baineann an ‘Bád’, an ‘Sáipéal’ agus an ‘Spás’ macallaí as móitífeanna áirithe a tháinig aníos cheana féin in *Chiaroscuro*. Tá dlúthcheangal, dar ndóigh, idir an ‘Sáipéal’ agus an Teampeall Gréagach a luadh cheana. Cuireann meafar an bháid turas Choilm Cille in ‘Miúin Leath Bealaigh an Naoimh’ i gcuimhne dúinn, chomh maith leis an tslí inar chum an naomh sin ‘dán imeachta’.⁵⁵³ Samhlaíonn ‘Dán “300” (is a Seacht)’ imeacht an scríbhneora óna théacs féin: ‘Bíonn / an file / gan a bheith ar fáil’. Anuas air sin, áfach, tugann sé le fios gur ártach é an dán ina seoltar an léitheoir (an file san áireamh) amach ar thuras a bhíonn ag athrú de shíor. Ar deireadh, déantar nasc idir an ‘spás’ anseo agus

⁵⁵² Breathnach, “Dan “300” (is a Seacht),” in *Dánta’ Agus Dánta Eile*, 5.

⁵⁵³ Féach Breathnach, “Miúin Leath Bealaigh an Naoimh,” in *Chiaroscuro*, 49 agus “Súilíocht ar Chasadh an Mhíle,” in *Chiaroscuro*, 45-48.

an ‘folús’ a dtráchann an Breathnach air in ‘I gCroí an Dáin’.⁵⁵⁴ Mar sin, bíonn teampall an dáin easnamhach don léitheoir agus gan údar le feiscint ann.

Is dócha gur as dearcadh an fhile féin i leith na Críostaíochta a d’eascair íomhá seo an teampaill chomh maith. Ní chreideann an Breathnach féin sa Chríostaíocht agus, dá bharr sin, ní chíonn sé an Dia a gheallann sáipéil agus teampaill dá leithéid dó: ‘Níl aon chreideamh agamsa i nDia sa chéad áit. Ach tá déithe ann.’⁵⁵⁵ Seans go raibh tionchar éigin ag an dearcadh sin ar thuairimí an Bhreathnaigh i leith na hinspioráide freisin. Fágann sé rian ar mheon an fhile i leith bhuntobar na filíochta: ‘ní sa Bhé a chreidim ach sa bhféith’.⁵⁵⁶

‘... fílleadh / ar ais is ea an file’:⁵⁵⁷ ‘Pentimenti’ agus Púicín an Fhile

Is in ‘*Pentimenti*’ a fhaightear na samplaí is léire den dearcadh sin. Mar a dúradh cheana, is ionann ‘pentimento’⁵⁵⁸ agus fianaise ar athrú intinne an ealaíontóra i dtaobh cuid éigin dá shaothar. Fágann an t-athrú sin rian ar an saothar ealaíne féin. Is minic a fhanann an fhianaise sin i bhfolach ar an lucht féachana ar feadh tamaill sula nochtar arís í.⁵⁵⁹ Tá foilsíú agus folú i gceist sa phróiseas iomlán mar thoradh, agus cruthaíonn sin gluaiseacht idir an dá leagan den saothar. Ní hamháin go mbraitheann an Breathnach go bhfuil cosúlachtaí idir fealsúnacht Heidegger agus teicníc an chiaroscuro, ach chíonn sé na cosúlachtaí idir iad agus pentimento na healaíne chomh maith. Cuireann an file an solas i bhfolach sa dorchadas agus an dorchadas i bhfolach sa solas tríd an gcnuasach ar fad.

⁵⁵⁴ Breathnach, “I gCroí an Dáin,” in *Chiaroscuro*, 57.

⁵⁵⁵ Colm Breathnach (faoi agallamh ag Eimear Nic Conmhaic), 27 Meán Fómhair, 2017.

⁵⁵⁶ Breathnach, “Tréigthe,” in *Chiaroscuro*, 59.

⁵⁵⁷ Breathnach, “Téadsiúlóir,” in *Chiaroscuro*, 62.

⁵⁵⁸ Pentimento (uatha); Pentimenti (iolra).

⁵⁵⁹ *The Thames and Hudson Dictionary of Art Terms*, s.v. “Pentimento,” 144.

Cuireann sin dhá rud in iúl: go n-athraíonn an saothar gach uair a théann léitheoir i ngleic leis agus, dá bharr sin, go bhfuil brí an tsaothair ag brath ar mheon agus ar obair an léitheora.

Pléitear ról an léitheora go soiléir in ‘Téadsiúlóir’. Déanann an Breathnach cur síos meafarach sa dán seo ar an ngluaiseacht idir an ‘chré’ agus an ‘domhan’ sa phróiseas cruthaitheach, idir cruth an dáin agus an spás a osclaíonn sé don léitheoir:

Téadsiúlóir

nach foláir do,

mar aon le siúl ó cheann ceann téide

(agus púicín air dála an scéil),

sracfhéachaint a thabhairt siar anois is arís

agus céim bheag rince a dhéanamh i lár baill

agus ansan filleadh

ar ais is ea an file.⁵⁶⁰

Fad is a bhíonn an file i mbun ceirde, tá sé ar nós téadsiúlóra. Déanann sé iarracht é féin a choinneáil cothrom thar an scoilt idir dhá thaobh an tsaothair, an ‘domhan’ agus an ‘chré’. Cruthaíonn an dán an ghluaiseacht féin ar shlite difriúla: siúlann an file ‘ó *cheann ceann* [na] téide’, cuirim i gcás, tugann sé ‘sracfhéachaint ... *siar* anois is arís’, agus déanann sé ‘céim bheag *rince*’ i lár na téide.⁵⁶¹ Castar leis an bhfile in ‘Téadsiúlóir’, mar sin, agus é ag dul i ngleic leis an bhfilíocht nó leis an ealaín. Bíonn sé ar an téad fad is

⁵⁶⁰ Breathnach, “Téadsiúlóir,” in *Chiaroscuro*, 62.

⁵⁶¹ Líomsa an bhéim.

atá dán á chumadh aige ach ní mór dó imeacht sula dtagann an léitheoir i láthair. Díol suime, áfach, go ndeirtear linn go gcaithfidh an file ‘filleadh’ ar ais ón téad i ndiaidh dó an dán a chumadh. Tugtar le fios anseo gur léitheoir é an file chomh maith agus is féidir leis páirt a ghlacadh san ealaín sa tslí sin, fiú laistigh dá shaothar féin. Cabhraíonn an lipéad ‘file’ leis an bpróiseas ealaíne, áfach. Scarann an lipéad an Breathnach ón dán agus cruthaíonn sé spás don léitheoir an téad chéanna a thrasnú. Nuair a chríochnaíonn file dán agus nuair a sheolann sé amach i measc an chomhluadair é, níl cumhacht aige ar an saothar níos mó. Bíonn ‘púicín’ ar an bhfile agus é dall ar bhunús a dháin féin. Is ionann ról an léitheora agus ról an fhile ag an bpointe sin sa phróiseas cruthaitheach dá bharr. Freagraíonn an spás nó an titim dhorcha faoin téad anseo do *Riss* Heidegger nó don ‘duibheagán’ in *Chiaroscuro*.⁵⁶² Is as an scoilt dhoiléir sin a fhásann an dán: bíonn na daoine a shiúlann thar dhuibheagán an dáin, an file agus an léitheoir, inmhalartaithe.

‘an dúch ag dul i ndisc’:⁵⁶³ An File, An Léitheoir agus an Duibheagán

Filleann an Breathnach ar an gcaidreamh idir é agus an teanga in ‘An Ghéag Theasctha’:

Cad é an gá seo agam le filíocht a scríobh

i dteanga a chaith mo shin-seana-mhuintir i dtraipisí?

Cad é ach

tochas i ngéag a baineadh díom.⁵⁶⁴

⁵⁶² Heidegger, “The Origin of the Work of Art,” 61-62.

⁵⁶³ Breathnach, “An Peann (is a raibh ann),” in *Chiaroscuro*, 72-74.

⁵⁶⁴ Breathnach, “An Ghéag Theasctha,” in *Chiaroscuro*, 71.

Cuireann an file an Ghaeilge i gcomparáid le ‘géag’ sna línte seo, meafar a thugann le fios gur rud fisiciúil beo í. Déanann sé ionannú chomh maith idir an inspioráid fhileata agus an ‘tochas’ laistigh de ‘ghéag theasctha’ na Gaeilge. Léiríonn an focal ‘teasctha’ gur féidir an teanga, agus an inspioráid inti, a scarúint ó dhuine. Taispeánann an Breathnach go bhfuil spás ann idir muintir na hÉireann agus an Ghaeilge: spás fisiciúil agus spás ama araon. Cuireann sé an spás sin i láthair trí úsáid an fhleiscín sa chéad rann agus an file ag caint faoina ‘shin-seana-mhuintir’. Cé go léiríonn an fleiscín go bhfuil scarúint idir na glúnta, léiríonn sé go bhfuil nasc dosháraithe eatarthu chomh maith. Seo léiriú ar an bhféith ar a labhraíonn an Breathnach dar ndóigh. Tagann an saothar ealaíne agus an inspioráid laistir de ón bhféith sin in ‘An Ghéag Theasctha’; ón nasc sin le traidisiún na Gaeilge agus leis an oidhreacht a fhaigheann an file óna shin-seana-mhuintir féin. Dá bharr sin, fágfar rian ré na sin-sean-mhuintire i ndán comhaimseartha an fhile. Ar nós na scoilte, nó an duibheagáin a bhí le sonrú in ‘Téadsiúlóir’, tá scoilt shoiléir eile anseo in ‘An Ghéag Theasctha’: scoilt idir an file agus an teanga agus scoilt idir an file agus an fhéith a bhíonn riachtanach sa phróiseas filíochta, dar le Colm Breathnach. Díol suime an scoilt áirithe seo. Is rabhadh é don léitheoir nach bhfuil ach méid áirithe ama ag an bhfile sula dtéann fuil na féithe i ndísc. Sula mbeidh air imeacht ón saothar. ‘Baineadh’ an ghéag seo de agus daoine gar dó ag fáil bháis. In *Chiaroscuro*, bhí tábhacht ar leith ag bás Michael Davitt agus Paul Cahill sa phróiseas seo. Le gach duine díobh siúd a cailleadh, chaill an Breathnach cuid eile dá thraidisiún nó dá oidhreacht féin. In ionad inspioráid na féithe, níl aige níos mó ach ‘pócaí folmha’ agus géag ‘teasctha’. Cruthaíonn sin spás nó scoilt eile idir é féin agus a theanga dhúchais. Folaíonn agus foilsíonn teanga ár sinsear í féin agus le bás gach file a bhaineann úsáid aisti, cailtear í as an nua.

Cuireann ‘An Peann (is a raibh ann)’ síos ar an méid a tharlaíonn nuair a bhaintear géag mar sin den duine. Labhraíonn an dán seo faoi nádúr an phinn agus faoi phróiseas na

scríbhneoireachta. Díol spéise é leagan amach na rannta anseo dá bharr sin. Is deacair gan scríbhneoireacht na gcloch oghaim a shamhlú agus muid ag féachaint ar struchtúr ‘An Peann (is a raibh ann)’. Go deimhin, tá leid ina thaobh sin sa dara véarsa agus an file ag caint faoin ‘ogham craobh’:

An peann

gallán fada caol

ar an dtaobh istigh

atá an t-ogham chraobh.⁵⁶⁵

Tá na línte anseo cosúil le craobhacha ar chrann an dáin. Tá an dúch a shileann iontu ar nós báistí. Tá cosúlachtaí soiléire idir an dúch sin agus fuil na géige in ‘An Ghéag Theasctha’ dá bharr. Is trí dhúch an phinn agus trí fhuil na ndaoine a shileann scéal na sinsear: ‘An peann / steallaire / lena ndéanaim iarracht / beocht a chur sa bheatha’.⁵⁶⁶ Is linne, mar sin, agus is leis na daoine a tháinig romhainn í ‘fuil’ na teanga, de réir ‘An Peann (is a raibh ann)’, agus cuirimid go léir castaí nua inti lá i ndiaidh lae. Cruthaíonn an file gluaiseacht, fiú san Aimsir Chaite a úsáideann sé sa teideal, idir an peann nuaimseartha agus an chéad mheán scríbhneoireachta a úsáideadh in Éirinn: na clocha oghaim. Tugann an chodarsnacht seo siombail na carraige in *Croí agus Carraig* chun cuimhne, go háirithe sa dán ‘Ogham’, nuair is meán í an charraig nó an scríbhneoireacht leis an mbeatha a thomhas:

Línte greanta ar chiumhais ghlas galláin

⁵⁶⁵ Breathnach, “An Peann (is a raibh ann),” in *Chiaroscuro*, 72-74.

⁵⁶⁶ Ibid.

...

faoi mar a thomhaisfeadh athair

fás a chéad mhic tré línte a ghearradh

ar ursain an dorais.⁵⁶⁷

Tugann úsáid na lúibíní in ‘An Peann (is a raibh ann)’ le fios go gcuirtí nósmhaireacht an oghaim chraoibhe agus meon ár sinsir i bfolach thar na blianta; ní ainmnítear í go díreach sa teideal ach an oiread. Ar nós na gcloch oghaim, leáfaidh tuiscint an phobail ar na focail a scríobhtar sa dúch faoi dheireadh. Ar nós géag theasctha, stopfaidh sruth fola na Gaeilge ag teacht chuig gob an phinn go dtí nach mbeidh ann ach tost. Teipeann ar an bpeann, mar sin, faoi dheireadh an dáin. Téann ‘an dúch ... i ndisc’, ag fágáil spás folamh ina dhiaidh:

An peann ar tinneall

os cionn an pháir

an uile orlach do

ó ghob go barr

dírithé ar an dtinfeadh

i gcúl na dearnan

...

Samhlaigh é,

⁵⁶⁷ Breathnach, “Ogham,” in *Croí agus Carraig*, 73.

an dúch ag dul i ndísc

gan fágtha sa pheann ach díol

ocht bhfocal eile agus naoi gcinn

fós le ⁵⁶⁸.

Déanann na rannta sin tagairt shoiléir don ‘ghéag theasctha’⁵⁶⁹ arís. Ní bhíonn i lámh an Bhreathnaigh ach ‘díol’ áirithe focal, toisc nach bhfuil ceangal aici le corp ná croí ar bith. Tachtann an lámh faoi dheireadh, ag fágáil folús tostach ag deireadh an chnuasaigh. Tá ‘duibheagán’⁵⁷⁰ ann idir an Breathnach agus an teanga ‘a baineadh [de]’,⁵⁷¹ scarúint ina gcailleann sé roinnt den tuiscint is den oidhreacht a shíolraigh ó fhéith a mhuintire agus féith an traidisiúin. Léiríonn an spás deireanach seo in *Chiaroscuro* nach bhfuil an gléas cuí ag an bhfile chun éisteacht leis an nGaeilge i gceart agus chun tinfedh a shú aisti.⁵⁷² D’fhéadfaí léamh eile a dhéanamh air sin, áfach. Bíonn an saothar ealaíne i gcónaí neamhchríochnaithe, dar le Heidegger,⁵⁷³ agus athraíonn an saothar sin faoi thionchar an léitheora. Nuair a stopann an dúch de bheith ag sileadh, leanann an peann ar aghaidh. Scríosann an gníomh sin ‘barr an pháir’ agus cruthaíonn sé duibheagán nó folús, mar thoradh.

Fágtar faoin léitheoir an spás sin a líonadh agus bíonn níos mó ‘fós’⁵⁷⁴ le rá faoin saothar dá bharr. Tugann an dán seo spás don chnuasach ar fad ciorcal an cheistithe a chruthú dó

⁵⁶⁸ Breathnach, “An Peann (is a raibh ann),” in *Chiaroscuro*, 72-74.

⁵⁶⁹ Breathnach, “An Ghéag Theasctha,” in *Chiaroscuro*, 71.

⁵⁷⁰ Carlos Vitale, sliocht as *Codigos*, in *Chiaroscuro*, Colm Breathnach a d’aistrigh, tús an leabhair.

⁵⁷¹ Breathnach, “An Ghéag Theasctha,” in *Chiaroscuro*, 71.

⁵⁷² Breathnach, “An Peann (is a raibh ann),” in *Chiaroscuro*, 72-74.

⁵⁷³ Féach an cur síos a dhéantar ar ‘Dia sa Tigh seo’ mar ‘[shraith] neamhchríochnaithe’ níos luaithe in *Chiaroscuro*.

⁵⁷⁴ *Ibid.* Liomsa an bhéim.

féin: ní chuirtear focal deiridh an fhile os ár gcomhair amach, ach tugann sé treoracha dúinn agus muid ag dul i ngleic leis an saothar a mhaireann ina dhiaidh.⁵⁷⁵

Conclúid

I gCaibidil a Trí, mar sin, rinneadh plé níos doimhne ar an nGaeilge agus ar phróiseas cruthaitheach na filíochta. Pléadh an tábhacht a chuirtear leis an nGaeilge i measc mhuintir na hÉireann agus ar a bhfuil i ndán di gan chleachtadh nó gan síneadh an mhatáin theangeolaíoch. Rinneadh anailís ar dhá shaothar ekphrastic de chuid Choilm Bhreathnaigh, ba iad sin na dánta faoin bpéintéir barócach Caravaggio. Labhraíodh faoina raibh le rá ag na dánta sin faoin bhfile agus an teanga a úsáideann sé agus rinneadh iniúchadh ar an dán mar theampall lán d’easnamh. Baineann an Breathnach úsáid éifeachtach as siombail sin an teampaill in *Chiaroscuro* go háirithe mar léiriú ar an bhfolú agus an foilsiú, an solas agus an dorchadas, i bhfilíocht an Bhreathnaigh. Thar aon rud eile áfach, déanann *Chiaroscuro* machnamh ar nádúr an tsaothair ealaíne agus ar an gcaoi a n-oibríonn an file agus an léitheoir le chéile leis an saothar sin, nó brí an tsaothair, a thabhairt chun solais.

⁵⁷⁵ Heidegger, “The Origin of the Work of Art,” 18.

Roinn 2: Conclúid

Ba é Chiaroscuro príomhábhar Roinn a Dó, mar sin. Rinneadh anailís sa Roinn ar an ngaol idir an file agus an saothar ealaíne, agus ar an ngaol idir an léitheoir agus an file. Labraíodh chomh maith faoin lipéad sin ‘file’ agus faoin athrú staide ó fhile go léitheoir sa saothar filíochta. Tháinig ceist na teanga chun tosaigh mar cheann de na príomhcheisteanna i bhfilíocht Choilm Bhreathnaigh chomh maith. Rinneadh iniúchadh ar thábhacht an fhíona agus na súile, chomh maith leis an imeartas síoraí idir an solas agus an dorchadas sna dánta féin. Pléadh smaointe Martin Heidegger i leith an folú agus an foilsíú seo san ealaín, agus scrúdaíodh an folús nó an duibheagán a bhíonn i gcroílár na filíochta.

Tharla athrú intinne an fhile i leith a shaothair féin, an ghluaiseacht ó fhile go léitheoir, in *Scáthach* i dtosach breis is deich mbliana ní ba luaithe. Ar nós pentimento sa phéintéireacht, áfach, is minic nach léir an t-athrú sin don phobal i gcoitinne go dtí go nochtann imeacht an ama é. Tá sin le sonrú in *Chiaroscuro*: an file ag taispeáint a thuisceana nua do léitheoir nach bhfuil ag súil léi. Gabhann sé leithscéal as bréagdhóchas a thabhairt don léitheoir agus déanann sé iarracht an peaca sin a chur ina cheart:

Cuireann tú i mo leith

gur gheallas-sa ní duit

ná féadfainn a chomhlíonadh,

deirir i mo thaobh

gur dhó-sa do chroí

chun mo chroí-se a théamh.⁵⁷⁶

Déanann an Breathnach macalla idir an leithscéal seo agus an folús a bhraitheann sé féin sa chreideamh. Cuireann an malartú, nó pentimenti na filíochta, le hathrú treo an téacs – téacs a dtréigean an file é ar deireadh, téacs a sheasann mar phictiúr ildaite ann féin. Is léitheoir é an Breathnach in *Chiaroscuro* anois. Agus an file ar thalamh an phróis in áit mhuir na filíochta, tá deireadh leis na rámhaithe agus leis an mbád a samhlaíodh i ndánta ar nós ‘Ó Dhubh Dubh’, ‘Subh’ agus ‘Miúin Leath Bealaigh an Naoimh’. Tá lagmhisneach éigin le sonrú ag deireadh an chnuasaigh chomh maith: lagmhisneach an fhile i leith na filíochta nó i leith a chumais filíochta féin. Is fíor sin go háirithe laistigh de na teorainneacha nua atá leagtha amach idir é agus an saothar ealaíne: ‘táim teoranta do phrós ar fad na laethanta seo / ... seachas faoileoireacht fhritéiseach mhín an dáin.’⁵⁷⁷ Díreach mar a dhéanann sé in *Scáthach*, áfach, cuireann sé a mhuinín i móitífeanna traidisiúnta le cur síos a dhéanamh ar staid a inspioráide. Seasann sé ar a oileán pearsanta féin, mar a rinne Colm Cille ar Oileán Í na blianta roimhe,⁵⁷⁸ ag féachaint amach ar ‘s[h]námhraic nó muirchur’⁵⁷⁹ a thionscadail agus déanann sé an rud ba dhual d’fhile na Gaeilge:

Téim don tráigh

le nuta pionsail is bileog bhán.

Téim don tráigh

⁵⁷⁶ Breathnach, “Cuireann tú i mo leith,” in *Chiaroscuro*, 64.

⁵⁷⁷ Breathnach, “Tréigthe,” in *Chiaroscuro*, 59.

⁵⁷⁸ John Marsden, *Sea-Road of the Saints: Celtic Holy Men in the Hebrides* (Dún Éideann: Floris Books, 1995), 44.

⁵⁷⁹ Breathnach, “Tráiteoireacht,” in *Chiaroscuro*, 60.

file mé gan inspioráid.⁵⁸⁰

Téann sé amach ina aonar ag lorg rud éigin ón teanga agus ón dán, ach ní fhaigheann sé an uair seo ach bád briste agus ‘bileog bhán’. Fágтар muid leis an mbriseadh deireanach idir an Breathnach agus an cnuasach in ‘An Peann (is a raibh ann)’ – imeacht na dúiche agus bheatha na bhfocal i spás tostach bán an leathanaigh:

an dúch ag dul i ndísc

gan fágtha sa pheann ach díol

ocht bhfocal eile agus naoi gcinn

fós le .⁵⁸¹

Is í gairm an ealaíontóra ná dul i ngleic leis an domhan ina thimpeall ar a shlí fhisiciúil is phearsanta féin. Le péintéirí agus filí araon, bíonn tábhacht ar leith ag baint leis an tsúil sa phróiseas sin, rud a dtugann an Breathnach ómós dó in *Chiaroscuro*. Déanann an cnuasach iniúchadh ar nádúr na súile céanna agus tugann sé dúshlán do réamhthuiscint an léitheora ar an ealaín.

⁵⁸⁰ Breathnach, “Téim don Tráigh,” in *Chiaroscuro*, 61.

⁵⁸¹ Breathnach, “An Peann (is a raibh ann),” in *Chiaroscuro*, 72-74.

Roinn 3: ‘Cé léi go dtiteann an file i ngrá?’:⁵⁸² Ceist na Teanga i bhFilíocht Choilm Bhreathnaigh

Réamhrá

Díreoidh an Roinn seo a leanas ar shaothar eile de chuid Choilm Bhreathnaigh: *Scáthach*, cnuasach filíochta a foilsíodh i 1994. Braithim féin go bhfuil ceangal láidir ealaíonta idir *Scáthach* (1994) agus *Chiaroscuro* (2006) cé go bhfuil dhá bhliain déag idir a bhfoilsíú. Ba é *Chiaroscuro* a scrúdaíodh i Roinn a Dó dar ndóigh, agus is dóigh liom gur féidir le *Scáthach* níos mó solas a chaitheamh ar a raibh le sonrú sa chnuasach sin.

Tá *Scáthach* ar cheann de mhórshaothair an Bhreathnaigh agus is ceann é a sheasann amach don fhile féin. Dar leis, tháinig na dánta chuige ar luas lasrach agus é á scríobh, gan phoncaíocht, ar a ríomhaire sa bhaile:

Níl a fhios agam cad as a dtáinig siad i ndáiríre ... ní raibh na sraitheanna agam ach bhí a fhios agam go raibh sraitheanna éagsúla [ann] ... Dúirt Liam Ó Muirthile go mb’fhéidir gur saghas cóir a bhí ann le glórtha éagsúla agus ba shin é. Ní raibh a fhios agam i gcónaí cad iad na glórtha a bhí i gceist ach bhí a fhios agam nuair a bhí dán á scríobh agam gur bhain sé leis an tsraith seo nó gur bhain sé leis siúd. Agus d’éirigh liom an rud a chur le chéile agus na sraitheanna a dheighilt laistigh den chnuasach. Níl a fhios agam cad a bhí orm ach bhí a fhios agam gur theastaigh uaim na rudaí seo a scríobh agus iad a scríobh ar an tslí seo. Go háirithe iad a scríobh gan phoncaíocht. Chabhraigh sin go mór mar ní raibh aon laincísí orm agus mé ag caitheamh an ruda síos.⁵⁸³

⁵⁸² Breathnach, “Aonsearc,” in *Croí agus Carraig*, 19.

⁵⁸³ Colm Breathnach (faoi agallamh ag Eimear Nic Commhaic), 21 Deireadh Fómhair, 2016.

Spreagann sin ceist phráinneach: conas is féidir leis an bhfile seasamh lena ráiteas in *Chiaroscuro* nach gcreideann sé ‘sa Bhé ach sa bhféith’?⁵⁸⁴ Cad í an difríocht idir spontáineacht na ndánta seo agus inspioráid dhraíochtúil na Bé a eascraíonn lasmuigh den fhile féin? Déantar plé ar an gceist sin sa Roinn seo a leanas. Labhraítear faoin ngaol ealaíonta idir *Scáthach* agus *Chiaroscuro* sa Roinn seo chomh maith.

Leagan Amach na Roinne

Tá Roinn a Trí seo arna roinnt ina trí chaibidil.

Déantar plé ar rian na miotaseolaíochta in *Scáthach* i gCaibidil a hAon, agus ar an gcaoi a n-úsáideann an Breathnach an miotas céanna ina chuid filíochta. Labhraítear faoi thionchar Shomhairle MhicGhill-Eain ar an bhfile mar chuid den phlé sin óir is do MhacGill-Eain a tiomnaíodh *Scáthach*. Mar aon leis sin, pléitear ról na mban sa saothar seo, chomh maith leis an tábhacht a luaitear leo i saothar an Bhreathnaigh agus sa *Táin Bó Cuailgne* araon.

Feictear go bhfuil lear mór dánta in *Scáthach* a ainmníodh as mná nó ar spreag na mná iad. Déantar anailís ar roinnt díobh siúd sa dara leath de Chaibidil a hAon. Déantar iniúchadh chomh maith ar na siombailí a bhaineann leis na mná sin i ndánta Choilm Bhreathnaigh, agus pléitear an ceangal, má tá ceann ann, idir iad agus Bé na filíochta. Faoi dheireadh, scrúdaítear an file mar laoch i bhfianaise chumhacht na mban seo agus i bhfianaise chumhacht na teanga.

Is ar an gcaoineadh agus an cailliúint a dhíreoidh Caibidil a Dó sa Roinn seo. Déantar anailís ar na cineálacha éagsúla cailliúna mar a thagann siad chun solais in *Scáthach*.

⁵⁸⁴ Breathnach, “Tréigthe,” in *Chiaroscuro*, 59.

Cuirtear béim ar an gceathrú sraith de dhánta in *Scáthach* mar chuid de sin: ‘...go n-imíonn i léig...’. Tá téama an teaghlaigh lárnach sa tsraith dánta sin agus déantar plé in athuair ar an mbás laistigh den teaghlach agus san áit dhúchais freisin. Labhraítear faoi chaoineadh spioradálta sa chaibidil seo chomh maith, agus chítear file ag caoineadh na teanga, ag caoineadh chailliúint na brí ina shaol. Déantar machnamh i gCaibidil a Dó, mar sin, ar an bhfile mar mhanach nó mar shagart agus é ag cailliúint a chreidimh sna focail.

Is ar an gcúigiú sraith dánta in *Scáthach*, ‘...an leoithne sa luachair...’, a labhraítear i gCaibidil a Trí. Déantar anailís ar an idirghníomhú idir an file agus an domhan, idir an file agus a lucht léitheoireachta sa chaibidil seo. Pléitear na tagairtí d’eachtraí idirnáisiúnta éagsúla a thagann chun tosaigh sna dánta seo agus an chomhbhá a léiríonn an file le pobail ar leith timpeall na cruinne. Is tarlúint neamhghnách é caidreamh chomh soiléir agus chomh gníomhach sin idir filíocht an Bhreathnaigh agus cúrsaí reatha an domhain. Ardóidh an chaibidil dheireanach seo ceist, mar sin, faoi fheidhm na filíochta féin agus faoi ról an fhile i sochaí an lae inniu.

Caibidil 1

Réamhrá

Is le rian na miotaseolaíochta in *Scáthach* a bhaineann an chéad chaibidil seo a leanas. Ba phearsa mór le rá í Scáthach féin dar ndóigh i miotaseolaíocht na hÉireann agus na hAlban, agus is díol suntais é gur roghnaíodh ise mar phríomhphearsa an chnuasaigh seo. Is cinnte go raibh baint nach beag ag an bhfile Albanach Somhairle MacGill-Eain le cinneadh sin an Bhreathnaigh. Thug Colm Breathnach cuairt ar Albain agus é ina fhile óg. Bhí sé in éineacht le filí Éireannacha eile an uair sin agus fuair sé an deis labhairt le Somhairle agus é ann. Seo an cur síos a thugann sé ar an turas áirithe sin:

CB: Chuas go dtí Albain an bhliain gur tháinig an chéad chnuasach agamsa amach is dóigh liom ... bhí sé díreach ag teacht amach so naoi déag nócha haon, chuas ar thuras filí go hAlbain ... Laoch mór do mo chuid is ea Somhairle [*MacGill-Eain*] ... Ach an chéad uair [*sin*] a chuas ar an turas, bhí Somhairle in Albain ach bhí sé ar tí dul go dtí an Iodáil. Ní raibh deis agam léamh leis an uair sin, ach bhí sé ag fáiltiú dos na filí Éireannacha sara chuaigh sé go dtí an Iodáil. Bhí an Iodáil chun bonn a bhronnadh ar Shomhairle MacGill-Eain, saghas onóir a thabhairt dó, agus bhí sé le heitilt amach an lá sin agus dúirt sé ní féidir liom dul. Dúirt sé láithreach, ‘I can’t go. The Irish poets are coming today’. Chuir sé an eitilt siar lá amháin.

ENC: Sin iontach.

CB: Shíleas go raibh domsa. Ní raibh aon aithne aige orm ach dúirt sé ‘the Irish poets are coming’. Mar sin, nuair a chuamar ann, dúirt sé sin liom agus bhí an-chomhrá agam leis an oíche sin.⁵⁸⁵

Pléitear an tslí a thugann an Breathnach ómós dá laoch, Somhairle MacGill-Eain, in *Scáthach* sa chaibidil seo agus scrúdaítear macallaí idir saothar an Bhreathnaigh agus mórshaothar MhicGill-Eain, *Dàin do Eimhir*.

Faoi dheireadh, déantar anailís ar thionchar an *Táin Bó Cuailnge* ar *Scáthach*. Déantar mionphlé ar an leagan Béarla a rinne Thomas Kinsella i 1969 go háirithe, agus léirítear an chaoi a n-úsáideann an Breathnach mná na *Tána* chun cur lena shaothar filíochta.

Scáthach: Tionchar MhicGill-Eain agus Tábhacht na Miotaseolaíochta

Is iomaí ceist a spreagann *Scáthach* ionam. Is fíor sin, go háirithe i dtaobh na miotaseolaíochta agus an tslí bhríomhar a mbaineann an file úsáid aisti in *Scáthach*. Is freagra é an cnuasach seo do chnuasach clúiteach Shomhairle MhicGhill-Eain, *Dàin do Eimhir*. Foilsíodh *Dàin do Eimhir*, mórshaothar MhicGhill-Eain, den chéad uair i 1943. Dánta grá a bhí sa chnuasach sin den chuid is mó, iad dírithe ar bhean ar thug sé ‘Eimhir’ uirthi. Faightear rian na polaitíochta orthu chomh maith, áfach, mar is léir le dán ar nós ‘Gaoir na h-Eòrpa’:

Dè gach cuach ded chual òr-bhuidh

ris gach bochdainn, àmhghar ’s dòrainn

a thig ’s a thàinig air sluagh na h-Eòrpa

⁵⁸⁵ Colm Breathnach (faoi agallamh ag Eimear Nic Conmhaic), 21 Deireadh Fómhair, 2016.

bho Long nan Daoine gu daors' a' mhòr-shluaigh?.⁵⁸⁶

Ba í Eimhir Bé MhicGhill-Eain. Bhí beirt bhan i gceist leis an bpersona seo, i ndáiríre: bean Éireannach, Nessa Ní Shéaghdha (a ndéanann an Breathnach trácht uirthi in ‘Gráinne agus Diarmaid’),⁵⁸⁷ agus bean Albanach.⁵⁸⁸ Is léir gur chumasc í Eimhir MhicGhill-Eain, mar sin, idir an bheirt bhan seo agus idéal nó bean shíoraí de chuid na samhlaíochta. Cothaíonn an Breathnach an nasc seo idir Éirinn agus Albain: úsáideann sé an persona ‘Scáthach’ mar mhacasamhail ar Eimhir an fhile Albanaigh. B’fhiú an nasc sa Rúraíocht idir ‘Eimhear’ agus ‘Scáthach’ a lua chomh maith. Tá ról lárnach ag an mbeirt bhan sin in *Tochmarc Emire*, réamhscéal de chuid na *Tána*, agus tionchar mór acu beirt ar Chú Chulainn féin.⁵⁸⁹ Glacann an Breathnach carachtar Chú Chulainn chuige féin ar shlí sa chnuasach seo. Samhlaítear go bhfuil an file i mbun teagaisc ar léann na filíochta le ‘Scáthach’ agus le Mary, an bhean a bhfuil sé pósta léi. Is ionann Mary agus ‘Eimhear’ ag fanacht leis ag an mbaile.⁵⁹⁰ Sa tslí sin, féachann MacGill-Eain, Albanach, i dtreo na hÉireann, fad is atá an Breathnach, Éireannach, ag féachaint ar Albain. Tugtar ómós in *Scáthach*, mar sin, do bheirt de na mná is láidre i miotaseolaíocht na nGael. Úsáideann an Breathnach an t-idirdhealú seo idir Eimhear agus Scáthach leis an difríocht idir an teanga agus a bhean chéile a shoiléiriú in *Scáthach*. Leathnóidh mé amach air sin ar ball.

⁵⁸⁶ Somhairle MacGill-Eain, “Dán IV,” in *Dàin do Eimhir: Poems to Eimhir*, eag. Christopher Whyte (Glaschú: The Association for Scottish Literary Studies, 2002), 48-49. Féach na nótaí ar chúl an leabhair, chomh maith, ar leathanaigh 163-169.

⁵⁸⁷ Breathnach, “Gráinne agus Diarmaid,” in *Scáthach*, 88.

⁵⁸⁸ Christopher Whyte, “Introduction,” in Somhairle MacGill-Eain, *Dàin do Eimhir: Poems to Eimhir*, 11-16. Chomh maith leis sin, féach Joy Hendry, “Sorley MacLean: The Man and his Work,” in *Sorley MacLean: Critical Essays*, eag. Raymond J. Ross agus Joy Hendry (Dún Éideann: Scottish Academic Press, 1986), 22.

⁵⁸⁹ “Cuchulainn’s Courtship of Emer, and his Training in Arms,” in Thomas Kinsella, aist., *The Táin: From the Irish epic Táin Bó Cuailnge* (Oxford: Oxford University Press, 1969), 25-39.

⁵⁹⁰ Luaitear Mary, bean chéile an Bhreathnaigh, sa tiomnú in *Scáthach*, agus ag tús *Cantaic an Bhalbháin* deirtear gurb íse a chuireann an file ag amhrán.

Is rogha thábhachtach é an focal ‘brollach’ in áit ‘réamhrá’, ‘réamhscéal’ nó araile ag tús *Scáthach*. Déanann sí tagairt shoiléir do chíocha mná agus, mar sin, do chothú linbh. Ba ar bhrollach agus ar scríbhneoireacht a sheanmháthar a d’fhás pearsantacht agus scríbhneoireacht Choilm Bhreathnaigh:

Brollach

mar seo a scríobhadh an mháthair chríonna ar thaobh na máthar agam litreacha gan aon phuinn poncaíochta, amhail díreach is dá mba chomhráite a bhí iontu ... lean cuid éigin don bhfonn san is don bhfosc san síos trén bhfuil chomh fada lem chroí fhéinig mar tháinig an chuid is fearr do na haistí seo im dhiaidh chugam faoi mar a thagadh an litir chun mo sheana-mháthar fadó...⁵⁹¹

Tuigtear as sin gur leis na mná, nó an ghné bhaineann dá phearsantacht, a thosaíonn a chuid filíochta. Anuas air sin, is ‘comhráite’ iad na dánta seo, dar leis: comhráite idir glúnta, idir traidisiúin agus idir filí.

Tosaíonn an comhrá sin i gceart le hathfhriotal as ‘An Cuilithionn’ ag tús an chnuasaigh: ‘Is dhomhsa thar glòir gach ianlaith / Aiteal òir an eòin Sgitheanaich’.⁵⁹² Níorbh é sin a chéad uair a d’úsáid an Breathnach éan mar chuid lárnach dá chnuasaigh, dar ndóigh. Cuireadh íomhá an éin ar chlúdach *An Fearann Breac* (1992), cuirim i gcás, agus in *Cantaic an Bhalbháin* (1991) thug na línte seo as an ‘Goirtín Eornan’ fráma do na dánta:

Mora dhuit, a Éinín...

Tá gaoth aneas is toirneach...

Beir litir uaim...

⁵⁹¹ Breathnach, “Brollach,” in *Scáthach*, 11.

⁵⁹² Somhairle MacGill-Eain, “An Cuilithionn – Cuid I,” in Breathnach, *Scáthach*, tiomnú.

*Ní fhanann fuaim...*⁵⁹³

In *Scáthach* (1994), tógann Colm Breathnach focal as béal MhicGhill-Eain chun cur síos ar an teanga agus ar oidhreacht MhicGill-Eain araon: éan órga a sháraíonn gach uile rud. Cé nár rugadh MacGill-Eain ar an Oileán Scítheanach agus cé nár chaith sé ach trí bliana ann idir 1934 agus 1937, bhí an-ghrá aige don oileán.⁵⁹⁴ Is léir sin in ‘An t-Eilean’, cuir i gcás:

O Eilein mhòir, Eilein mo ghaoil,
 is iomadh oidhche dhiubh a shaoil
 leam an cuan mòr fhèin bhith luasgan
 le do ghaol-sa air a bhuaireadh
 is tu ’nad laighe air an fhairge,
 eòin mhòir sgiamhaich na h-Albann,
 do sgiathan àlainn air an lùbadh
 mu Loch Bhràcadail ioma-chùilteach,
 do sgiathan bòidheach ri muir sleuchdte
 bhon Eist Fhiadhaich gu Àird Shlèite,
 do sgiathan aoibhneach air an sgaoileadh
 mu Loch Shnitheasort ’s mun t-saoghal!

⁵⁹³ Breathnach, *Cantaic an Bhalbháin*.

⁵⁹⁴ “Eachdraidh-beatha Shlàn,” *Somhairle MacGill-Eain: Air-loidhne*, PDF ar líne, fuarthas 6 Lúnasa, 2019, http://www.somhairlemacgilleain.org/files/Biography_Gaelic.pdf.

O Eilein mhòir, m' Eilein, mo chiall,
 's iomadh oidhche shìn mi riamh
 ri do thaobh-sa anns an t-suain ud
 is ceò na camhanaich gad shuaineadh!
 Is gràdhach leam gach bileag fraoich ort
 bho Rubha Hùnais gu Loch Shlaopain,
 agus gach bileag roid dhomh càirdeach
 o Shròin Bhiornaill gus a' Ghàrsbheinn,
 gach lochan, sruth is abhainn aoibhneach
 o Ròmasdal gu Bràigh Aoineart,
 agus ged a nochdainn Pàrras,
 dè b' fhiach a ghealach-san gun Bhlàbheinn?⁵⁹⁵

Is iomann don Eilean Sgìtheanach é 'An t-Eilean' a foilsíodh mar cuid den tsraith dánta *Dàin do Eimhir*. Tá gaol idir an 'eòin mhòir' agus an tírdhreach, nó grá don tírdhreach, in 'An t-Eilean' agus 'An Cuilithionn' araon. Úsáideann Colm Breathnach íomhá seo an éin le hómós a thabhairt don tionchar a bhí ag Somhairle MacGill-Eain ar a shaothar.

⁵⁹⁵ Somhairle MacGill-Eain, "Bárdachd: An t-Eilean," *Somhairle MacGill-Eain: Air-loidhne*, fuarthas 31 Bealtaine, 2020, http://www.sorleymaclean.org/bardachd/a/an_t_eilean.htm.

In *Scáthach*, seasann Scáthach féin do na mná ar fad a mhúin an Breathnach thar na blianta:

ach más fear mé a oileadh ag mná faoi mar a d'fhoghlaim Cú Chulainn gaisce in Albain ó Scáthach agus ó Aoife fadó fós féin is fear is ea mé is tá súil agam ná tógfaidh m'oidí múinte orm é má bhaineas leas fireann as na hairm a bhronnadar orm agus as an ngaisce a ghabhas uathu.⁵⁹⁶

Ceann de na mná sin dar ndóigh ná an teanga agus is mar gheall air sin a chaithfear ceist na Bé a iniúchadh sa Roinn seo. Bhí gá ag an mBreathnach tréimhse printíseachta a chaitheamh leis na mná seo uilig ionas go bhféadfaidh sé filíocht a scríobh.

Tá áit lárnach ríthábhachtach ag na mná in *Scáthach* dá bharr. Le taobh Eimhear, feictear dánta anseo a scríobhadh in ómós do mhná cumhachtacha eile nó ar a son: Scáthach, Aoife agus Gráinne ina measc.⁵⁹⁷ Cloíonn sin le ceann de na tréithe is suntasaí atá ag *Táin Bó Cuailnge*, mar a mhínítear i leagan Thomas Kinsella den scéal:

Probably the greatest achievement of the *Táin* and the Ulster cycle is the series of women, some in full scale and some in miniature, on whose strong and diverse personalities the action continually turns: Medb, Derdriu, Macha, Nes, Aife.⁵⁹⁸

Mar a tharla, ba é aistriúchán Kinsella an chéad leagan Béarla den *Táin* a léigh an Breathnach agus é ina dhéagóir. Bhain an leabhar seo, chomh maith le ceirnín de chuid na Horslips a eisíodh i 1973,⁵⁹⁹ macalláí láidre as a fhéiniúlacht is as a oidhreacht féin:

⁵⁹⁶ Breathnach, "Brollach," in *Scáthach*, 11.

⁵⁹⁷ Breathnach, "Dán do Scáthach," "D'Aoife," agus "Gráinne agus Diarmaid," in *Scáthach*, 59-60, 77-78, agus 88 faoi seach.

⁵⁹⁸ Kinsella, aist., *The Táin*, xiv-xv.

⁵⁹⁹ "The Táin," *horslips.ie*, fuarthas 21 Lúnasa, 2019, <http://www.horslips.ie/tain.html>.

An Táin le Thomas Kinsella, tháinig sin amach nuair a bhíos i mo dhéagóir, nó roimis sin. Léas *An Táin* as Béarla agus thaitin sé chomh mór sin liom. Ach bhíodh mo mháthair ag insint scéalta dom faoi Chú Chulainn pé scéal é agus é ag iománaíocht ... bhí sé sin cloiste agam as Gaelainn. Agus ansan nuair a tháinig *An Táin* amach ... tháinig ceirnín Horslips amach, *The Táin* chomh maith. Domsa, ba chuid nádúrtha de mo chúlra féin é sin.⁶⁰⁰

Is cinnte go raibh tionchar mór ag na leaganacha éagsúla seo den *Táin*, idir Ghaeilge agus Bhéarla, ar an bhfile. Ní haon ionadh go bhfuil rian an tionchair sin le sonrú in *Scáthach*, mar thoradh.

‘Scáth ar gcúl’:⁶⁰¹ Mná na Tána

Is iomaí uair a léirítear mná mar bhunús cogaidh nó achrainn sa *Táin*. Ainmníodh Eamhain Mhacha fiú, ceannáras na nUlltach, as Macha, bean Chruinniuc mac Agnomain, ar tugadh drochíde di in *Ces Noínden Ulad*:

She bore twins, a son and a daughter. The name Emain Macha, the Twins of Macha, comes from this. As she gave birth she screamed out that all who heard that scream would suffer from the same pangs for five days and four nights in their times of greatest difficulty.⁶⁰²

Ba iadsan bunchlocha na *Tána* san ochtú haois agus is astu a d’fhás *Scáthach* an Bhreathnaigh i 1994.

⁶⁰⁰ Colm Breathnach (faoi agallamh ag Eimear Nic Conmhaic), 21 Deireadh Fómhair, 2016.

⁶⁰¹ Breathnach, “D’Eimhear,” in *Scáthach*, 72.

⁶⁰² “The Pangs of Ulster,” in Kinsella, aist., *The Táin*, 7.

D'fhéadfaí tráchtas iomlán a scríobh ar *Scáthach* ann féin. Roinneann an Breathnach an cnuasach ina chúig shraith dánta: sin iad ‘...an oíche fhada úd...’, ‘...ar iomall na críche...’, ‘...comhrá scáile...’, ‘...go n-imíonn i léig...’ agus ‘...an leoithne sa luachair...’. Déantar mionanailís anseo ar an tionchar a imríonn mná na *Tána* ar an gcnuasach, go háirithe sa chéad trí shraith, agus ceistítearan gaol atá acu leis an teanga agus le coincheap traidisiúnta na Bé. Déantar iniúchadh níos géire ar an dá shraith dheireanacha: ‘...go n-imíonn i léig...’ agus ‘...an leoithne sa luachair...’. Tá rian an teaghlaigh le sonrú ar fud fhilíocht Choilm Bhreathnaigh agus is amhlaidh an scéal in ‘...go n-imíonn i léig...’. Déantar plé ar an mbás laistigh d’fhráma sin an teaghlaigh agus ar an gcaoi a dtagann sin chun cinn i ndánta na sraithe. Ar deireadh, labhraítear faoin gcaidreamh idir an file agus an léitheoir in ‘...an leoithne sa luachair...’. Ach, i dtosach, ba mhaith liom tús áite a thabhairt do dhánta na mban thuasluaite.

Is í Eimhear duine de na mná is tábhachtaí in *Scáthach*. Luíonn fréamhacha Eimhear sa *Táin* agus i bhfilíocht Shomhairle MhicGhill-Eain, mar a luadh cheana. Úsáideann an Breathnach a samhail sa cnuasach seo chun cumhacht na teanga agus cumhacht a mhná céile araon a léiriú. Dán siombalach is ea ‘D’Eimhear’ a dhíríonn ar ghruaig na mná Éireannaí:

thit sé i ngrá

le cúl fionn

ar a úire

mar an drúcht

le méid a ghrá

dhein grian dá shúil

a chuir an drúcht

le scáth ar gcúl.⁶⁰³

Tagann Eimhear, iníon Fhorgaill Mhanaigh, chun cinn mar phearsa lárnach i dtraidisiún na nGael in *Tochmarc Emire* agus Cú Chulainn ag déanamh suirí léi. Ba ise a chuir tús ceart le hoiliúint Chon Chulainn in Albain agus bhí air cleasa nua a fhoghlaim chun í a shásamh agus chun an lámh in uachtar a fháil ar Fhorgall. Ba ise a spreag an fhearúlacht ann, mar sin. Ba ise a rinne laoch cáiliúil dó:

No man will travel this country ... until he has done the feat of the salmon-leap carrying twice his weight in gold, and struck down three groups of nine men with a single stroke, leaving the middle man of each nine unharmed.⁶⁰⁴

Scrúdaíonn *Scáthach* na caidrimh agus na cluichí cumhachta a bhíonn ar siúl idir fir agus mná agus is dea-shampla é ‘D’Eimhear’ air sin. Is léir go bhfuil gluaiseacht cumhachta idir Eimhear agus Cú Chulainn sna rannta thuas. Tá an chumhacht ag an mbean sa chéad rann agus an fear faoi dhraíocht ag a háilleacht agus a ‘drúcht’, ach is leis an bhfear an chumhacht sin sa dara véarsa. Cuireann sé a riocht agus a dhath féin uirthi ionas go sáraíonn a radharc súl ar ‘chúl fionn’ na mná: ‘dhein grian dá shúil / a chuir an drúcht / le scáth ar gcúl’. Imríonn an file leis an gcontrárthacht idir an solas agus an scáth in ‘D’Eimhear’ ar an gcaoi sin. Cuirtear síos ar Eimhear in *Fled Bricrend* mar ‘Emer Foltcháin’, nó Eimhear na Gruaige Finne, agus deirtear gur ‘a n-ed rucc grían do rennaib nime, rucaisiu de mnáib domain ule’ [‘as the sun surpasseth the stars of heaven so far

⁶⁰³ Breathnach, “D’Eimhear,” in *Scáthach*, 72.

⁶⁰⁴ “Cuchulainn’s Courtship of Emer, and his Training in Arms,” in Kinsella, aist., *The Táin*, 27.

dost thou outshine the women of the whole world’].⁶⁰⁵ Tá dlúthchosúlacht idir an cur síos seo agus an íomhá a tharraingíonn an file dúinn in ‘D’Eimhear’ sa tslí a bhfaigheann grian an fhir an lámh in uachtar ar réaltaí nó oíche na mná. Tuigtear go bhfuil an mhaidin, scáth na hoíche agus drúcht Eimhear ‘ar gcúl’ anois agus Cú Chulainn ag cur aon toise di nach dtuigeann sé féin faoi ‘scáth’. Is ar an áilleacht agus ar thréithe fisiciúla na mná a chuirtear béim in ‘D’Eimhear’.

Úsáideann an Breathnach siombailí ar leith in *Scáthach* le cur síos a dhéanamh ar chruth agus ar nádúr na mban. Ceanglaíonn sé focail ar nós ‘drúcht’ nó ‘pluais’ leis na mná tríd an gcnuasach ar fad. Déanann sé trácht ar ghluaiseacht agus dath na farraige agus é ag caint faoi Scáthach agus Aoife. Ní trí thimpiste a tharraingíonn an file ar a leithéid d’íomhánna leo.

Caitheann ‘Drúcht’ solas gléineach ar thábhacht an drúchta don fhile ag tús an chnuasaigh:

leacht ar do ghéaga

gur geall le drúcht dubh é

is a niamh féin ag roinnt leis

ar thánaís tríd fós ar do lámha

an oíche fhada úd

nár gheal ré is nár las réalta

⁶⁰⁵ George Henderson, eag. agus aist., *Fled Bricrend: The Feast of Bricriu* (Londain: Irish Texts Society, 1899), 18-19.

nuair a dh'éirigh an ghrian
do mhullach an tsléibhe
bhí rian dubh na hoíche fós ar do chneas

ar thánaís tríd fós ar do bheola

an phóg nár tugadh

is an rian a dh'fhág sí ort

nuair a dh'éirigh an ghrian
tré sna spéartha modartha

thit drúcht dubh um do cholainn

a roinneann i gcónaí a niamh ar do shúile donna.⁶⁰⁶

Is cosúil le breith clainne é an sruth íomhánna thuas, go háirithe leis na tagairtí ar fad don ‘drúcht’ ar cholainn phearsa an dáin agus an ghluaiseacht ó dhorchadas iomlán na hoíche go dtí éirí na gréine.. Tagann pearsa an dáin as ‘an oíche fhada úd’ nach lasann solas ar bith inti agus deora éirí na gréine ar fud a géaga. Is deacair agus an dán á léamh agat gan bhroinn mná a shamhlú, broinn a chuireann tús leis na dánta ar fad in *Scáthach*. Cosnaíonn an ‘drúcht dubh’, atá ag clúdach na colainne, an phearsa in aghaidh ghrian an

⁶⁰⁶ Breathnach, “Drúcht,” in *Scáthach*, 15.

domhain shoiléir fhirinn lasmuigh. Tugann folú an drúchta le tuiscint go gcaitheann an file le breith agus cothú nádúrtha an duine dhaonna mar ghníomh diamhrach sa dán seo. Tá ionannú déanta idir an drúcht féin agus allas phearsa an dáin: ‘leacht ar do ghéaga / gur geall le drúcht dubh é’. Luíonn an drúcht ar na géaga anseo ar nós allas an choirp. Cloínn sin leis an teachtaireacht atá ag an bhfile in *Chiaroscuro* sa mhéid is gur ‘aiclíocht matán’ atá san fhilíocht a bhíonn ‘ag meath uainn cheal cleachta’.⁶⁰⁷ Cloínn sé leis an ionannú a dhéanann an Breathnach idir breith na hinspioráide an fhile agus an t-allas chomh maith.⁶⁰⁸ Is síneadh fileata iad íomhánna dá leithéid ar an méid a bhí le rá aige i Léacht Uí Chadhain sa bhliain 2010:

[ní] leor, dar liom, féith na filíochta a bheith ionat. Ní mór an cheard a chleachtadh agus í a shaothrú go seasta chun go mbeidh ar do chumas freagairt tráth na hinspioráide.⁶⁰⁹

Cuireann an Breathnach síos ar an inspioráid agus ar cheird na filíochta mar iarracht dhaonna, mar aclaíocht thostach an scríbhneora a ligeann don teanga ‘rian’⁶¹⁰ a fhágáil ar a phearsantacht agus a shaothar araon. Fágann sin ceist faoin teanga féin, áfach, agus cad as a síolraíonn sí. Cuireann an Breathnach an teanga i láthair mar ghréasán nó mar fhoinsé a ndéantar teagmháil dhaonna léi: mar uirlis le seinm. Ar nós an mhiotais is cuid den phobal agus den aigne chomhchoiteann í agus déanann gach duine a chuid féin di. Bíonn gá ann leis an matán sin a úsáid ar bhonn rialta ionas go dtiocfaidh leat an turas sin a thógáil ‘tráth na hinspioráide’.⁶¹¹

⁶⁰⁷ Breathnach, “Súilíocht ar Chasadh an Mhíle,” in *Chiaroscuro*, 47.

⁶⁰⁸ Féach Caibidil 1, Roinn 2, lch 162.

⁶⁰⁹ Breathnach, “Idir Dhá Ainm – nó Fás an Údair: Léacht Uí Chadhain, Cuid 1,” in *Feasta* 64, uimh.4 (2011): 22.

⁶¹⁰ Breathnach, “Drúcht,” in *Scáthach*, 15.

⁶¹¹ Breathnach, “Idir Dhá Ainm,” 22.

Ní deir ‘Drúcht’ linn cén bhreith atá ag tarlú sa dán seo. Seans gurb é seo an inspioráid fhileata ag teacht ar an saol, giniúint smaoinimh nó giniúint an chnuasaigh úir. Ar an taobh eile, seans gurb é an file féin atá á shaolú anseo tar éis dó dul faoi choim na teanga. File atá tar éis oíche a chaitheamh faoin sliabh i bhfolach ón domhan mór, áit ina dtarlaíonn rudaí nach bhfuil tuiscint ag an domhan sin orthu, áit nach léirítear faoin ngrian. Cibé ceann atá fíor i gcás ‘Drúcht’, cuireann an tsamhail tús suntasach leis an gcnuasach, í ag tabhairt cumhachta do choirp agus nádúr na mban.

Éilíonn ‘an oíche fhada úd’ aird ar leith sa dán seo. Tosaíonn agus críochnaíonn na cúig shraith dánta in *Scáthach* le rann beag de chuid an fhile:

an oíche fhada úd

ar iomall na críche

comhrá scáile

go n-imíonn i léig

an leoithne sa luachair.⁶¹²

Is as na dánta féin a fhásann an rann sin, mar a mhíníonn an Breathnach dúinn:

Braithim go ngabhann na dánta insna grúpaí éagsúla le chéile agus bhí mé ag iarraidh teacht ar shlí éigin le teidil a chur ar na rannta sin. Mar sin, roghnaíos línte agus rith sé liom go raibh an chuma air sin gur dhán ann féin é. Tagann siad le chéile agus nuair a aistríonn tú thart é tá an bhrí leis i gcónaí.⁶¹³

⁶¹² Breathnach, *Scáthach*, 10. Tá an rann céanna le fáil ag deireadh an leabhair ar lch 125 ach ord na línte aisiompaithe ag an bhfile.

⁶¹³ Colm Breathnach (faoi agallamh ag Eimear Nic Conmhaic), 27 Meán Fómhair, 2017.

Is toradh nó breith orgánach é an rann seo as an méid atá á rá agus á thaispeáint ag dánta an tsaothair. Tá tábhacht ar leith ag baint leis ‘an oíche fhada úd’, mar sin, i gcomhthéacs an chéad shraith dánta. I bhfianaise dánta ar nós ‘Cruthanna an chaithrithe’⁶¹⁴ agus ‘Teacht i láthair’, tá dlúthbhaint idir an oíche agus na mná: ‘id shuí ar stól lena ais / trén oíche go léir’.⁶¹⁵ Tugann na dánta sin aird ar leith ar mhná atá ag iarraidh a mbealach féin a dhéanamh sa saol, saol nach dtugann meas orthu taobh amuigh dá gcruth fisiciúil. Cuireann ‘Cruthanna an chaithrithe’ béim ar neamhthuiscint na sochaí i dtaobh tréithe baineanna, in ainneoin gur as bean a thagann gach aon duine i dtosach:

thíos fén tsaol atá na príomhchruthanna

agus bainid leis an ndorchadas.⁶¹⁶

Eascraíonn foréigean as an easpa tuisceana sin uaireanta, mar a léiríonn ‘Bronntanas’ dúinn:

thuigis ná beadh faoi cheilt aige

ina lámh ghrámhar duit

go deo ach dornáil.⁶¹⁷

Os a choinne sin, áfach, cuireann an ‘drúcht dubh’⁶¹⁸ leis an smaoineamh go ngintear gach aon rud, an solas san áireamh, sa dorchadas i dtosach báire. Dhéanfadh an cineál scríbhneoireachta ar a dtráchtann an Breathnach sa ‘Bhrollach’ ciall i gnuasach ar nós

⁶¹⁴ Breathnach, “Cruthanna an chaithrithe,” in *Scáthach*, 19.

⁶¹⁵ Breathnach, “Teacht i láthair,” in *Scáthach*, 30.

⁶¹⁶ Breathnach, “Cruthanna an chaithrithe,” in *Scáthach*, 19.

⁶¹⁷ Breathnach, “Bronntanas,” in *Scáthach*, 18.

⁶¹⁸ Breathnach, “Drúcht,” in *Scáthach*, 15.

Scáthach, mar thoradh. Bíonn an file ag scríobh san ‘oíche’ dhorcha gan aon treoír ná aon chomhartha ar fáil dó ó sholas saorga na poncaíochta.

Leanann athghiniúint an drúchta uirthi trí na dánta seo ar fad. In ‘Eoraidíce’, cuirim i gcás, deirtear linn go bhfuil an file, ‘Orpheus’ an tsaothair, ‘cailte’ agus ‘slán’ ag an am céanna:

ach tá deireadh, pé scéal é,

le ré na n-amhrán

is an té go bhfuil do sheasamh air

stróiceadh fadó riamh as a chéile é

tá sé cailte, tá sé slán.⁶¹⁹

Baineann an rann sin macalla as an bhfocal a chuireann tús leis an tsraith ar fad: ‘leacht’.⁶²⁰ Clúdaíonn an focal sin dhá chiall ar leith: is ionann leacht agus ‘carn adhlactha nó cuimhneacháin’ ar thaobh amháin, nó ‘aon rud fliuch a ritheann mar uisce’.⁶²¹ Cé go dtugann ‘Drúcht’ tús áite don dara míniú anseo, caitheann an chéad cheann a scáth féin thar an tsraith ar fad. I ndánta ar nós ‘Eoraidíce’, tuigtear go bhfuil gá le bás meafarach an fhile, go gcaithfidh an file é féin a cheilt ón domhan mór nó uaidh féin, ionas gur féidir leis é féin agus an fhilíocht a thabhairt ‘slán’.

Treisiúint an Breathnach an slánú nó an athghiniúint sin in ‘Duilleog’:

⁶¹⁹ Breathnach, “Eoraidíce,” in *Scáthach*, 22.

⁶²⁰ Breathnach, “Drúcht,” in *Scáthach*, 15.

⁶²¹ *An Foclóir Beag*, s.v. “leacht.”

amhail duilleog

a thiteann do chraobh

i dtreo na cré duibhe

gurbh í foinse na beatha

go dtí seo í

amhail duilleog

ná raibh coinne aici

leis an bhfómhar

san earrach cothód

duilleoga nua.⁶²²

Titeann an file amhail duilleog a thiteann den chrann. Cuid leochaileach den traidisiún ar fad is ea é, ar nós duilleoige san fhómhar. Cé gur thug cré an chnuasaigh seo agus cré na teanga beatha dó tráth, anois fáiltíonn siad go meafarach roimh a bhás. Caithfidh an file fáilte a chur roimh an athnuachan a bhíonn ag croílár phróiseas na filíochta. Tugann ‘Duilleog’ léargas dúinn ar an solas agus ar an scáth chomh maith. Má ghéilleann duine don dorchadas agus do dhrúcht dubh na beatha, má fhoghlaimíonn sé uathu, cothóidh an

⁶²² Breathnach, “Duilleog,” in *Scáthach*, 23.

tuiscent sin é: ‘san earrach cothód / duilleoga nua’. Cad é an dorchadas sin? Dar leis ‘...an oíche fhada úd...’⁶²³ gheofar é i measc na mban. Gheofar é ‘i measc bunrútaí / an tsaoil fhréamhaí’.⁶²⁴ Síolraíonn an-chuid de na dánta in *Scáthach* ó oidhreacht nó ginealach a mháthar: ‘mar seo a scríobhadh an mháthair chríonna ar thaobh na máthar agam’. Tá an oidhreacht sin faoi cheilt sa teanga. In *Scáthach*, mar sin, caitheann an Breathnach tréimhse printíseachta leis an teanga le go gcothóidh sé tuiscint níos fearr air féin.

Chaith Cú Chulainn tamall le Scáthach in Albain ag foghlaim cheird an ghaiscígh uaithi.⁶²⁵ Ar an gcaoi chéanna, caitheann an Breathnach tamall le Scáthach na teanga sa chnuasach seo ag iarraidh tuiscint a shaothrú air féin agus ar cheird na filíochta. Ní haon ionadh é, mar sin, go seasann ‘Dán do Scáthach’ amach i saothar seo an Bhreathnaigh.⁶²⁶ Déanann teideal an dáin seo tagairt do Dhun Scáthaich nó Dunscaith, ‘fothrach dúna’ ar an Oileán Sciathánach ar ar thug Cú Chulainn cuairt ‘nuair a theastaigh uaidh barr feabhais a chur ar na cleasa gaisce aige’.⁶²⁷ Dán grá is ea ‘Dan do Scáthach’ a thugann ómós cuí don bhean agus don traidisiún araon:

do bheanna mórtasacha

ag éirí is ag ísliú

gile fhíochmhar do chnis

ina hoileán i lár an dorchadais

shnámhas go dtí tú

⁶²³ Breathnach, ‘...an oíche fhada úd...,’ in *Scáthach*, 13-30.

⁶²⁴ Breathnach, Colm. ‘Cruthanna an chaitheirthe’ in *Scáthach*, lch 19.

⁶²⁵ “Cuchulainn’s Courtship of Emer, and his Training in Arms,” in Thomas Kinsella, aist., *The Táin: From the Irish epic Táin Bó Cuailnge* (Oxford: Oxford University Press, 1969), 25-39.

⁶²⁶ Breathnach, “Dán do Scáthach,” in *Scáthach*, 59-60.

⁶²⁷ Breathnach, “Nótaí,” in *Scáthach*, 126-127.

m'fheargacht go léir ar crith

le tnúth agus le heagla

do lámha anall tharam is mé ag dul isteach ort

mar oilithreach chun do theampaill thánag

is mé ag foghlaim gaisce

san áit inar thit céad fear romham.

Déanann an file cur síos spreagúil ar nádúr an ghrá sna rannta uilig anseo. Ní cheiltar áilleacht ná meallacht na mná ná an saothar a theastaíonn uaithi óna leannán. Éilíonn sí turas crua agus allas uaidh sula seinnfidh sí ‘ceol síoraí na bpíob’.⁶²⁸ Is faoi thuras a labhraíonn ‘Dán do Scáthach’, mar sin, turas fir ó oileán go hoileán, turas leannáin i dtreo a rúin, turas an fhile go tobar na filíochta. Is as allas an fhir a fhásann grá buan idir é agus a bhean agus is mar gheall ar an gceird atá saothraithe ag an bhfile a bheidh grá aige don teanga go deo. Is ionann cleachtadh na filíochta agus turas síoraí i dtreo thobar na inspioráide. Déanann an dán seo tagairt don teanga trí mheán an cheoil arís chomh maith. Is as an ngrá nó as beanna ‘mórtasacha’ na mban a thagann an fhilíocht cheolmhar chun saoil i dtosach báire. Tá treallús an fhir fós le sonrú in ‘Dán do Scáthach’, áfach, ina ainneoin sin ar fad. Déanann sé teagmháil leis an mbean ar shlí thar a bheith foréigineach:

⁶²⁸ Ibid.

‘nuair a léimeas thar do dhroichead / is nuair a réabas do bhaile poirt’.⁶²⁹ Tá éigniú de shaghas éigin ag tarlú anseo, fiú mura dtuigeann pearsa an dáin sin.

Baineann ‘Dán do Scáthach’ úsáid as tróp traidisiúnta eile anseo nuair a dhéanann sé ionannú idir an bhean agus ‘an t-oileán’:

an t-oileán glé gurb é tusa é

a chuir sciatháin le mo mhian

do bheanna mórtasacha ag éirí is ag ísliú

i gcónaí faoi gach gníomh a chuirim i gcrích.⁶³⁰

Díol suime gurb é a mhalairt a fheictear in *An Fear Marbh* agus Seán Breathnach á ionannú le hoileán de chuid na mBlascaodaí. Nílím féin den tuairim go gcuireann an Breathnach mórán béime ar chúrsaí inscne sa chnuasach áirithe sin, ach is suimiúil an t-aisiompú é mar sin féin. Tharraing Máire Ní Annracháin aird ar an aisiompú sin, .i. an fear á ionannú leis an talamh, in ‘Changed but not beyond recognition: fresh growth from old tropes of masculinity in contemporary Irish poetry’, páipéar a thug sí i mbliana ag an gComhdháil Idirnáisiúnta sa Léann Ceilteach in Bangor na Breataine Bige. Rinne Ní Annracháin trácht ar choincheap an turais laochúil, ag díriú go háirithe ar ‘An Fear Marbh’, agus rinne sí anailís ghéar ar shamhail an athar mar oileán sa dán sin agus sa chnuasach *An Fear Marbh* i gcoitinne. Dar léise, b’ionann talamh an oileáin anseo agus reilig, díreach mar a bhíonn le feiscint in ‘Adhlacadh mo Mháthar’:

⁶²⁹ Ibid.

⁶³⁰ Ibid.

Ó cailleadh tú, a Fhir Mhairbh

tá tú i d'oileán

sínte ar íor na mara.⁶³¹

Agus thit an Meitheamh siar isteach sa Gheimhreadh,

Den úllghort deineadh reilig bhán cois abhann,

Is i lár na balbh-bháine i mo thimpeall

Do liúigh os ard sa tsneachta an dúpholl.⁶³²

Tá an talamh marbh, mar aon leis an athair in ‘An Fear Marbh’.⁶³³ Ní hionann sin agus talamh seasc, áfach. Cé go bhfuil ceangal ag Tír na nÓg, Magh Meall agus Í Bhreasail leis an mbás ar shlí amháin nó ar shlí eile, tá inspioráid agus scéalta fós le fáil ann.⁶³⁴ É sin ráite, cuirim féin i bhfad níos mó suime sa turas a dtugann an Breathnach faoi idir an t-oileán agus an mhórhír, turas a phléigh mé ní ba luaithe sa tráchtas seo.⁶³⁵ Tá sé ríthábhachtach, ar ndóigh, cúrsaí inscne a phlé i gcomhthéacs na litríochta Gaeilge, go háirithe agus athrú ag teacht ar thuiscint na sochaí ar nádúr na hinscne. Ach, cé go dtarraingíonn Colm Breathnach ar an inscne ina shaothar, go háirithe in *Scáthach*, ní dóigh liom gurb é sin a phríomhtheachtaireacht.

⁶³¹ Breathnach, “An Fear Marbh,” in *An Fear Marbh*, 9-10.

⁶³² Seán Ó Ríordáin, “Adhlacadh mo Mháthar,” in *Seán Ó Ríordáin: Na Dánta* (Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2011), 66-67.

⁶³³ Máire Ní Annracháin, “Changed but not beyond recognition: fresh growth from old tropes of masculinity in contemporary Irish poetry” (léacht, Ollscoil Bangor, An Bhreatain Bheag, An XVIú Comhdháil Idirnáisiúnta sa Léann Ceilteach, 25 Iúil, 2019).

⁶³⁴ Breathnach, “An Fear Marbh,” in *An Fear Marbh*, 9-10.

⁶³⁵ Féach Caibidil 2, Roinn 1, lgh 41-47.

In ‘Dán do Scáthach’, déanann an fear pearsantú ar an mbean, ag déanamh ionannú idir í agus an talamh. Os a choinne sin, is ise a spreagfaidh ‘gach gníomh’ dá chuid as sin amach, fiú mura bhfuil an fear ag smaoineamh ar aon rud ach a mhianta collaí féin. Léiríonn sin an chumhacht atá ag an mbean ar an bhfear tar éis a dteagmháil ghnéasach le chéile. Imíonn an teanga ón bhfile fad is a dhéanann sé iarracht cruth a chur uirthi. Tagann a cumhacht ó na scáthanna. Cuirtear síos ar bhean fhíochmhar láidir in ‘Dán do Scáthach’, mar sin, bean a éilíonn an-chuid óna leannán. Déantar cur síos, leis, ar ‘[ghlórtha] na ngaiscíoch’ a leag sí cheana ag macallú ina timpeall. Is bean í atá lán le diamhracht, bean a bhíonn ‘ceilteach agus oscailte’. Ní féidir leis an bhfear tuiscint cheart a fháil uirthi, í lán de scáthanna agus ag claochlú de shíor: ‘seangacht agus méithe in éineacht / agus scáth ar scáth ag leanúint a chéile / timpeall ar do cholainn bhán go léir’.⁶³⁶ Ní éiríonn leis an bhfile sracfhéachaint a fháil ar a súile fiú, agus níl teacht aige ar anam ná ar phearsantacht na mná dá bharr. Ar nós shíorghluaiseacht an uisce, éalaíonn sí uaidh. Tá easpa tuisceana ag an bhfile i leith na mban anseo, mar thoradh, tuiscint a bhí de dhíth air in ‘D’Eimhear’ chomh maith.⁶³⁷

Os a choinne sin, is dán iomlán difriúil é ‘D’Aoife’ ó thaobh na foirme de. Tá scéal á insint ag an bhfile anseo faoin gcéad uair a chas seisean agus Aoife le chéile. Baineann an dán leas as liosta siombailí in ionad aon íomhá amháin freisin. É sin ráite, tá bunús siombalach leis na rannta ar fad, siombalachas a d’úsáid an file in ‘D’Eimhear’ cúpla leathanach roimhe chomh maith. Má ghlactar leis an drúcht mar shiombail d’Eimhear, tagann an bhean Éireannach aníos arís sa dán seo sa drúcht a bhailíonn Aoife ‘ar shleasa an choma’.⁶³⁸ Tuigtear go soláthraíonn sí faoiseamh do Chú Chulainn agus go dtugann sí é as oíche the na collaíochta go talamh slán arís. Tá gruaig nó ‘cúl’ na mná i gceist sa dá

⁶³⁶ Ibid.

⁶³⁷ Féach Caibidil 1, Roinn 3, lgh 263-265.

⁶³⁸ Breathnach, “D’Aoife,” in *Scáthach*, 77-78.

dhán agus tá nasc déanta idir gruaig na beirte sin agus an t-uisce. Murab ionann, áfach, agus íomhá an drúchta a pléadh ní ba luaithe sa Roinn seo, léirítear íomhá níos dorcha anseo don uisce, íomhá stoirmiúil na mara. Is íomhá leochaileach é drúcht na maidine, murab ionann agus an ‘aimsir stoirme le duibhe’. Tá an stoirm sin níos bagraí mar íomhá agus tá cuma níos láidre uirthi mar thoradh. Is iad na stoirmeacha céanna a chuireann iallach ar Chú Chulainn tearmann a lorg ‘i bpluais’ dhorcha an neamh-chomhfheasa. Is íomhá choitianta í íomhá na pluaise i miotaseolaíocht ar fud na cruinne. Bhí seo le rá ag Jung fúithi in *Man and his Symbols* (1969):

The caves are the result of purposeful human work: cut into the rock. In a way they resemble the gaps that occur in our consciousness when our power of concentration has reached its limits and is broken, so that the stuff of fantasy can penetrate without restraint. At such times something unexpected can reveal itself and allow a deep insight into the background of the psyche – a glimpse into the unconscious regions where our imagination has free play. Moreover, rock caves may be symbols of the womb of Mother Earth, appearing as mysterious caverns in which transformation and rebirth can come about.⁶³⁹

Arís, bíonn claochlú agus athbhreith an duine ceangailte le híomhá na pluaise. Is ‘terra incognita’ í an phluais. Bíonn sí dorcha agus bíonn spás inti don neamh-chomhfhios agus do chuimhne chomhchoiteann na marbh. Úsáideadh siombail na pluaise go minic i litríocht na sean-Ghréige chomh maith, mar a mhíníonn Georgiadou dúinn:

... in ancient Greek literature, the cave is the mediate station in the journey from darkness to light and from death to life (e.g. the cave of Hades in Homer), as well

⁶³⁹ Jolande Jacobi, “Symbols in an individual analysis,” in Carl G. Jung et al. *Man and his Symbols* (Londain: Arkana, 1990), 285.

as from ignorance to knowledge (e.g. Plato's cave). In most references, the cave has two entrances: one facing east, that is the light and hope, whereas the other faces west, the darkness and death. The use of the cave in ancient Greek literature is consequently an allegory of life itself: it signifies both the difficult intellectual human journey from darkness and ignorance to light and knowledge, as well as the end of roaming and searching in the dark. Further, it symbolises the dark landscape of *eros* and its counter force, death, which perpetuates life.⁶⁴⁰

In *Scáthach*, léiríonn íomhá na pluais an ceangal idir Scáthach agus Aoife. Ba dheirfiúracha iad an bheirt bhan i dtraidisiún na nGael ach b'ionann iad in an-chuid bealaí. Tá sin intuigthe trí na cosúlachtaí idir a ndá dhán sa chnuasach seo (.i. D'Aoife' agus 'Dán do Scáthach'), go háirithe ó thaobh na n-íomhánna de. In 'D'Aoife' an Bhreathnaigh, lonnaítear an phluais laistigh den duine féin:

na trí buanna agat, an chéad bhua

a sheol ar shlí an eolais mé

an tarna bua, an bua a bheoigh mé

an tríú bua, bua an cheoil

a shuaimhnigh is a mhearaigh mé

an bua a leag ar lár mé

an ceol úd a Aoife aoibhinn agus ard

⁶⁴⁰ Agathi Georgiadou, "The Semiotic Use of the Cave in Classical and Modern Greek Literature," *The International Journal of the Humanities* 3 (2005/2006), fuarthas 11 Meán Fómhair, 2018.

a chuala agus tú ag gluaiseacht ón láthair

agus bualadh na mbuillí tolla i bpluais istigh im lár.⁶⁴¹

Freagraíonn an phluis seo in ‘D’Aoife’ agus ‘an oíche fhada úd’ a luann an rann ag tús an chnuasaigh⁶⁴² leis an ‘tseomra dorcha os cionn na mara’ a gcuireann an file síos air in ‘Dán do Scáthach’.⁶⁴³ Feidhmíonn an bheirt bhan mar bhéithe ar an-chuid slite chomh maith agus cothaíonn siad inspioráid an fhile:

... chuir [tú] sciatháin le mo mhian⁶⁴⁴

d’adhnaís tráthnóna lasair im bholg

in athuair le ga solais do cholainne.⁶⁴⁵

D’fhéadfadh go bhfuil tagairt idirthéacsúil in ‘D’Aoife’ d’fhinscéal an cheoltóra Lughnasa agus d’Uamh an Òir i dtraidisiún litríochta Ghaeilge na hAlban. Dar le Máire MacNeill, téann píobaire laistigh d’Uamh an Òir, pluais faoin talamh nó faoin uisce, agus é ag lorg taisce. Buaileann sé le namhaid ar an turas seo, namhaid a bhíonn baineann go minic sa traidisiún. Is féidir leis an bpíobaire teacht slán ón namhaid seo chomh fada agus a sheinneann sé na píoba. Fanann sé sa phluis ag casadh cheol na bpíob sin go deo.⁶⁴⁶ I ndán an Bhreathnaigh, deirtear go bhfuil ‘gach aon chuma uafar níos measa ná a chéile’ ar Aoife; ar an tslí sin, tá dainséar éigin ag baint léi. Chomh maith leis sin, cloistear ceol

⁶⁴¹ Breathnach, “D’Aoife,” in *Scáthach*, 77-78.

⁶⁴² ‘an oíche fhada úd / ar iomall na críche / comhrá scáile / go n-imíonn i léig / an leoithne sa luachair’. Breathnach, *Scáthach*, 10.

⁶⁴³ Breathnach, “Dán do Scáthach,” in *Scáthach*, 59-60.

⁶⁴⁴ Ibid.

⁶⁴⁵ Breathnach, “D’Aoife,” in *Scáthach*, 77-78.

⁶⁴⁶ Máire MacNeill, “The Musician in the Cave,” *Béaloideas* 57 (1989): 109-132, fuarthas 29 Bealtaine, 2020, doi: 10.2307/20522334.

na bpíob agus í ‘ag gluaiseacht ón láthair’. Ní féidir leis an bhfile éalú ón bpluais sin, mar ní i bpluais fhisiciúil a bhfuil sé ach ‘i bpluais laistigh im lár’.

Is cosúil go bhfuil codarsnacht á dhéanamh ag an mBreathnach idir an grá collaí, nó *Eros*, agus an bás nó *Thanatos* in ‘D’Aoife’. ‘Bháití’ an file i measc na gcarraigeacha; tugann sé faoi thuras dainséarach thar an bhfarraige stoirimiúil chun luí le hAoife, an teanga, agus chun grá a chothú léi. ‘Beonn’ áilleacht na teanga é ach cloiseann sé a ‘ceol’ chomh maith. Leagann sin ar lár é. Imíonn Aoife uaidh faoi dheireadh, áfach. Tugann an ghluaiseacht sin le fios nach féidir breith go hiomlán ar an teanga ná smacht a chur uirthi. Tagann agus imíonn sí ó radharc an fhile i gcónaí. Gearrann próiseas na filíochta poll nó pluais amach i ‘lár’ an fhile mar gheall air sin: fanann cuimhne leis ar mhothú an cheoil gan na focail aige len é a chur i láthair.

Dá bhrí sin, is cosúil go bhfuil trí phríomhchodarsnacht á gcruthú ag an bhfile sna dánta áirithe seo: codarsnacht idir bean na samhlaíochta agus a ghrá geal ag an mbaile, codarsnacht idir *Eros* agus *Thanatos* agus codarsnacht idir an solas agus an scáth. Úsáideann sé iliomad tagairtí don mhuir agus do sheomraí dorcha chun cur síos a dhéanamh ar thréithe na scáilmhná, .i. Aoife, nó Scáthach, nó samhail na Bé fiú:

... do chúl buadánach

go raibh dath na mara air

aimsir stoirme le duibhe

nuair a bhriseadh do gháire brutha orm

ar nós na carraige bháití mé.⁶⁴⁷

sa tseomra dorcha

os cionn na mara

bhí caille ar d'éadan.⁶⁴⁸

mórtas farraige do dhá mhama gheala

is iad ag éirí faoin tsíoda gorm.⁶⁴⁹

chuala cogarnach throm an aigéin

ag breith scéala is achainí anall ó Éirinn

a dhein smidiríní dár gcomhrá scáile.⁶⁵⁰

Is oilithreacht é bóthar na filíochta ar a dtugann tú iomlán do ghrá don teanga, an scáilbhean. Luíonn an scáilbhean sin laistigh den fhile féin, i bpluaiseanna dorcha nó ar oileán faoi scáth. Trí bheith ag caitheamh seal sa dorchadas seo faigheann an Breathnach léargas nua ar a chaidreamh féin lena bhean chéile. Mar briseann an saol isteach ar an bhfilíocht i gcónaí. Briseann a ghrá do Mary isteach ar a chomhrá grámhar leis an

⁶⁴⁷ Breathach, “D’Aoife,” in *Scáthach*, 77-78.

⁶⁴⁸ Breathnach, “Dán do Scáthach,” in *Scáthach*, 59-60.

⁶⁴⁹ Breathnach, “Scáilbhean,” in *Scáthach*, 71.

⁶⁵⁰ Breathnach, “Íomháineas,” in *Scáthach*, 69.

scáilbhean: ‘an pósadh atá eadrainn / tharla sé ar maidin dúinn / nuair a labhair do ghlór le hais liom / ag rá tá sé in am éirí.’⁶⁵¹

Feictear an teannas idir *Eros* agus *Thanatos* chomh maith agus an file daonna ag déanamh íobairtí ar son ghrá na mban agus na teanga. Ar deireadh, déanann an cnuasach codarsnacht idir an solas agus an scáth, idir an lá agus an oíche. Seasann Aoife agus taobh Albanach na miotaseolaíochta don oíche lena ‘cait choille’ agus a ‘coin allta’,⁶⁵² d’oíche atá ag cur fúithi ‘i bpluais’ i lár na pearsan.⁶⁵³ Seasann Aoife don teanga agus í faoi cheilt nó faoi scáth. Ar an taobh eile, is ionann Eimhear, an taobh Éireannach, agus an lá. Is ise an mhaidín a thugann radharc na súl don fhile; déanann ‘grian dá shúil’ a chuireann an t-uisce ar fad agus scáth na hoíche ‘ar gcúl’.⁶⁵⁴ Tá sé tábhachtach a rá go bhfuil ‘D’Eimhear’ agus ‘D’Aoife’ araon suite i gcuid lárnach an chnuasaigh, ‘...comhrá scáile...’.⁶⁵⁵ Is léir go bhfuil an file ag cur comhrá ar bun idir an dá dhán agus idir an bheirt bhan seo dá bhrí sin, ionas go gcaithfidh siad scáth agus solas ar a chéile. Ní féidir íomhá a bheith ann gan dlúthcheangal a bheith aici lena scáth féin. Anuas air sin, tugann an Breathnach le fios gur tháinig traidisiún na hÉireann agus na hAlban as na fréamhacha céanna go stairiúil agus go bhfreagraíonn siad dá chéile mar thoradh.

Cú Chulainn agus Conla: An File mar Laoch in Scáthach

Mar a dúradh cheana, déanann an Breathnach nasc soiléir idir é féin agus Cú Chulainn in *Scáthach*, go háirithe tríd an ngaol a chothaíonn sé le mná na *Tána*. Déanann sé ciall, mar

⁶⁵¹ Breathnach, “Pósadh,” in *Scáthach*, 61.

⁶⁵² Tá macallaí idir seo agus dán clúiteach de chuid Shomhairle MhicGhill-Eain. Féach Somhairle MacGill-Eain, “Coin is madaidhean-allaidh,” in *Dàin do Eimhir*, 84-85.

⁶⁵³ Breathnach, “D’Aoife,” in *Scáthach*, 77-78.

⁶⁵⁴ Breathnach, “D’Eimhear,” in *Scáthach*, 72.

⁶⁵⁵ Breathnach, “...cómhrá scáile...,” in *Scáthach*, 53-88.

sin, go leanann ‘Tuigim anois do Chú Chulainn’ an dá dhán thuasluaite.⁶⁵⁶ Labhraíonn an dán seo faoin gcaidreamh idir an file agus a athair agus faoin tslí a léann glúnta isteach ina chéile sa litríocht agus in intinn an duine araon. Ní mór an difríocht idir carachtracht Chú Chulainn agus carachtracht Chonla in *Táin Bó Cuailnge*. Faigheann siad beirt oiliúint ó Scáthach in Albain, foghlaimíonn siad beirt gach rud atá le fail uaithi (eisceacht, dar ndóigh, is ea an ga bolga), agus filleann siad ar Éirinn.⁶⁵⁷ In ‘Tuigim anois do Chú Chulainn’, áfach, faigheann an file a oiliúint agus a cleasa ar fad díreach óna athair féin: ‘oiliúint áiféiseach ab ea é ar shlí / dúinne páistí ar bhealaí an tsaoil’. Léiríonn sé tuiscint as an nua ar iompar an duine i measc an phobail chomh maith, agus ar an náire a thagann le bheith i d’athlaoch i measc cairde:

m’athair féin agus a chairde

samhraí agus sinn cois trá

dh’imrídís cluiche linne páistí

...

is gur ghortaíos m’athair sa lámh

le buille iomraill dom chamán

...

os comhair mhaithe Chúige Uladh

tuigim cén taobh gur chaith Chú Chulainn

⁶⁵⁶ Breathnach, “Tuigim anois do Chú Chulainn,” in *Scáthach*, 79.

⁶⁵⁷ Kinsella, “The Death of Aife’s One Son,” in *The# Táin*, 44-45.

leas a bhaint as an nga bolga

sa chluiche deas garbh lena mhac Conla.⁶⁵⁸

Má tá an Breathnach ag tarraingt ról Chú Chulainn chuige féin in *Scáthach*, is amhlaidh go gcíonn sé in ‘Tuigim anois do Chú Chulainn’ go bhfuil sé níos gaire do Chonla mar fhile ina shaothar féin. Cé gurb eisean atá níos óige agus ag teacht i mbarr a réime, is é guth a athar agus an chuimhne atá ag an bhfile air a thagann tríd in an-chuid de na dánta leis. Samhlaíonn Colm Breathnach an choimhlint eatarthu leis an gcoimhlint a tharla idir Cú Chulainn agus a aonmhac, Conla, a shaolaigh Aoife dó. Le híomhá na pluaise, feictear an file agus é ag cur allais i ndiaidh dó luí i ‘bpluais istoíche’. Sileann drúcht an dorchadais thairis, rud a adhnann ‘lasair’ ina bholg.⁶⁵⁹ Tá cothú le fáil in áiteanna dorcha mar seo, mar a léirítear in ‘Drúcht’,⁶⁶⁰ agus tugann sé beocht úrnua don fhile. Ní hé Cú Chulainn atá ann níos mó ach Conla.

Bíonn ‘ga bolga’ a athar ag priocadh Choilm Bhreathnaigh trína fhilíocht ar fad. Bhí guth an fhir chailte ag lorg ‘cead cainte’ agus onóra in intinn a mhic féin in *An Fear Marbh*, cuirim i gcás, athair ag iarraidh go leanfadh a ainm agus a dhea-cháil ar aghaidh thar teorainn an bháis: ‘Cead cainte domhsa!’⁶⁶¹ Ní tharlóidh sin gan é a bheith ag cur isteach ar ghuth pearsanta an Bhreathnaigh:

... ghortaíos m’athair sa lámh

le buille iomraill dom chamán

⁶⁵⁸ Breathnach, “Tuigim anois do Chú Chulainn,” in *Scáthach*, 79.

⁶⁵⁹ Breathnach, “D’Aoife,” in *Scáthach*, 77-78.

⁶⁶⁰ Breathnach, “Drúcht,” in *Scáthach*, 15. Féach Caibidil 1, Roinn 3, lgh 265-268.

⁶⁶¹ Breathnach, “Cead Cainte,” in *An Fear Marbh*, 47.

athlaoch righin é fán dtráth sin
 rud nár thuigeas-sa mar aosánach
 ach tuigim anois do Chú Chulainn
 an lá gur imir sé go deas garbh
 cois trá lena mhacán féin

os comhair mhaithe Chúige Uladh
 tuigim cén taobh gur chaith Cú Chulainn
 leas a bhaint as an nga bolga
 sa chluiche deas garbh lena mhac Conla.⁶⁶²

Tuigeann Colm Breathnach cás a athar féin anseo mar athlaoch ag iarraidh an fód a sheasamh in aghaidh imeacht an ama. Le híomhá an gha bolga, léiríonn an Breathnach an méid nár fhoghlaim sé óna athair nuair a bhí sé fós beo. Ba é an ga bolga an gaisce nach raibh ag Conla in *Aided Oenfir Aife* agus an fáth gur maraíodh sa deireadh é.⁶⁶³ Mar an gcéanna, braitheann an Breathnach gurb éasc í an easpa eolais seo: an aithne nár chuir sé ar a athair, Seán, agus na ceachtanna nár fhoghlaim sé uaidh. Ach, anuas air sin, tuigeann an file nach féidir leis féin maireachtáil fad is atá a athair fós ag cur faoi ina intinn. Téann sé i ngleic go hiomlán leis an tuiscint sin in *An Fear Marbh* (1995).⁶⁶⁴ Tá teacht i láthair an fhile lárnaigh in *Scáthach*, mar sin. Faigheann an Breathnach tuiscint ar

⁶⁶² Breathnach, “Tuigim anois do Chú Chulainn,” in *Scáthach*, 79.

⁶⁶³ Kinsella, “The Death of Aife’s One Son,” in *The Táin*, 39-45.

⁶⁶⁴ Breathnach, *An Fear Marbh*.

an traidisiún agus ar an oidhreacht taobh thiar de: caitheann sé súil ar an teaghlach agus ar an traidisiún litríochta laistiar d'fhilíocht na Gaeilge. Foghlaimíonn sé conas is féidir leis a ghuth sainiúil féin a chur ar phárl trí chaidreamh pearsanta a shaothrú leis an teanga.

Tagann cuimhní an Bhreathnaigh agus cuimhne na *Tána* le chéile in ‘Tuigim anois do Chú Chulainn’, dhá scéal nó íomhá á nascadh chun tuiscint nua a chruthú don léitheoir agus don fhile araon. Díol spéise is ea é gur trá a roghnaítear mar shuíomh sa dán seo ó thaobh go mbíodh inspioráid ar fáil d'fhilí na Gaeilge ‘ar bhruach uisce’ go traidisiúnta.⁶⁶⁵ D’úsáid an file an tsiombail sin in *Chiaroscuro* in ‘Téim don Tráigh’⁶⁶⁶ agus ‘Tráiteoireacht’;⁶⁶⁷ is léir, áfach, go bhfuil ceangal anseo le hoidhreacht an fhile nach bhfuil ann go soiléir sna dánta sin. Tharla an troid idir Cú Chulainn agus Conla le taobh na mara chomh maith agus, ar nós Chonla, tá an file tar éis filleadh ar a mhórhír féin sa dán seo le dúshlán a thabhairt dá mhuintir:

Seven years to the day after Cúchulainn left Aife, the boy came looking for his father. The men of Ulster were gathered at Tracht Esi, the Strand where the Mark is, when he came. They saw the boy coming toward them over the ocean in a little boat of bronze ... They went down into the sea to drown each other ... Cúchulainn turned and played the boy foul in the water with the *gae bolga*, that Scáthach had taught to no one but him.⁶⁶⁸

Tarraingíonn ‘Tuigim anois do Chú Chulainn’ ar an laochas, dá bharr. Taispeánann an Breathnach an taobh daonna den laoch, áfach. Díríonn sé ar an gcaidreamh idir athair agus a mhac, ag saothrú tuisceana ar a chás pearsanta féin. Is téama rialta é an caidreamh

⁶⁶⁵ Ó hÓgáin, *An File*, 277-278.

⁶⁶⁶ Breathnach, “Téim don Tráigh,” in *Chiaroscuro*, 61.

⁶⁶⁷ Breathnach, “Tráiteoireacht,” in *Chiaroscuro*, 60.

⁶⁶⁸ Kinsella, *The Táin*, 39 agus 44.

sin i luathshaothar an Bhreathnaigh agus samhail an athar chailte ag cur isteach ar an bhfile i roinnt mhaith dánta in *Cantaic an Bhalbháin* agus *An Fearann Breac* araon:

‘Rásúr Reoite i Mí Dheireadh Fómhair’

(do Sheán)

Arís tá féar na bliana

bearrtha den bhfód

is tá an fuacht ina chuaiртеoir

ag feitheamh sa halla romham,

anois éireod.

Tar éis do gheimhridh,

dhingeamar an t-earrach isteach sa tigh folamh.

Chuireamar síos cairpéad nua

dá chosa boga,

chuireamar péint gheal faoi na fallaí dó,

sa chistin chuireamar tíleanna bána

is chaitheamar amach an sean-oigheann gránna.

Sa chistin tá an citeal nua uathoibríoch

ag beiriú an uisce;

sa seomra folctha

is mé im' bharradh féin

chím tusa sa scáthán.

Ar an tseilp tá do rásúr reoite,

ag feitheamh fós, go méaldrámata.⁶⁶⁹

Tugann *Scáthach* míniú dúinn ar an áit atá ag an teaghlach agus ag caidrimh dhaonna i bhfilíocht an Bhreathnaigh trí mheán na miotaseolaíochta. Déantar plé ar théama sin an teaghlaigh sa chéad chaibidil eile.

Conclúid

Rinneadh anailís sa chaibidil seo, mar sin ar an tslí spontáineach ar scríobhadh *Scáthach*, dar leis an bhfile féin. Scrúdaíodh leis an chaoi a ndeachaigh Somhairle MacGill-Eain, duine de laochra an Bhreathnaigh agus an file is clúití a bhí ag scríobh sa Ghàidhlig san fhichiú haois, i gcion ar *Scáthach*. Pléadh an ról a imríonn carachtair ón *Táin Bó Cuailnge* ar an gnuasach seo chomh maith, go háirithe na mná láidre cumhachtacha atá lárnach ann. Rinneadh iniúchadh ar thriúr ban ar leith mar chuid de sin: Eimhear, Scáthach agus Aoife. Pléadh an ceangal idir na mná sin agus breith an fhile agus léiríodh in athuair an ghluaiseacht idir solas agus dorchadas trí íomhá na pluaise. Ar deireadh, scrúdaíodh an

⁶⁶⁹ Breathnach, “Rásúr Reoite i Mí Dheireadh Fómhair,” in *Cantaic an Bhalbháin*, 24.

caidreamh idir Conla agus Cú Chulainn sa *Táin* mar shamhail den chaidreamh idir an Breathnach féin agus a athair. Pléadh an t-athair mar laoch, nó athlaoch ar lár agus cuireadh béim in athuair ar thábhacht an athar i saol cruthaitheach an fhile. Déantar plé níos leithne ar an teaghlach in *Scáthach* i gCaibidil a Dó, ag féachaint go géar ar an gcaoineadh agus an cailliúint laistigh den téama sin.

Caibidil 2

Réamhrá

In *Scáthach*, forbraíonn an Breathnach na fréamhacha a leag sé síos in *Cantaic an Bhalbháin* agus *An Fearann Breac* araon. Rinneadh anailís ar na fréamhacha sin, dar ndóigh, i Roinn a hAon sa tráchtas seo agus bhíodh siad mar bhunchloch an chnuasaigh *Croí agus Carraig*. Tá an bunús teaghlaigh sin le sonrú go láidir sa cheathrú cuid de *Scáthach* chomh maith: ‘...go n-imíonn i léig...’.⁶⁷⁰ Is é sin ábhar Chaibidil a Dó anseo. Úsáideann an Breathnach a fhréamhacha dúchais féin, na daoine agus an áit thart timpeall air, chun iniúchadh sollúnta a dhéanamh ar an mbás, ar ról an fhile agus ar nádúr na teanga. Sa chaibidil seo, pléitear an bás agus an caoineadh i gcomhthéacs an teaghlaigh agus na háite dúchais. Déantar plé ar an gcailliúint spioradálta chomh maith, go háirithe sa chaidreamh idir an file agus an teanga. Ar an gcaoi sin, ardaíonn ‘...go n-imíonn i léig...’ ceist faoi fhiúntas na teanga i measc na bhfilí agus i measc an phobail araon. Cuirfidh sé béim in athuair ar thábhacht na máthar nó aircitíopa na máthar don Bhreathnach chomh maith.

‘Go n-imíonn i léig’: An Bás agus an Caoineadh in Scáthach

Téann an Breathnach i ngleic le bás daoine eile láithreach sna dánta in ‘...go n-imíonn i léig...’ an ceathrú sraith dánta in *Scáthach*. Déanann sé cur síos ar an gcaoi a dtéann an bás i bhfeidhm ar an duine de réir imeacht an ama. Tiomnaíonn an file ‘Gort álainn’, an dán a chuireann tús leis an tsraith seo, ‘d’Eamonn Slevin’ a cailleadh go hóg.⁶⁷¹ Arís, is

⁶⁷⁰ Breathnach, *Scáthach*, 89-105.

⁶⁷¹ Breathnach, “Gort álainn,” in *Scáthach*, 91.

féidir comparáid a dhéanamh anseo idir Éamonn Slevin, Paul Cahill, Diarmuid Ó Súilleabháin agus Micheal Davitt. Anuas air sin, imríonn bás a athar agus a mháthar ról mór ina chuid filíochta chomh maith. Is léir sin in *An Fear Marbh* agus *'Danta' Agus Dánta Eile*, cuir i gcás. Tá ceangal le sonrú i dteideal an dáin seo idir Corcaigh, áit dhúchais an fhile, agus Léim an Bhradáin, áit a bhfuil cónaí air le roinnt mhaith blianta. Déanann an Breathnach cur síos ar an gceangal áirithe sin sna nótaí a thugann sé ar chúl *Scáthach*.⁶⁷² Is tróip leanúnacha iad bás an duine agus tábhacht na háite, mar sin, ina chnuasaigh ar fad. Caitheann na rannta seo in 'Gort álainn' solas ar phearsa an dáin agus an chéad choiscéim tógtha aige ar thuras seo an bháis:

féachaí g anois ár séad talmhaí

is éistí g go mbéarfad a scéala daoibh

...

tá síol le cur ann arís amáireach

is baileoidh na daoine dos na deasghnátha

comhra don dair faoi fheistí práis

as a bhfásfaidh fós cros mharmair go hard.⁶⁷³

Tá athnuachan agus íoróin le blas ar na rannta áirithe seo. Is síol é an duine a cailleadh a chuirfidh le bláthanna an ghoirt mhéith bhláthmhair seo. Is gairdín í an reilig a bhfuil ardmheas uirthi: coinnítear 'néata pioctha is glan' í, ach cuirtear 'fál ... gan lagar' timpeall uirthi chomh maith.⁶⁷⁴ Úsáideann an pobal na deasghnátha céanna arís agus arís

⁶⁷² Breathnach, "Nótaí," in *Scáthach*, 126-127.

⁶⁷³ Breathnach, "Gort álainn," in *Scáthach*, 91.

⁶⁷⁴ Ibid.

eile chun cuimhne na marbh a chaomhnú agus chun éalú ó na mothúcháin a bhíonn ina luí taobh thiar den chur i gcéill ar fad. Is rann suimiúil é an rann deiridh in ‘Gort álainn’ chomh maith, go háirithe i dtaobh an athrá a dhéantar ar ‘á’ sna línte deireanacha: ‘... amáireach / ... deasghnátha / ... práis / ... hard’.⁶⁷⁵ Déanann an guta fada aithris ar na mná caointe a bhíodh ann ag sochraidí in Éirinn tráth agus ar an ngnáthbhrón a bhíonn ar dhaoine muinteartha na marbh chomh maith.⁶⁷⁶ Léiríonn sé nach fada ón duine an dobrón ná an crá croí agus go bhfuil rudaí níos doimhne ag tarlú ná an méid a fheictear ar dhromchla an duine féin.

Os a choinne sin, tá íoróin le brath sna codarsnachtaí a dhéanann an Breathnach idir an bheatha agus bás. Cuirtear síos ar an ‘dair faoi fheistí práis’, cuirim i gcás, nó ar an gcos mharmair a fhásfaidh as an ‘síol’ a chuirfead sa chré. Déantar codarsnacht chomh maith idir an gort bláthmhar agus an fál timpeall air le ‘foghláí’ a choinneail amach. Is é an chodarsnacht is mó a dhéantar in ‘Gort álainn’, áfach, ná na bealaí éagsúla a chaitheann daoine leis an mbeatha agus an bás féin. Is é an gort ‘is áilne’ agus ‘is fearr’ san áit ná an reilig féin. Léiríonn sin go dtugann an tsochaí níos mó aire do na mairbh ná do na daoine atá fós beo: ‘coinnimid néata piochta is glan é’. Ach is bréag-áilleacht é an áilleacht seo. Ní thiochfaidh aisti ach ‘deasghnátha’ agus nithe saorga ar nós cros mharmair. Ní fiú í an áilleacht seo mura bhfuil meas ag an tsochaí ar an duine féin. Tá athnuachan agus íoróin le feiscint le taobh a chéile mar sin in ‘Gort álainn’.

Bíonn cailliúintí éagsúla ann sa saol: cailliúintí fisiciúla agus spioradálta, cailliúintí litriúla agus meafaracha. Déantar anailís ar nádúr na cailliúna in ‘Caoineadh’ agus ‘Grianghraf’ araon. Is íomhá é an grianghraf sna dánta seo agus baineann an file úsáid

⁶⁷⁵ Breathnach, “Gort álainn,” in *Scáthach*, 91. Liomsa an bhéim.

⁶⁷⁶ Patricia Lysaght, “‘Caoineadh os Cionn Coirp’: The Lament for the Dead in Ireland,” *Folklore* 108 (1997): 65-82.

aisti chun bac, nó spás, a chruthú idir daoine áirithe. Feictear an spás sin in ‘Grianghraf’, dán eile a scrúdaíonn an gaol idir mac is a athair:

is cuimhin liom grianghraf do m’athair

a mhéadaíomar is a chuireamar i bhfráma

tamall tar éis do bás a dh’fháilt

fuaireas grianghraf méadaithe díom féin

an lá cheana mar bhronntanas ó bhean ghaoil

is scanraíos nuair a chonac súile m’athar

is an meangadh gáire céanna

ar chlár m’éadain féin

ag cuimhneamh dom ar an lá

go mairfeadh an grianghraf sa bhfráma

is feoil an éadain san

ag méadú péisteanna sa chré.⁶⁷⁷

⁶⁷⁷ Breathnach, “Grianghraf,” in *Scáthach*, 94.

Cuireann an file béim ar an mbriathar ‘méadaigh’ sna rannta seo, rud atá fíorshuimiúil ann féin, agus caitheann sé solas ar an tionchar a bhíonn ag grianghraif ar chuimhní an duine. Méadaíonn an chéad dá ghrianghraf íomhá ar leith den bheirt fhear. Luíonn grianghraf an athar laistigh de fhráma, fráma a chuireann bac ar fhás agus forbairt na gcuimhní. Tá cosúlacht le feiscint idir an fráma agus an ‘fál’ in ‘Gort álainn’ sa tslí sin.⁶⁷⁸ Tarraingíonn an grianghraf aird ar thréithe ar leith de chuma agus pearsantacht an athar agus is iad na tréithe sin a mhaireann ina dhiaidh. Caillfear tréithe eile dá bharr. Cruthaíonn sin go léir spás fisiciúil agus spás ama idir an t-athair agus a mhac, agus idir é agus an teaghlach ar fad.

Osclaítear súile an fhile nuair a bhíonn air grianghraf de féin a mheas le taobh griangraf dá athair. Tá an Breathnach féin fós beo ach is iad na súile céanna a fhéachann amach air as an dá íomhá. Tagann dhá rud chun solais dó tríd an gcomparáid seo. Tá bás i ndán dó féin, ar lámh amháin, agus beidh a íomhá, chomh maith leis na cuimhní teoranta a bhainfidh léi, á crochadh i dtithe a mhuintire amach anseo agus é ar Shlí na Fírinne. Níos mó ná sin, afach, bréagnaíonn an chomparáid seo na ‘deasghnátha’ agus an dea-chaint ar fad ar na mairbh. Léiríonn sé dó go bhfuil coirp na ndaoine seo dearmadtha. Is ‘feoil’ in ionad bláthanna iad na coirp sin, feoil a bhíonn ag imeacht ‘i léig’⁶⁷⁹ agus ‘ag méadú péisteanna’ faoin talamh agus i gcomhfhios an duine féin. Nochtar íomhá i bhfad níos réalaíche den bhás agus de leochaileacht an choirp mar sin in ‘Grianghraf’. Léiríonn an dán tábhacht na súl d’áireachtáil an fhile, díreach mar a chonacthas in *Chiaroscuro*, chomh maith leis an difríocht a bhíonn ann idir íomhánna reoite na ngrianghraf agus fíor-

⁶⁷⁸ Breathnach, “Gort álainn,” in *Scáthach*, 91.

⁶⁷⁹ Breathnach, “...go n-imíonn i léig...,” in *Scáthach*, 89-105.

scéal na n- céanna. Fágтар muid le file atá scanraithe roimh an mbás agus scanraithe roimh mheath an íomhána choirp dhaonna.⁶⁸⁰

In ‘Sceon Mór Millteach i dTábhairne Beag Istoíche’, filleann an Breathnach ar a óige agus ar an eagla a tháinig air le himeacht a athar:

Tánn tú ag imeacht.

“Thar n-ais i gcionn soicind”

adeir tú go beacht.

Ach an dtuigeann tú

in aon chor

cad a tharlaíonn

i gcaitheamh an tsoicind amháin sin

go mbíonn tú imithe,

cad a tharlaíonn

dom féin is don domhan uile?

...

agus conas nach gcíonn tú riamh an poll?⁶⁸¹

Tá cosúlachtaí soiléire idir an eachtra sin sa ‘tábhairne beag istoíche’ agus an t-eispéireas a bhí aige os comhair an ghrianghraif. Shamhlaigh an buachaill óg meath an choirp sa

⁶⁸⁰ Breathnach, “Gort álainn,” in *Scáthach*, 91.

⁶⁸¹ Breathnach, “Sceon Mór Millteach i dTábhairne Beag Istoíche,” in *Cantaic an Bhalbháin*, 49-50.

dorchadas agus an oíche ag ithe ‘a n-aighthe de dhaoine’. Tá sceon an fhile le sonrú go láidir tríd an dán ar fad: nuair a ‘[chúbann sé] isteach sa chúinne’, mar shampla, nó le húsáid focal ar nós ‘plúchadh’ agus ‘alpadh’. Cuireann sin béim ar cé chomh tábhachtach is a atá a athair agus a mhuintir uilig ina shaol. Gan iad, tá an domhan á phlúchadh ionas ‘go n-ísleoidh / an díon ábhairín’ agus ‘go leagfaidh [an ceol] falla nó dhó’. Leánn an domhan ina thimpeall. Anois, in ‘Grianghraf’, fíoraítear an tromluí is measa a bhí aige agus é óg. Tagann sceon mór millteach air ach ní thiocfaidh a athair i gcabhair air níos mó. Tá an *cavalry* ar lár.⁶⁸²

Grianghraf eile ar fad atá faoi chaibidil in ‘Caoineadh’ agus ceann a spreagann móthúcháin atá an-éagsúil leis na cinn a tháinig aníos in ‘Grianghraf’:

do shúile ag féachaint orm

amach as seana-ghrianghraf

amhail is dá mbeifeá cailte cheana féin

is do chorp seana-churtha sa chré

leathann uaigneas fám chroí agus cian.⁶⁸³

Eascraíonn eagla as bás an athar sa tsraith áirithe seo agus spreagann sé tuiscint san fhile go mbeidh an spás idir eisean agus a fhréamhacha ag méadú diaidh ar ndiaidh as seo amach. Arís, tá tábhacht ar leith ag baint leis an ngrianghraf in ‘Caoineadh’. Agus an file i mbun caointe ar an té atá curtha cheana féin, .i. an t-athair, tagann cumha air i ndiaidh

⁶⁸² Ibid.

⁶⁸³ Breathnach, “Caoineadh,” in *Scáthach*, 93.

an tsaoil atá caite agus i ndiaidh an ama a bhraitheann sé ag sleamhnú thairis anois. Tuigeann sé gurb iad grianghraif mar sin an t-aon rian atá fágtha aige dá chuimhní. Níos mó ná sin, áfach, tuigeann sé go dtiocfaidh an t-am go mbeidh an grianghraf céanna dá mháthair ina ghlac agus í imithe uaidh go deo. Is í an chinniúint atá i ndán dó a chionn sé sa ghrianghraf seo, agus é uaigneach agus scanraithe roimh an gcinniúint sin dá bharr. Úsáideann an file íomhá aithnidiúil sa dara cuid den dán leis an uaigneas agus an faitíos sin a léiriú:

tosnaíonn mo mhéar aisti féin

ag brú chnaipí an ghutháin

d'fhonn glaoch ort

ach cuirim bac léi

conas go bhféadfadh mo bhéal

scéin na méire

roimh an rud a chonaic an tsúil

a chur in iúl duit

gan tú a bheith dá chaoineadh agam

cheana féin sa mhíniú.⁶⁸⁴

Streachlaíonn sé le mothúcháin na todhchaí atá ag cur isteach ar a shaol roimh am. Ní féidir leis an bhfile an teagmháil dhaonna atá uaidh a aimsiú. Ní féidir leis an imní ina chroí a mhíniú i gceart. Cuireann íomhá an ghrianghraif agus na mothúcháin a spreagann an íomhá sin ‘bac’ idir an file agus an domhan ina thimpeall toisc nach féidir leis focail a chur orthu mar is ceart. Ardaíonn sin codarsnacht shuimiúil idir na céadfaí, agus go háirithe idir an ‘béal’ agus ‘an tsúil’.⁶⁸⁵ Tá eagla ar an bhfile go gcaillfidh sé a theagmháil le daoine eile, agus lena mhuintir go háirithe. Tá eagla air nach bhféadfaidh sé teagmháil fhisiciúil a choinneáil leo, mar a fheictear leis an ‘seana-ghrianghraf’. Agus ón tslí a láimhseálann sé an guthán níos déanaí sa dán, tuigtear go mbíonn an sceon sin ann i dtaobh comhráite béil chomh maith.⁶⁸⁶ Níl ar chumas a bhéil cur síos ceart a dhéanamh ar an méid a chíonn agus a mhothaíonn sé, áfach. Ní leor an teanga ná na focail atá ag an bhfile chun an íomhá sin a thabhairt i láthair. Fágann an grianghraf ina aonar é in ‘Caoineadh’ agus é ar anchaoi mar thoradh. Ceistíonn an dán an teanga chomh maith: an féidir léi, nó an leor í chun léiriú d’fílis a thabhairt ar an duine agus an domhan timpeall air?

Titim an Teampaill: An File, an Spioradáltacht agus an Teanga

Déanann ‘...go n-imíonn i léig...’ nasc spioradálta idir an file agus a shaothar chomh maith. Tá sin le feiscint arís agus arís eile, go háirithe sa dara leath den tsraith le dánta ar

⁶⁸⁴ Breathnach, “Caoineadh,” in *Scáthach*, 93.

⁶⁸⁵ Ibid.

⁶⁸⁶ Ibid.

nós ‘Cloigeann an fhile’,⁶⁸⁷ ‘Éigiptigh’⁶⁸⁸ agus ‘*Madonna*’.⁶⁸⁹ Insíonn ‘Cloigeann an fhile’ dúinn faoi bhás file. Tá imeartas focal faoi cheilt sa dán seo idir dhá fhile ar leith: ‘an Fearín, Pound’.⁶⁹⁰ File Meiriceánach nua-aoiseach ab ea Ezra Pound, a cailleadh i 1972.⁶⁹¹ Bhris Ezra Pound leis an traidisiún agus leis an bpeintiméadar san fhilíocht Bhéarla, gníomh a bhí thar a bheith réabhlóideach ag tús an fhichiú haois: ‘to break the pentameter, that was the first heave’.⁶⁹² Bhí ‘Pound’ eile i measc fhilí na Gaeilge, áfach, fear a bhíodh ina chuairoteoir rialta ag na Breathnaigh:

Bhí fear eile ... Dónal Óg Ó Ceocháin ó iarthar Chorcaí ... file ab ea é agus bhíodh sé siúd ag teacht chuig an tigh chomh maith ar an Domhnach an-mhinic agus b’fhéidir go mbeadh an dán is déanaí a bhí aige á léamh aige do mo mháthair.⁶⁹³

Rugadh Dónal Óg Ó Ceocháin sa bhliain 1921, de réir *An Fhilíocht Chomhaimseartha: 1975-1985*. Tógadh é i mBeantraí ach bhí conaí air ar Bhóthar na Modh-Fheirme, bóthar atá idir cathair Chorcaí agus Carraig Ruacháin. Ní haon ionadh, mar sin, gur chuir sé aithne ar mhuintir an Bhreathnaigh. Tháinig *Rian na lainsisí*, an t-aon chnuasach aige, amach sa bhliain 1977.⁶⁹⁴

Tá an bheirt ‘Pound’ sin le sonrú in ‘Cloigeann an fhile’: pearsa an dáin ag fógra bhás Ezra Pound do Phound áitiúil na Gaeilge:

⁶⁸⁷ Breathnach, “Cloigeann an fhile,” in *Scáthach*, 98.

⁶⁸⁸ Breathnach, “Éigiptigh,” in *Scáthach*, 99-100.

⁶⁸⁹ Breathnach, ‘*Madonna*,’ in *Scáthach*, 104.

⁶⁹⁰ Breathnach, “Cloigeann an fhile,” in *Scáthach*, 98.

⁶⁹¹ “Ezra Pound,” *Poetry Foundation*, fuarthas 27 Lúnasa, 2019, <https://www.poetryfoundation.org/poets/ezra-pound>.

⁶⁹² Ezra Pound, “Canto LXXXI,” *Poetry Foundation*, fuarthas 30 Lúnasa, 2019, <https://www.poetryfoundation.org/poems/54320/canto-lxxx1>.

⁶⁹³ Colm Breathnach (faoi agallamh ag Eimear Nic Conmhaic), 21 Deireadh Fómhair, 2016.

⁶⁹⁴ *An Fhilíocht Chomhaimseartha: 1975-1985*, eag. Ciarán Ó Coigligh (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1987), 444.

... fógraíodh ar Raidió na Gaeltachta
 gur cailleadh an Feairín, Pound,
 is mheas mo mháthair gur cheart an scéala
 a chur chuig an bhfile a bhí ina chónaí thiar ann.⁶⁹⁵

Díol suntais is ea an cur síos ar chloigeann agus ar intinn Dhónail Óg Uí Cheocháin sa dán seo, chomh maith:

bhí sé maol
 is shíleas féin gur thit an folt dá phlait
 leis an oiread san d'íomháanna a bhíodh á mbrú féin amach
 mar file eile a thagadh 'dtí an tigh againn féin
 bhí sé maol leis is shíleas tráth don tsaol
 gur mhanach ab ea é go raibh an bearradh Gaelach air
 ó chluas go cluas...⁶⁹⁶

Díol suime an chosúlacht a dhéanann an Breathnach idir cuma an fhile agus cuma an mhanaigh sa rann thuas. Tá an chosúlacht chéanna le sonrú idir ról na beirte chomh maith. Cé gurb ionann fear atá 'maol' agus fear nach bhfuil aon fholt air, tá ceangal ann idir an focal 'maol' agus duine a thugann a shaol uilig do naomh nó domhan spioradálta. Is sna hainmneacha Gaeilge a fheictear an dara brí sin den chuid is mó, Ainmneacha ar nós 'Maol Íosa' agus 'Maol Choluim', cuirim i gcás:

⁶⁹⁵ Breathnach, "Cloigeann an fhile," in *Scáthach*, 98.

⁶⁹⁶ Ibid.

Maol was prefixed chiefly to the names of ecclesiastics; and signifies a “bald or tonsured person,” who became the spiritual servant or devotee of some saint.⁶⁹⁷

Tugann an Breathnach le tuiscint, mar sin, go bhfuil cosúlachtaí éigin idir gairm chun filíochta agus gairm chun manchaine nó sagartóireachta. Smaoiním ar Cholm Cille in ‘Miúin Leath Bealaigh an Naoimh’⁶⁹⁸ nó ar an ngaol idir file agus teanga in ‘Crosfhocail’:

Eloi

sin

béic an duine ann

chun an dé

’bhí ag dul as

ar deireadh

Eloi

adeirim,

sine buime

rinn sleá

rós mhuire

⁶⁹⁷ “Ancient Irish Proper Names – Irish Pedigrees,” *Library Ireland*, fuarthas 20 Márta, 2018, <http://www.libraryireland.com/Pedigrees1/Pedigrees1ProperNames.php>.

⁶⁹⁸ Breathnach, “Miúin Leath Bealaigh an Naoimh,” in *Chiaroscuro*, 49.

dealg don mhac

lama

dalta na beatha

dallta ag an mbás

sabachthani

dalladh gréine

a tháinig gan aon bhac.⁶⁹⁹

Más ann don chineál gairme sin san fhilíocht, nach sagart nó fáidh de shaghas éigin é an file, mar sin? In ‘Crosfhocail’, léirítear an splanc inspioráide a bronnadh ar an bhfile tar éis bhás an athar, ach léirítear ar shlí spioradálta é. Tá an spioradáltacht, an bás agus tábhacht na bhfocal go léir le sonrú sa teideal féin, ‘crosfhocail’, chomh maith le dúshlán na beatha. Sin gurb ionann an bheatha anois agus tomhas le réiteach. Is crosfhocal í agus scríobhfaidh an file litreacha agus focail éagsúla laistigh de na spáis fholmha. Déanann sé iarracht na spáis fholmha a d’fhág an t-athair ina dhiaidh a líonadh le dánta. Tá spioradáltacht éigin ag baint le filíocht an Bhreathnaigh ar an tslí seo. Ar nós sagairt a adhrann Dia, adhrann Colm Breathnach a athair go minic ina shaothar: ‘*Eloi ... Eloi ... lama ... sabachthani*’.

⁶⁹⁹ Breathnach, “Crosfhocail,” in *Cantaic an Bhalbháin*, 66.

Cuireann ‘Cloigeann an fhile’ béim arís ar thábhacht agus lárnacht na n-íomhánna don fhile chomh maith:

bhí falla tosaigh an ghairdín ag tabhairt
 is ba dhóigh liom gur leis an mbrú ón dtaobh istigh é
 an oiread san do shamhlacha nár cuireadh in aon dán
 ag fás fiain sa ghairdín is ag úscadh thar na fallaí amach.⁷⁰⁰

Ní féidir srian a chur le samhlaíocht an fhile, sáróidh sí cibé constaic a chuirfear roimpi: ‘falla’ an ghairdín, gruaig na blaoisce nó araile. Léirítear arís anseo go bhfuil deacracht éigin ag an teanga na samhlacha uilig a aistriú ó intinn go páir: ‘an oiread san do shamhlacha nár cuireadh in aon dán’.⁷⁰¹ Tugann an file adhradh don íomhá ach beidh an iarracht sin lochtach i gcónaí. Ní bhíonn sé éasca d’fhile glacadh leis an deacracht sin riamh.

Tagann an deacracht sin chun buaice in ‘Éigiptigh’, dán ina gcailleann an file creideamh sna focail. Labhraíonn an dán faoin gcogadh a bhíonn ar siúl idir an file agus an pobal, ag tabhairt le tuiscint gur dia bréagach í Bé na filíochta:

... dia dorcha éigin ag treorú a phobail
 amach as an áit seo ’dtí tír tairngire éigin
 a nduine beag maosisiúil féinig rompa á gcinnireacht.⁷⁰²

⁷⁰⁰ Breathnach, “Cloigeann an fhile,” in *Scáthach*, 98.

⁷⁰¹ Ibid.

⁷⁰² Breathnach, “Éigiptigh,” in *Scáthach*, 99-100.

Tógann an dán seo a chúlra ó Leabhar Eacsadas sa Sean-Tiomna: ‘threoraigh Dia an timpeall iad tríd an bhfásach ... ag tabhairt eolas na slí dóibh’.⁷⁰³ Úsáideann ‘Éigiptigh’ an cúlra sin chun fráma scéalaíochta a chur timpeall an chaidrimh idir an Breathnach agus an teanga. Eascraíonn comhthéacs úr as an bhfráma sin. Geallann an Bhé tír tairngire do na daoine a leanann í, ach níl sí in ann cur síos a dhéanamh ar an tír sin ina hiomlán, dar leis an bhfile. Tiomnaíonn an Breathnach ‘Éigiptigh’ dá chara ‘a d’éirigh as an sagartóireacht’.⁷⁰⁴ Ar nós an charad sin, agus ó thaobh go n-úsáideann sé an chéad phearsa iolra síos tríd an dán féin, d’éirigh an Breathnach as a shagartóireacht féin, agus as a chreideamh i mBé na filíochta:

tá an béitín dá dhéanamh anseo thart

agus tá colúin deataigh ina seasamh sa spéir

amhail díreach is dá mbeadh cogadh ann.⁷⁰⁵

Tá an talamh faoin dán seo ‘seasc’ is scriosta, toisc gur ghabh an bheirt ‘le creideamh leamh’, toisc gur chuir siad a muinín ‘i nóisean seasc nárbh ann do’. Gan an creideamh sin, titeann teampall an dáin as a chéile. Tréigean ‘dia dorcha’ é, dia a bhfuil cosúlacht aige le Bé nó béithe na filíochta. Déanfaidh tréigean na mbéithe níos mó dochair dá spiorad is dá n-anam ná aon rud eile:

níor tháinig aon phlá orainn

ní raibh aon chaint ar thuillte sna páipéirí

⁷⁰³ “Eaxodus,” *An Bíobla Naofa* (Maigh Nuad: An Sagart, 1981), 69-70.

⁷⁰⁴ Breathnach, “Éigiptigh,” in *Scáthach*, 99-100.

⁷⁰⁵ Ibid.

níor thit froganna ón aer anuas sa mhullach orainn

níor spáineadh saithí lócaistí

aon oíche le déanaí ar an dteifís

lean lá oíche mar is gnách

gan aon chur isteach neamhaí

...

tá ár dteampaill ag titim as a chéile

sa lobhadh síoraí seo i ndiaidh a dtréigin

is níorbh fhiú fiú leis na déithe dorcha

aon phlá ná díle a imirt orainne.⁷⁰⁶

Ar nós íomhá an fhile in *Chiaroscuro*, braitheann an file easnamh ina chreideamh sa Bhé in *Scáthach*. Ceileann an teanga folús éigin inti féin trí bheith in úsáid chomh minic sin ag a muintir, folús sna focail nach bhfuil in ann freastal ar dhoimhneacht mhothúcháin an duine. Ní hionann sin agus a rá nach ndéanann an scarúint seo idir duine agus creideamh dochar éigin do na fir, .i. don Bhreathnach agus dá chara. D'fhás siad aníos ar thalamh na mBéithe agus na Críostaíochta, fuair siad a gcothú ón talamh sin. Ba trí shúile na teanga agus na Críostaíochta a chonaic siad an domhan. Níl aon chuimhne ná taithe ag cara an Bhreathnaigh ar am nach raibh an Chríostaíocht mar bhunchloch ina shaol. I gcás na beirte, ní raibh cur amach acu ar shaol gan inspioráid osnádúrtha len iad a stiúradh

⁷⁰⁶ Ibid.

agus, mar thoradh, ní ‘Éigiptigh’ iad ‘ó cheart’.⁷⁰⁷ Fágann a dtreibh iad ina diaidh, í ag leanúint creideamh nach bhfuil ar fáil don Bhreathnach ná dá chara níos mó. Anois, gan an treibh sin thart orthu, seasann siad ar dhomhan ‘seasc’ agus ar thalamh ‘loiscthe’:⁷⁰⁸

ní Éigiptigh sinn ó cheart

mar ghabhamar beirt le creideamh leamh

nár ghéill i ndéithe fíora in aon chor

ach i nóisean seasc nárbh ann do

tá ár dteampaill ag titim as a chéile

sa lobhadh síoraí seo i ndiaidh a dtréigin

is níorbh fhiú fiú leis na déithe dorcha

aon phlá ná díle a imirt orainne

ach sinn a dh’fhágaint inár n-athÉigiptigh

ag faire ar thuartha ná tuigimid a thaibhsíonn as an spéir shíoraí.⁷⁰⁹

Gan cabhair na Bé, tá sé níos deacra ar an bhfile míniú a thabhairt ar an mbás agus ar na mothúcháin a eascraíonn as. Is siombail é an talamh aimrid, mar sin, den mhothúchán garbh goilliúnach gan ainm atá á chrá i ndiaidh imeacht na Bé agus imeacht na beatha

⁷⁰⁷ Ibid.

⁷⁰⁸ Ibid.

⁷⁰⁹ Ibid.

araon. Titeann ‘teampall’ an dáin ‘as a chéile’ sna rannta seo agus chionn súile an fhile comharthaí agus tuartha nua ach ní féidir leis tuiscint a fháil orthu go fóill. Arís, tarraingíonn ‘Éigiptigh’ ar an tsúil anseo, íomhá a pléadh in *Chiaroscuro* chomh maith: ‘*ag faire* ar thuartha ná tuigimid a thaibhsíonn as an spéir shíoraí’.⁷¹⁰ Ní féidir le duine an domhan ina thimpeall a fheiscint ná a thuiscint ina iomláine. Is í an easpa tuisceana sin a mhaireann taobh thiar de sholas na teanga in *Scáthach*: taibhsí nach féidir breith orthu.

Leanann an aimride agus an neamhthuiscint sin ar aghaidh in ‘Amhras’. Déanann an Breathnach cur síos ar ‘ghibrisc’ na teanga sa dán seo agus ar an easpa céille a bhíonn ag baint léi:

cá bhfios dom nach gibrisc é an méid a scríobhaim, cá bhfios
 ná fuilim imithe glan bán eascartha ar fad as mo mheabhair chinn
 is ná fuil á scríobh agam ach mar a bheadh nótaí don sícitraí
 nó tástáil Rorschach á cur agam orm féin faoi chló litreacha ar líne
 cad a chiallaíonn an abairt san, nó cad a thugann sí chun cuimhne?⁷¹¹

Is suimiúil an tagairt a dhéanann an file don ‘tástáil Rorschach’ anseo. Ba scrúdú é an tástáil Rorschach a chruthaigh an sícainilísí agus sícitraí Hermann Rorschach go luath san fhichiú haois agus atá ar fáil ina leabhar *Psychodiagnostik* (1921). Chuireadh Rorschach sceitsí os comhair an othair mar chuid dá thástáil, sceitsí déanta as smáil dúigh. Chuaigh na sceitsí sin i bhfeidhm ar othair ar bhealaí difriúla, ag brath ar a bpearsantacht, a mothúcháin agus cé chomh éirimiúil is a bhí siad . Chreid Rorschach go raibh sé in ann

⁷¹⁰ Ibid. Liomsa an bhéim.

⁷¹¹ Breathnach, “Amhras,” in *Scáthach*, 102-103.

freagraí na n-othar a scrúdú agus anailís a dhéanamh ar a síce.⁷¹² Chruthaigh smáil dúigh Rorschach íomhánna in intinn an othair, díreach mar a chruthaíonn smál dúigh an Bhreathnaigh íomhánna ar an bpár. Nochtann ‘Amhras’ an claonadh a bhíonn ag an mBreathnach an iomarca smaoinimh a dhéanamh ar an méid a scríobhann sé agus ar an mbrí theangeolaíoch atá taobh thiar dá fhocail ina intinn féin:

nuair a bhím ag tosnú amach bíim ag iarraidh an rud ar fad a oibriú amach agus ní féidir ... Mar sin, ba cheart dom díreach éirí as oibriú amach agus tosnú go díreach ar an obair. Tosnú ag scríobh.⁷¹³

Anois agus é in amhras faoin teanga, tuigeann sé gur cuma faoin sórt tástála seo, gur cur amú ama é a bheith ag smaoineamh ar fhiúntas agus ar bhrí na gcomharthaí teanga:

labhraímid go léir ár gcanúintí féin

cén cruthú atá ann go dtuigimid a chéile

ná go dtuigeann éinne.⁷¹⁴

Ní léir an bhrí atá lena chuid filíochta. Seafóid amach is amach a chionn sé roimhe, é ag úsáid na *gclichés* céanna agus ag baint na macallaí céanna as an teanga is a baineadh aisti na mílte uair cheana:

ní dheineann ár mbréithre

Ach macallaí a bhaint as macallaí

⁷¹² *Encyclopædia Britannica*, s.v. “Hermann Rorschach: Swiss psychiatrist,” fuarthas 21 Márta, 2018, <https://www.britannica.com/biography/Hermann-Rorschach>.

⁷¹³ Colm Breathnach (faoi agallamh ag Eimear Nic Conmhaic), 27 Meán Fómhair, 2017.

⁷¹⁴ Breathnach, “Amhras,” in *Scáthach*, 102-103.

a baineadh as fallaí na teanga cheana féin

uair agus trí chéad.⁷¹⁵

Dar leis an dán, ní i gcónaí a éiríonn leis an bhfile ‘aon chuid don bpléisiúr ná don bpéin’ a bhraitheann sé féin a shníomh trína dhán. Tá ‘amhras’ ar an bhfile faoi chumas na teanga fírinne na mothúchán a iompar dá bharr. Anuas air sin, tá amhras air gur féidir linn tuiscint a fháil ar dhaoine eile trí mheán na filíochta, nó ar aon slí eile: ‘ní dheineann ár n-intinní ach teagmháil méire / le chéile an uair is léire féin dá mbíimid’.⁷¹⁶ Ach cé go gceistíonn an file feidhm na filíochta in ‘Amhras’, níl sé cinnte go bhfuilimid in ann an teanga a dhíbirt ach oiread: ‘cá bhfios?’ Leagann sé amhras iomlán an dáin ar an gcomhartha ceiste seo. ‘Cá bhfios’ cén domhan a bhíodh nó a bheadh ann gan sólás ná tacaíocht na teanga? Cad iad saol an duine agus brí na mothúchán gan an teanga ann le fráma agus creatlach éigin a thabhairt dóibh, fiú más fráma easnamhach é sin?⁷¹⁷

Ceanglaíonn an Breathnach tús na teanga le tús an tSean-Tiomna in ‘Amhras’ chomh maith. Ionannaítear an file le hÁdhamh agus an teanga le hÉabha. Cuireann an t-ionannú sin béim ar an gcaidreamh idir file agus teanga. Caidreamh grámhar, ach easnamhach, is ea an caidreamh sin mar gheall ar mhian dhómhúchta an fhile dul sa tóir ar an bhfírinne agus tuiscint iomlán a shealbhú ar an saol. Go hiorónta, an uair a tháinig an file ar shúile ‘meallacacha’ na teanga, an uair a tháinig Ádhamh agus Éabha le chéile den chéad uair, thosaigh ‘an bhrí ag éag’ sa chaoi is:

... ná fuil san iomlán

ó shin i leith

⁷¹⁵ Ibid.

⁷¹⁶ Ibid.

⁷¹⁷ Ibid.

ach rámhailí

is sinn ag iarraidh breith

ar an dtráth nár chall

dúinn teanga ná scríobh.⁷¹⁸

Luíonn an tagairt den Sean-Tiomna anseo leis an gcaint a dhéanann an Breathnach ar phlána na hÉigipte ón Sean-Tiomna in ‘Éigiptigh’⁷¹⁹ agus leis an nasc a dhéanann sé idir saol an fhile agus saol an mhanaigh in ‘Cloigeann an fhile’.⁷²⁰

Is ionsaí í an tsraith seo dánta, ‘...go n-imíonn i léig...’, ar choincheap an eolais chomh maith, áfach. Tugann sí dúshlán duine a chreideann gur féidir leis/léi eolas a bhailiú agus a bhainistiú ar ghnéithe éagsúla den saol trí mheán na teanga. Cheapfaí go mbeadh daoine i bhfad ní ba chiallmhaire agus ní ba shocra iontu féin i ré an aineolais sin. Bheidís in aonacht lena ndoimhneacht phearsanta féin, gan balla na teanga idir iad agus a mothúcháin. Mar sin, sa tslí chéanna is nach leor míniú an tSean-Tiomna ar an saol don Bhreathnach, ní leor míniú na teanga air anois ach oiread.⁷²¹

Madonna an Fhile: Samhail na Máthar agus na Teanga in Scáthach

Tarraingíonn an file íomhá de bhandia na teanga in ‘*Madonna*’:

glac a bhfaighir

⁷¹⁸ Ibid.

⁷¹⁹ Breathnach, “Éigiptigh,” in *Scáthach*, 99-100.

⁷²⁰ Breathnach, “Cloigeann an fhile,” in *Scáthach*, 98.

⁷²¹ Breathnach, “Amhras,” in *Scáthach*, 102-103.

anois uaim, a dúirt sí
 is ghlacas isteach im dhá ghlaic
 gach ar bhronn sí orm
 ...
 thugas di thar n-ais
 a súile
 a bhí ag dul i gcaoiche
 thugas di a cíocha
 a bhí ag dul i gcaoile
 is chaitheas chuici a hóige
 is é spíonta agam
 i gcaitheamh lae.⁷²²

Is ionann Madonna na healaíne agus íomhá den Mhaighdean Mhuire is í suite, uaireanta, le taobh a mic.⁷²³ In ‘*Madonna*’ an Bhreathnaigh, feictear ‘Madonna’ na teanga, nó na Gaeilge, suite le taobh an fhile a chruthaigh agus a chothaigh sí. Is Maighdean í chomh maith toisc gur rug sí an Breathnach, ní go fisiciúil, ach go fileata. Ag filleadh ar a raibh le rá ag Neumann, is í torthúlacht na máthar a dhéanann maighdean aisti.⁷²⁴ Arís, feictear an ceangal seo idir ceird an fhile agus an spioradáltacht agus an chaoi a mbíonn cráifeacht

⁷²² Breathnach, ‘*Madonna*,’ in *Scáthach*, 104.

⁷²³ *Encyclopædia Britannica*, s.v. “Madonna: Religious art,” fuarthas 24 Márta, 2018, <https://www.britannica.com/topic/Madonna-religious-art>.

⁷²⁴ Neumann, *The Origins and History of Consciousness*, 52.

éigin ag an bhfile i leith a mháthairtheanga. Is cosúil, mar sin, go dtéann ‘*Madonna*’ i gcoinne ráiteas an Bhreathnaigh féin gurb as an ‘allas’ nó an dua a thagann an fhilíocht.⁷²⁵ Go deimhin, nach léiríonn an *Madonna* gur bua í an fhilíocht? Nach bhfuil cosúlacht idir samhail na *Madonna* agus an Bhé: ‘... ghlacas isteach im dhá ghlaic / gach ar *bhronn sí orm*’.⁷²⁶ De ghnáth, déantar léiriú ar an *Madonna* le go bhféadtar deabhóid a thabhairt don Mhaighdean go poiblí nó go príobháideach.⁷²⁷ Iompaíonn deabhóid an Bhreathnaigh ina huafás agus ina míshásamh sna rannta seo, áfach. Súnn sé gach maitheas ó chorp is ó fhocail a Mhaighdine sula dtugann sé faoi thuras an tsaoil: ‘sara thugas faoi / amach faoin tsaol’.⁷²⁸ Ach, mar sin féin, teipeann air aon suaimhneas a fháil ó bhás agus ó chailliúint an tsaoil chéanna. Is aisiompú é an dán seo, mar sin, de ghnáthíomhá na *Madonna*.

In ‘*Madonna*’, déanann an file ionannú idir an Ghaeilge, a mháthairtheanga, agus aircitíopa na máthar. Scríobh Carl Gustav Jung, síocanailíseoir a mhair idir 1875 agus 1961, go forleathan ar an ábhar i rith an fichiú haois.⁷²⁹ Is iad ábhar an neamh-chomhfheasa choitianta iad na hairictíopaí, dar leisean: ‘The contents of the collective unconscious ... are known as *archetypes*’.⁷³⁰ Dalta coimirce de chuid Sigmund Freud, athair na síocanailíse, ab ea Jung a rinne an-dul chun cinn san fhearann céanna.⁷³¹ Mar a dúirt Jung féin, bhris sé le tuairimí Freud nuair a rinne sé idirdhealú suntasach idir an neamh-chomhfhios ‘pearsanta’ agus an neamh-chomhfhios ‘coitianta’:

⁷²⁵ Colm Breathnach (faoi agallamh ag Eimear Nic Conmhaic), 27 Meán Fómhair, 2017.

⁷²⁶ Breathnach, ‘*Madonna*,’ in *Scáthach*, 104. Liomsa an bhéim.

⁷²⁷ *Encyclopædia Britannica*, s.v. “*Madonna*: Religious art.”

⁷²⁸ Breathnach, ‘*Madonna*,’ in *Scáthach*, 104.

⁷²⁹ *Encyclopædia Britannica*, s.v. “*Carl Jung*: Swiss psychologist,” fuarthas 27 Lúnasa, 2019, <https://www.britannica.com/topic/Madonna-religious-art>.

⁷³⁰ Carl Gustav Jung, *Four Archetypes: Mother, Rebirth, Spirit, Trickster*, R.F.C. Hull a d’aistrigh (Londain agus Nua Eabhrac: Routledge Classics, 2003), 2.

⁷³¹ *Encyclopædia Britannica*, s.v. “*Carl Jung*: Swiss psychologist.”

At first the concept of the unconscious was limited to denoting the state of repressed or forgotten contents. Even with Freud ... it is really nothing but the gathering place of forgotten and repressed contents ... For Freud ... the unconscious is of an exclusively personal nature ... But this personal unconscious rests upon a deeper layer, which does not derive from personal experience and is not a personal acquisition but is inborn. This deeper layer I call the *collective unconscious*...⁷³²

Bíonn streachailt ar bun idir an dá chineál comhfheasa seo in *Scáthach*, dar liom féin. Feictear an neamh-chomhfhios pearsanta lán le cuimhní an fhile ar thaobh amháin. Cuimhní is ea iad ar a thuismitheoirí agus ar a bhaile dúchais den chuid is mó: ‘chóiríobhair an bóthar seo faoi mo chomhair / cé nár thuigeabhair cén treo a gheobhainn’.⁷³³ Ar an taobh eile, tá an neamh-chomhfhios coitianta taobh thiar de sin, cuimhne ghinearálta á léiriú ag an mBreathnach ar aircitíopa na máthar (cuimhnigh ar úsáid Éabha agus na Madonna, cuirim i gcás).⁷³⁴ Géilleann Colm Breathnach do thuairimí Jung, mar sin, sa mhéid is gur tuisce íomhána aircitíopúla ná an teanga féin. Is minic a bhíonn cur i gcéill ar bun ag sochaí an lae inniu gurb as an teanga a fhásann gach uile rud beo ach ní fíor sin dar leis an mBreathnach nó dar le Jung féin. Mar a dúirt Jung in ‘Psychological Aspects of the Mother Archetype’, léacht a foilsíodh den chéad uair i 1938:

⁷³² Jung, “Introduction,” in *Four Archetypes*, 1-2. Tógadh an sliocht seo ó “Archetypes of the Collective Unconscious” a foilsíodh den chéad uair sa bhliain 1934.

⁷³³ Breathnach, “An bóthar,” in *Scáthach*, 101.

⁷³⁴ Féach Breathnach, “Amhras,” in *Scáthach*, 102-103, agus Breathnach, ‘*Madonna*,’ in *Scáthach*, 104.

... archetypes are not disseminated only by tradition, language, and migration, but ... can rearise spontaneously, at any time, at any place, and without any outside influence.⁷³⁵

Cruthaíonn tionchar na gcailliúintí in ‘...go n-imíonn i léig...’ scoilt idir an duine, an teanga agus na mothúcháin féin. Foghlaimíonn an file nach leor na focail, ná an cheird a chleachtann sé leo, chun míniú a thabhairt ar an saol seo. Ní leor iad chun faoiseamh a fháil ó na mothúcháin chontrártha uilig a bhraitheann sé. Ní leor an teanga chun freastal ar riachtanais a anama ná a chroí féin.

Cuireann an file dhá íomhá chontrártha den mháthair os ár gcomhair mar sin in ‘*Madonna*’. Bean óg agus álainn atá inti sa chéad cheann díobh siúd, í lán de chothú agus de ghrá. Tá súil ag an mháthair sin le haire agus aird a thabhairt do gach uile ní: ‘thug sí na cíocha dom / go dtálfainn ar an leanbh / gurbh é mise é tráth’ is ‘croí maith mór / a hóige’.⁷³⁶ Sin iad roinnt de na dea-thréithe is coitianta a bhaineann le haircítíopa na máthar:

... all that is benign, all that cherishes and sustains, that fosters growth and fertility. The place of magic transformation and rebirth ... are presided over by the mother.⁷³⁷

Ní hamhlaidh atá agus muid ag meas an méid a atáirgíonn an file di: bean aosta, ghránna gan ar a cumas aici cothú, grá ná aire mar is ceart a thabhairt don fhile ná d’aon neach beo níos mó. Is siombail anois í den chinniúint dhosheachanta atá i ndán don fhile. Sin an bás:

⁷³⁵ Jung, “Psychological Aspects of the Mother Archetype,” in *Four Archetypes*, 12.

⁷³⁶ Breathnach, ‘*Madonna*,’ in *Scáthach*, 104.

⁷³⁷ Jung, “Psychological Aspects of the Mother Archetype,” 15.

On the negative side the mother archetype may connote anything secret, hidden, dark; the abyss, the world of the dead, anything that devours, seduces and poisons, that is terrifying and inescapable like fate.⁷³⁸

Tuigtear anseo nach caidreamh sláintiúil a atá idir an file agus a *mháthairtheanga* ar aon tslí. Fágtar an *mháthairtheanga*, a raibh drúcht agus cothú á scaipeadh aici, ina seanbhean ghránna spíonta faoi dheireadh ‘*Madonna*’. Níos mó ná sin, áfach, fágtar an file gan chuspóir ina shaol féin. Ní hamháin gur cailleadh a athair agus go dtuigeann sé nach mairfidh a *mháthair* go deo ach oiread, braitheann sé anois go bhfuil an dara máthair aige, an teanga, imithe uaidh chomh maith. In am a ghátair, níl ann di ach folús. Ní chuireann an Breathnach an locht iomlán ar an teanga ná ar mhná, áfach, faoin bhfolús sin. Chruthaigh seisean íomhá naofa den teanga dó féin agus é ag tabhairt faoin bhfilíocht. Tuigeann sé anois, áfach, nach ar neamh a ghintear an teanga ach sa chorp féin, corp a imíonn ‘i léig’ agus a mheathann de réir a chéile.

Ní samhla simplí aontaobhacha iad an teanga ná na mná seo. Maireann siad sa dorchadas agus ní féidir leis na dánta seo breith orthu i gceart. Léiríonn ‘*Madonna*’ an dochar a dhéanann sin do dhuine, dochar a imrítear ar an domhan uilig sa tsraith dheireanach ‘...an leoithne sa luachair...’.⁷³⁹ Meathann an teanga go fisiciúil fad is a mheathann an file go spioradálta mar gheall ar an mana a bhíonn ag an saol seo go rómhínic: ‘glac a bhfaighir’.⁷⁴⁰ Glac gach rud a fhaigheann agus a chíonn tú romhat gan mheas nó fiú smaoiniamh a thabhairt air. Is cur chuige díobhálach é sin a chreimeann tréithe baineanna an fhile, .i. *anima* an Bhreathnaigh. Cruthaíonn an cur chuige sin domhan níos foréigní, níos cruálaí is níos gruama, go háirithe le taobh chailliúint ghrá

⁷³⁸ Ibid., 15.

⁷³⁹ Breathnach, “...an leoithne sa luachair...,” in *Scáthach*, 107-124.

⁷⁴⁰ Breathnach, ‘*Madonna*,’ in *Scáthach*, 104.

agus chothú na máthar. Rathaíonn an easpa tuisceana dá bharr. Ní mhaireann radharc ar an domhan ná ar an duine mar aonad anamúil níos mó.⁷⁴¹

Go nImíonn an Turas i Léig

Ag deireadh a thurais sna dánta seo, tá na mínithe ar fad a bhí ag an mBreathnach ar an saol folamh. Mar a léiríonn ‘Tochas’, bíonn a chuid laethanta lán le ‘dualgaisí’, ‘focail chóra’ agus ‘na gothaí go mbíonn súil leo’, ach níl aon bhrí taobh thiar díobh gan bunús a thuismitheoirí agus na teanga féin.⁷⁴² Ní féidir leis aon rud fiúntach a rá ná a dhéanamh as a stuaim féin:

cuireann tú na laethanta díot

ag comhlíonadh duit dualgaisí

...

faoi mar is gur thochas í

a bheadh ar an anam an bheatha

ná féidir leis lámh a chur a fhaid léi

ná fiú barra méire

is go bhfulaigíonn sé

⁷⁴¹ Breathnach, ‘*Madonna*,’ in *Scáthach*, 104.

⁷⁴² Breathnach, “*Tochas*,” in *Scáthach*, 105.

dá bhrí sin í

go n-imíonn i léig aisti féin.⁷⁴³

Tugann an focal ‘tochas’ le fios go bhfuil an file scoilte óna ndeir sé is óna ndéanann sé. Tagann deasghnátha an tsaoil idir é agus a bheatha féin. Baintear macalla as an mbraistint sin dar ndóigh ag tús *Chiaroscuro*, áit a ndéantar tagairt don ‘duibheagán’ idir an file agus a bheatha.⁷⁴⁴ Déanann sé a dhícheall dearmad a dhéanamh ar ar tharla idir é agus an teanga, idir é agus ‘aonsearc’⁷⁴⁵ an fhile. Fiú má éiríonn leis na mothúcháin a chur ó bharr a intinne, áfach, fanfaidh siad ann faoin dromchla ag cur isteach air go lá a bháis. Aithníonn sé go bhfuil a anam fós i láthair ach tá an bheatha ar nós dreancaide ar chraiceann an anama chéanna, rud seachtrach nach féidir smacht a choinneáil air, ná fáil réidh leis ach oiread. Ní bheidh sólas ar fáil dó ‘dá bhrí sin’.⁷⁴⁶ Breithiúnas duairc ar nós cuma liom a fhaightear ón mBreathnach anseo ar bhunús an tsaoil seo.

Déanann ‘Tochas’ anailís ar an gcaoi a gcuireann gnáthnósanna poiblí isteach ar chaoineadh an duine. Is é ‘go’ an focal is tábhachtaí sa dán seo, mar sin. ‘Go’ n-imíonn an phian i léig, ‘go’ gcailltear na cuimhní diaidh ar ndiaidh, ‘go’ dtagann an bás. Tugann an ‘go’ seo a cheart agus a chumhacht d’imeacht an ama agus cuireann sé béim ar an tionchar a bhíonn aige ar an duine, go fisiciúil agus ina mheon féin. Níl an smacht céanna ag an duine air féin is mar a shíleann sé agus is mór an tionchar a imríonn an saol seachtrach air agus ar a mhothúcháin phearsanta. Ní féidir gníomh a dhéanamh i gcoinne

⁷⁴³ Ibid.

⁷⁴⁴ Carlos Vitale, sliocht as *Codigos*, in *Chiaroscuro*, Colm Breathnach a d’aistrigh, tús an leabhair.

⁷⁴⁵ Breathnach, “Aonsearc,” in *Croí agus Carraig*, 19.

⁷⁴⁶ Breathnach, “Tochas,” in *Scáthach*, 105.

an ama ná i gcoinne na mothúchán sin: feidhmíonn siad le chéile as a stuaim féin, ar nós tochais ann nach féidir a shásamh.⁷⁴⁷

Conclúid

Téann an file i dtaithí ar an mbás nó ar an bhfolús in ‘...go n-imíonn i léig...’: bás Éamonn Slevin in ‘Gort álainn’,⁷⁴⁸ bás a thuismitheoirí agus a chaidreamh lochtach leis an teanga.⁷⁴⁹ Glacann sé páirt sna deasghnátha a bhaineann leis an mbás sin. Tagann mothúcháin chun cinn ann nach féidir iad a shárú agus, cé go dtéann sé sa tóir ar leigheas, teipeann air. Tagann amhras ar an bhfile faoi bhunchlocha a shaoil dá bharr agus méadaíonn an folús ina chroí faoi dheireadh na sraithe. Is olc an toradh a fhaigheann an file as dul sa tóir ar an leigheas sa chás seo. Cliseann an leigheas air, mar aon leis an máthairtheanga a bhí aige agus cailleann sé i bhfad níos mó ná mar atá sé ag súil leis. Cailleann sé muinín as a cheird mar fhile agus fágтар gan sprioc é. Ní haon Ghairdín Pharthais ná gairdín ar bith í a intinn, dar leis, agus ní chíonn sé mórán fiúntais sa mhéid a fhásann inti.

Díríonn an file ar a chúinsí agus a chúlra pearsanta féin, mar sin, in ‘...go n-imíonn i léig...’. Rinneadh anailís ar roinnt de na cúinsí sin, agus ar na ceisteanna a d’eascair astu, sa chaibidil seo. Scrúdaítear na ceisteanna sin i gcomhthéacs poiblí idirnáisiúnta i gCaibidil a Trí.

⁷⁴⁷ Ibid.

⁷⁴⁸ Breathnach, “Gort álainn,” in *Scáthach*, 91.

⁷⁴⁹ Breathnach, “...go n-imíonn i léig...,” in *Scáthach*, 89-105.

Caibidil 3

Réamhrá

I gCaibidil a Trí, caibidil dheireanach na Roinne seo, pléitear roinnt de na ceisteanna céanna a tháinig chun tosaigh i gCaibidil a Dó. Is é an chúis dó sin ná go bpléann Colm Breathnach na téamaí céanna sa dá shraith dheiridh in *Scáthach*: ‘...go n-imíonn i léig...’ agus ‘...an leoithne sa luachair...’. I gCaibidil a Dó, pléadh an toise pearsanta díobh ar a ndíríonn an file in ‘...go n-imíonn i léig...’. Sa chaibidil seo a leanas, déantar iniúchadh ar an toise poiblí díobh, toise poiblí a thagann i dtreis sna dánta in ‘...an leoithne sa luachair...’.

Déanann an Breathnach plé i bhfad níos leithne ar chúrsaí an tsaol in ‘...an leoithne sa luachair...’.⁷⁵⁰ Scrúdaíonn sé an tionchar a bhíonn agus a bheidh ag ‘leoithne’ a fhocal agus fhocail na filíochta ar mhuintir an domhain uilig: luachair an phobail a fhásann agus a ‘imíonn i léig’⁷⁵¹ sa chré chéanna. Is sna dánta deireanacha seo a léiríonn an file a dhlúthpháirtíocht le daoine ar leith, le grúpaí ainmnithe. Ní fheictear sin ach go fíorannamh trína shaothar ar fad agus ní aithnítear é mar fhile ‘polaitiúil’ ag labhairt ar son na ndaoine ach oiread:

... [maím] nach duine polaitiúil mé ach ní féidir é sin a mhaíomh i ndáiríre mar téann an saol amuigh i bhfeidhm ort ar shlite, ach ní dóigh liom go ndéanaim ráitis mhóra pholaitiúla sa bhfilíocht.⁷⁵²

⁷⁵⁰ Breathnach, “...an leoithne sa luachair...,” in *Scáthach*, 107-124.

⁷⁵¹ Breathnach, “Tochas,” in *Scáthach*, 105.

⁷⁵² Colm Breathnach (faoi agallamh ag Eimear Nic Conmhaic), 27 Meán Fómhair, 2017.

Seasann a thagairtí díreacha amach go láidir anseo, mar sin: ‘Teifeach’, dán a thiomnaíonn sé ‘do mhná Muslamacha Bhoisnia’,⁷⁵³ cuirim i gcás, nó an plé a dhéanann sé ar na hainghníomhartha ó thuaidh, i mBéiriút agus ar fud na cruinne in ‘Clocha na haoise seo’.⁷⁵⁴ Ní hamháin go scríobhann an Breathnach faoi na cogaí seo agus ní hamháin go dtiomnaíonn sé dánta do na mná sa Bhoisnia, ach déanann sé iniúchadh géar ar an éigniú agus ar an bhforéigean go ginearálta. Déantar mionanailís ar na hábhair seo i gCaibidil a Trí.

An tAiltire agus an Tógálaí: An Caidreamh idir Scríbhneoir agus Léitheoir

Déantar plé i dtosach ar an ngaol idir scríbhneoirí agus léitheoirí agus go háirithe ar an tslí go ndéantar léitheoir den scríbhneoir sa tsraith dánta seo. Cailltear an file in ‘...an leoithne sa luachair...’ agus gintear an léitheoir filíochta. Tosaíonn an próiseas sin láithreach in ‘Teora’:

béal gunnáin le d’uisinn

i lár na hoíche

is tá’s agat go bhfuilir le scaoileadh

isteach sa síoraíocht gan teora

⁷⁵³ Breathnach, “Teifeach,” in *Scáthach*, 123.

⁷⁵⁴ Breathnach, “Clocha na haoise seo,” in *Scáthach*, 118-119.

de bhrí go bhfuil teora thart ar do ghlór

tuin ná baineann ach le dúthaigh amháin

tuin ná fuil ar bhéal an ghunnáin

a fhágfaidh tú i d'allait feola

le hais an bhóthair

ná gabhann in aon áit

de bhrí go bhfuil deireadh le treonna id chás-sa

líontar le trua dom féin mé agus le hanbhá

is mé ag tarrac thruicear an ghunnáin.⁷⁵⁵

Dán ‘féinmharaithe’ is ea ‘Teora’ ina samhlaíonn an Breathnach deireadh leis féin mar fhile. Déanann an dán seo cur síos ar an bhfilíocht mar cheird uaigneach: an file ina aonar ‘le hais an bhóthair’ gan aon duine in ann teacht i gcabhair air. Níos mó ná sin, áfach, níor mhaith le go leor daoine an chabhair sin a chur ar fáil dó nó do scríbhneoirí eile dá leithéid. Cruthaítear scoilt idir na scríbhneoirí sin agus an gnáthshaol agus bíonn easpa tuisceana idir iad agus gnáthdhaoine mar thoradh. Fágann an Breathnach a fhocail féin

⁷⁵⁵ Breathnach, “Teora,” in *Scáthach*, 109.

faoin léitheoir in ‘Teora’ dá bharr sin. Tuigeann sé, cé go bhfuil ‘teora’ ag a ghuth féin, nach mbeidh teora go deo ag guth an léitheora. Imíonn sé óna ‘allait feola’ sa dán seo. Fágann sé a chorp ar an teorainn, nó ar thaobh an bhóthair, agus ligeann sé dá anam dul ar aghaidh as dúthaigh an chnuasaigh seo go ceantair agus ‘pláinéid’⁷⁵⁶ eile. Casann an roth go hiomlán sa dán seo mar thoradh agus an file thar n-ais ‘i lár na hoíche’.⁷⁵⁷ Tugann sin fráma agus clabhsúr éifeachtach don chnuasach féin.

Beireann an teanga an file in ‘Drúcht’,⁷⁵⁸ file a chaitheann corp a cheirde uaidh anseo. Is léir cé chomh cumhachtach agus foréigneach is atá na focail ag deireadh ‘Teora’ chomh maith. Déanann an t-athrá ar an ‘c’ sna línte sin aithris chuí is onamataipéach ar scaoileadh an philéir mharfaigh agus freagraíonn ‘[béal] an ghunnáin’ le béal an fhile ar shlí íorónta: ‘ag tarrac thruicear an ghunnáin’.⁷⁵⁹ Níl faic eile le rá ag an bhfile in *Scáthach*; níl aon treonna ar fáil dó sa chnuasach seo, dar leis. Cé go dtéann sé i gcoinne nádúr féinchosantach an duine, mar sin, déanann sé a mbíonn ag teastáil: pléascann sé ‘uisinn’ a chinn is teampall a choirp laistigh de na dánta seo. Mar sin, tosaíonn agus críochnaíonn beatha an fhile leis an teanga dar leis an mBreathnach.⁷⁶⁰

Cá dtéann anam an Bhreathnaigh, mar sin? Cad a tharlaíonn don fhile is don scríbhneoir nuair a scartar óna chnuasach féin é? An bhfuil aiséirí i ndán dó? An freagra air sin, de réir na sraithe seo, ná go dtéann sé i measc na léitheoirí. Téann sé i measc na ngnáthdaoine mar phearsa anaithnid. Ligtear don saothar seasamh mar theampall, dar le ‘Gallaras’, ina mbailíonn daoine chun guí:

⁷⁵⁶ Breathnach, “Solidad,” in *Scáthach*, 110-111.

⁷⁵⁷ Breathnach, “Teora,” in *Scáthach*, 109.

⁷⁵⁸ Breathnach, “Drúcht,” in *Scáthach*, 15.

⁷⁵⁹ Liomsa an bhéim.

⁷⁶⁰ Tá cosúlachtaí idir “Teora” in *Scáthach* agus “Miúin ar Leath Bealaigh an Naoimh” in *Chiaroscuro* toisc go bpléann an dá dhán imeacht an fhile óna théacs féin. Féach Breathnach, “Miúin ar Leath Bealaigh an Naoimh,” in *Chiaroscuro*, 49.

sa Stefansdom i Vín

tháinig na focail nár thuigis

ach gur léir duit a mbrí

ón rithim a bhí fúthu

durch Ihm is tríd

mit Ihm agus leis

in Ihm agus ann

tháinig na focail ó bhéalaibh an phobail

is ó bhéal an tsagairt

a bhí ar an altóir

iad go léir i dteannta a chéile

san adhradh, sa mhóradh

tríd agus leis agus ann

is bhís ann, leis, ina dteannta

sa spás san a cheap an t-ailtire

agus a d'ardaigh na tógálaithe.⁷⁶¹

Ailtire is ea an file a chumann focail is íomhánna ach is iad na léitheoirí a líonann agus a thugann brí do theampall sin an dáin agus do theampall an tsaothair. Arís, tagann ‘Dán “300” (is a Seacht)’ chun chuimhne:

Tógann an file

...

Sáipéal,

is is é an léitheoir

a chuireann an cór ann

a líonann é le ceol.⁷⁶²

Seasann an Breathnach i ‘dteannta’ na léitheoirí ag smaoineamh agus ag tabhairt breithiúnais ar an saothar. Arís, mar a chonacthas cheana, tá toise spioradálta ag baint leis an bhfilíocht a thrasnaíonn teorainneacha na dtíortha is na dteangacha: ‘... na focail nár thuigis / ach gur léir duit a mbrí / ón rithim a bhí fúthu’.⁷⁶³ Tá brí níos doimhne is níos leithne ar fáil san fhilíocht ná mar a léirítear sna focail amháin. Tá ceol agus ‘rithim’ ar leith inti nach féidir cur síos a dhéanamh orthu. Cuireann an fhilíocht an t-anam agus an chuimhne ag rince:

sa doircheacht

bhís age baile in aireaglán ar an gcósta thiar

⁷⁶¹ Breathnach, “Gallaras,” in *Scáthach*, 116.

⁷⁶² Breathnach, “Dán “300” (is a Seacht),” in *Dánta’ Agus Dánta Eile*, 5.

⁷⁶³ Breathnach, “Gallaras,” in *Scáthach*, 116.

i d'aonarán i gcuasán áirsiúil án

is nithe á gceilt is á bhfoilsíú

tríd agus leis agus ann.⁷⁶⁴

Tá tagairt idirthéacsúil sa rann thuas, dar ndóigh, don dán 'Díthreabhach'. Tá leagan de 'Díthreabhach' ar fáil in *Athdhánta*, cnuasach filíochta a chuir Tomás Ó Floinn in eagar sa bhliain 1969:

Im aonarán im aireaglán

gan aon duine gnách,

b'ionmhain sin mar oilithreacht

roimh dhul i ndáil bháis.

Tá cosúlachtaí soiléire idir an véarsa sin in 'Díthreabhach' agus dán an Bhreathnaigh. File ina aonar in 'aireaglán'; na nithe i bhfolach sa 'doircheacht' in Gallaras ag baint macallaí as an 'oilithreacht' an fhile. Tá aireaglán Ghallarais suite i gcroílár bhaile teangeolaíochta an Bhreathnaigh: Gaeltacht Iarthar Chiarraí. Tugann an dán seo aitheantas don cheangal a bhí ag lucht *Innti* leis an gceantar céanna thar na blianta.⁷⁶⁵ Is nasc í an Ghaeilge idir an file agus Corca Dhuibhne, fiú agus é san Ostair nó in aon áit eile ar domhan. Cuireann an rann seo le diamhracht an tsaothair filíochta chomh maith agus leis an gcaoi a saraíonn filíocht tuiscint dhaonna. Mar sin, taispeánann 'Gallaras' an file dúinn agus é i dtiúin lena theanga, lena thraidisiún agus lena shaothar féin. Maireann

⁷⁶⁴ Ibid.

⁷⁶⁵ Ní Chléirchín, "Guthanna Ildaite Innti," 3-4, fuarthas 10 Lúnasa, 2019.

sé sa phobal i bhfolach agus ag ‘móradh’ is ag ‘adhradh’ na filíochta leo.⁷⁶⁶ Baineann an Breathnach úsáid as nósanna agus téarmaíocht na Críostaíochta chun an fhilíocht a chur ar sheastán in aice leis na déithe: ‘*durch Ihm... / mit Ihm... / in Ihm...*’.⁷⁶⁷ Faigheann sé sólas éigin as an tuiscint nach féidir le haon duine greim ceart a fháil ar an teanga ná ar na mothúcháin. Faigheann sé sólas nuair a théann sé ar Shlí na Fírinne mar fhile ina fhearann dúchais féin.

Fiú agus é ina léitheoir, fágann an Breathnach treoracha ar leith dá lucht léitheoireachta agus cuireann sé freagracht mhór mar ualach orthu dá bharr. Is in ‘Don léitheoir’ agus ‘Sí’ a mhíníonn sé ról an léitheora go soiléir:

meabhraigh an focal déanach

abair amach os ard é

is mar seo a thagann deireadh leis an iomlán⁷⁶⁸

má fhiafraítear díbh

abair ná feadar sibh

ach féachaíg éistíg.⁷⁶⁹

Tarraingíonn an file siombailí coitianta an chnuasaigh seo le chéile in ‘Sí’. Déanann sé tagairt d’fhilí ag dul amach chuig oileán, ar nós Chú Chulainn, chun luí le Scáthach na

⁷⁶⁶ Breathnach, “Gallaras,” in *Scáthach*, 116.

⁷⁶⁷ Ibid.

⁷⁶⁸ Breathnach, “Don léitheoir,” in *Scáthach*, 114-115.

⁷⁶⁹ Breathnach, “Sí,” in *Scáthach*, 117.

teanga agus chun foghlaim uaithi. Ritheann tionchar na *Tána* trí ‘Sí’ chomh maith. ‘Is í’⁷⁷⁰ an teanga, nó an fhilíocht, a mhaireann ‘san oíche’ dhorcha agus a fhrithchaitheann ‘ár scáileanna ina dtáinrith trén bhfirminmint’.⁷⁷¹ Déanann filí íobairt phearsanta ar mhaithe leis an domhan uilig, dar leis an mBreathnach; téann siad chun luí leis an teanga, téann siad sa tóir ar bhrí is ar fhocail agus ceistíonn siad bunús a saol dá bharr. Tugann siad a ngrá do bhean eile fad is atá Eimhear ag fanacht sa bhaile leo:

Tugadh an fear nó an bhean

a scríobhann dánta gnaoi

dá rogha leannán, is cuma san.

Ach cé léi go dtiteann an file i ngrá?

...

Tá cheana, an file i ngrá

leis an dteanga.⁷⁷²

Cé gurb í Mary leannán an Bhreathnaigh, mar sin, is í an teanga leannán na bhfilí. Is cosúil go bhfuil difríocht anseo chomh maith idir tuiscint an fhile ar an teanga agus ar an mBé. Bíonn sé cúramach ina chuid dánta gan an téarma ‘Bé’ a úsáid ar chor ar bith. Tugann sé ‘gean’ do na focail ar an gcaoi chéanna is a thabharfadh ceardaí gean dá cheird. Ach ardaíonn an rann deireanach in ‘Aonsearc’ ceist in athuir faoin tuiscint sin: ‘Tá cheana, an file i ngrá / leis an dteanga / Agus is cuma léi siúd a cheas / ná a chás’.⁷⁷³ Tá

⁷⁷⁰ Ar ndóigh, déantar tagairt i dteideal an dáin seo don neach baineann: ‘Sí’. D’fhéadfadh ‘is í’ a bheith i gceist anseo chomh maith, áfach, go háirithe ó thaobh na heaspa poncaíochta in *Scáthach*. Tugann sin gluaiseacht éigin do na rannta faoi.

⁷⁷¹ Breathnach, “Sí,” in *Scáthach*, 117.

⁷⁷² Breathnach, “Aonsearc,” in *Croí agus Carraig*, 19.

⁷⁷³ Ibid.

sé intuigthe sa rann sin gur bean í an teanga atá neamhspleách ón bhfile go pointe éigin. In ‘Aonsearc’, mar sin, an léirítear go bhfuil dua agus bua ag baint leis an bhfilíocht i ndáiríre?

Cad a dhéanann léitheoirí, mar sin? ‘Féachaíg éistíg’.⁷⁷⁴ Dar leis an dán ‘Sí’, ní gá don léitheoir ach féachaint agus éisteacht, a bheith ag féachaint ar na híomhánna fileata, a bheith ag féachaint ar an domhan inár dtimpeall, a bheith ag éisteacht le ‘leoithne’ an fhile ag ‘siosarnach’ is ‘ag titim trén nduilliúr fán gcoill’. Impíonn an file ar an léitheoir glacadh leis an saothar agus dul i ngleic leis an dán a chuireann sé os a chomhair: ‘sinne / a d’ardaigh seolta / ar mhaithe libh / a chuir chun bóchna’. Mar is é an léitheoir a théann ‘isteach sa chnoc’ nó isteach sa saothar ealaíne. Agus is é an scríbhneoir a thugann faoi na turais íobartha seo chun súile agus cluasa an léitheora a oscailt ar bhealach nua. Níl le déanamh ag an léitheoir ach na céadfaí a úsáid agus glacadh go hiomlán le gach rud a chuirtear romhainn. Cuireann ‘Sí’ dualgas ar an léitheoir brí a chruthú sa saothar ealaíne.⁷⁷⁵

Pléann ‘...an leoithne sa luchair...’ ról an léitheora agus cinniúint an fhile sa saothar ealaíne, mar sin. Ach is cuid den domhan mórthimpeall é an léitheoir: is ball de phobal domhanda é atá fite fuaite go hiomlán le chéile. Bíonn an-tionchar ag an domhan sin, agus ag na heachtraí a tharlaíonn timpeall na cruinne, ar an bhfilíocht. Fágann siad a mblas ar an gcaoi a léitear na dánta. Is ar thionchar na n-eachtraí idirnáisiúnta a dhírítear sa chéad chuid eile den chaibidil seo.

⁷⁷⁴ Breathnach, “Sí,” in *Scáthach*, 117.

⁷⁷⁵ Ibid.

'[Ag] luí sa láib...':⁷⁷⁶ Cruachás na mBan

Téann an Breathnach i ngleic le roinnt mhaith tubaistí idirnáisiúnta in ‘...an leoithne sa luachair...’; an cogadh agus an foréigean, cuirim i gcás, an seicteachas agus an phriosúnacht, agus mar sin de. Ach is ar chás na mban a dhéantar iniúchadh sa chaibidil seo i dtosach. Is minic a d’úsáidte an t-éigniú mar uirlis cogaidh agus chun an lámh in uachtar a fháil, is a choinneáil, ar na mná. Is minic a tharlaíonn an t-éigniú i sochaí an lae inniu fiú. Labhraíonn an file faoi éigniú na mban in dá dhán ar leith in *Scáthach*: ‘Teifeach’ agus ‘Éigean’.

Dán dorcha, neamhphearsanta é ‘Éigean’ a bhaineann úsáid chliste as an dara pearsa:

ní cuimhin leat anois tar éis na mblianta

an aghaidh, ach is cuimhin leat na guairí liatha féis air

agus an lámh chnapánach a sháigh sé suas do bhríste gearra

bhí do pháirtithe imithe romhat síos an staighre

is amach tré ghile an halla mhóir

go dtí an plás leathan oscailte gréine

chúngaigh sé isteach ort

is thochais a mhéireanta cuid díot

⁷⁷⁶ Breathnach, “Teifeach,” in *Scáthach*, 123.

nár bh eol duit a bheith ann go fóill ach ar éigean

agus an cóta báistí a bhí air

buídhonn dorcha

ar nós an bholaithe a bhí uaidh

thugais léim síos trí chéim don staighre

gur fhágais a mheasais a shúile dorcha

a bholaithe is a mhéireanta id dhiaidh

is chuiris an chuid eile don staighre díot

do léimeanna trí chéim mar an gcéanna⁷⁷⁷

ach níor fhágais id dhiaidh in aon chor é

⁷⁷⁷ Díol suime an tagairt seo do ‘léimeanna trí chéim’. Tá tagairtí eile dá leithéid ar fáil i mbéaloideas agus litríocht na hÉireann. In ‘Caoineadh Airt Uí Laoghaire,’ cuir i gcás: ‘Thugas léim go tairsigh, / an dara léim go geata, / an tríú léim ar do chapall’ [Eibhlín Dubh Ní Chonaill, “Caoineadh Airt Uí Laoghaire [sleachta],” in *Filíocht Ghrá na Gaeilge*, eag. Ciarán Mac Murchaidh (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2008)]. Nó i leagan Thomas Kinsella den *Táin*, nuair a fhilleann Cú Chulainn ar Dhún Fhorgaill: ‘[Cú Chulainn] reached Forgall’s rampart and gave his salmon-leap across the three enclosures to the middle of the fort’ [“Cuchulainn’s Courtship of Emer, and his Training in Arms,” in Thomas Kinsella, aist., *The Táin: From the Irish epic Táin Bó Cuailnge* (Oxford: Oxford University Press, 1969), 37]. Tá tagairtí fánacha do ‘Trí léim laoch ó leac go h-abhainn’ ar fáil ar *dúchas.ie* chomh maith. Mar sin, seans gur insint nua ar an tróp sin atá i gceist in ‘Éigean’.

is ann a thugais leat é amach 'dtí an plás leathan gléineach

an scáil dhorcha a leanann tú is a thiteann thar d'éadan

agus a dheighleann tú i gcónaí ód pháirtithe gréine.⁷⁷⁸

Le húsáid an dara pearsa, cruthaíonn an file scoilt, ní hamháin laistigh de phearsa an dáin, ach idir é/í agus an comhluadar thart air/uirthi chomh maith. Is léir an deacracht atá ag an duine seo glacadh leis an méid a tharla, gur chuir sé/sí na mothúcháin faoi scáth. Léiriú is ea an dán seo ar an náire a bhíonn ar íospartaigh a fhulaingíonn ionsaí gnéasach sa tír seo agus ar fud an domhain. Léiríonn 'Éigean' an chaoi nach n-ainmnítear an ciontóir agus nach mian linn aithne a chur air fiú: 'ní cuimhin leat anois tar éis na mblianta / an aghaidh'.⁷⁷⁹ Cuireann an tsochaí an t-ualach ar fad ar an íospartach.

Tarlaíonn tochas anseo atá an-difriúil leis an tochas a bhí ar an bhfile in '...go n-imíonn i léig...'. In 'Tochas', rinneadh cur síos ar fhile a bhí scartha óna mhothúcháin is óna shaol féin. Fágadh siotha as pian na beatha agus an ghrá é.⁷⁸⁰ Tá an scarúint chéanna le sonrú in 'Éigean' chomh maith, pearsa nach bhfuil in ann aon rud a mhothú níos mó. Ach cé go dtéann an file i ngleic le téama an bháis fhisiciúil, pléann 'Éigean' an bás spioradálta a tharlaíonn laistigh den duine féin: 'an scáil dhorcha a leanann tú is a thiteann thar d'éadan'.⁷⁸¹ Ní labhraíonn an pearsa seo leis an gcomhluadar faoin méid a tharla; maireann náire na heachtra mar scáil nach bhfuil radharc ag aon duine eile air/uirthi. Déanann sin tagairt, ar ndóigh, don 'Scáth' a labhraíonn Jung faoi, don 'dorchadas

⁷⁷⁸ Breathnach, "Éigean," in *Scáthach*, 112.

⁷⁷⁹ Ibid.

⁷⁸⁰ Féach Caibidil 2, Roinn 3, lgh 316-318.

⁷⁸¹ Breathnach, "Éigean," in *Scáthach*, 112.

pearsanta' nó don toise sin den duine a bhrúitear faoi chois. Déanann sé tagairt do dhrochthréithe de chuid an chomhluadair i gcoitinne:

This dark mass of experience that is seldom or never admitted to our conscious lives bars the way to the creative depths of our unconscious.⁷⁸²

Cuireann an scáth nó an 'scáil dhorcha' seo srian ar chruthaitheacht na ndaoine agus déanann sé dochar as cuimse don tsochaí. Treisíonn an bháisteach agus íomhá an chóta bháistí le teacht i láthair an scátha in 'Éigean', mar aon leis an dorchadas a shileann tríd an dán ar fad. Tá tábhacht ag baint le híomhá an staighre anseo chomh maith. Déanann 'Éigean' tagairt don 'staighre' faoi thrí, an phearsa 'i gcónaí' ag rith 'síos' na céimeanna sin chomh tapa agus is féidir leis/léi: 'do léimeanna trí chéim'.⁷⁸³

Léiríonn 'Éigean' an tslí gur féidir le heachtra ghearr amháin cur isteach ar shaol an duine aonair agus todhchaí an duine sin a mhúnlú. Is ar 'éigean' a thit an tochas seo amach. Cuirtear an t-íospartach agus an fínné faoi scáth agus bíonn an tsochaí ar fad ciontach dá bharr. Thar aon rud eile, áfach, tarraingíonn an dán seo aird ar na scoilteanna a osclaíonn laistigh dár gcumarsáid dhaonna. Ní chun ár leasa iad scoilteanna den nós seo, agus tagann siad aníos san fhilíocht mar gheall air sin. Má bhaineann siad leis an léitheoir, bainfidh siad leis an ealaín chomh maith.

Cé go dtugann 'Éigean' léargas uilíoch dúinn ar an damáiste a dhéanann éigniú nó coir ghnéis do mheon an duine, caitheann 'Teifeach' súil idirnáisiúnta ar an ábhar. Thit Cogadh na Boisnia amach idir 1992 agus 1995. Bhí an Bhoisnia, a bhí mar cuid de Phoblacht na hIúgslaive ó 1946, roinnte ar bhonn eitneachais. Mar gheall air sin agus ar chúrsaí polaitíochta is eacnamaíochta, d'éirigh cúrsaí foréigeanach sna nóchaidí idir na

⁷⁸² Jacobi, *The Psychology of C.G. Jung*, 109.

⁷⁸³ Ibid.

grúpaí éagsúla sa tír: na Boisiaigh, na Seirbiaigh agus na Crótaigh. Maraíodh na mílte le linn an chogaidh a bhris amach agus cuireadh ní ba mhó daoine as seilbh.⁷⁸⁴ Rinneadh cinédhíothú ar dhaoine neamhchiontacha a bhí gafa ann. Cailleadh breis is 7,000 fear agus buachaill i Sléacht Srebrenica cuirim i gcás, olldúnmharú a tharla sa bhliain 1995.⁷⁸⁵ Tháinig mídhaonnacht arm na Seirbiach go láidir chun tosaigh chomh maith, mar is léir ón drochíde a thug siad do mhná Moslamacha na tíre. Tharla éigniú ar gach taobh i rith an chogaidh sa Bhoisia ach ba ag na Seirbiaigh a bhí an chumhacht ba mhó.⁷⁸⁶ Is air sin a dhíríonn an file aird sa dán ‘Teifeach’:

lá dos na laethanta aoibhinne seo

chífir i mo luí sa láib mé

aithneoir mo cholainn bhriste

tuigfir ansan mar a thiteas

ar an mbuach ar mo shlí chugat

neosfaidh an leoithne sa luachair duit an rún

⁷⁸⁴ *Encyclopædia Britannica*, s.v. “Bosnian War: European history [1992–1995],” fuarthas 6 Meán Fómhair, 2019, <https://www.britannica.com/event/Bosnian-War>.

⁷⁸⁵ *Encyclopædia Britannica*, s.v. “Srebrenica massacre: Bosnian history [1995],” fuarthas 6 Meán Fómhair, 2019, <https://www.britannica.com/event/Srebrenica-massacre>.

⁷⁸⁶ *Encyclopædia Britannica*, s.v. “Bosnian War: European history [1992–1995],” fuarthas 6 Meán Fómhair, 2019, <https://www.britannica.com/event/Bosnian-War>.

a scaoileas le barr an uisce

– nuair a ligh mo theanga an t-oighear

a bhí an tráth úd ann mar do b'fhuaire an áit é ár ndomhan –

is nár chuaigh faoi

nuair a tháinig an choscairt i ndiaidh mo bháis

tuigfir gur im theifeach a bhíos

tuigfir gur im ghéibheannach a bhíos

tuigfir mar a céasadh mé

tuigfir mar a éigníodh mé

neosfaidh barr an uisce duit

nithe ná leomhfainn dom bhéal a rá

is neosfaidh barr an uisce duit

gur ortsa a bhíos ag cuimhneamh

trén gcéasadh san go léir is trén gcrá

tusa ná tuigeann cad is gátar ann

bhíos ag cuimhneamh ortsa

is go dtabharfainn chugat mo chreachtaí

le léiriú duit conas mar a bhí an tráth úd

nuair do b'fhuaire mar áit é ár ndomhan

(do mhná Muslamacha Bhoisnia).⁷⁸⁷

D'úsáid na Seirbiaigh an t-éigniú mar straitéis cogaidh agus chun an t-olldúnmharú a chur chun cinn.⁷⁸⁸ Éigniú córasach a bhí ar siúl acu. Bhunaigh siad ‘campaí’ ar leith chun na mná seo a chéasadh agus chun a chinntiú go mbéarfadh siad leanbh dóibh. Bhí sé mar aidhm ag na campaí sin dochar as cuimse a dhéanamh d’oidhreacht chultúrtha, eitneach agus reiligiúnach na mban Moslamacha. Ionsaí ab ea iad ar dhínit agus ar dhaonnacht na hindibhide. Chuir an t-iriseoir Robert Fisk agallamh ar roinnt de na mná seo in Mostar fad is a bhí an cogadh faoi lánseol. Foilsíodh a scéalta san *Independent* i 1993:

‘... one of the two Chetniks told me to undress. He said if I didn't do what they wanted, they would cut my throat. I believed them. So they both raped me, one after the other. It took half an hour. Then they took me out and put me with the other women who had been brought back from the rooms. We were all told to clean the hotel again and after we had done this they took us back to the

⁷⁸⁷ Breathnach, “Teifeach,” in *Scáthach*, 123.

⁷⁸⁸ David M. Crowe, *War Crimes, Genocide, and Justice: A Global History* (Stáit Aontaithe Mheiriceá: Palgrave Macmillan, 2014), 343. Tá staidéar déanta ag Skjelsbæk chomh maith ar thionchar an éignithe ar na mná seo le linn an chogaidh: féach Inger Skjelsbæk, *The Political Psychology of War Rape: Studies from Bosnia and Herzegovina* (Oxon: Routledge, 2012), 25.

gymnasium. From that day it never stopped. The rapes went on day and night for a month.’

The day was 2 August and all but 10 of the 105 women held prisoner in the gymnasium were to be gang-raped over the following 26 days, some of them by as many as seven Serb militiamen. Their suffering was endured by thousands of other Muslim women in August and September of last year as Serbian forces ‘ethnically cleansed’ the Muslim villages of eastern and western Bosnia.⁷⁸⁹

Is teifigh cogaidh iad na mná seo ach is teifigh iad freisin a bhíonn ag rith ón gcogadh a bhíonn ar siúl ina gcroí féin. Tá cosúlachtaí díreacha idir an teitheadh sin agus an chaoi ar rith an t-íospartach síos staighre in ‘Éigean’.⁷⁹⁰ Tá colainn na mban seo ‘briste’ tar éis na drochíde a d’fhulaing siad. Tá siad faoi scáth is dearmadta sa ‘láib’. Cuirtear as seilbh iad ina gcoirp féin. Leanann ‘scáil dhorcha’ iad a chruthaíonn scoilt idir an duine agus an saol mórtimpeall.⁷⁹¹

In ‘Teifeach’, áfach, ní hambáin go seasann pearsa an dáin do na mná a ndearnadh éigniú orthu; seasann sí don teanga chomh maith. Léiríonn sí an sléacht nó ‘an choscairt’ a tharlaíonn nuair a theipeann ar an teanga agus ar an gcumarsáid. Reonn an chumarsáid sin mar leac oighear le linn foréigin ach maireann cuid di san oighear sin ar bharr uisce, ag fanacht go gcloisfidh duine í, go n-inseoidh duine a scéal.

Tugann ‘Teifeach’ dúshlán don léitheoir aird a thabhairt ar chúrsaí reatha agus ar thubaistí timpeall na cruinne. Tugann an fhilíocht seo ár ndúshlán éisteacht le scéal na n-íospartach, féachaint ar a gcéasadh agus a gcrá, agus tuiscint a fháil ar ar tharla dóibh.

⁷⁸⁹ Robert Fisk, “Bosnia War Crimes: ‘The rapes went on day and night’; Robert Fisk, in Mostar, gathers detailed evidence of the systematic sexual assaults on Muslim women by Serbian ‘White Eagle’ gunmen,” *The Independent*, 8 Feabhra, 1993.

⁷⁹⁰ Féach Caibidil 3, Roinn 3, lgh 329-332.

⁷⁹¹ Breathnach, “Éigean,” in *Scáthach*, 112.

Díol suime go dtaispeánfadh pearsa an dáin a créachtaí don léitheoir. Tá cosúlachtaí dar ndóigh idir sin agus Tomás amhrasach an Bhíobla nár chreid in aiséirí Chríost. Bíonn an comhlúadar amhrasach i dtaobh aon teacht aniar a bheith i ndán dóibh siúd a d'fhulaing na tragóidí seo, go háirithe le linn dóibh a bheith ag titim amach. Bíonn sé níos éasca neamhaird a thabhairt orthu agus fanacht, go compordach, in aice na tine sa bhaile:

tá cúrsaí fós mar a bhí

táim suite anseo cois tinteáin

ag faire ar thuairiscí ar an nuacht

i dtaobh crith talún i dtír i gcéin

daoine á slámadh chuige ag an mbás

is daoine eile ag teacht slán.⁷⁹²

Úsáideann an file an-chuid athrá ó thus deireadh an dáin seo: ‘tuigfir’ nó ‘neosfaidh barr an uisce duit’, cuirim i gcás, agus ‘do b’fhuaire mar áit é ár ndomhan’. Cruthaíonn an t-athrá seo ciorcail shíoraí sa saothar, dar liomsa. Ciorcail laistigh de chiorcail. Tarraingíonn sin, ar ndóigh, ar an stair agus ar nós an chine dhaonna na botúin a dhéanamh in athuir. Casann roth an ama ach ní théann an cine daonna chun cinn. Ní fhoghlaimíonn daoine. Ach tá ábhar dóchais le sonrú sna rannta anseo mar sin féin. Tuigfidh an léitheoir, aithneoidh sé na hainghníomhartha faoi dheireadh agus, má tharlaíonn sin, seans go n-éireoidh an cine daonna as fuacht na troda.

⁷⁹² Breathnach, “Cúrsaí,” in *Scáthach*, 122.

Tá ‘barr an uisce’ lárnach don dán seo. Ar thaobh amháin, feidhmíonn an t-uisce mar scoilt idir léitheoirí nach bhfuil taithí acu ar ‘cad is gátar ann’ agus uafás an chogaidh. In ‘Teifeach’, áfach, tá an t-uisce céanna ar nós scátháin chomh maith:

neosfaidh barr an uisce duit

nithe ná leomhfainn dom bhéal a rá

is neosfaidh barr an uisce duit

gur ortsa a bhíos ag cuimhneamh

trén gcéasadh san go léir is trén gcrá.

Cruthaíonn an file dán anseo as leoithne siollaí, leoithne a shíolraíonn ón taobh eile den Eoraip. Péinteálann sé íomhá chumhachtach den bhean seo, í briste go fisiciúil agus go spioradálta. Léiríonn sé éifeacht na fulaingthe sin uirthi, agus a crógacht fiú nuair a bhraitheann sí an saol iomlán ina coinne. Agus is tríd an íomhá sin a chasann sé an scáthán ar an léitheoir. Cuireann sé iachall ar an lucht léitheoireachta a ghníomhartha, nó a easpa gníomhaíochta, a mheas i bhfianaise íomhá na mná seo san uisce. Is scáthán í an fhilíocht, mar sin, do léitheoirí agus is meán í trínar féidir leis an bhfile cúrsaí daonna a phlé. Ach is léitheoir é an file ar deireadh leis. Seans go bhfeiceann sé cuid dá chás féin in ‘Teifeach’ chomh maith. Is teifeach é an file ina shaothar féin, mar a pléadh cheana sa chaibidil seo, agus níl ann a thuilleadh ach ‘leoithne’ a dháin.

Caithfear eitic an dáin ‘Teifeach’ a cheistiú, áfach, go háirithe agus tagairt déanta ann do ghrúpa ban ar leith: na mná Moslamacha as an mBoisnia. D’fhéadfaí argóint a dhéanamh go dtugann an tiomnú sin bréaglériú ar an stair toisc nach dtugann sé aird ar gach íospartach a d’fhulaing an t-éigniú le linn an chogaidh ann. Cé go ndearnadh éigniú córasach ar na mná Moslamacha go príomha i rith an chogaidh sa Bhoisnia, rinneadh

éigniú ar mhná eile chomh maith. Rinneadh éigniú ar mhná ó gach uile thaobh: Crótaigh agus Seirbiaigh, Caitlicigh agus Críostaithe.⁷⁹³ Chomh maith leis sin, áfach, caithfear ceist na haithrise san ealaín a chur san áireamh sa phlé seo. Labhraíonn Plato faoi *mimesis* san fhilíocht, agus faoi na cúrsaí eitice a bhaineann leis, in *The Republic*:

... we must come to an understanding about the mimetic art, —whether the poets, in narrating their stories, are to be allowed by us to imitate, and if so, whether in whole or in part, and if the latter, in what parts; or should all imitation be prohibited?⁷⁹⁴

Déanann file aithris i ndán nuair a labhraíonn sé ar son duine eile. Sin a dhéantar in ‘Teifeach’ nuair a labhraíonn an Breathnach ar son na mná Moslamaí seo. Casann Plato i gcoinne na haithrise de réir a chéile in *The Republic*, ach cad faoi chás an Bhreathnaigh in *Scáthach*? Mar ní hamháin go bhfuil aird á tarraingt aige ar a cruachás pearsanta ach labhraíonn sé ó dhearcadh na mná sin freisin. Níor fhulaing an Breathnach ar an gcaoi ar fhulaing an bhean seo. Mar sin, cé chomh fada agus is féidir leis an bhfile dul síos bóthar mar seo? An féidir le pearsa an dáin seo a bheith iontaofa nó an féidir léi seasamh ar son na mban uilig a d’fhulaing sa chogadh sa Bhoisnia? Ní dóigh liom gur féidir. Os a choinne sin, áfach, an gá don fhile nó don ealaíontóir cloí go docht leis an eitice i gcónaí? Ardaíonn ‘Teifeach’ na ceisteanna seo ar fad, mar sin, ceisteanna a bhaineann le nádúr na filíochta féin.

⁷⁹³ Sue Turton, “Bosnian War rape survivors speak of their suffering 25 years on,” *The Independent*, 21 Iúil, 2017, fuarthas 31 Bealtaine, 2020, https://www.independent.co.uk/news/long_reads/bosnia-war-rape-survivors-speak-serbian-soldiers-balkans-women-justice-suffering-a7846546.html.

⁷⁹⁴ Plato, *The Republic: Book III*, Benjamin Jowett a d’aistrigh (Project Gutenberg eLeabhar, 2008), fuarthas 31 Bealtaine, 2020, <https://www.gutenberg.org/files/1497/1497-h/1497-h.htm>.

Clocha an Fhichiú hAois: An Foréigean Comhaimseartha

Ní sheasann an dá dhán seo ina n-aonar in ‘...an leoithne sa luachair...’ ach an oiread.

Go deimhin, déanann an Breathnach tagairt do roinnt de na heachtraí is foréigní a tharla

le linn an fichiú haois in ‘Clocha na haoise seo’:

rianphiléir ó mheaisínghunna

is tá corpán eile ina bhurla ag bun an fhalla

i gcathair Bheirlín

...

tá fallaí gach aon tí i Sairéavó dá leagan

is fuil na muintire á meascadh tré na spallaí

cuimhním ar an nós i measc geolaithe

clocha go n-aimsítear cumasc nua do mhianraí iontu

a ainmniú as an áit ina bhfaightear iad

é sin agus -ít a chur ina dheireadh

cad a thabharfaidh geolaithe an chéid seo chugainn

nó an chéid ina dhiaidh sin ar na clocha a aimseoidh siad

i mBeirlín agus i Sairéavó

agus ar láithreacha míle cathair eile mar iad ón gcéad seo

beirlínít

sairéivít

béarúitít

doirít

inisceithlinnít

garraístiaillít

truiceartrít

nó ar leor leo an ainm fuilít, abair.⁷⁹⁵

Ba dhlúthchuid den chogadh sa Bhoisnia é léigear Shairéavó dar ndóigh, léigear a mhair ó mhí Aibreáin 1992 go mí Feabhra 1996.⁷⁹⁶ Bhí an-chuid fuilthoirte ag baint leis an léigear sin agus leagadh teorainn idir cathair Shairéavó agus an domhan lasmuigh. Tógadh cineál falla eile i mBeirlín a roinn ardchathair na Gearmáine idir 1961 agus 1989.⁷⁹⁷ Chomh maith leis sin, rinne na hIosraelaigh ionradh ar Bhéiriút na Liobáine sa bhliain 1982. Rinneadh scrios ar chathair Bhéiriút de bharr an ionsaithe sin, de bharr an chogaidh cathrach a thit amach sa tír idir 1975 agus 1990, agus de bharr na troda leanúnaí

⁷⁹⁵ Breathnach, “Clocha na haoise seo,” in *Scáthach*, 118-119.

⁷⁹⁶ Evelyn McClafferty, “The Siege Of Sarajevo Series2 EP2,” RTÉ Voices, fuarthas 27 Meán Fómhair, 2019, <https://www.rte.ie/news/voices/2016/0808/807786-the-siege-of-sarajevo-the-scars-left-behind-series2-ep2>.

⁷⁹⁷ *Encyclopædia Britannica*, s.v. “Berlin Wall: Wall, Berlin, Germany,” fuarthas 7 Meán Fómhair, 2019, <https://www.britannica.com/topic/Berlin-Wall>.

a bhí ar siúl idir na Críostaithe agus na Moslamaigh ag an am.⁷⁹⁸ Maraíodh na mílte daoine neamhchiontacha thart timpeall na hEorpa, mar sin, i rith an fichiú haois gan cúis mhaith a bheith lena mbás. Cruthaíodh fallaí idir an chuid eile den phobal. Agus tharla an rud ceannann céanna ar an oileán seo chomh maith agus is ar na Trioblóidí a thráchtann ‘doirít’ agus ‘inisceithlinnít’ thuas. Phléasc buama de chuid an IRA Shealadaigh in Inis Ceithleann, Co. Fhear Manach i mí na Samhna 1987. Bhí comóradh ar siúl sa bhaile an lá sin le haghaidh Dhomhnach Cuimhneacháin na bPoipíní agus maraíodh aon duine dhéag, póilín san áireamh. Déanann ‘doirít’ tagairt do Co. Dhoire, contae a bhí ag croílár na dTrioblóidí ar an-chuid bealaí. Thosaigh an foréigean sa Tuaisceart i gceart le Cath Thaobh an Bhogaigh i mí Lúnasa 1969, dar le Ó Dochartaigh, cuirim i gcás, agus ba ann a thit Domhnach Fola amach i 1972. Mharaigh saighdiúirí na Breataine ceithre dhuine dhéag an lá sin agus iad ag glacadh páirte i mórshiúl síochánta ar son cearta sibhialta.⁷⁹⁹

Díríonn an Breathnach ar an teaghlach in ‘Clocha na haoise seo’ agus ar theacht randamach an bháis:

an t-athair agus mac leis i seomra ar an tríú hurlár

ag iarraidh éisteacht leis an nuacht ar an raidió

bean an athar agus bean an mhic agus a gclann iníonacha

thíos san íoslach ar fothain ón mbuamáil

téann an sliogán, mar a tharlaíonn, tré fhuinneog sa taobhfhalla

⁷⁹⁸*Encyclopædia Britannica*, s.v. “Lebanon: Civil war,” fuarthas 7 Meán Fómhair, 2019, <https://www.britannica.com/place/Lebanon/Civil-war>.

⁷⁹⁹ Niall Ó Dochartaigh, *From Civil Rights to Armalites: Derry and the Birth of the Irish Troubles*, an 2ú heagrán (Hampshire: Palgrave Macmillan, 2005), 104-114.

is pléascann i gcoinne an dorais síos 'dtí an t-íoslach

maraítear na hiníonacha is na mná thíos

ní bhaineann gortú dá laghad do mo bheirt ar urlár a trí.⁸⁰⁰

Tá íoróin ag baint leis seo go pointe agus an nuacht ag tarlú thíos faoi na fir san fhoirgneamh céanna, an bás agus an scrios ag teacht chuig a dteaghlach féin. Tá bonn meafarach leis an íomhá seo chomh maith, áfach. Is siombail í do chailliúint na soineantachta. D'fhéadfaí an foirgneamh seo in 'Clocha na hAoise seo' a léamh mar theach nó mar chorp duine; corp na bhfear go háirithe. Léiríonn an 'sliogán' agus bás na mban an scrios a dhéantar ar *anima* na bhfear agus na sochaí le linn cogáí. Ní bhíonn an éifeacht chéanna ag an bhforéigean ar an duine mar gheall air sin. Taispeánann an dán go dtógtar fallaí cloiche idir daoine ar nós an fhalla i mBeirlín: 'leagadh falla Bheirlín cúpla bliain ó shin / ach maireann na clocha i gcónaí'.⁸⁰¹ Cruthaítear scoilteanna laistigh den chomhluadar ar an gcaoi sin. Tá an aois seo briste ar nós iarsmaí Bhéiriút nó láthair bhuama Inis Ceithleann. Tá easpa grá agus cothú na mban sa tsraith dheireanach seo in *Scáthach*. Níl de dhath ar ár nua-aois ach fuil na marbh: 'fuilít'.⁸⁰² Achoimre is ea an focal sin ar an gcultúr a gcuirtear síos air in '...an leoithne sa luachair...': cultúr na fola, cultúr inar bheag an difríocht idir an bheatha agus an bás, an fhuil mar ghraifítí ar na fallaí is i measc na 'spallaí'. Tarraingíonn an bhéim a chuireann an file ar chlocha síos tríd an dán seo ar an nós bás a imirt ar dhuine le clocha. Is iad seo bunchlocha ár gcomhluadair. Is iad seo na hiarsmaí ar a dtógtar ar dtodhchaí:

nó ar leor leo an ainm fuilít, abair,

⁸⁰⁰ Breathnach, "Clocha na haoise seo," in *Scáthach*, 118-119.

⁸⁰¹ Ibid.

⁸⁰² Ibid.

ar an gcumasc nua san do mhianraí
 a fhaightear nuair a mheasctar
 coinchréit, an phéint lenar scríobhadh graifítí,
 fuil agus mún agus píosáí do chraiceann daoine
 luaidhe ó philéir na meaisínghunnaí, abraimís,
 agus smionagar éigin d'aislingí na saoirse
 a phléasctar arís agus arís eile

ar leor an focal fuilít

mar ainm ar chlocha na haoise seo.⁸⁰³

Cén fáth go bhfuil na tubaistí thuasluaite tábhachtach don chnuasach uilig, áfach? Tarraingíonn siad aird ar chúrsaí reatha idirnáisiúnta. Níos mó ná sin, áfach, tugann siad an spás don léitheoir é féin nó í féin a fheabhsú, a (h)anam a chothú, léargas nua a fháil ar an domhan agus air/uirthi féin. Ní hé feidhm an fhile gníomhartha a dhéanamh, ach díreach gnéithe éagsúla den saol a phlé agus a cheistiú. Tá sé ann chun súile an léitheora a oscailt, chun íomhánna a dhathú dóibh. Is faoin léitheoir atá sé dul i ngleic leis an méid a léann sé/sí sa dán; na céadfaí uilig a úsáid chun na focail a bhlaiseadh agus chun a leoithne a sheoladh ar aghaidh:

léigh an focal go mall mín macánta

⁸⁰³ Ibid.

tá sneachta trom á thuar agus

tá sé ag tórmach cogaidh sa domhan toir

bain ceol as fiú mara gcloiseann tú féin é

titeann báisteach mhín go fóill

is líontar srutháin sléibhe le glór

lig don dá shiolla sileadh thar do bheola

ach tá bia gann i dtíortha i gcéin

is tá an ghrian ag éirí níos teo

go sile na siollaí leis an leoithne.⁸⁰⁴

‘Léigh’ focail na ndánta seo, a deir pearsa an dáin, go bhfaigheann tú ‘radharc’ ar na príosúnaigh san Áis, ar an gcailín ‘atá á héigniú anseo in Éirinn’ agus ar an mairnéalach a mharaíonn míol mara sa tSeapáin. Léigh iad go dtagann tuiscint ort. Sin an

⁸⁰⁴ Breathnach, “Don léitheoir,” in *Scáthach*, 114-115.

teachtaireacht a chuireann an Breathnach roimh an lucht léitheoireachta in ‘Don léitheoir’. De réir an dáin, cruthaíonn an ealaín spás dúinn inar féidir linn muid féin mar phobal a mheas, inar féidir linn foghlaim faoi dhaoine eile. Más fíor sin, an ionann an fhilíocht agus an bholscaireacht uaireanta? An bhfeidhmíonn sí mar ardán do thuairimí daoine ar leith? B’fhiú aird a thabhairt ar a ndúirt Ó Cadhain i leith an ghaoil idir an ealaín agus an saol: ‘ní hí fírinne na cumadóireacht, na healaíne, fírinne an tsaol’.⁸⁰⁵ De réir ráiteas sin Uí Chadhain, ní hionann an ealaín agus an saol, ach tá gaol eatarthu mar sin féin. Caitheann siad solas agus scáth ar a chéile. In ‘Don léitheoir’, deirtear gur cheart don léitheoir dul i ngleic leis an gcuid sin den saol nach bhfuil taithí aige/aici uirthi: ‘bain ceol as fiú mara gcloiseann tú féin é’.⁸⁰⁶ Ní hionann fírinne an dáin don léitheoir, mar sin, agus fírinne an tsaol. Ardaíonn an méid sin ceisteanna faoi iontaofacht na bhfilí agus faoi iontaofacht an dáin. Ardaíonn sé ceisteanna faoi ról an léitheora chomh maith: ar chóir don léitheoir íomhánna a shamhlú ón ‘domhan toir’ mura bhfuil taithí aige/aici ar a leithéid, mura gcloiseann siad ‘ceol’ an chogaidh?

Conclúid

Sa chaibidil dheireanach seo, rinneadh iniúchadh ar an gcaidreamh idir scríbhneoir agus léitheoir mar a léiríonn Colm Breathnach é sa tsraith dheireanach dánta in *Scáthach*. Scrúdaíodh samhail an scríbhneora mar ‘ailtire’ a chuireann gormchló nó creatlach na ndánta ar fáil do léitheoirí timpeall an domhain; agus scrúdaíodh na léitheoirí sin mar na tógálaithe a thugann beocht is brí don ghormchló céanna. Ní mór an difear idir an scríbhneoir agus an léitheoir ach oiread; go deimhin, déantar léitheoir den fhile féin in

⁸⁰⁵ Ó Cadhain, ‘*Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca*’, 10.

⁸⁰⁶ Breathnach, “Don léitheoir,” in *Scáthach*, 114-115.

‘...an leoithne sa luachair...’. Pléadh téamaí an bháis agus an fhoréigin i gcomhthéacs domhanda anseo chomh maith. Rinneadh anailís ar éigniú na mban agus ar an éigniú mar uirlis cogaidh in ‘Teifeach’, dán a labhraíonn faoin gcogadh sa Bhoisnia. Anuas air sin, rinneadh plé ar lear mór de na heachtraí foréigneacha a tharla le linn an fhichiú haois. Tagann siad go láidir chun cinn in ‘...an leoithne sa luachair...’ agus iad mar chuid lárnach de stair agus oidhreacht an phobail dhomhanda inniu. Ar deireadh, pléadh dualgas nó cumas an fhile dul i ngleic leis an oidhreacht fhuilteach sin agus an méid freagracht shóisialta a bhíonn ar lucht léitheoireachta na filíochta.

Roinn 3: Conclúid

Cnuasach is ea *Scáthach* atá fréamhaithe go domhain in oidhreacht liteartha na tíre seo. Téann sé i ngleic le cruachásanna an duine aonair agus leis an gcaidreamh idir file agus teanga. Ach is cnuasach é a dhíríonn ar ról na filíochta sa tsochaí chomh maith.

I gCaibidil a hAon sa Roinn seo, rinneadh anailís ar úsáid na miotaseolaíochta in *Scáthach* agus ar an inspioráid taobh thiar den chnuasach. Scrúdaíodh na cosúlachtaí idir saothar seo an Bhreathnaigh agus saothar Shomhairle MhicGhill-Eain mar chuid de sin, agus rinneadh plé ar na macallaí a bhaineann *Scáthach* as mórshaothar de chuid na nGael: *Táin Bó Cuailnge*.

Pléadh na pearsana éagsúla a úsáideann an file ó *Táin Bó Cuailnge* sa dara cuid den chaibidil seo. Is leis an gcéad trí shraith dánta in *Scáthach* a bhain an plé sin: ‘...an oíche fhada úd...’, ‘...ar iomall na críche...’ agus ‘...cómhrá scáile...’. Rinneadh iniúchadh géar ar thábhacht na mban agus na máthar, ag díriú ar an gcaoi ar úsáid an Breathnach banlaochra na *Tána* agus traidisiún miotaseolaíochta na Gaeilge leis an gcaidreamh idir file agus teanga a cheistiú. Ar deireadh, tháinig tábhacht an athar chun cinn in athuair in ‘Tuigim anois do Chú Chulainn’. Ar an gcaoi sin, cuireadh tús le scrúdú níos doimhne ar théama an teaghlaigh in *Scáthach*.

I gCaibidil a Dó, rinneadh mionanailís ar an gceathrú sraith dánta in *Scáthach*: ‘...go n-imíonn i léig...’. Scrúdaíodh amhras an fhile i leith fhiúntas na teanga sa chaibidil seo. Labhraíodh faoi fhile a bhí ag cailliúint a chreidimh ina mháthairtheanga agus é ag iarraidh déileáil leis an bhfolús mór millteach a chruthaigh an bás ina shaol. D’fheidhmigh an teanga mar scáthán nó mar ghrianghraf ar chúrsaí pearsanta teaghlaigh i ndánta na sraithe seo. Rinne sí iarracht fráma a chur thart timpeall an bháis, an chaointe

agus mheath an choirp; rinne sí iarracht brí a thabhairt ar? shaol pearsanta an duine. Agus theip uirthi in ‘...go n-imíonn i léig...’. Fágadh an Breathnach mar fhile gan sprioc.

Ar deireadh, rinneadh iniúchadh i gCaibidil a Trí ar shraith dheiridh an chnuasaigh: ‘...an leoithne sa luachair...’. Pléadh an caidreamh idir léitheoir agus file, file a chruthaíonn teampall an dáin agus léitheoir a líonann an teampall sin le brí. Rinneadh anailís ar an tionchar a imríonn eachtraí reatha an tsaoil ar ábhar na ndánta in *Scáthach* chomh maith. Pléadh an gcaoi a dtarraingíonn an Breathnach aird ar chruachás na mban, cuir i gcás, agus ar eachtraí foréigneacha a tharla san fhichiú haois. Leagann an fhilíocht seo freagracht ar an léitheoir todhchaí níos fearr a thógáil i ndiaidh scriosadh na bpiléar agus cairn na gcorp. Tugann sé ár ndúshlán súil a chaitheamh chun tosaigh go dóchasach: ‘chíonn an chuil fallaí adóibe an stábla / is tré pholl sa díon an spéir, an infinid’.⁸⁰⁷

⁸⁰⁷ Breathnach, “An tsúil,” in *Scáthach*, 120.

‘Titeann na peitil silíní...’:⁸⁰⁸ Conclúid an tráchtais

Sa tráchtas seo, bhí sé mar aidhm agam súil ghéar a chaitheamh ar shaothar filíochta Choilm Bhreathnaigh. Dhírigh mé ar na téamaí agus na híomhánna is mó a thagann aníos ina chuid dánta agus ar an bhfealsúnacht laistiar dóibh siúd. Is tráthúil an tionscadal é mar is file mór substaintiúil é nach bhfuil aon saothar cuimsitheach critice tiomnaithe dá chuid filíochta fós. Mar sin, déanann an tráchtas seo iarracht an bhearna mhór sin a líonadh, cuid éigin. Is dlúthchuid de chultúr folláin litríochta in aon teanga é go mbeadh monagraif á scríobh faoi na scríbhneoirí is fearr agus is bisiúla. Tá sin níos práinní arís i bhfearann na Gaeilge. Tá súil agam go spreagfaidh an tráchtas seo tuilleadh díospóireachta faoi Cholm Breathnach i measc léitheoirí na Gaeilge.

Thosaigh an tráchtas seo le plé ar luathshaothar Choilm Bhreathnaigh. Go deimhin, ba é ‘An Roth’, dán a foilsíodh in *Croí agus Carraig* (1995), a chuir fráma agus comhthéacs ar fáil don chéad chaibidil. Chuir mé ceist romham ag tús an taighde seo faoi fhréamhacha an fhile agus faoin bhfáth a ndeachaigh sé i mbun pinn an chéad lá. Thug ‘An Roth’ léargas luachmhar dúinn ar na fréamhacha sin agus ar na coimhlintí éagsúla ina chuid filíochta. Sa chaibidil sin, pléadh tábhacht an teaghlaigh don fhile, agus go háirithe an tionchar a bhí, is atá, ag Seán Breathnach agus Eithne Breathnach ar a shaol agus ar a shaothar. Rinneadh plé níos leithne ansin ar aircíopa na máthar, agus ar an idirghníomhú idir í agus an mhaighdean in ‘An Roth’.

Is léir gur cuid lárnach den ghníomh filíochta, mar a thuigeann Colm Breathnach é, é an grá. Is léir sin ón mbéim a chuireann sé ar chomhluadar sna dánta féin: an grá atá aige dá thuismitheoirí is dá chairde; an grá rómánsúil atá aige do Mary agus don teanga; agus an briseadh croí a thagann air nuair a thiteann caidrimh mar sin as a chéile. Bhunaigh an

⁸⁰⁸ Breathnach, “Ceacht,” in *Dánta’ Agus Dánta Eile*, 30.

Breathnach ‘An Roth’ ar an mbriseadh croí sin: eispéireas pianmhar atá fite fuaite leis an ngrá. Bíonn rian an éadóchais le brath ar an ngrá i bhfilíocht Choilm Bhreathnaigh mar thoradh. Is léir sin sna dánta ina labhraíonn sé faoin mbás. Bíonn blas na cailliúna ar an gcaidreamh idir athair agus a mhac, cuirim i gcás, caidreamh atá lárnach, ní hamháin in *An Fear Marbh* (1998), ach ina luathshaothar ar fad. Tagann téama an bháis nó na cailliúna i dtreis lasmuigh den chaidreamh sin chomh maith, áfach. Feictear é in ‘In Giuncheto’ nó ‘Pócaí Folmha’, cuirim i gcás, dánta ina labhraíonn an file faoi bhás a chairde agus a chomhfhilí. Samhlaíonn an file a bhás féin fiú in amanna, mar a chonacthas in *Chiaroscuro* (2006) agus in *Scáthach* (1994) araon. Pléadh imeacht an ama sa chomhthéacs seo, ag déanamh comparáide idir an t-am stairiúil agus am na samhlaíochta. Ar deireadh, d’ardaigh ‘An Roth’ ceist faoi nádúr na teanga agus faoin ngaol a bhíonn idir í agus an file. Thug an chéad chaibidil struchtúr don tráchtas ar fad, mar sin. Sa chaibidil sin, rinneadh anailís leathan ar chúlra an fhile féin agus ba inti a leagadh amach príomhsmaointe an taighde seo.

Sa chuid eile den tráchtas, díríodh ar an ngaol idir an file, an teanga agus an léitheoir go príomha. Rinneadh anailís chuimsitheach ar dhá chnuasach ar leith de chuid Choilm Bhreathnaigh sa dara agus sa tríú caibidil faoi seach: sin iad *Chiaroscuro* agus *Scáthach*. I gCaibidil a Dó, rinneadh iniúchadh ar íomhá na súile in *Chiaroscuro*. Caitheadh súil ar aireachtáil an duine agus ar an gcaoi a ndéantar léitheoir den fhile faoi dheireadh. Bhain an Breathnach úsáid as siombail an teampaill Ghréagaigh le breithiúnas a thabhairt ar ról an fhile sa saothar ealaíne agus ar an bhfolús a bhíonn ‘i gcroí an dáin’. Cuireadh béim mhór ar nádúr an tsaothair ealaíne sa chnuasach áirithe seo, mar ba léir sa téarma ‘chiaroscuro’ féin. Bíonn sé de dhualgas ar an gcritic freagra a thabhairt ar an saothar agus, dá bharr, nádúr na healaíne a mheas i gcás *Chiaroscuro*. B’shin a rinneadh sa dara caibidil seo.

Is ar *Scáthach* a díríodh sa chaibidil dheireanach, cnuasach ina bhfuil cumhacht na mban ina théama lárnach. Samhlaíodh an caidreamh idir file agus teanga mar chaidreamh idir máthair agus leanbh anseo. Arís, tháinig aircitíopa na máthar i dtreis in *Scáthach*, ag déanamh macalla leis ‘An Roth’ i gCaibidil a hAon.

An cheist is mó a tháinig aníos agus mé i mbun taighde ná an tslí a ndéanann an file seo idirdhealú idir an teanga agus an Bhé. Go deimhin, tagann an cheist sin aníos i dteideal an tráchtais seo: ‘Ní sa Bhé a chreidim ach sa bhféith’. Cuireann an Breathnach béim láidir ar an saothar a bhíonn ag teastáil ó cheird na filíochta agus tá sé ríshoiléir nach dtaitníonn an téarma sin ‘Bé’ leis. Is cinnte nach mbeadh sé ar aon tuairim le Bidy Jenkinson a rinne trácht ar ‘Mhór-Ríon’ na filíochta agus ar ‘spiorad na héigse’ in *Feasta* ag casadh na mílaoise.⁸⁰⁹ Ach, má tá bé ar bith ag Colm Breathnach is ionann í agus an teanga. Agus is ionann an teanga, dar leis, agus cuisle nó buille gan choinne a chuireann beocht ionainn. Tosaíonn cuisle nó ‘féith’ na filíochta le grá an chroí. Is leis an teanga agus leis an ngrá, mar sin, a thosaíonn gach rud sa saol seo agus is astu a eascraíonn an fhilíocht. Le filleadh ar na focail a chuir tús leis an taighde seo: ‘Freagraíonn tú don saol tríd an teanga ... má tá tú ag gabháil don teanga tá tú ag gabháil don fhilíocht.’⁸¹⁰ Osclaíonn ráiteas mar seo doras na filíochta don ghnáthléitheoir agus níl amhras ach go bhfáiltíonn dánta an Bhreathnaigh roimh gach aon duine. Cuireann an saol leis an bhfilíocht mar a chuireann an fhilíocht leis an saol.

Cé go dtosaíonn *Scáthach* le plé inmheánach idir an file agus an teanga, is ar an tsochaí thart timpeall an fhile a chaitheann sé súil i dtreo dheireadh an chnuasaigh. Déantar léitheoir den fhile in ‘...an leoithne sa luachair...’, claochlú a ligeann dó eachtraí reatha an tsaoil a mheas laistigh den chnuasach. Tarraingíonn an Breathnach pictiúr gruama den

⁸⁰⁹ Jenkinson, “Nuafhilíocht na Gaeilge i dtreo na Mílaoise,” *Feasta* (Eanáir 2000): 10–13.

⁸¹⁰ Colm Breathnach (faoi agallamh ag Eimear Nic Commhaic), 21 Deireadh Fómhair, 2016.

domhan: pobail scriosta ag an bhforéigean is ag an bhfuarchúis, corpáin ina luí sa láib. Tarraingíonn sé pictiúr de phobail a mhaireann laistigh de theorainneacha is d'fhallaí agus pobail a bhfuil dearcadh teoranta acu dá bharr. Leis an gcur síos seo, fuarthas léargas ar an bhfreagracht a bhíonn ag an léitheoir sa saothar ealaíne. An dualgas a bhíonn air/uirthi éisteacht le fuaim na filíochta, féachaint ar íomhánna na ndánta agus tuiscint níos doimhne a shaothrú ar staid na sochaí ina thimpeall. Ar an taobh eile, ba cheart don ealaín iallach a chur ar an léitheoir na fallaí a leagan agus blaiseadh a thabhairt dó d'fhéidearthachtaí na 'hinfinide'.⁸¹¹

Tá saothair próis scríofa ag Colm Breathnach chomh maith, dar ndóigh. Foilsíodh *Con Trick "An Bhalla Bháin"*, úrscéal leis, sa bhliain 2009 cuirim i gcás agus tá iliomad alt scríofa aige i bhfoinsí éagsúla. Rinne mé cinneadh gan na saothair sin a chur sa chuntas sa tráchtas seo ach ba mhór an fiúntas a bheadh ina leithéid de thaighde. I bhfianaise a bhfuil ráite agam faoin mbás agus faoi ról an fhile ó thus deireadh an tráchtais, bheadh sé an-suimiúil iniúchadh a dhéanamh ar *Con Trick "An Bhalla Bháin"* agus comparáid a dhéanamh idir é agus mórshaothar Roland Barthes: 'La mort de l'auteur'. Braithim féin go bhféadfaí cosúlachtaí a léiriú chomh maith idir bás an údair, nó 'Aodh de Ráth', sa saothar próis agus dán ar nós 'Teora' ina samhlaíonn an file a bhás féin. B'fhiú go mór anailís níos doimhne a dhéanamh ar a shaothar neamhfhicsin freisin: Léacht Uí Chadhain, cuirim i gcás, a thug sé in 2010 agus a foilsíodh in *Feasta* an bhliain dar gcionn,⁸¹² nó 'Language itself', alt a scríobh sé faoin teanga i bhfoilseachán Amal Chatterjee.⁸¹³ Cé go bhfuil tagairt ghairid déanta agam do na foinsí seo in áiteanna ar leith sa tráchtas seo,

⁸¹¹ Breathnach, "An tsúil," in *Scáthach*, 120.

⁸¹² Breathnach, "Idir Dhá Ainm – nó Fás an Údair: Léacht Uí Chadhain, Cuid 1," in *Feasta* 64, uimh.4 (2011).

⁸¹³ Breathnach, "Language itself," 113-137.

b'fhiú amach anseo iniúchadh níos iomláine a dhéanamh ar a bhfuil iontu. Ach is tionscadail iad sin do lá éigin eile.

Ba é príomhspríoc an taighde seo ná cur chuige an Bhreathnaigh i leith na filíochta a shoiléiriú. File grá is ea Colm Breathnach agus is mar sin a aithnítear go forleathan é i measc léitheoirí na Gaeilge. Bhí sin le feiscint sa chaoi a labhraíonn sé faoi Mary, a bhean chéile, sa chaoi a labhraíonn sé faoin teanga agus sa chaoi a gcaitheann sé lena theaghlach sna dánta. Ach bíonn blas an éadóchais le sonrú go minic ar an ngrá céanna, scáth a leathnaíonn amach thar beocht na gcuidreamh sin ar fad.

Ina ainneoin sin ar fad, áfach, braithim go mbíonn an bua ag an ngrá i gcónaí faoi dheireadh. Gur inti a fhaigheann an file cothromaíocht idir an solas agus an dorchadas. Ach fágfaidh mé an focal deireanach faoin mBreathnach féin:

‘Ceacht’

Titeann na peitil silíní

Ar fuaid na sráide

Faoi mar a bheifí á rá linn

Ná fuil an saol dubh is bán

Ach bán agus dearg

Agus bándearg.⁸¹⁴

⁸¹⁴ Breathnach, “Ceacht,” in *‘Dánta’ Agus Dánta Eile*, 30.

Aguisín 1: Saothair Choilm Bhreathnaigh

Saothair Choilm Bhreathnaigh

- Breathnach, Colm. *Cantaic an Bhalbháin*. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1991.
- Breathnach, Colm. *An Fearann Breac*. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1992.
- Breathnach, Colm. *Scáthach*. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1994.
- Breathnach, Colm. *Croí agus Carraig*. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1995.
- Breathnach, Colm. *An Fear Marbh*. Indreabhán, Conamara: Cló Iar-Chonnachta, 1998.
- Breathnach, Colm, agus Andrea Nic Thaidhg. *Cat agus Luch*. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2000.
- Breathnach, Colm. “Leanfar De.” In *Günter Grass: "Fortsetzung folgt" "To be continued" "Leanfar de". The Nobel Lecture. Trilingual Edition*, Hans-Christian Oeser agus Marco Sonzogni eag. Baile Átha Cliath: Cumann Aistriitheoirí agus Ateangairí na hÉireann, 2002.
- Breathnach, Colm. *Chiaroscuro*. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2006.
- Breathnach, Colm. *Rogha Dánta: 1991-2006*. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2008.
- Breathnach, Colm. *Con Trick "An Bhalla Bháin"*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2009.
- Breathnach, Colm. “Idir Dhá Ainm – nó Fás an Údair: Léacht Uí Chadhain, Cuid 1.” *Feasta* 64, uimh. 4 (Aibreán, 2011): 19-22.
- Breathnach, Colm. “Léacht Uí Chadhain (Cuid 2): Idir Dhá Fhocal nó Spás an Údair agus Idir Dhá Aigne nó Cás an Údair.” *Feasta* 64, uimh. 5 (Bealtaine, 2011): 27-34.
- Breathnach, Colm. *'Dánta' agus Dánta Eile*. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2012.

Breathnach, Colm. "Language itself." In *Creative Writing: Writers on Writing*, Amal Chatterjee eag., 113-137. Suffolk, Sasana: Creative Writing Studies, 2014.

Breathnach, Colm. *Tírdhreacha*. Baile Átha Cliath: *LeabhairCOMHAR*, 2015.

Breathnach, Colm. "Ceist, Cé a Dhíolfaidh Dán?" In *Litríocht na Gaeilge ar Fud an Domhain: Critic, Cultúr agus Comhthéacs Comhaimseartha*, Imleabhar II.

Ríona Nic Congáil, Máirín Nic Eoin, Meidhbhín Ní Úrdail, Pádraig Ó Liatháin agus Regina Uí Chollatáin, eag., 343-360. Baile Átha Cliath: *LeabhairCOMHAR*, 2015.

Aguisín 2: Dánta le Colm Breathnach a foilsíodh in *Innti*

***Innti* 4 (1980). Michael Davitt eag. Proinsias Ní Dhorchaí agus Gabriel Rosenstock, eagarthóirí comhairleacha.**

“Sámhchodladh,” 22.

“Lá,” 23.

***Innti* 9 (1985). Michael Davitt eag. Louis de Paor, eagarthóir cúnta.**

“Cbl. 29, An Dréacht Déanach,” 16.

“Sceon Mór Millteach i dTábhairne Beag Istoíche,” 17.

***Innti* 10 (1986). Michael Davitt, eag. Louis de Paor, eagarthóir cúnta.**

“Tréigint,” 10.

***Innti* 11 (1988). Michael Davitt, eag. Louis de Paor, eagarthóir cúnta.**

“do chúnna,” aistriúchán ar “do choin” le hAonghas MacNeacail, 46.

“ar mhóinteach an tsealgair,” aistriúchán ar “air féith an t-sealgair” le hAonghas MacNeacail, 47.

“an túr cailte,” aistriúchán ar “an tùr cailte” le hAonghas MacNeacail, 48.

***Innti* 12 (1989). Louis de Paor, eag.**

“An Dochtúir MacLachlainn,” aistriúchán ar “An Dotair MacLachlainn” le Somhairle Mac Gill-Eain, 9-10.

“Macha,” 21.

“Rite of Spring,” 21.

“An Fear a Chuaigh ’dtí an Astráil,” aistriúchán ar “Am Fear a Chaidh a Dh’Australia”

le hIain Mac a’ Ghobhainn, 17.

“Na Bundúchasaigh,” aistriúchán ar “Na hAborigines” le hIain Mac a’ Ghobhainn, 17.

“An Sioc,” aistriúchán ar “An Reothadh” le hIain Mac a’ Ghobhainn, 18.

“Muintir na mBád,” aistriúchán ar “Muintir nan Eathraichean” le hIain Mac a’

Ghobhainn, 18.

“San Astráil,” aistriúchán ar “Ann an Australia” le hIain Mac a’ Ghobhainn, 19-20.

Inntí 13 (1990). Louis de Paor, eag.

“Sir Cecil Stafford King Harmon,” 55.

“Ba chlos dom cór,” 55.

“Seanamhrán,” 56.

Inntí 14 (1994). Michael Davitt, eag. Colm Breathnach, eagarthóir cúnta.

“Fál gan Ghort,” 43.

“An tSúil,” 44.

“Teifeach,” 45-46.

“Faradh,” 46.

“Sna Muilte Púdair Ár mBeirt,” 47-48.

Inntí 15 (1996). Michael Davitt, eag. Colm Breathnach, Bríona Nic Dhiarmada agus Gabriel Rosenstock, eagarthóirí cúnta.

“An Fear Marbh,” 15-16.

“Fíon Baile,” 16.

“Corcaíoch ag Moladh Bhleá’ Cliath,” 17.

“In Giuncheto,” 18.

Aguisín 3: Dánta, gearrscéalta agus aistriúcháin le Colm Breathnach a foilsíodh in irisleabhair agus cnuasaigh eile

Delanty, Greg, eag. *The Quarryman*. Corcaigh: Students' Union UCC, Nollaig 1980.

“After-Taste,” 19.

“Samhchodladh,” 32.

“Geis,” 32.

“Through the last coma,” 33.

Delaney, John, eag. *The Quarryman*. Corcaigh: Students' Union UCC, Aibreán 1983.

“Domhnach Pailme,” 26.

“Éanlathas,” 26.

Ó Cearúil, Micheál, eag. *Comhar* 43, uimh. 6 (Meitheamh, 1984).

“Bróga Nua,” 23.

“Éanlathas,” 23.

“Filleadh,” 23.⁸¹⁵

“Tearnamh Aonair,” 23.

Kiberd, Declan, agus Gabriel Fitzmaurice, eag. *An Crann Faoi Bhláth: The Flowering Tree*. Baile Átha Cliath: Wolfhound Press, 1991.

“Éanlathas / Birdways,” 306-309. Colm Breathnach a d’aistrigh.

⁸¹⁵ Déantar taifead ar an dán seo mar ‘Pilleadh’ san *Innéacs* foilsithe.

Davitt, Michael, agus Iain MacDhòmhnaill a bhailigh. *Sruth na Maoile: Modern Gaelic Poetry from Scotland and Ireland*. Baile Átha Cliath/Dùn Èideann: Coiscéim/Canongate Press, 1993.

“Macha (For Mary) / Macha (Do Mhary),” 6-7. Gabriel Rosenstock a d’aistrigh.

“Liz (in Autumn) / Lís (sa bhFómhar),” 8-9. Colm Breathnach a d’aistrigh.

“Choirmaster / Stiúrthóir Cóir,” 8-9. Colm Breathnach a d’aistrigh.

Mac Fhearghusa, Pádraig, eag. *Feasta 49*, uimh. 7 (Iúil 1996).

“In Aghaidh Nádúir,” 22.

de Paor, Louis, eag. *Leabhar Sheáin Uí Thuama*. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1997.

“Oíche Mhaith, a Bhastaird,” 166-167.

“An croí,” 168.

“Madonna,” 169-170.

“Nóibhíseach,” 171.

“Cloigeann an fhile,” 172.

“Bóthar Bhaile Uí Áinle: Tráthnóna Babhlála,” 174-175.

Póirtéir, Cathal, eag. *Éigse an Aeir*. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1998.

“An Fear Marbh,” 21-22.

“Oíche Mhaith, a Bhastaird,” 22-23.

“Rian,” 24.

Rosenstock, Gabriel, eag. *Treasury of Irish Love: Poems, Proverbs & Triads*. Nua-Eabhrac: Hippocrane Books, 1998.

“Macha (Do Mhary) / Macha (For Mary),” 140-141. Gabriel Rosenstock a d’aistrigh.

Ó Cearúil, Micheál, eag. *An Aimsir Óg*. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1999.

“Súilíocht ar Chasadh an Mhíle,” 8-11.

***Teanga Bheo: A living language*. Baile Átha Cliath: Comhar na Múinteoirí Gaeilge, 1999.**

“Teacht aníos,” 13.

“An Fear Marbh,” 14-15.

“An croí,” 15.

“Línte Tite,” 16.

Denvir, Gearóid, eag. *Duanaire an Chéid*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 2000.

“Dán do Scáthach,” 42-43.

“Gráinne agus Diarmaid,” 44-45.

“Macha,” 46.

Ó Cearúil, Micheál, eag. *An Aimsir Óg: Cuid a hAon*. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2000.

“Móimint i bPáirc an Fhionnuisce, 1757,” 41-44.

“Seanchas Dinny,” 47-56.

“2016,” 193.

“Móimint i stair thraidisiúin nó Scéal Phóbaire an Éanphoirt,” 347-350.

“An Falla Bán,” 469-474.

Ó Dúill, Greagóir, eag. *Fearann Pinn: Filíocht 1990-1999*. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2000.

“Lá,” 380.

“Éanlathas,” 381.

“Ar an Loing seo,” 382.

“Haiku,” 383.

“An phóg dhéanach,” 384.

“Láchtaint san otharlann,” 385.

“An Fear Marbh,” 386.

Ó hUiginn, Ruairí, agus Liam Mac Cóil, eag. *Bliainiris 2001*. Ráth Cairn: Carbad, 2001.

“Dia sa Tigh seo,” 141-144.

Maclean, Malcolm, agus Theo Dorgan, eag. *An Leabhar Mòr: The Great Book of Gaelic*. Baile Átha Cliath: The O’Brien Press, 2002.

“Dán do Scáthach / A Poem to Scáthach,” 150 agus 252. Colm Breathnach a d’aistrigh.

Gorman, Rody, eag. *An Guth 2*. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2004.

“A’ Phóg mu Dheireadh,” 4-5.

“Miorbhailean,” 6.

Ó hUiginn, Ruairí, agus Liam Mac Cóil, eag. *Bliainiris 2004*. Ráth Cairn: Carbad, 2004.

“Móimint os Comhair na Teilifíse nó Cruinní Comhthreomhara nó An Aibhéis,” 137-143.

***The Shop 19*. Baile Átha Cliath: Fómhar/Geimhreadh, 2005.**

“Pócaí Folmha,” 12-13.

Gorman, Rody, eag. *An Guth 4*. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2006.

“Ar “Gabháil Chríost” le Caravaggio i nDánlann Náisiúnta na hÉireann,” 3-5.

“Aon oíche,” 6.

“fás,” 7.

“Manaigh,” 8.

***Irish Pages: a journal of contemporary writing*. Imleabhar 6, uimh. 1 (2009).**

“An Grá a Thugais dom Inné...,” 181.

“An Leabhar Ársa,” 181-2.

“Ná Cuir Ainm Air Seo, Uimh. 2,” 182-3.

“Ó Thuaidh,” 184.

***The Shop 30*. Baile Átha Cliath: Samhradh, 2009.**

“An lacha / The duck,” 14. Gabriel Rosenstock a d’aistrigh.

“Aigéan / Ocean,” 54. Colm Breathnach a d’aistrigh.

Nic Eoin, Máirín, eag. *Gaolta Gairide: Rogha dánta comhaimseartha ar théamaí óige agus caidrimh teaghlaigh*. Baile Átha Cliath: Cois Life, 2010.

“An Croí,” 103.

“Sámhchodladh,” 124.

“Oíche Mhaith, a Bhastaird,” 125-126.

“An Foclóirí,” 127-128.

“Tuigim Anois do Chú Chulainn,” 129.

O’Mahony, Jill M., agus Mícheál Ó hAodha, eag. *The Willow’s Whisper: A Transatlantic Compilation of Poetry from Ireland and Native America*. Newcastle-upon-Tyne: Cambridge Scholars Publishing, 2011.

“Colm Breathnach,” 176.

***Prairie Schooner 85, uimh. 4*. Nebraska: University of Nebraska Press, Geimhreadh, 2011.**

“An Eochair / The Key,” 64. Colm Breathnach a d’aistrigh.

“Ó Thuaidh! / Brava!,” 65. Colm Breathnach a d’aistrigh.

***Shine On: Irish Writers for Shine*. Baile Átha Cliath: The Dedalus Press, 2011.**

“An Ní Sin / That Matter,” 31-32. Colm Breathnach a d’aistrigh.

“Dán Cam / Crooked Poem,” 33-34. Colm Breathnach a d’aistrigh.

Powici, Chris, eag. *Northwords Now 20*. Dunblane: Northwords, Earrach, 2012.

“Faid Shráid Fhaid / Along Long Street,” 3. Colm Breathnach a d’aistrigh.

Dorgan, Theo, eag. *What We Found There: Poets Respond to the Treasures of the National Museum of Ireland – Ard-Mhúsaem na hÉireann*. Baile Átha Cliath: Dedalus Press, 2013.

“Long / The Ship,” 34-37. Colm Breathnach a d’aistrigh.

Cotter, Patrick, eag. *Poetry from Ireland*. Eagrán XXIV (Nollaig 2016).

“Radharc Beo,” 24-26.

“Life Scene,” 27-29. Colm Breathnach a d’aistrigh.

de Paor, Louis, eag. *Leabhar na hAthghabhála: Poems of Repossession*. Indreabhán agus Northumberland: Cló Iar-Chonnacht agus Bloodaxe Books, 2016.

“Tréigean / Abandonment,” 452-453. Mary O’Donoghue a d’aistrigh.

“Macha / Macha,” 454-455. Mary O’Donoghue a d’aistrigh.

“Ba chlos dom cór / I heard a choir,” 456-457. Mary O’Donoghue a d’aistrigh.

“Nóibhíseach / Novice,” 458-459. Mary O’Donoghue a d’aistrigh.

“An croí / The heart,” 460-461. Mary O’Donoghue a d’aistrigh.

“*Madonna / Madonna*,” 462-463. Mary O’Donoghue a d’aistrigh.

“Gorta / Famine,” 464-465. Mary O’Donoghue a d’aistrigh.

“An fear marbh / The dead man,” 466-467. Mary O’Donoghue a d’aistrigh.

Rosenstock, Tristan, eag. *Comhar 76*, uimh. 10 (Deireadh Fómhair 2016).

“Dialachtaic,” 18.

Boland, Eavan, eag. *Poetry Ireland Review 122*. Baile Átha Cliath: 2017.

“The Listeners,” 117.

Aguisín 4: Dánta le Colm Breathnach atá ar fáil ar líne

ConnotationPress.com: An Online Artifact Eagrán VI, Imleabhar X (Nollaig, 2011).

<https://www.connotationpress.com/featured-guest-editor/december-2011/1156-colm-breathnach-poetry>.

“Sneachta / Snow.” Colm Breathnach a d’aistrigh.

“Siúil Leat / Walk.” Colm Breathnach a d’aistrigh.

“Nebraska / Nebraska.” Colm Breathnach a d’aistrigh.

Poemhunter.com, s.v. “Colm Breathnach Poems.”

<https://www.poemhunter.com/colm-breathnach/poems/>. Tá físeán ar fáil le taobh na ndánta seo.

“Border.”

“Through the Speckled Land.”

“Good Night, Ya Bastard.”

“If you could see her after drinking wine.”

“Poem ‘300’.”

Poetry International, s.v. “Colm Breathnach (Ireland, 1961).”

<https://www.poetryinternational.org/pi/site/poet/item/8675/30/Colm-Breathnach>.

“Teora / Border.” Colm Breathnach a d’aistrigh.

“Trén bhFearann Breac / Through the Speckled Land.” Colm Breathnach a d’aistrigh.

“Dán ‘300’ (is a seacht) / Poem ‘300’ (and seven).” Colm Breathnach a d’aistrigh.

“Oíche Mhaith, a Bhastaird / Good Night, Ya Bastard.” Colm Breathnach a d’aistrigh.

“Dá gCífeá í tar éis Fíon a dh’Ól... / If you could see her after drinking wine...”. Colm Breathnach a d’aistrigh.

***Portráidí na Scríbhneoirí Gaeilge*, s.v. “Colm Breathnach.”**

<https://portraidi.ie/ga/colm-breathnach/>.

“An Leabhar Ársa.” Tá fuaimrian ar fáil don dán seo ar an suíomh chomh maith.

***Southword: New Writing from Ireland*. Eagrán 22, 2009.**

http://www.munsterlit.ie/Southword/Issues/22/breathnach_colm.html

“Gan.”

***The Poetry Project: poetry and art from Ireland*. Suíomh Idirlín.**

<http://thepoetryproject.ie/poems/an-gra-fergal-mccarthy-an-gra-colm-breathnach/?video=skip>.

“An Grá / Love.” Colm Breathnach a d’aistrigh. Tá físeán ar fáil le taobh an dáin seo.

“Colm Breathnach: Gälische Lyrik.” *Via Regia: Blätter für internationale kulturelle Kommunikation* 54/55 (1998). PDF ar líne.

https://www.viaregia.org/bibliothek/pdf/heft5455/breathnagh_lyrik.pdf.

“Grianghraf 1” / “Photographie 1.” Colm Breathnach a d’aistrigh.

“Grianghraf 2” / “Photographie 2.” Colm Breathnach a d’aistrigh.

“Éanlathas” / “Vogelkrate.” Colm Breathnach a d’aistrigh.

“Trén bhFearann Breac” / “Durch die schwarzweiße Gegend.” Colm Breathnach a d’aistrigh.

“Séasúir” / “Jahreszeiten.” Colm Breathnach a d’aistrigh.

“Ar ‘Dícheannadh Eoin Baiste’ le Caravaggio” / “Über Die Enthauptung Johannes des
Täufers von Caravaggio.” Colm Breathnach a d’aistrigh.

“Labhraímís ar nithe eile” / “Reden wir von anderen Dingen.” Colm Breathnach a
d’aistrigh.

Leabharliosta

“Laochra Gael S10 E7.” Físeán YouTube. Fuarthas 23 Eanáir, 2017.

http://www.youtube.com/watch?v=_liw8N-o2PE. Níl an físeán seo ar líne a thuilleadh mar gheall ar shárú cóipchirt.

Airt. “Tómas Ó Ciobháin – Painter: Biography.” Fuarthas 12 Lúnasa, 2019.

<http://www.airt.ie/tutors-cuas-classes/46-airt-courses-tomas-o-ciobhain.html>.

An Bíobla Naofa. Arna aistriú ón mbuntéacs faoi threoir ó Easpaig na hÉireann. Maigh

Nuad: An Sagart, 1981.

Barthes, Roland. *Camera Lucida: Reflections on Photography*. Richard Howard a

d’aistrigh. Londain: Vintage, 2000.

Blackburn, Simon. “flux, doctrine of.” In *The Oxford Dictionary of Philosophy*. An 3ú

heagrán. Oxford: Oxford University Press, 2016.

Breathnach, Diarmuid, agus Máire Ní Mhurchú. “DAVITT, Michael Seosamh (1950–

2005).” *Ainm.ie*. Fuarthas 29 Eanáir, 2019.

<https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=1827>.

Breathnach, Diarmuid, agus Máire Ní Mhurchú. “Ó RÍORDÁIN, Seán (1916–1977).”

Ainm.ie. Fuarthas 2 Márta, 2020. <https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=360>.

Breathnach, Diarmuid, agus Máire Ní Mhurchú. “Ó TUAMA, Seán (1926–2006).”

Ainm.ie. Fuarthas 2 Márta, 2020.

<https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=1936>. Broderick, George. *A Dictionary of*

Manx Place-Names. Nottingham: English Place-Name Society, University of

Nottingham, 2006.

- Caravaggio: Paintings, Quotes, Biography*. “Beheading of saint john the baptist 1608 - by Caravaggio.” Fuarthas 14 Lúnasa, 2019.
<https://www.caravaggio.org/beheading-of-saint-john-the-baptist.jsp>.
- Celan, Paul. *Dánta le Paul Celan*. Isobel Ní Riain a d’aistrigh. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2019.
- Celan, Paul. *The Meridian: Final Version – Drafts – Materials*. Bernhard Böschstein agus Heino Schmuil, eag. Pierre Joris a d’aistrigh. California: Stanford University Press, 2011.
- Clarke, Kathleen. “We Have Struck The First Successful Blow to Freedom.” *RTÉ 1916*. Físeán ar líne. Fuarthas 22 Bealtaine, 2018. <https://1916.rte.ie/the-executions/we-have-struck-the-first-successful-blow-to-freedom/>.
- Coleridge, Ernest Hartley, eag. *Coleridge: Poetical Works*. Oxford: Oxford University Press, 1978.
- Cross, F.L., eag. *The Oxford Dictionary of the Christian Church*. An 3ú heagrán. Oxford: Oxford University Press, 2005.
- Crowe, David M. *War Crimes, Genocide, and Justice: A Global History*. Nua-Eabhrac: Palgrave Macmillan, 2014.
- Cuddon, J.A. *The Penguin Dictionary of Literary Terms & Literary Theory*. 4^ú heagrán. Londain: Penguin Books, 1999. Davitt, Michael, eag., agus Colm Breathnach, Bríona Nic Dhiarmada, agus Gabriel Rosenstock, eag. cúnta. *Innti 15* (1996).
- Davitt, Michael, eag., agus Colm Breathnach, eag. cúnta. *Innti 14* (1994).
- Davitt, Michael, eag., agus Louis de Paor, eag. cúnta. *Innti 11* (1988).
- Davitt, Michael. *Seimeing Soir*. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2004.
- de Brún, An Monsignor Pádraig, aist. *An Odaisé*. Ciarán Ó Coigligh, eag. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1990.

- de Brún, Pádraig, Breandán Ó Buachalla agus Tomás Ó Concheanainn, eag. *Nua-Dhuanaire: Cuid I*. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath, 2009.
- de Paor, Louis. *Ag Greadadh Bas sa Reilig: Clapping in the Cemetery*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2005.
- de Paor, Louis, eag. *Innti 12* (1989).
- de Paor, Pádraig. *Áille na hÁille: Gnéithe de Choincheap na hÍobartha*. An Daingean: An Sagart, 2013.
- de Vries, Ad. *Dictionary of Symbols and Imagery*. Leagan athchóirithe. Amsterdam: Elsevier Science Publishers, 1984.
- Delamarre, Xavier. *Dictionnaire de la Langue Gauloise: une approche linguistique du vieux-celtique continental*. Errance, 2003.
- Dietrich, B. C. "Views of Homeric Gods and Religion." *Numen* 26, uimh. 2 (Mí na Nollag, 1979): 133-134. Fuarthas 19 Meitheamh, 2019. doi: 10.2307/3269715.
- Dinneen, Patrick S., eag. *Foclóir Gaedhilge agus Béarla: An Irish-English Dictionary*. Baile Átha Cliath: Irish Texts Society, 1927.
- Dorrance Kelly, Seán. "Seeing Things in Merleau-Ponty." In *The Cambridge Companion to Merleau-Ponty*. Cambridge: Cambridge University Press, 2005. Taylor Carman agus Mark B. N. Hansen, eag., 74-110.
- dúchas.ie*. "Birín Beo." Scoil Ardgroom, The Schools' Collection. Fuarthas agus tras-scríobhadh ar an 10 Meitheamh, 2019.
- <https://www.duchas.ie/en/cbes/4811614/4802099/4948452?ChapterID=4811614>

dúchas.ie. “Cleas.” Scoil Ghort Uí Chluana, Beantraí, The Schools’ Collection.

Fuarthas 10 Meitheamh, 2019.

<https://www.duchas.ie/en/cbes/4921583/4881956/5119196>.

dúchas.ie. “Seo Mo Bhirín Duit.” Scoil Chill Mac Ciarainn, The Schools’ Collection.

Fuarthas 10 Meitheamh, 2019.

<https://www.duchas.ie/en/cbes/4742123/4738035/4950230>.

Duffy, Seán, ead. *Medieval Ireland: An Encyclopedia*. Abingdon Oxon: Routledge, 2005.

Dylan, Bob. *Under the Red Sky*. Columbia Records 46794, Meán Fómhair 1990.

Éigse Dhiarmuid Uí Shúilleabháin: Éigse Dhiarmuidin. “Beathaisnéis Diarmuid Ó Súilleabháin.” Fuarthas 21 Deireadh Fómhair, 2018. <http://eigse.ie/beathaisneis-diarmuid-o-suilleabhain/>.

Fisk, Robert. “Bosnia War Crimes: 'The rapes went on day and night'; Robert Fisk, in Mostar, gathers detailed evidence of the systematic sexual assaults on Muslim women by Serbian 'White Eagle' gunmen.” *The Independent*, 8 Feabhra, 1993.

Georgiadou, Agathi. “The Semiotic Use of the Cave in Classical and Modern Greek Literature.” *The International Journal of the Humanities* 3 (2005/2006).

Fuarthas 11 Meán Fómhair, 2018.

Gevaryahu, Gilad J. “What did the dove bring to Noah?” *Jewish Bible Quarterly* 43, uimh. 3 (Iúil-Meán Fómhair, 2015): 172-175. Fuarthas 29 Eanáir, 2019.

Gógan, Liam S. *Dánta agus Duanóga*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1929.

Graham, Daniel W. “Heraclitus.” In *Stanford Encyclopedia of Philosophy*. Fuarthas 16 Aibreán, 2019. <https://plato.stanford.edu/entries/heraclitus/>.

Gray, Elizabeth A. ead. *Cath Maige Tuired: The Second Battle of Mag Tuired*. Baile Átha Cliath: Irish Texts Society, 1982.

- Guzzoni, Ute. "Heidegger: Space and Art." *Natureza Humana* 4, uimh. 1 (Eanáir-Meitheamh, 2002): 63. Fuarthas 31 Eanáir, 2017.
<http://pepsic.bvsalud.org/pdf/nh/v4n1/v4n1a03.pdf>.
- Heaney, Seamus. *Death of a Naturalist*. Londain: Faber & Faber, 1966.
- Heidegger, Martin. *Poetry, Language, Thought*. New York: Harper Perennial Modern Thought, 2013).
- Henderson, George. eag. agus aist. *Fled Bricrend: The Feast of Bricriu*. Londain: Irish Texts Society, 1899.
- Hendry, Joy. "Sorley MacLean: The Man and his Work." In *Sorley MacLean: Critical Essays*, Raymond J. Ross agus Joy Hendry, eag., 9-38. Dún Éideann: Scottish Academic Press, 1986.
- Henigan, Julie. *Literacy and Orality in Eighteenth-Century Irish Song*. Londain agus Nua-Eabhrac: Routledge, 2016. Google Books.
- Hennessey, Thomas. *Northern Ireland: The Origins of the Troubles*. Baile Átha Cliath: Gill & Macmillan, 2005.
- Henry, P.L. *Saoithiúlacht na Sean-Ghaeilge: Bunú an Traidisiúin*. Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann, 1978.
- horslips.ie*. "The Táin." Fuarthas 21 Lúnasa, 2019. <http://www.horslips.ie/tain.html>.
- Jacobi, Jolande. "Symbols in an individual analysis." In Carl G. Jung et al. *Man and his Symbols*, 272-303. Londain: Arkana, 1990.
- Jacobi, Jolande. *The Psychology of C.G. Jung: An Introduction with Illustrations*. 6^ú heagrán. Londain: Routledge and Kegan Paul, 1962.
- Jenkinson, Bidy. "Nuafhilíocht na Gaeilge i dtreo na Mílaoise." *Feasta* (Eanáir, 2000): 10–13 agus *Feasta* (Feabhra, 2000): 9–12.

- Johnson, Diarmuid. *Tuatha Dé Danann: Seilbh Inse Fódla*. Indreabháin: Leabhar Breac, 2018.
- Joris, Pierre. "Introduction." In Paul Celan. *Breathturn into Timestead: The Collected Later Poetry; A Bilingual Edition*, xxix-lxxix. Pierre Joris a d'aistrigh. Nua-Eabhrac: Farrar, Straus agus Giroux, 2014.
- Jung, Carl Gustav. "Instinct and the Unconscious." In *The Structure and Dynamics of the Psyche*. An 2ú heagrán. R.F.C Hull a d'aistrigh, 129-138. Londain: Routledge and Kegan Paul, 1969.
- Jung, Carl Gustav. *Four Archetypes: Mother, Rebirth, Spirit, Trickster*. R.F.C. Hull a d'aistrigh. Londain agus Nua Eabhrac: Routledge Classics, 2003.
- Kelleher, Margaret, agus Philip O'Leary, *The Cambridge History of Irish Literature: Volume II: 1890-2000*. Nua Eabhrac: Cambridge University Press, 2006.
- Kinsella, Thomas, aist. *The Táin: From the Irish epic Táin Bó Cuailnge*. Oxford: Oxford University Press, 1969.
- Leabhar Amhrán: Sinsir*. Baile an Fheirtéaraigh: Cló Dhuibhne, 1980.
- Library Ireland*. "Ancient Irish Proper Names – Irish Pedigrees." Fuarthas 20 Márta, 2018. <http://www.libraryireland.com/Pedigrees1/Pedigrees1ProperNames.php>.
- Litton, Helen. "Kathleen Clarke: Dublin's first woman Lord Mayor." *Women's Museum of Ireland*. Fuarthas 22 Bealtaine, 2018. <http://womensmuseumofireland.ie/articles/kathleen-clarke>.
- Lucie-Smith, Edward. *The Thames and Hudson Dictionary of Art Terms*. London: Thames and Hudson, 1984.
- Lyon, James K. *Paul Celan and Martin Heidegger: An Unresolved Conversation 1951-1970*. Baltimore, Maryland: The John Hopkins University Press, 2006.

- Lysaght, Patricia. “‘Caoineadh os Cionn Coirp’: The Lament for the Dead in Ireland.”
Folklore 108 (1997): 65-82.
- Mac Domhnaill, Seán Clárach. “Is é mo Laoch: Do Chór Dhá Pháirt (S.A.)” Éamonn Ó
Gallchobhair a chóirigh. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Mac Fhearghusa, Pádraig. *Tóraíocht an Mhíshonais: Príomhchoincheapa Freud agus
Jung*. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1997.
- MacGill-Eain, Somhairle. “Bàrdachd: An t-Eilean.” *Somhairle MacGill-Eain: Air-
loidhne*. Fuarthas 31 Bealtaine, 2020.
http://www.sorleymaclean.org/bardachd/a/an_t_eilean.htm.
- MacGill-Eain, Somhairle. *Dàin do Eimhir: Poems to Eimhir*. Christopher Whyte, eag.
Glaschú: The Association for Scottish Literary Studies, 2002.
- MacKillop, James. *A Dictionary of Celtic Mythology*. Oxford: Oxford University Press,
1998.
- Mac Murchaidh, Ciarán, eag. *Filíocht Ghrá na Gaeilge*. Baile Átha Cliath: Coiscéim,
2008.
- MacNeill, Máire. “The Musician in the Cave.” *Béaloideas* 57 (1989): 109-132. Fuarthas
29 Bealtaine,? 2020. doi: 10.2307/20522334.
- Marsden, John. *Sea-Road of the Saints: Celtic Holy Men in the Hebrides*. Dún Éideann:
Floris Books, 1995.
- Matasović, Ranko. *Etymological Dictionary of Proto-Celtic*. Leiden: Koninklijke Brill
NV, 2009.
- McClafferty, Evelyn. “The Siege Of Sarajevo Series2 EP2.” *RTÉ Voices*. Fuarthas 27
Meán Fómhair, 2019. [https://www.rte.ie/news/voices/2016/0808/807786-the-
siege-of-sarajevo-the-scars-left-behind-series2-ep2](https://www.rte.ie/news/voices/2016/0808/807786-the-siege-of-sarajevo-the-scars-left-behind-series2-ep2).
- McManus, Damian. *A Guide to Ogam*. Cill Dara: An Sagart, 1991.

Milton, John. *Paradise Lost*. An 2ú heagrán, Scott Elledge, eag. Nua Eabhrac/Londain: W.W. Norton & Company, 1993.

National Gallery of Ireland. “The Taking of Christ by Michelangelo Merisi da Caravaggio.” Fuarthas 19 Meán Fómhair, 2018.

<https://www.nationalgallery.ie/taking-christ-michelangelo-merisi-da-caravaggio>.

Neumann, Erich. *The Great Mother: An analysis of the archetype*. Ralph Manheim a d’aistrigh. Princeton: Princeton University Press, 2015.

Neumann, Erich. *The Origins and History of Consciousness*. R.F.C. Hull a d’aistrigh. Princeton: Princeton University Press, 2014.

Newhall, Beaumont. *The History of Photography: from 1839 to the present*. 5^ú heagrán. New York: The Museum of Modern Art, 2009.

Ní Annracháin, Máire. “Changed but not beyond recognition: fresh growth from old tropes of masculinity in contemporary Irish poetry.” Léacht a tugadh in Ollscoil Bangor, An Bhreatain Bheag, ag an XVIú Comhdháil Idirnáisiúnta sa Léann Ceilteach, 25 Iúil 2019.

Ní Annracháin, Máire. “Croí agus Carraig.” *Innti* 15 (1996): 105-106.

Ní Chléirchín, Caitríona. “Guthanna Ildaite Innti.” *Comhar* 68, uimh. 3 (2008): 10-17.

Fuarthas 7 Lúnasa, 2019. <http://www.jstor.org/stable/25575883>.

Ní Dhomhnaill, Nuala. *Spíonáin is Róiseanna*. Indreabhán, Conamara: Cló Iar-Chonnachta, 1993.

Ní Dhubhthaigh, Máirín. “Comhrá Scáile.” *Comhar* 57, uimh. 12 (Nollaig 1998): 8-10.

Ní Fhrighil, Ríona, eag. *Filíocht Chomhaimseartha na Gaeilge*. Baile Átha Cliath: Cois Life, 2010.

Ní Shé, Nessa, eag. *Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne*. Baile Átha Cliath: Longman Brún agus Ó Nualláin, 1971.

- Ní Shéaghda, Nessa, ead. *Tóruigheacht Dhiarmada agus Ghráinne: The Pursuit of Diarmaid and Gráinne*. Baile Átha Cliath: Irish Texts Society, 1967.
- Nic Eoin, Máirín. *Trén bhFearann Breac: An Díláithriú Cultúir agus Nualitríocht na Gaeilge*. Baile Átha Cliath: Cois Life, 2005.
- Nic Íomhair, Caitlín. “‘Líonadh agus lag trá’: Chiaroscuro an Ghrá i Luathshaothar Choilm Bhreathnaigh.” *Miontráchtas bunchéime*. Coláiste na Tríonóide, 2013.
- Nic Íomhair, Caitlín. “An Dubh á chur ina Ghrá Geal.” *Comhar* 73, uimh. 5 (Bealtaine 2013): 18-20.
- Nic Pháidín, Caoilfhionn, agus Seán Ó Cearnaigh, ead. *A New View of the Irish Language*. Baile Átha Cliath: Cois Life, 2008.
- Ó Buachalla, Breandán. *Aisling Ghéar: Na Stíobhartaigh agus an tAos Léinn 1603-1788*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1996.
- Ó Cadhain, Máirtín. *‘Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca’*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1969.
- Ó Coigligh, Ciarán. *An Fhilíocht Chomhaimseartha: 1975-1985*. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1987.
- Ó Coileáin, Seán. “Ó Ríordáin, Seán.” Royal Irish Academy. Fuarthas 11 Márta, 2019. https://www.ria.ie/sites/default/files/o_riordain.pdf.
- Ó Coileáin, Seán. *Seán Ó Ríordáin: Beatha agus Saothar*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1985.
- Ó Direáin, Máirtín. *Máirtín Ó Direáin: Dánta 1939-1979*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1980.
- Ó Dochartaigh, Niall. *From Civil Rights to Armalites: Derry and the Birth of the Irish Troubles*. An 2ú heagrán. Hampshire: Palgrave Macmillan, 2005.
- Ó Dónaill, Niall. *Foclóir Gaeilge–Béarla*. Baile Átha Cliath: An Gúm, 1977.

- Ó Dúshláine, Tadhg, eag. *Anois Tacht an Eala: Filí Chorcaí Innti agus an Réabhlóid Chultúrtha*. An Daingean: An Sagart, 2011.
- Ó Gallchobhair, Éamonn, a chóirigh. “Nead na Lachan: Do Chór Trí Pháirt (S.A.D.)”
Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Ó hÓgáin, Dáithí. *An File: Staidéar ar Osnádúrthacht na Filíochta sa Traidisiún Gaelach*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1982.
- Ó hÓgáin, Dáithí. *Myth, Legend & Romance: An Encyclopædia of the Irish Folk Tradition*. Londain: Ryan Publishing, 1990.
- Ó Muirthile, Liam. “Brí agus rithim.” In *Rogha Alt: An Peann Coitianta (1989-2003)*, 85-88. Baile Átha Cliath: Cois Life, 2014.
- Ó Ríordáin, Seán. “Scríobh 1.” *The Irish Times*, 11 Eanáir, 1975: 13.
- Ó Ríordáin, Seán. *Brosna*. Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1964.
- Ó Ríordáin, Seán. *Eireball Spideoige*. Baile Átha Cliath: Sáirséal Ó Marcaigh, 1952.
- Ó Ríordáin, Seán. *Línte Liombó*. Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1971.
- Ó Ríordáin, Seán. *Seán Ó Ríordáin: Na Dánta*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2011.
- Ó Tuairisg, Lochlainn, agus Peadar Ó Ceannabháin, eag. *Leabhar Mór na nAmhrán*.
Micheál Ó Conghaile a chnuasaigh. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2012.
- Ó Tuama, Seán, agus Louis de Paor, eag. *Coiscéim na hAoise seo*. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1991.
- O’Connor, Colm, agus Jim O’Sullivan. “End of the affair.” *Irish Examiner*. 14 Samhain, 2006. Fuarthas 19 Meán Fómhair, 2018.
<https://www.irishexaminer.com/archives/2006/1114/ireland/end-of-the-affair-18257.html>.
- O’Brennan, Lily M. “Little Rivers of Dublin.” *Dublin Historical Record* 3, uimh. 1 (1940): 19-25.

- Plato. *The Republic: Book III*. Benjamin Jowett a d'aistrigh. Project Gutenberg eLeabhar, 2008. Fuarthas 31 Bealtaine, 2020.
<https://www.gutenberg.org/files/1497/1497-h/1497-h.htm>.
- Poetry Foundation. "Ezra Pound." Fuarthas 27 Lúnasa, 2019.
<https://www.poetryfoundation.org/poets/ezra-pound>.
- Poetry Foundation. "Paul Celan." Fuarthas 18 Meitheamh, 2019.
<https://www.poetryfoundation.org/poets/paul-celan>.
- Pound, Ezra. "Canto LXXXI." *Poetry Foundation*. Fuarthas 30 Lúnasa, 2019.
<https://www.poetryfoundation.org/poems/54320/canto-lxxxi>.
- Quinn, Carolyne. "Perception and Painting in Merleau-Ponty's Thought." *Perspectives: International Postgraduate Journal of Philosophy* (2009): 9-30, Fuarthas 31 Bealtaine, 2020,
http://www.ucd.ie/philosophy/perspectives/resources/Carolyne_Quinn.pdf.
- Rochman, Daniel. "Death-Related Versus Fond Memories of a Deceased Attachment Figure: Examining Emotional Arousal." *Death Studies* 37, uimh. 8 (2013): 704-724.
- Rose, H.J. *A Handbook of Greek Mythology: including its extension to Rome*. Routledge: Londain, 1991.
- Rowell, Lewis. "The Subconscious Language of Musical Time." *Music Theory Spectrum* 1 (Earrach, 1979): 96-106.
- Royal Irish Academy. "The Cathach / The Psalter of St Columba." Fuarthas 29 Eanáir, 2019. <https://www.ria.ie/cathach-psalter-st-columba>.
- RTÉ Archives. "04: Portraits 1916." Fuarthas 22 Bealtaine, 2018.
<http://www.rte.ie/archives/exhibitions/1993-easter-1916/portraits-1916/>.

- RTÉ Archives*. “Writer in Profile: Seán Ó Ríordáin.” Fuarthas 11 Márta, 2019.
<https://www.rte.ie/archives/2015/0520/702434-irish-language-poet-sean-o-riordain/>.
- Ryan, Meda. “The Kilmichael Ambush, 1920: Exploring the ‘Provocative Chapters.’”
History 92, uimh. 2 (2007): 235-249.
- Samuels, Andrew, Bani Shorter agus Fred Plaut, eag. *A Critical Dictionary of Jungian Analysis*. Londain: Routledge agus Kegan Paul, 1986.
- Sewell, Frank, eag. *Selected poems: Rogha dánta*. Londain agus Indreabhán: Yale University Press agus Cló Iar-Chonnacht, 2014.
- Shakespeare, William. “The Tragedy of Romeo and Juliet.” In *William Shakespeare: Complete Works: 1675-1741*. Jonathan Bate agus Eric Rasmussen, eag. Hampshire: The Royal Shakespeare Company and Macmillan, 2007.
- Skjelsbæk, Inger. *The Political Psychology of War Rape: Studies from Bosnia and Herzegovina*. Oxon: Routledge, 2012.
- Somhairle MacGill-Eain: Air-loidhne*. “Eachdraidh-beatha Shlàn.” PDF ar líne.
 Fuarthas 6 Lúnasa, 2019.
http://www.somhairlemacgilleain.org/files/Biography_Gaelic.pdf.
- Sontag, Susan. *On Photography*. Londain: Allen Lane, 1978.
- Sparling, Heather. “Reeling Roosters and Dancing Ducks: Celtic Mouth Music.”
Béaloideas: The Journal of the Folklore of Ireland Society 84 (2016): 232-235.
- Spencer Hill, John. *A Coleridge Companion: An Introduction to the Major Poems and the Biographia Literaria*. Londain agus Basingstoke: The Macmillan Press, 1983.

- St. John's Co-Cathedral and Museum. "Michelangelo Merisi da Caravaggio (1571 – 1610)." Fuarthas 19 Meán Fómhair, 2018.
<https://www.stjohnscocathedral.com/caravaggio/>.
- Stearn, William T. "The Origin of the Male and Female Symbols of Biology." *Taxon* 11, uimh. 4 (Bealtaine 1962): 109-113.
- Stoneman, Richard. *Greek Mythology: An Encyclopedia of Myth and Legend*. The Aquarian Press: Londain, 1991.
- TG4 Foghlaim. "Mo Ghrá-sa (Idir Lúibíní); Próifíl: Nuala Ní Dhomhnaill." Físeán ar líne, 5:13. Fuarthas 19 Meitheamh, 2019.
<https://www.tg4.ie/ga/foghlaim/danta/mo-ghra-sa-idir-luibini/proifil-nuala-ni-dhomhnaill/>.
- The Contemporary Music Centre Ireland. "Seán Ó Riada (1931 - 1971)." Fuarthas 2 Márta, 2020. <https://www.cmc.ie/composers/sean-o-riada>.
- The Doegen Records Web Project. "An bóthar ó thuaidh - Fionán Mac Coluim." Fuarthas 29 Márta, 2020. https://doegen.ie/LA_1092d5.
- The Wolfe Tones. "The Boys of Kilmichael-The Wolfe tones." Físeán YouTube, 3.58. Curtha suas ag "darrin42," 13 Feabhra, 2008. Fuarthas 22 Bealtaine, 2018.
<https://www.youtube.com/watch?v=pK1jo4HuWWY&feature=youtu.be>.
- Tree Council of Ireland. "Alder: Fearnóg (*Alnus glutinosa*)." Fuarthas 8 Meitheamh, 2019. <https://treecouncil.ie/project/alder/>.
- Treves, Letizia. *Beyond Caravaggio*. Londain: National Gallery Company, 2016.
- Turton, Sue. "Bosnian War rape survivors speak of their suffering 25 years on." *The Independent*, 21 Iúil, 2017. Fuarthas 31 Bealtaine, 2020.
https://www.independent.co.uk/news/long_reads/bosnia-war-rape-survivors-speak-serbian-soldiers-balkans-women-justice-suffering-a7846546.html.

Williams, Nicholas. *Cniogaide Cnagaide: Rainn traidisiúnta do pháistí*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1988.

Woods, Macdara. "Paul Cahill (1950-2003)." *Poetry Ireland*. Fuarthas 22 Aibreán, 2017. <http://www.poetryireland.ie/writers/articles/paul-cahill-1950-2003>.

Zimmerman, J.E. *Dictionary of Classical Mythology*. Harper & Row: Nua Eabhrac, 1964.